

Dréachtphlean Forbartha Chontae Chill Chainnigh 2014-2020

Comhairle Contae Chill Chainnigh



Clár na nÁbhar

1	Réamhrá	1
1.1	Creat Reachtuil	1
1.2	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta	1
1.3	Measúnú Cuí.....	2
1.4	Inbhuanaitheacht	3
1.5	Struchtúr an Phlean	3
1.6	Comhthéacs an Bheartais.....	3
1.6.1	Athrú Aeráide	3
1.6.2	Straitéis Spáis Náisiúnta	4
1.6.3	An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013	4
1.6.4	An Plean Téarnaimh Náisiúnta	5
1.6.5	Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat um Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn.....	5
1.6.6	Treoirlínte agus Treoracha ón Aire.....	5
1.6.7	Straitéis um Fhómhar Bia 2020	5
1.6.8	Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt.....	6
1.6.9	Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt.....	6
1.6.10	Staidéar ar Phleanáil Úsáide Talún agus Iompair Phort Láirge.....	6
1.6.11	Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha 2002-2012 ...	7
1.7	Ráiteas Misin	7
1.8	Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	7
2	Treochtaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíoch	8
2.1	Daonra	8
2.1.1	Treochtaí Daonra	8
2.1.2	Athrú Daonra	9
2.1.3	Méid na dTeaghlach	10
2.1.4	Réamh-mheasctacháin Daonra	11
2.2	Rátaí Áitreabh Folamh	12
2.3	Próifíl Shocheacnamaíoch	12
2.3.1	Geilleagar Chill Chainnigh.....	12
2.3.2	Fostaíocht	13
2.3.3	Leathanbhanda.....	13
2.3.4	Taisteal chun Oibre.....	13
2.3.5	Dífhostaíocht	14
2.4	Treochtaí maidir le Forbairt Fhisiceach	14
2.5	Príomh-shaincheisteanna a gcaithfear déileáil leo sa Phlean	15
3	Croístraitéis	16
3.1	Réamhrá	16
3.2	Straitéis Forbartha.....	16
3.3	Ordlathas Lonnaíochta	16
3.3.1	Cathair Chill Chainnigh & a Purláin.....	17
3.3.2	Tairseach Phort Láirge (Port an Chalaidh/Belview).....	17
3.3.3	Baile Mór – Purláin Ros Mhic Thriúin	19
3.3.4	Bailte Dúiche.....	19
3.3.5	Bailte agus Sráidbhailte Níos Lú	20

3.4	Athrú Daonra	24
3.4.1	Cuspóirí Forbartha i gcás Bailte agus Shráidbhailte Níos Lú.....	28
3.5	Straitéis Lonnaíochta Tuaithe.....	29
3.5.1	Anailís an Chontae	29
3.5.2	Beartais i leith Tithíochta Tuaithe	30
3.5.3	Athchóiriú agus Athsholáthar Áras Cónaithe i gceantair thuaithe.....	34
3.5.4	Treoir maidir le Dearadh Tí faoin Tuath	34
3.6	Cur i bhFeidhm Straitéise um Lonnaíocht Tuaithe	35
3.7	Straitéis Mhiondíola	35
3.8	Straitéis Tithíochta.....	35
4	Forbairt Gheilleagrach.....	37
4.1	Réamhrá	37
4.2	An Geilleagar Glas.....	38
4.3	Forbairt Eacnamaíoch & Oidhreacht	39
4.4	Straitéis Eacnamaíoch do Chill Chainnigh.....	40
4.4.1	Oideachas Tríú agus an Ceathrú Leibhéal agus Forbairt Taighde.....	41
4.4.2	Agraibhia.....	41
4.4.3	Forbairt Seirbhísí	42
4.4.4	Turasóireacht, Ealaíon agus Fóillíocht	42
4.4.5	Eolaíochtaí Beatha lena n-áirítear Pharma agus díriú go sonrach ar Belview.	43
4.5	Straitéis Bhord Forbartha an Chontae.....	44
4.6	Láithreacha Straitéiseacha Fiontair agus Fostaíochta	44
4.6.1	Chathair Chill Chainnigh	44
4.6.2	Calafort Belview.....	44
4.6.3	Bailte Dúiche.....	45
4.6.4	Fiontar agus Fostaíocht i gCeantair Thuaithe	46
4.7	Straitéis Miondíola	46
4.7.1	Forbhreathnú ar Dhul Chun Cinn.....	47
4.7.2	Ordlathas Miondíola an Chontae	47
4.7.3	Limistéar Lárnach Miondíola	48
4.7.4	Measúnacht Leathan ar Spás Urláir Bhreise Mhiondíola	49
4.8	Athbhreithniú ar Acmhainn Miondíola	54
4.8.1	Chathair Chill Chainnigh & a Purláin.....	54
4.8.2	Port an Chalaídh/Belview (Purláin Chathair Phort Láirge)	57
4.8.3	Bailte Dúiche.....	57
4.9	Dáileadh Spásúil na Forbartha Miondíola Nua.....	58
4.9.2	Critéir um Measúnú Tograí Miondíola Amach Anseo	59
4.10	Monatóireacht & Athbhreithniú	61
5	Tithíocht agus Pobal	63
5.1	Straitéis Tithíochta.....	63
5.2	An Lucht Siúil	64
5.3	Forbairt Cónaithe.....	66
5.4	Dearadh Uilíoch	66
5.5	Eastáit nár Críochnaíodh	67
5.6	Áiseanna Pobail	67

5.7	Oideachas & Cúram Leanaí.....	68
5.7.1	Áiseanna um Chúram Leanaí.....	68
5.7.2	Oideachas Bunscoile, Iar-Bhunscoile & Oideachas Tríú Leibhéal.....	70
5.8	Caipiteal Sóisialta.....	72
5.9	Comhtháthú Sóisialta	74
5.10	Seirbhís Leabharlainne	74
5.11	Sláinte	75
5.11.1	Tithe Altranais	76
5.11.2	Ospidéal.....	77
5.12	Aosú Dearfach	77
6	Forbairt Tuaithe.....	79
6.1	Réamhrá	79
6.2	Talmhaíocht.....	79
6.2.1	Fómhar Bia 2020.....	79
6.2.2	Eachaí.....	80
6.2.3	Éagsúlú.....	80
6.2.4	Caighdeán um Bainistiú Forbartha	80
6.3	Iascaireacht.....	81
6.3.1	Caighdeán um Bainistiú Forbartha	81
6.4	Tionscail Eastóscacha	81
6.4.1	Acmhainn Comhiomlán a Mhapáil	81
6.4.2	Caighdeán um Bainistiú Forbartha	82
6.5	Foraoiseacht	85
6.5.1	Bainistíocht Inbhuanaithe Foraoise.....	86
6.5.2	Caighdeán um Bainistiú Forbartha	86
6.6	Iompar Tuaithe	87
7	Áineas, Turasóireacht & na hEalaíona.....	88
7.1	Soláthar Spáis Oscailte Phoiblí & Áiseanna Caitheamh Aimsire.....	88
7.1.1	Cosaint Spáis Oscailte	89
7.2	Caitheamh Aimsire agus an Tuath.....	89
7.2.1	Caitheamh Aimsire Allamuigh faoin Tuath.....	89
7.2.2	Siúl agus Rothaíocht	90
7.2.3	Na hAibhneacha An Fheoir, An tSiúir agus An Bhearú	91
7.2.4	Forbairt Cois Abhann	93
7.2.5	Coillearnacha	94
7.2.6	Ceartha Slí Poiblí.....	95
7.3	Caitheamh Aimsire Uirbeach – Páirceanna	96
7.3.1	Páirceanna Réigiúnacha.....	96
7.3.2	Páirceanna Comharsanachta.....	97
7.4	Beartas um Shúgradh	97
7.5	Áiseanna um Áineas Gníomhach.....	98
7.5.1	Prótacal um Fhorbairt Saoráidí.....	99
7.6	Bainistíocht Forbartha agus Áineasa	99
7.6.1	Dianáiseanna agus Móraíseanna Spóirt	99
7.6.2	Spóirt a Ghineann Torann	100

7.6.3	Tuilsoilsiú Áiseanna Áineasa	100
7.7	Spás Oscailte i bhforbairt chónaithe nua	100
7.8	Turasóireacht.....	101
7.8.1	Turasóireacht Inbhuanaithe	102
7.8.2	An Táirge Turasóireachta.....	102
7.8.3	Turasóireacht Chomhtháite Tuaithe	104
7.8.4	Áiseanna agus Bonneagar Turasóireachta	105
7.8.5	Eastát Gharrán an Bhatúnaigh	106
7.9	Na hEalaíona agus Forbairt Chultúrtha	109
7.9.1	Eagraíochtaí Ealaíon	109
7.9.2	Bonneagar Ealaíon.....	110
8	Oidhreacht.....	111
8.1	Réamhrá	111
8.2	An Oidhreacht Nádúrtha	111
8.2.1	Cosaint na Bithéagsúlachta i gCill Chainnigh.....	112
8.2.2	An Bonneagar Glas	116
8.2.3	Caomhnú an Dúlra Lasmuigh d’Ionaid Shonraithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 117	
8.2.4	Oidhreacht Gheolaíochta	118
8.2.5	Coillearnacha, Crainn agus Fálta Sceach	119
8.2.6	Uiscí Intíre, Aibhneacha, Sruthanna, Bogaigh agus Screamhuisce.....	121
8.2.7	Speicis Ionracha.....	122
8.2.8	Plandaí de Speicis Dhúchasacha.....	122
8.2.9	Tírdhreach	123
8.3	An Oidhreacht Thógtha	128
8.3.1	An Oidhreacht Seandálaíochta	128
8.3.2	Seandálaíocht Thionsclaíoch	129
8.3.3	Pleananna Caomhnaithe	131
8.3.4	Reiligí Stairiúla	131
8.3.5	An Oidhreacht Ailtireachta	132
8.3.6	Limistéir Caomhantais Ailtireachta	133
8.3.7	Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha.....	145
8.3.8	Bailedhreacha	146
8.3.9	Troscán Sráide agus Gnéithe Cois Bóthair.....	146
8.3.10	An Oidhreacht Thógtha Dhúchasach.....	146
8.3.11	Sráidbhailte Feirme Chill Chainnigh Theas	147
8.3.12	Tuilsoilsiú	147
8.4	An Oidhreacht Chultúrtha	148
8.4.1	Logainmneacha.....	148
9	Bonneagar	150
9.1	Seirbhísí Uisce.....	150
9.1.1	A Bhfuil Bainte Amach.....	150
9.1.2	Seirbhísí Uisce.....	150
9.1.3	Caomhnú Uisce.....	151
9.1.4	Seirbhísí Fuíolluisce	151

9.1.5	Infheistíocht a Chur in Ord Tosaíochta	152
9.1.6	Cuspóirí maidir le Seirbhísí Uisce:	153
9.1.7	Cóireáil Sloda	154
9.2	An Comhshaol.....	154
9.2.1	Rialú Truailithe.....	154
9.2.2	Léarscáiliú Torainn.....	154
9.2.3	Truailiú Solais.....	155
9.2.4	An Cuspóir um Rialú ar Thruailiú	155
9.2.5	Caighdeán um Bainistiú Forbartha um Rialú ar Thruailiú.....	155
9.2.6	Talamh a D'fhéadfadh a bheith Éillithe	156
9.2.7	Caighdeán um Bainistiú Forbartha	156
9.2.8	Cáilíocht Uisce	156
9.2.9	Tuilte.....	159
9.2.10	Draenáil Uisce Dromchla	161
9.2.11	Caighdeán um Bainistiú Forbartha	161
9.2.12	Bainistiú Dramhaíola	162
9.2.13	Treoir um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (Treoir Seveso II)	164
9.2.14	An tSeirbhís Dóiteáin	165
9.3	Fuinneamh.....	165
9.3.1	An líonra Tarchurtha/Dáileacháin Náisiúnta	165
9.3.2	Caighdeán um Bainistiú Forbairt Eangaí.....	166
9.3.3	Gás	166
9.4	Teileachumarsáid	166
9.4.1	Leathanbhanda.....	167
9.4.2	Aeróga Teileachumarsáide	169
10	Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite.....	171
10.1	Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach agus Chill Chainnigh	171
10.2	Fóram Chill Chainnigh um Fhuinneamh Inmharthana	171
10.3	Comhthéacs an Bheartais.....	172
10.3.1	Plean Feidhmithe Bithfhuinnimh Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt	173
10.4	Fuinneamh Gaoithe	173
10.4.1	An Stádas reatha.....	173
10.4.2	Straitéis um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe.....	174
10.4.3	Treoir um Bainistiú Forbartha	174
10.4.4	Beartais um Fhuinnimh Gaoithe.....	176
10.5	Bithfhuinneamh.....	179
10.5.1	Slabhra Soláthair an Fhuinnimh Adhmaid	179
10.5.2	Foraoiseacht ghearruainíochta.....	180
10.5.3	Barraí fuinnimh.....	181
10.5.4	Bithbhreoslaí Leachtacha	182
10.5.5	Díleá Anaeróbach	182
10.5.6	Cumhacht is Teas in Éineacht	183
10.5.7	Aisghabháil Fuinnimh ó Dhramhaíl.....	184
10.5.8	Treoir um Bainistiú Forbartha	184
10.5.9	Beartais um Bithfhuinneamh.....	185

10.6	Cumhacht Hidrileictreach	186
10.6.1	Cineálacha scéime	187
10.6.2	Treoir um Bainistiú Forbartha	188
10.6.3	Cumhacht Hidrileictreach	189
10.7	Fuinneamh na gréine.....	190
10.7.1	Dearadh Éighníomhach Gréine.....	190
10.7.2	Téamh Gréine	190
10.7.3	Leictreachas Gréine	191
10.7.4	Treoir um Bainistiú Forbartha	191
10.7.5	Beartais um Fhuinneamh Gréine.....	191
10.8	Fuinneamh Geoiteirmeach.....	192
10.8.1	Geoiteirmeach Domhain	193
10.8.2	Treoir um Bainistiú Forbartha	194
10.8.3	Beartais um Fhuinneamh Geoiteirmeach.....	194
10.9	Inbhuanaitheacht & Éifeachtacht Fuinnimh i bhFoirgnimh	195
10.9.1	Éifeachtúlacht fuinnimh na nÚdarás Áitiúil i gCill Chainnigh	195
10.9.2	Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh	195
10.9.3	Dearadh foirgneamh.....	197
10.9.4	Beartas um Fheidhmíocht Fuinnimh Fhoirgneamh	197
11	Iompar	199
11.1	Iompar Inbhuanaithe/ Taisteal Níos Cliste	199
11.1.1	Rothaíocht agus Siúl	199
11.2	Pleananna Taistil don Ionad Oibre	202
11.3	Iompar Poiblí	203
11.3.1	An tIarnród	203
11.3.2	An Bus.....	204
11.4	Calafóirt & Aibhneacha.....	205
11.5	Aerfoirt	206
11.5.1	Aerpháirc Chill Chainnigh	207
11.6	Dearadh Uilíoch	207
11.7	An Gréasán Bóithre	207
11.7.1	A Bhfuil Bainte Amach	207
11.7.2	An Gréasán Bóithre Náisiúnta	207
11.7.3	Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta	208
11.7.4	Bóithre Réigiúnacha	209
11.7.5	Bóithre Áitiúla.....	209
11.7.6	Tionscadail um fheabhsú Bóithre	209
11.7.7	Measúnachtaí Tráchta	210
11.7.8	Iníúchadh ar Shábháilteacht Bóithre	210
11.7.9	Páirceáil carranna	212
11.7.10	Feithiclí leictreacha.....	215
12	Riachtanais maidir le Forbairtí.....	217
12.1	Réamhrá	217
12.2	Cruinnithe Réamhphleanála	217
12.3	Dearadh Uilíoch	217

12.4	Dearadh Uirbeach.....	218
12.4.1	Dlús foirgníochta	220
12.4.2	Pobail Gheataithe	220
12.4.3	Caighdeáin Stórála Araidí	220
12.4.4	An Fad idir Tithe	221
12.4.5	Dearadh Teorainneacha Láithreán Títhe.....	221
12.4.6	Forbairtí Tithíochta agus Torann	221
12.4.7	Ainmneacha a Cheapadh d’Fhorbairtí Tithíochta.....	221
12.5	Árasáin	222
12.5.1	Árasáin - Spásanna Oscailte idir Phríobháideach agus Phoiblí.....	222
12.5.2	Solas an lae agus Solas na gréine	223
12.5.3	Ionaid Stórála agus Saoráidí Pobail	224
12.5.4	Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Bhaile.....	224
12.5.5	Árasán Teaghlaigh	225
12.5.6	Síneadh a Chur le Teach Cónaithe	225
12.6	Forbairt Cónaithe Céimnithe	226
12.7	Spás oscailte	226
12.7.1	Spás oscailte príobháideach	226
12.7.2	Riachtanais maidir le Spás Oscailte Poiblí	227
12.8	Spás Oscailte i bhforbairt chónaithe nua	228
12.9	Scála na Forbartha	231
12.9.1	Cóimheas Lota	231
12.9.2	Clúdach an tSuímh.....	231
12.10	Tithíocht Tuaithe	232
12.10.1	Caighdeáin Tógála.....	233
12.10.2	Rialacháin Foirgníochta	233
12.10.3	Rialú Airde Tógála	234
12.10.4	Línte Tógála	234
12.10.5	Forbairt Inlíontach	235
12.10.6	Aghaidheanna Siopaí	235
12.10.7	Comharthaíocht Éadanchlár	235
12.10.8	Comhlaí Slándála	236
12.10.9	Forscáthanna agus Dallóga.....	236
12.10.10	Soilsiú.....	237
12.10.11	Comharthaíocht agus Fógraíocht	237
12.10.12	Ionaid Mearbhia Tóg Leat.....	238
12.10.13	Stáisiúin Peitрил	239
12.10.14	Ranníocaíochtaí Forbartha	239
12.10.15	Bannaí.....	239
12.10.16	Caomhnú Crann agus Fálta Sceach.....	240
12.11	Cuspóirí criosúcháin	241
12.11.1	Talmhaíocht	242
12.11.2	Saoráidí Pobail	242
12.11.3	Forbairt Ghinearálta (Chill Mhic Bhúith & Ros Mhic Thriúin).....	242
12.11.4	Tionsclaíoch	243

12.11.5	Tionsclaíoch/Fostaíocht (Droichead Binéid).....	243
12.11.6	Úsáid Mheasctha (Purláin Ros Mhic Thriúin)	244
12.11.7	Spás Oscailte/Caitheamh Aimsire.....	244
12.11.8	Céim 2	244
12.11.9	Forbairt Chónaitheach.....	245
12.11.10	Forbairt Chónaitheach (dlús íseal).....	245
12.11.11	Forbairtí Nua Cónaithe (Droichead Binéid & Cill Mhic Bhúith)	245
12.11.12	Limistéar Caomhantais Tuaithe (Cill Mhic Bhúith)	246
12.11.13	Lár Sráidbhaile	246

1 Réamhrá

Tá Contae Chill Chainnigh suite in Oirdheisceart na hÉireann. Tá 2,062 ciliméadar cearnach ann agus taifeadadh i nDaonáireamh na bliana 2011 go raibh 95, 419 duine ann.¹

Is í Chathair Chill Chainnigh agus a Purláin an t-ionad uirbeach is mó atá sa chontae. Is iad limistéar Phort an Chalaigh in aice le Cathair Phort Láirge, agus na bailte dúiche Callainn, Caisleán an Chomair, Ghráig na Manach agus Baile Mhic Andáin na dara limistéir uirbeacha is mó sa Chontae ina diaidh sin.

Tá beartais agus cuspóirí Chomhairle Contae Chill Chainnigh maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an Chontae ó 2014 go 2020 leagtha amach sa Dréachtphlean Forbartha. Éilíonn Cuid II, Caibidil I den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ar údarás pleanála plean forbartha a ullmhú dá limistéar feidhme gach sé bliana.

Nuair a bhí an Plean Forbartha Contae seo a ullmhú ag an gComhairle Contae bhí aird acu ar phleananna náisiúnta, ar bheartais agus ar straitéisí ábhartha a bhaineann le pleanáil chúil agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair. Thug siar aird chomh maith ar pleananna na n-údarás áitiúil taobh leo. Tá foráil sa phlean do na cuspóirí éigeantacha atá le cur san áireamh i bpleananna forbartha mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

1.1 Creat Reachtúil

Faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2011, tá dualgas ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh Plean Forbartha a cheapadh gach sé bliana ina mbeidh ráiteas scríofa agus léarscáileanna tionlacain a thabharfaidh léiriú grafach ar na cuspóirí atá sa Phlean. Tá sé leagtha amach amach sa reachtaíocht phleanála go dtabharfar aghaidh sna Pleananna Forbartha ar roinnt cuspóirí éigeantacha agus roghnacha. I gcomhréir leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2011 cuirfear an Plean i bhfeidhm ceithre seachtaine ón dáta sin a nglacfar leis.

1.2 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Is éard atá sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta ná mheastóireacht fhoirmiúil, chórasach ar na torthaí suntasacha comhshaoil is dócha a bheadh ag cur i bhfeidhm an phlean nó an chláir sula ndéantar cinneadh glacadh leis an bplean nó leis an gclár nó diúltú dó. Is é an cuspóir an mheasúnaithe ná *"foráil a dhéanamh go mbeadh ardleibhéal cosanta ann don chomhshaoil agus ardleibhéal ann maidir le comhtháthú cúrsaí comhshaoil in ullmhú agus i nglacadh pleananna agus clár d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn"*².

¹ <http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/census2011thisisirelandpart1/>

² AE, [Treoir 2001/42/CE an 27 Meitheamh 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaoil a mheasúnú](#), Airteagal 1

I gcomhréir le [Treoir Eorpach 2001/42/CE](#), tá an dréacht-Phlean Forbartha seo faoi réir Measúnachta Straitéisí Comhshaoil (SEA).

1.3 Measúnú Cuí

Ceanglaítear le hAirteagal 6 (3) de [Treoir 92/43/CEE ón gComhairle Eorpach](#) maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (an Treoir um Ghnáthóga) ar na húdaráis inniúla Measúnú Cuí a dhéanamh ar aon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le, nó nach bhfuil riachtanach ó thaobh bainistiú suímh Natura 2000 ach ar dócha go mbeadh tionchar suntasach aige air, bíodh sé sin ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile.

Is í Comhairle Contae Chill Chainnigh an t-údarás inniúil agus tá measúnú cuí déanta aici i gcomhair an Dréacht-Phlean Forbartha Contae.³

Ní mór gach plean, clár agus tionscadal atá á gcur i bhfeidhm ag eagraíochtaí, idir phoiblí agus phríobháideach, agus ag daoine aonair a scagadh le féachaint cad é an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shuíomhanna Natura 2000.

Ciallaíonn Measúnú Cuí measúnú bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr, ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag plean nó tionscadal, cibé áit a bhfuil sé, ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreán Natura 2000 agus go gcuimseofaí ann, nuair is gá, aon bhearta maolaithe nó seachanta le bac a chur le dhrochthorthaí. Ní mór measúnú a dhéanamh ar thorthaí indíreacha agus carnacha an phlean nó an tionscadail. Dá bhrí sin, is cuma má tá an plean nó an tionscadal le cur i bhfeidhm laistigh de láithreán Natura 2000, nó in áit atá i bhfad uaidh, más rud é nach féidir a rá nach mbeidh toradh shuntasach aige ar an láithreán ní mór measúnacht chuí a dhéanamh ar an bplean nó ar an tionscadal.

Éilíonn Airteagal 6(3) agus Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga agus Alt 177 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), go gcaithfear aon phlean nó tionscadal a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar shláine shuíomh Natura 2000 a scagadh le fáil amach an gá measúnacht chuí a dhéanamh ar an bplean nó ar an tionscadal. I gcás go léiríonn an scagadh nach féidir a rá nach bhféadfadh tionchair shuntasacha a bheith ag plean nó ag an tionscadal sa chás sin beidh sé riachtanach measúnacht chuí a dhéanamh air.

Cuspóir:

- Forálacha Airteagail 6(3) agus Airteagail 6(4) de Threoir um Ghnáthóga an AE a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go bhfuil aon phlean nó tionscadal laistigh de limistéar feidhme an Údaráis Pleanála faoi réir measúnaithe chuí i gcomhréir leis an Treoir *Measúnú Cuí ar Phleananna agus ar Tionscadail in Éirinn - Treoir d'Údaráis Phleanála, 2009*⁴ agus déantar measúnú air i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga d'fhonn drochthionchair ar shláine agus ar chuspóirí caomhnaithe an tsuímh a sheachaint.

³ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (*Measúnú Cuí ar Phleananna agus ar Tionscadail in Éirinn - Treoir d'Údaráis Phleanála - 2009*).

⁴ An treoir chéanna

Beidh feidhm ag na spriocanna seo i gcás gach phlean agus tionscadal cibé acu poiblí nó príobháideach, i ngach earnáil forbartha.

1.4 Inbhuanaitheacht

D'aontaigh an Coimisiún Domhanda um Chomhshaol agus um Fhorbairt (Coimisiún Brundtland) glacadh leis an sainmhíniú seo a leanas ar fhorbairt inbhuanaithe:

"Forbairt a shásaíonn riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún amach anseo a riachtanais féin a shásamh".⁵

Nuair a bhí an phlean forbartha seo á cheapadh, rinne an Chomhairle na prionsabail a bhaineann le hinbhuanaitheacht i ngach cuid den Phlean a chomhtháthú le chéile.

1.5 Struchtúr an Phlean

Is éard atá sa Phlean ná ráiteas i scríbhinn agus léarscáileanna a ghabhann leis agus tá beartais, straitéisí agus cuspóirí don Chontae i gcoitinne san áireamh ann. Tá beartais agus cuspóirí i dtaca le réimsí sonracha beartais le fáil sa chéad aon chaibidil déag. Ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon chaibidil díobh neamhspleách ar na caibidilí eile, ach gur cheart gach ceann acu a léamh i éineacht leis na caibidilí agus leis na beartais eile go léir. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar aon fhorbairt sa Chontae, cuirfidh gach beartas ábhartha eolas ar fáil don chomhthéacs foriomlán, lena n-áirítear an straitéis lonnaithe agus rudaí a bhaineann le cúrsaí tithíochta, pobail, geilleagair, oidhreachta agus bonneagair, agus beidh an Fhís don Chontae agus na Spriocanna Straitéiseacha mar bhonn taca fúthu. Dá bhrí sin, ní thugtar tús áite d'aon bheartas faoi leith, ach tagann na beartais go léir le chéile, toisc go bhfuil siad dírithe ar an sprioc chéanna maidir le forbairt inbhuanaithe. Ba cheart gach beartas a léamh freisin in éineacht le Caibidil 12: Rudaí atá riachtanach don Fhorbairt.

1.6 Comhthéacs Beartas

1.6.1 Athrú Aeráide

Cuireann an [Creat Náisiúnta um Dhul in Oiriúint don Athrú Aeráide](#)⁶ beartas straitéiseach ar fáil le cinntiú go nglacfar le bearta oiriúnaithe in earnálacha éagsúla agus ar leibhéal éagsúla rialtais chun laghdú a dhéanamh ar leochaileacht na hÉireann ó thaobh an drochthionchair a bheidh ag athrú aeráide. Tá foráil ann go dtabharfar aghaidh ar oiriúnú don athrú aeráide ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

⁵ Tuarascáil an Choimisiúin Dhomhanda um Chomhshaol agus um Fhorbairt: [Our Common Future](#), 1987, a cuireadh faoi bhráid an Tionóil Ghinearálta mar larscríbhinn le [doiciméad A/42/427](#) - Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta: An Comhshaol

⁶ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, An [Creat Náisiúnta um Dhul in Oiriúint don Athrú Aeráide](#), 2012

Dírítear sa *chéad chéim* ar leochaileacht na tíre a aithint ó thaobh athraithe aeráide. Is éard atá i gceist sa *dara céim* ná forbairt agus cur i bhfeidhm pleananna gnímh oiriúnaithe, idir earnála agus áitiúla, a bheidh mar chuid de fhreagra chuimsitheach náisiúnta a thabharfar ar thionchair an athraithe aeráide.

Thug an gComhairle aird ar an [gCreat Náisiúnta um Dhul in Oiriúint don Athrú Aeráide](#) nuair a bhí an plean forbartha seo á ceapadh agus tá iarracht déanta aici cheana féin a chinntiú go mbeadh bearta pleanála agus forbartha mar chuid de chur chuige foriomlán maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, mar shampla trína chinntiú go n-aithneofar rioscaí tuilte agus go mbeidh siad ina ndlúthchuid den phróiseas pleanála.

Aithníonn an t-údarás áitiúil go bhfuil sé fíor-riachtanach go nglacfar le cur chuige réamhghníomhach ina mbeidh na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide ina ndlúthchuid d'fhorbairt beartas, pleananna agus clár.

Tá foráil sa [Chreat Náisiúnta um Dhul in Oiriúint don Athrú Aeráide](#) a foilsíodh le déanaí go n-ullmhódh údaráis áitiúla pleananna oiriúnaithe áitiúla tríd an bpróiseas ina ndéantar athbhreithniú ar phleananna forbartha. Ó ba rud é go raibh lear maith oibre déanta cheana féin ar Phlean Forbartha Chontae Chill Chainnigh ní raibh sé indéanta tús a chur le plean oiriúnaithe lena chur ar fáil sa dréacht seo laistigh den méid ama a bhí leagtha síos don phróiseas athbhreithnithe. Tá rún againn dá bhrí sin, nuair a ghlacfar leis an bplean forbartha seo plean den sórt sin a ullmhú chomh luath agus is féidir.

Cuspóir:

Plean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a ullmhú nuair a bheidh glactha leis an bPlean Forbartha seo.

1.6.2 Straitéis Spáis Náisiúnta

Sa [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) (SSN)⁷ leagadh síos beartas an Rialtais maidir le forbairt cothrom réigiúnach a bhaint amach thar thréimhse fiche bliain ó 2002 go 2020. Tá Cill Chainnigh ina cuid de Réigiún an Oirdheiscirt, ina bhfuil contaetha Cheatharlach, Chill Chainnigh, Thiobraid Árann Theas, Phort Láirge agus Loch Garman. Aithníodh sa Straitéis Spáis Náisiúnta gur gá Réigiún an Oirdheiscirt a “neartú” agus a “threisiú”. Tá Port Láirge aitheanta mar Thairseach an réigiúin agus aithníodh Cill Chainnigh agus Loch Garman mar Mhoil a thacóidh le ról náisiúnta agus idirnáisiúnta na nGeataí agus a chuirfidh dlús faoi fhorbairt na mbailte beaga agus na gceantar tuaithe atá laistigh dá réimse tionchair.

Tá an Rialtas tar éis a fhógairt go ndéanfar athbhreithniú ar an Straitéis Spáis Náisiúnta agus déanfar monatóireacht ar impleachtaí an athbhreithnithe sin ar Phlean an chontae agus athrófar é más gá.

1.6.3 An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

⁷ An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, [An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020, Daoine, Áiteanna agus Acmhainneacht](#), 2002

Leag an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) amach na tosaíochtaí maidir le hinfheistíocht eacnamaíoch agus sóisialta atá riachtanach chun fíis maidir le caighdeán beatha níos fearr do chách a bhaint amach. Tá creat láidir maidir le forbairt réigiúnach a chur chun cinn curtha ar fáil sa Phlean agus leagadh béim faoi leith ar infheistíocht sa Straitéis Spáis Náisiúnta. Tá baint dhíreach ag ionaid láidre uirbeacha le fás agus forbairt réigiúnach, agus bíonn tionchar acu ar fhostaíocht, ar ioncain agus ar chaighdeán na beatha ar fud na réigiúin. Cabhróidh an creat infheistíochta agus straitéis an PFN le pleanáil fhisiceach agus spásúlachta agus cuirfidh siad feabhas orthu.

1.6.4 An Plean Téarnaimh Náisiúnta

Tá treoirphlean churtha ar fáil sa [Plean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014](#)⁸ le go bhféadfar fás eacnamaíoch inbhuanaithe a thosú arís sa chontae. Cuireadh in iúl, go háirithe, ann:

- na bearta a bheidh le glacadh d'fhonn slacht a chur athuair ar ár gcúrsaí airgeadais phoiblí
- na réimsí sin de ghníomhaíocht eacnamaíoch a gcuirfidh fás agus téarnamh fostaíochta ar fáil
- na leasaithe a chuirfidh an Rialtas i bhfeidhm le dlús a chur faoi fhás sna príomhearnálacha sin.

Tríd is tríd, tá sé mar aidhm ag an bPlean Téarnaimh tógáil ar láidreachtaí na hÉireann i TFC, sláinte/eolaíochtaí saoil, seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, bia talmhaíochta agus seirbhísí intrádála idirnáisiúnta eile.

1.6.5 Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat um Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn

Is iad an geilleagar glas agus na cláir um fhorbairt inbhuanaithe na príomhghnéithe a bhaineann le straitéis um théarnamh geilleagrach na hÉireann agus leagtar amach in [Ár dTodhchaí Inbhuanaithe - Creat um Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn](#)⁹ réimse beart comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta atá riachtanach chun na chláir sin a bhogadh ar aghaidh ó fhís go fírinne.

1.6.6 Treoirlínte agus Treoracha ón Aire

Ina measc bhí Treoirlínte maidir le [Cosaint Oidhreachta Ailtireachta](#), [Saoráidí Cúraim Leanaí](#), [Pleananna Forbartha](#), [Tírdhreacha](#), [Pleanáil Miondíola](#), [Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta](#), [Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha](#) agus [Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe](#). Beidh aird ag an gComhairle ar gach leasú a dhéanfar amach anseo agus ar Threoirlínte nua a foilseofar le linn tréimhse an phlean agus athrófar an Plean de réir mar is cuí.

1.6.7 Straitéis um Fhómhar Bia 2020

⁸ Oifig an tSoláthair Baile Átha Cliath, [An Plean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014](#), 2011

⁹ Rialtas na hÉireann, [Ár dTodhchaí Inbhuanaithe - Creat um Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn](#), 2012

D'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta [Fómhar Bia 2020, Fís d'agraibhia agus d'iascaigh na hÉireann](#)¹⁰ in 2010. Is í earnáil an agraibhia agus iascaigh an tionscal dúchasach is tábhachtaí in Éirinn. Tá sé aitheanta go forleathan go bhfuil ról lárnach acu maidir le téarnamh eacnamaíoch na hÉireann a bheidh bunaithe ar easpórtálacha.

Ar an leibhéal réigiúnach is iad seo a leanas na treoirlínte agus na straitéisí is mó a gcaithfear a chur san áireamh:

1.6.8 Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt

Déanann na [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#)¹¹ leathnú ar an Straitéis Spáis Náisiúnta agus aithnítear ann na tosaíochtaí infheistíochta atá ríthábhachtacha maidir le cur le cumas an réigiúin. Leagadh amach na Treoirlínte chun cothromaíocht spáis níos fearr a bhaint amach maidir le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus fhisiceach ar fud an réigiúin. Ceapadh tíopeolaíocht lonnaithe agus aithníodh sé aicme i gcás na n-ionad uirbeach a bhí bunaithe ar mhéid agus ar fheidhm agus a bhí de réir na Straitéise Spáis Náisiúnta.

1.6.9 Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt

Is é an aidhm atá leis an [gCreat-Treoir Uisce](#)¹² feabhas a chur ar cáilíocht an uisce agus leagtar amach ann spriocdhátaí daingne maidir le baint amach na gcuspóirí maidir le cáilíocht uisce. Tá Éire tiomanta do bhainistiú a huiscí trí phróiseas bunaithe ar dobharcheantair. Is é an aidhm atá le [Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt](#)¹³ na huiscí go léir laistigh de Cheantar Abhantraí an Oirdheiscirt a chosaint, agus nuair is gá, iad a fheabhsú agus úsáid inbhuanaithe uisce a bhaint amach.

1.6.10 Staidéar ar Phleanáil Úsáide Talún agus Iompair Phort Láirge

Tá straitéis leagtha amach sa Staidéar ar Phleanáil Úsáide Talún agus Iompair (PLUTS) Phort Láirge¹⁴ a bhfuil sé d'aidhm aige treoir a sholáthar maidir le scála ginearálta fáis agus na háiteanna ina dtarlóidh sé i gCathair Phort Láirge sa chaoi gur féidir an Chathair agus a purláin a fhorbairt ar bhealach cothrom, inbhuanaithe, a thacóidh le cúrsaí iompair, a bheidh tarraingteach agus a chuirfidh caighdeán ard maireachtála agus deiseanna ar fáil dá saoránaigh uile go dtí 2020.

Cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa Phlean ar leibhéal an chontae:

¹⁰ An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, [Fómhar Bia 2020, Fís d'agraibhia agus d'iascaigh na hÉireann](#), 2010

¹¹ Údarás Réigiúnach an Oir-Dheiscirt, [Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022](#), 2010

¹² Treoir an AE, [Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce](#), 2000

¹³ Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt, [Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt](#), 2010

¹⁴ Atkins, [Waterford Planning and Land Use Transportation Study 2004-2020](#), 2004

1.6.11 Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha 2002 - 2012

Tá straitéis chomhaontaithe leagtha amach i [Cill Chainnigh 2002-2012, Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha](#)¹⁵ maidir le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha Chill Chainnigh. Tá an creat curtha ar fáil sa doiciméad seo trína n-oibríonn Bord Forbartha Chontae Chill Chainnigh.

1.7 Ráiteas Misin

Is mar seo a leanas atá ráiteas misin Údarás Áitiúil Chill Chainnigh sa [Plean Corparáideach](#)¹⁶ :

*"Is é aidhm Údarás Áitiúil Chill Chainnigh oibriú i gcomhpháirtíocht le muintir Chill Chainnigh agus le gníomhaireachtaí ábhartha chun seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil agus forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha inbhuanaithe a chur chun cinn do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht ."*¹⁷

Is é seo an t-éiteas a bhain le hullmhú an Dréachtphlean Forbartha, ón gcomhairliúchán poiblí agus ar aghaidh go foirmiú beartas agus cuspóirí an Dréachtphlean féin.

1.8 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Is é an cuspóir atá le monatóireacht agus meastóireacht ná measúnú a dhéanamh ar an chaoi a bhfuil ag éirí leis na beartais agus na cuspóirí ó thaobh aidhmeanna a bhaint amach. Tá foráil in Alt 15(2) den Acht go dtabharfaidh an bainisteoir, tráth nach déanaí ná dhá bhliain ón uair a gceaptar an plean forbartha, tuarascáil do chomhaltaí an údaráis maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le baint amach na gcuspóirí agus éilítear go sainráite in alt 95(3)(a) den Acht go mbeadh athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh i gcás na straitéise tithíochta sa tuarascáil dhá bhliain.

Nuair a ghlacfar leis an bPlean, aithneofar na príomhriachtanais faisnéise trí dhíriú ar na beartais agus ar na cuspóirí atá lárnacha ó thaobh aidhmeanna agus straitéise an phlean. Déanfar measúnú ar na riachtanais faisnéise a aithneofar gach bliain i rith tréimhse an phlean.

¹⁵ Bord Forbartha Chontae Chill Chainnigh, [Cill Chainnigh 2002-2012, Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha](#), 2002

¹⁶ [Plean Corparáideach 2009-2014](#), Chomhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh

¹⁷ [Plean Corparáideach 2009-2014](#), Chomhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh, lch. 10

2 Treochtaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíocha

2.1 Daonra

Taifeadh i ndaonáireamh na bliana 2011 go raibh 95,419 duine ina gcónaí i gContae Chill Chainnigh. Ba mhéadú 7,861 é sin ar dhaonra na bliana 2006¹⁸. Ba mhéadú 9% é sin ar dhaonra an chontae i rith na tréimhse sin agus ba dhul chun cinn maith é i gcomparáid leis an méadú 8% ar an meán a tháinig ar dhaonra an Stáit.

Taifeadh go raibh 24,423 duine ag cur fúthu i gCathair Chill Chainnigh (na purláin agus an ceantar buirge le chéile) in 2011 rud a léirigh go tháinig méadú 2,244 (10.1%) ar an daonra a taifeadh in 2006.

Tábla 2.1 daonra Taifeadta 1996 - 2011				
	1996	2002	2006	2011
Contae Chill Chainnigh	75,336	80,399	87,558	95,419
Cathair Chill Chainnigh ¹⁹	18,696	20,735	22,179	24,423

D'éirigh go maith le Contae Chill Chainnigh ar an leibhéal réigiúnach i gcomparáid lena chomharsana. Ba é Contae Loch Garman an t-aon chontae san Oirdheisceart inar taifeadh céatadán níos airde maidir le méadú daonra.

Tábla 2.2 An daonra a taifeadh i réigiún an Oirdheiscirt			
	2006	2011	Athrú céatadán
Ceatharlach	50,349	54,612	+ 8.5%
Cill Chainnigh	87,558	95,419	+9%
Tiobraid Árann Theas	83,221	88,432	+6.3%
Port Láirge (An Chathair)	45,748	46,732	+2.2%
Contae Phort Láirge	62,213	67,063	+7.8%
Loch Garman	131,749	145,320	+10.3%

2.1.1 Treochtaí Daonra

¹⁸ <http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/census2011thisisirelandpart1/>

¹⁹ Baineann an figiúr do chathair Chill Chainnigh le ceantar na Comhairle Buirge móide purláin na Cathrach laistigh de limistéar an Chontae.

Léirigh Daonáireamh na bliana 2011 gur tháinig fás láidir ar dhaonra na tíre agus gur tháinig méadú 8.2% ar dhaonra an Stáit ó 2006 i leith. Tháinig fás láidir ar dhaonra an Stáit ó 1996 i leith agus taifeadadh fás thart ar 8% i ngach ceann de na tréimhsí idir na daonáirimh. Bhí an treocht sin le sonrú i gContae Chill Chainnigh chomh maith agus ba iad 6.7%, 8.9% agus 9% na rátaí fáis sna tréimhsí idir na daonáirimh.

Tá inimirce isteach sa stát tar éis titim ó na leibhéil arda a bhí ann idir 2002 agus 2006 nuair thagadh 45,000 duine in aghaidh na bliana. Tháinig thart ar 25,000 in aghaidh na bliana sa tréimhse ó 2006 go 2011. Cé gur titim mhór é sin i líon na n-inimirceach is díol suntais é an méadú atá ag teach ar inimircigh thar an tréimhse i bhfianaise an choir chun donais eacnamaíoch a tharla ó 2007. Bhí an treocht sin le sonrú i gCill Chainnigh chomh maith nuair a ghluais 3,895 inimirceach (49% de mhéadú iomlán an daonra) isteach sa chontae idir 2006 agus 2011. Ba é an figiúr comhfhreagrach don tréimhse 2002-2006 ná 4,986 (69% de mhéadú iomlán an daonra).

2.1.2 Athrú Daonra

2.1.2.1 Limistéir Uirbeacha

Tharla an méadú ba mhó ar an daonra i bPurláin Chathair Chill Chainnigh agus i limistéar Phort an Chalaidh (Purláin Chathair Phort Láirge atá laistigh de theorainn Chontae Chill Chainnigh). Taifeadadh go raibh 2,244 duine breise i bPurláin Chathair Chill Chainnigh sa tréimhse 2006 go 2011 agus taifeadadh gur tharla méadú 1,322 duine i limistéar Phort an Chalaidh (Purláin Chathair Phort Láirge atá laistigh de Chontae Chill Chainnigh) sa tréimhse chéanna. B'ionann an méadú san dá limistéar sin agus 44% den mhéadú iomlán a tháinig ar daonra an Chontae.

Is díol suntais é freisin gurb é limistéar Phort an Chalaidh an dara limistéar uirbeach is mó sa Chontae i ndiaidh Chathair Chill Chainnigh. Tá méadú 123% tagtha ar a dhaonra ó 2002 i leith.

Tábla 2.3 Daonra na mbailte Dúiche agus Phort an Chalaidh			
	2002	2006	2011
Callainn	1,325	1,771	2,330
Caisleán an Chomair	1,482	1,531	1,456
Gráig na Manach ²⁰	1,166	1,097	1,252
Baile Mhic Andáin	1,600	1,837	2,273
Limistéar Phort an Chalaidh	2,142	3,465	4,787

²⁰ Ní chuireann na figiúirí seo san áireamh limistéar Thigh na hInse i nGráig na Manach, atá suite laistigh de theorainn Chontae Cheatharlach.

Léiríonn sé seo gur éirigh go maith le Callainn agus le Baile Mhic Andáin i ndáil le méadú daonra ó 2002 agus gur tháinig méadú ar dhaonra Chaisleán an Chomair agus laghdú ar dhaonra Ghráig na Manach san dá dhaonáireamh.

Tharla méadú ó 35.3% i 2006 go 37% i 2011 ar an gcéatadán de dhaonra an Chontae atá ag cur fúthu laistigh de na ceantair uirbeacha go léir, faoi mar atá sainmhínithe san daonáireamh. Léiríonn sé seo go bhfuil an céatadán den daonra atá ina gcónaí i gceantair uirbeacha²¹ ag méadú.

2.1.2.2 Ceantair Thuaithe

Léiríonn Figiúr 2.1 an t-athrú a tháinig ar an daonra i ngach Toghranna (TR) sa chontae idir 2006 agus 2011. Tá 113 Toghróinn sa chontae agus tharla laghdú sa daonra in 12 acu. Tharla an laghdú ba shuntasáí i Toghróinn Chaisleán an Chomair áit ar tharla laghdú 114 duine.

2.1.3 Méid na dTeaghlach

Gné thábhachtach a chaithear a mheas sa Phlean is ea an t-athrú atá ag teacht na patrúin na dteaghlach. Sa bhliain 2002 bhí 3.3 duine ar an meán i ngach teaghlach. Bhí an meán sin laghdaithe go 2.88 duine sa teaghlach in 2006. Léirigh Daonáireamh na bliana 2011 go raibh 2.8 duine ar an meán i ngach líon tí ar fud an chontae (Is é 2.7 duine an meánlíon ar fud an Stáit). Léiríonn sé seo an treocht leanúnach i dtreo teaghlaigh níos lú a bheith sa tír.

Tábla 2.4 Meánlíon na dTeaghlach (Contae Chill Chainnigh)			
	Líon na dteaghlach	Daoine sna teaghlaigh	Meánlíon an teaghlaigh
2002	25,603	75,965	3.03
2006	29,651	84,973	2.88
2011	33,619	94,342	2.8

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh 2002, 2006, 2011

Feicimid treocht den chineál céanna nuair a dhéantar scrúdú ar cheantair uirbeacha an Chontae, ach go bhfuil ráta áitíochta níos ísle iontu. Is é 2.57 meánlíon an teaghlaigh i gCathair Chill Chainnigh agus i limistéar Phort an Chalaigh. Tá impleachtaí aige seo don méid talún criosaithe atá riachtanach sna lonnaíochtaí sin.

Tábla 2.5 Meánlíon an Teaghlaigh sna limistéir uirbeacha go léir le chéile			
	Líon na dteaghlach	Daoine sna teaghlaigh	Meánlíon an teaghlaigh
2002	8,239	22,713	2.75

²¹ Limistéir uirbeacha mar atá sainmhínithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh .i. bailte a bhfuil 1,500 duine nó níos mó ag cur fúthu iontu. Dá n-áireofaí Tigh na hInse mar chuid de Ghráig na Manach bheadh 1543 duine ag cur fúthu sa bhaile.

2006	11,355	29,536	2.6
2011	13,250	34,089	2.57

2.1.4 Réamh-mheastacháin Daonra

Tá na spriocanna daonra don Chathair & don Chontae leagtha síos sna [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#)²², a glacadh in 2010 don tréimhse 2010 - 2022. Tá na spriocanna atá leagtha amach don Chathair agus don Chontae le feiceáil i dTábla 2.6 thíos.

Tábla 2.6 Figiúirí an daonra sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha					
	2010	2014	2016	2020	2022
Contae Chill Chainnigh	96,872	102,689	105,598	109,802	111,903
Cathair Chill Chainnigh	24,000	25,200	25,800	27,400	28,200
Port an Chalaídh/Belview	4,000	4,667	5,000	6,000	6,500

Taifeadadh i nDaonáireamh na bliana 2011 go raibh 95,419 duine sa Chontae. Tá an figiúr don bhliain 2011 níos ísle ná an figiúr bonnlíne a leagadh síos mar sprioc do 2010 sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach. Rud stuama is ea é dá bhrí sin, coigeartú a dhéanamh ar fhigiúirí na spriocanna daonra chun torthaí Dhaonáireamh 2011 a chur san áireamh. Dá réir sin tá sprioc daonra tugtha i dTábla 2.7 thíos inar úsáideadh figiúirí na dTreoirlínte ach iad coigeartaithe chun torthaí na bliana 2011 a chur san áireamh.

Tábla 2.7 Figiúirí Coigeartaithe na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha						
	Figiúirí Iarbhír 2011	2012	2014 ²³	2016	2020	2022
Contae Chill Chainnigh	95,419	96,873	99,781	105,598	109,802	111,903
Cathair Chill Chainnigh	24,423	24,682	25,200	25,800	27,400	28,200
Port an	4,787 ²⁴	4,953	5,287	5,412	6,412	6,500

²² Údarás Réigiúnach an Oir-Dheiscirt, [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022](#), 2010

²³ Fuarthas figiúirí na bliana 2014 trí fhigiúirí na dTreoirlínte a dhí-chomhbhailiú agus na rátaí fáis céanna a chur i bhfeidhm ar na figiúirí ó Dhaonáireamh na bliana 2011.

²⁴ Is é an méadú daonra a mheastar a bheidh i bPurláin Phort Láirge ó 2010 go 2016 ná 1,000 duine, nó ráta 166.6 duine in aghaidh na bliana. Baineann an figiúr seo le Toghranna Chill Choilchín & na hEaglaise

Chalaidh/Belview						
------------------	--	--	--	--	--	--

Fuarthas na figiúirí do 2020 tríd an meánmhéadú bliantúil atá tuartha i [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) a chur i bhfeidhm ar an tréimhse idir 2016 agus 2020.

2.2 Rátaí Áitreabh Folamh

Taifeadadh i nDaonáireamh 2011 go raibh ráta folúntais 11.9% sa Chontae²⁵. Níor tháinig aon laghdú mór ar an ráta seo ó 2006 i leith. Taifeadadh 14.5% mar mheánráta náisiúnta. Ba é 11.3% an ráta a taifeadadh i gCathair Chill Chainnigh. Tugtar na rátaí folúntais sa chontae ó 1991 i leith i dTábla 2.8 thíos. Is léir go raibh go raibh ráta folúntais idir 6.4% agus 7.7% sa tréimhse roimh 2006. Tháinig méadú suntasach ar an ráta folúntais ó shin i leith.

Tábla 2.8: Rátaí folúntais i gCo. Chill Chainnigh 1991-2011					
Bliain	1991	1996	2002	2006	2011
Ráta folúntais	7.7%	6.4%	6.6%	12%	11.9%

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, [Próifíl 4, An Díon os ár gCionn](#), 2011

2.3 Próifíl Soch-Eacnamaíoch

2.3.1 Geilleagar Chill Chainnigh

Tá an-teist ar Chill Chainnigh mar ionad seirbhísí agus tá cuideachtaí mar State Street, an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh, Banking 365, Connect Ireland agus Taxback.com lonnaithe inti. Tá an chathair féin ina lárionad riaracháin ag roinnt gníomhaireachtaí stáit agus leath-stáit lena n-áirítear ceanncheathrú réigiúnach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ceanncheathrú náisiúnta Oifig na bPaitinní, Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann agus na Comhairle Oidhreachta.

Tá tionscail láidre dhúchasacha i gCill Chainnigh san earnáil ceardaíochta agus in earnálacha mar an earnáil bia agus deoch (m.sh. Glanbia agus earnáil na dtáirgeoirí bia cearda). Tá clú ar an gcathair in Éirinn agus thar lear mar ionad turasóireachta, féilte, oidhreachta agus ealaíon. Tá níos mó deiseanna ann anois don infheistíocht isteach ó cuireadh feabhas ar bhonneagar na cathrach, m.sh. críochnaíodh an Líonra Cathrach (MAN) le Telecom Éireann mórthimpeall na cathrach agus osclaíodh an mótarbhealach M9.

amháin. Ní bhaineann sé le limistéar Phort an Chalaidh/Belview go léir faoi mar atá sa Phlean don Cheantar Áitiúil.

²⁵ An Phríomh-Oifig Staidrimh, [Próifíl 4, An Díon os ár gCionn](#), 2011

2.3.2 Fostaíocht

Tháinig laghdú ar fhostaíocht sa chontae sa tréimhse 2006 go 2011 i gcomhréir leis an gcúlú a tháinig ar gheilleagar an Domhain agus na hEorpa. Tharla an titim ba mhó san earnáil tógála agus tharla cailleanais shuntasacha san earnáil déantúsaíochta freisin.

Tábla 2.9: Fostaíocht de réir Tionscail ²⁶		
An Tionscail	2006	2011
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	3,247	3,011
Tógáil agus foirgníocht	6,154	2,117
Tionscail déantúsaíochta	5,472	4,482
Tráchtáil agus trádáil	9,218	8,761
Iompar agus cumarsáid	1,564	1,834
Riarachán poiblí	1,968	2,238
Seirbhísí gairmiúla	7,268	9,042
Eile	6,048	5,400
Iomlán	40,939	36,885

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh 2011, 2006

2.3.3 Leathanbhanda

Tháinig méadú mór ar an líon daoine a bhí in ann an leathanbhanda a rochtain sa chontae idir 2006 agus 2011. Bhí nasc leathanbhanda ag 3919 teach in 2006 agus bhí 14,283 teach gan nasc idirlín ar bith. Bhí 33,679 líon tí ann in 2011 agus nasc leathanbhanda ag 19,818 acu ach gan nasc idirlín ar bith ag 8,806 eile²⁷. Léiríonn sé sin ráta leathanbhanda 58.8% i gcomparáid le ráta 13.2% in 2006.

2.3.4 Taisteal chun Oibre

Tá na modhanna taistil a d'úsáideadh daoine sa chontae le dul ag obair, ar scoil nó go coláiste in 2006 agus in 2011 leagtha amach thíos.

Tábla 2.10: Modh taistil le dul ag obair, ar scoil nó go coláiste in 2006 agus 2011										
Bliain	De shiúil na gcos	Rothar	Bus, mionbhus nó cóiste	Traein	Gluais-rothar nó scútar	Mar thiománaí carr	Mar phaisín éir carr	Eile	Níor Luadh	Iomlán
2006	7,223	891	5,568	175	204	24,974	11,094	7,374	692	58,195

²⁶ Foinse: Daonáireamh 2006 agus Daonáireamh 2011

²⁷ An Phríomh-Oifig Staidrimh, [Seo í Éire Cuid 2, Tábla 26A](#), 2011

2011	7,229	751	4,464	221	108	25,481	11,942	6,283	1,540	58,019
------	-------	-----	-------	-----	-----	--------	--------	-------	-------	--------

Bhain an tromlach mór leas as carr príobháideach mar mhodh iompair. Bhain 61.9% den líon iomlán a bhí ag taisteal úsáid as carr mar phaisinéir nó mar thiománaí in 2006, agus mhéadaigh an ráta sin go 64.5% in 2011.

2.3.5 Dífhostaíocht

Tá méadú suntasach tagtha ar dífhostaíocht sa chontae ó glacadh leis an bplean deireanach. Tharla sé sin mar gheall ar an gcor an-mhór chun donais a tháinig ar an ngeilleagar. Tá na rátaí dífhostaíochta mar seo a leanas:

Tábla 2.11 Rátaí Dífhostaíochta i gContae Chill Chainnigh		
Bliain	Daoine Dífhostaithe	Ráta %
2006	3,233	7.5%
2011	8,992	19.4%

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, [Seo í Éire Cuid 2, Tábla 2A](#), 2011

Bhí 43,042 duine sa bhfórsa oibre sa Chontae in 2006 agus méadaíodh é sin go 46,265 in 2011²⁸.

2.4 Treochtaí maidir le Forbairt Fhisiceach

Leanadh ar aghaidh leis an leathnú a bhí á dhéanamh ar na hionaid mhóra uirbeacha sa Chontae. Tá sé suntasach go bhfuil Cathair Chill Chainnigh ag feidhmiú go maith mar Mhol an réigiúin agus go bhfuil méadú ag teacht ar an daonra inti ar ráta atá beagán níos airde ná an meán náisiúnta.

Tá fás suntasach ag teacht ar Phort an Chalaigh freisin, mar chuid de Thairseach Phort Láirge, agus is léir gurb é sin an dara ceantar uirbeach is mó sa chontae. Cuireadh bonneagar fisiceach ar fáil nó feabhsaíodh é le linn tréimhse an phlean 2008 - 2014, lena n-áirítear:

- síneadh an cuarbhóthar timpeall Chathair Chill Chainnigh ó Bhóthar Cheatharlach chomh fada le Bóthar Bhaile Átha Í agus Chaisleán an Chomair (N77),
- osclaíodh an mótarbhealach M9,
- críochnaíodh seachbhóthar Phort Láirge, an N25,
- cuireadh gléasra cóireála fuíolluisce ar fáil ag Calafort Belview i gcomhar le Comhairle Cathrach Phort Láirge, agus
- cuireadh soláthar mór uisce ar fáil ag Calafort Belview i gcomhar leis an Údarás Forbartha Tionscail.
- Tá faomhadh tugtha ag An Bord Pleanála do Scéim Rochtana Lárnaí don chathair agus táthar ag súil go dtógfar an scéim sin nuair a bheidh an plan i bhfeidhm.

²⁸ An Phríomh-Oifig Staidrimh, [Seo í Éire, Cuid 2, Tábla 3A](#), 2011

Tá infheistíocht shuntasach á déanamh ag Belview de thoradh na bhfeabhsúchán a rinneadh ar an mbonneagar, lena n-áirítear an mhonarcha nua próiseála bainne a thóg Glanbia. De thoradh na hinfeistíochta sin cuirfear soláthar nua gáis nádúrtha ar fáil in éineacht le forbairt Glanbia.

Tá faomhadh tugtha chun infheistíocht shuntasach a dhéanamh i bhforbairt na turasóireachta i gCathair Chill Chainnigh. Chuige sin forbrófar Míle na Meánaoise a shíneann ó Chaisleán Chill Chainnigh go hArdeaglais Naomh Cainneach agus déanfar infheistiú sa limistéar poiblí, déanfar athchóiriú ar halla Naomh Muire, tógfar Gailearaí nua Butler ag Evan's Home agus déanfar fhorbairt bhreise ar an gconair líneach le cois Abhann na Feoire nuair a chruthófar gairdín mór i lár na cathrach.

Rinneadh dul chun cinn leanúnach maidir le soláthar seirbhísí trí Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce. Leanfar ar aghaidh leis an infheistíocht i rith an phlean forbartha ó 2014 go 2020 nuair a thógfar scéimeanna uisce agus fuíolluisce ar fud an chontae.

2.5 Príomh-shaincheistanna a gcaithfear déileáil leo sa Phlean

Is iad seo a leanas na príomhcheistanna a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa Phlean:

- ★ Téarnamh eacnamaíoch; an contae a ullmhú chun leas a bhaint as aon fheabhsú a thiocfaidh ar chúrsaí eacnamaíocha
- ★ Tacú leis an ordlathas lonnaithe sa chontae agus comhlíonadh cheanglas na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha tríd an chroí-straitéis
- ★ Straitéis um fhuinneamh in-athnuaite lena n-áirítear beartas um fhuinneamh gaoithe
- ★ Cosaint leanúnach a thabhairt don oidhreacht nádúrtha agus thógtha
- ★ Creataí pleanála do bailte agus sráidbhailte níos lú
- ★ An príomh-bhonneagar a aithint a thacóidh le forbairt an Chontae.

3 Croístraitéis

3.1 Réamhrá

Tá sé de cheangal sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2011 go gcuirfear ráiteas i scríbhinn ar fáil faoin bPlean Forbartha ina mbeidh Croístraitéis a léireoidh go bhfuil na cuspóirí forbartha an phlean forbartha ag teacht, a mhéid is indéanta, leis na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach sa [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) (SSN) agus sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha ábhartha ([Treoirínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#)).

Leagfar amach sa Croístraitéis réasúnaíocht bunaithe ar fhianaise maidir leis an ordlathas lonnaíochta do cheantar an Phlean agus cuirfear sonraí ar fáil faoi:

1. Sonrúcháin faoin [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) agus faoi na [Treoirínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#).
2. Beartais agus cuspóirí an Rialtais i ndáil le spriocanna daonra náisiúnta agus réigiúnacha.
3. Aicmiú bóithre i gceantar an Phlean,
4. Bealaí iarnróid idir cheantair uirbeacha do chomaitéirí,
5. Ceantair tuaithe ina bhfuil feidhm ag na Treoirínte maidir le [Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe](#).

3.2 Straitéis Fhorbartha

Is é cuspóir na Croístraitéise na cur síos a dhéanamh ar straitéis chainníochtúil d'fhorbairt spásúil an chontae sa mheántearma agus sa bhfadtearma agus a léiriú go bhfuil an Plean Forbartha agus a chuspóirí i gcomhréir leis na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach sa [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) agus sna [Treoirínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#).

Glacadh leis an leagan reatha de [Treoirínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) ar an 26^ú Iúil 2010. Bhí siad bunaithe ar réamh-mheastacháin faoin daonra náisiúnta agus réigiúnach a d'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i nDeireadh Fómhair 2009 agus a leasaíodh.²⁹

3.3 Ordilathas Lonnaíochta

Tá an t-ordlathas lonnaíochta ó thaobh na Croístraitéise de leagtha amach i dTábla 3.1 agus léirithe i bhFigiúr 3.1, i Léarscáil na Croístraitéise.

²⁹ Réamh-mheastacháin faoin Daonra Náisiúnta agus Spriocanna don daonra Réigiúnach 2010-2022 (2009) agus Spriocanna don Daonra san Tairseach agus sna Moil (2009)

Tábla 3.1 Ordthathas Lonnaíochta an Chontae

An Cineál Ionaid Uirbigh	Baile/Ionad
Tairseach	Port Láirge (Phort an Chalaídh /Belview i gCo. Cill Chainnigh)
Mol	Cathair Chill Chainnigh
Baile Mór	Ros Mhic Thriúin (Purláin i gCo Cill Chainnigh)
Baile Dúiche ³⁰	Callainn, Caisleán an Chomair, Ghráig na Manach agus Baile Mhic Andáin
Bailte agus Sráidbhailte Níos Lú	Baile Héil, Béal Átha Ragad, Droichead Binéid, An Chloch - An Móinín Rua, Fíodh Dúin, Achadh Úr, An Gleann Mór, An Droichead Nua, Gabhrán, Inis Tíog, Baile Sheáin, Ceanannas, Cill Mhic Bhúith, Cill Mhanach, Chill Mogeanna, Cnoc an Tóchair, Móin Choinn, Muileann an Bhata, Baile Phóil, Baile an Phoill, Sliabh Rua, Áth na gCloch agus Áth na nUrlainn.

3.3.1 Cathair Chill Chainnigh agus a Purláin

Aithníodh Cathair Chill Chainnigh mar Mhol san [Straitéis Spáis Náisiúnta](#), agus is í is mó a chabhróidh chun forbairt réigiúnach níos cothroime a chur chun cinn. Tá sé leatha síos sa [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) agus sna [Treoirínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) gurb é 28,200 duine an sprioc ó thaobh daonra de atá le baint amach ag Cathair Chill Chainnigh faoin mbliain 2022. Is í Cill Chainnigh atá ag cur fás an Chontae chun cinn ar an leibhéal foréigiúnach agus tacaíonn sí le Cathair Phort Láirge ina ról mar Thairseach. Díreofar an sciar is mó den infheistiú a dhéanfaidh na hearnálacha poiblí agus príobháideacha laistigh den chontae ar Chathair Chill Chainnigh thar thréimhse an Phlean d'fhonn cabhrú léi a ról a chomhlíonadh mar Mhol.

3.3.2 Tairseach Phort Láirge (Port an Chalaídh/Belview)

³⁰ Níor shásaigh Gráig na Manach an tairseach maidir le 1,500 duine a bheith ina gcónaí inti nuair a bhí Daonáireamh na bliana 2006 á dhéanamh agus mar sin níor cuireadh san áireamh í mar Bhaile Dúiche sna Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach. Bhí go leor de thréithe baile dúiche mar bhunscoileanna agus iar-bhunscoil aici áfach agus bhí líon na ndaoine inti gar don tairseach ó thaobh daonra de. (taifeadadh 1,252 duine i ndaonáireamh na bliana 2011 agus ba mhéadú 14% é sin ar líon na bliana 2006). Cuireadh san áireamh í dá bhrí sin, in ordthathas an Chontae mar bhaile dúiche.

Is é Port Láirge an chathair is mó i Réigiún an Oirdheiscirt agus tá sé ainmnithe mar Thairseach sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus sa [Straitéis Spáis Náisiúnta](#). Áirítear ar thosaíochtaí forbartha na Cathrach a mais chriticiúil a mhéadú chun go mbeidh sí in ann feidhmiú mar chathair Thairsí agus cur chuige comhordaithe a chur i bhfeidhm maidir le forbairt na gcodanna éagsúla den chathair agus a purláin, a théann thar theorainneacha údarás áitiúil.

Ullmhaíodh Staidéar comhtháite ar Phleanáil Úsáide Talún agus Iompair (PLUTS) in 2004 do limistéar Mhórcheantar Phort Láirge inar leagadh amach fíis maidir le forbairt chathair Phort Láirge mar Thairseach³¹. Tá ról lárnach aige sin maidir le hinbhuanaitheacht sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil a sholáthar don Chathair agus dá Purláin.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta don ról atá ag Cathair Phort Láirge mar Thairseach agus sa chomhthéacs sin rinne sí éascú ar forbairt leanúnach Chalafort Belview agus ar Phurláin Phort Láirge atá suite taobh istigh de theorainn Chontae Chill Chainnigh agus a meastar go bhfuil an-acmhainn iontu ó thaobh cur le mais chriticiúil. Tá an Chomhairle i ndiaidh a áirithiú, trí Phlean do Cheantar Áitiúil ar leith do phurláin Phort Láirge atá laistigh de Chontae Chill Chainnigh ([Plean do Cheantar Áitiúil Phort an Chalaídh/Belview](#) 2009), go bhfuil go leor acmhainn forbartha ar fail do na húsáidí éagsúla talún atá riachtanach le tacú leis an Tairseach.

Seo foirm achoimrithe d'fhís Chomhairle Contae Chill Chainnigh i leith phurláin Phort Láirge atá suite i gContae Chill Chainnigh:

A chinntiú go bhfuil na daoine atá ina gcónaí i bPurláin Chathair Phort Láirge atá suite i gContae Chill Chainnigh in ann taitneamh a bhaint as dea-cháilíocht beatha, ardchaighdeán oideachais, deiseanna fostaíochta den scoth agus go bhfuil rochtain éasca acu ar réimse iomlán seirbhísí sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha. Bainfear é seo amach trí phleanáil chomhtháite agus trí chomhoibriú le Comhairle Cathrach Phort Láirge, leis na húdaráis eile go léir sa réigiún agus le gníomhaireachtaí eile, lena chinntiú gur féidir le Port Láirge agus a Phurláin dul san iomaíocht ar mhargaí idirnáisiúnta agus an leas is mó is féidir a bhaint as a hacmhainn mar chathair thairsí ag freastal ar Réigiún an Oirdheiscirt go léir.

Is feasach don Chomhairle sa chur chuige atá aici maidir le forbairt ceantair Phort an Chalaídh/Belview mar dhlúthchuid den Chathair Thairsí do Réigiún an Oirdheiscirt go gcaithfear féiniúlacht shóisialta, chultúrtha, spóirt agus pholaitiúil an cheantair a chaomhnú don todhchaí.

Cuspóirí

An [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) agus [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) a chur i bhfeidhm trí fhorbairtí a spreagadh i Mol sainithe Chill Chainnigh agus i purláin chathair Thairsí Phort Láirge.

³¹ Atkins, Waterford Planning Land Use and Transportation Study, 2004-2020 (2004)

Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae i bhfianaise aon Straitéis nua nó Treoirlínte nua atá á bhforbairt mar mhalairt ar an [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) nó ar na [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) agus an Plean Forbartha a athrú más gá.

3.3.3 Bhaile Mór - Purláin Ros Mhic Thriúin

Aithníodh Ros Mhic Thriúin mar Bhaile Mór sna [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#). De réir na [Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach](#), díriodh ar Ros Mhic Thriúin mar ionad fáis ós rud é go bhfuil sé suite go straitéiseach 23 km ó Chathair Phort Láirge, agus mar gheall ar an acmhainn fáis atá ann agus an chaoi a d'fhéadfadh sé cuspóirí lárnacha a bhaint amach maidir le mais chriticiúil agus forbairt chothrom réigiúnach.

Áirítear ar thosaíochtaí forbartha Ros Mhic Thriúin tacú le neartú na maise criticiúla laistigh de cheantar Tairsí Phort Láirge agus cur chuige comhordaithe a chur i bhfeidhm maidir le forbairt Ros Mhic Thriúin agus a phurláin, a shíneann thar theorainneacha údarás áitiúil, agus é sin a dhéanamh i gcomhar le Comhairle Baile Ros Mhic Thriúin agus le Comhairle Contae Loch Garman. Tá na cuspóirí criosúcháin do Phurláin Ros Mhic Thriúin leagtha amach i gCaibidil 12.

Cuspóir:

- ***Tacú le neartú na maise chriticiúla laistigh de cheantar Tairsí Phort Láirge trí cur chuige comhordaithe a chur i bhfeidhm maidir le forbairt Ros Mhic Thriúin agus a phurláin, atá laistigh de theorainneacha chontae Chill Chainnigh agus é sin a dhéanamh i gcomhar le Comhairle Contae Chill Chainnigh, le Comhairle Baile Ros Mhic Thriúin agus le Comhairle Contae Loch Garman***

3.3.4 Bailte Dúiche

Aithnítear Bailte Dúiche sa [Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach](#) mar áiteanna a raibh idir 1,500 agus 5,000 daoine ina gcónaí iontu de réir daonáirimh na bliana 2006. Áiríodh sna [Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach](#) go raibh Callainn, Caisleán an Chomair agus Baile Mhic Andáin sa chatagóir sin.

Bíodh is nár shásaigh Gráig na Manach, an tairseach maidir le 1,500 duine a bheith ina gcónaí inti, bhí go leor de tréithe baile dúiche faoi mar a aithníodh iad sna [Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach](#) aici toisc go raibh beagnach 1,500 duine ag cur fúthu inti agus go bhfuil scoileanna bunleibhéil dara leibhéil aici. I nDaonáireamh na bliana 2011 taifeadadh go raibh 1,252 duine ag cur fúthu i nGráig na Manach agus ba mhéadú 14% é sin ar an líon a taifeadadh i ndaonáireamh na bliana 2006. Áirítear í mar bhaile dúiche dá bhrí sin.

Tábla 3.2 Daonra na mbailte Dúiche mar chéatadán de dhaonra an chontae

Daonra 2011

% de Dhaonra an Chontae

An Contae	95,419	
Callainn	2,330	2.4%
Caisleán an Chomair	1,456	1.5%
Gráig na Manach ³²	1,252	1.3%
Baile Mhic Andáin	2,273	2.3%

Tríd is tríd tá seirbhísí agus áiseanna dea-fhorbartha pobail sna Bailte Dúiche sin agus tá acmhainn fáis iontu (ach infheistíochtaí áirithe a dhéanamh ar an mbonneagar fisiceach). Ghlac an Chomhairle in 2009 le Pleananna do Cheantair Áitiúla (PCÁanna) do na Bailte Dúiche. Leasaíodh na Pleananna sin i ndiaidh ghlacadh na Croí-Straitéise i mí Mheán Fómhair 2011 agus tugadh isteach criosúchán céimnithe talún i gcomhair forbartha i ngach Plean. Tá sé i gceist tús a chur le hathbheithniú ar Phleananna do Ceantair Áitiúla na mBailte Dúiche nuair a chríochnófar an t-athbheithniú a dhéanfar ar an bPlean Forbartha Contae in 2014.

Cuspóirí

A chinntiú go mbeidh na Bailte Dúiche a mhéid is praiticiúil in ann freastal ar a riachtanais féin agus go mbeidh gníomhaíochtaí fostaíochta, dóthain seirbhísí miondíola agus áiseanna sóisialta agus pobail iontu.

[Forbairt fiontraíochta agus eacnamaíoch a chur chun cinn i nGráig na Manach i gcomhréir le Staidéar ar Eacnamaíocht agus ar Fhorbairt Ghráig na Manach agus Tigh na hInse, 2006](#)³³

3.3.5 Bailte agus Sráidbhailte Níos Lú

Ullmhaíodh Plean do Cheantair Áitiúla do na bailte agus na sráidbhailte níos lú ó 2003 i leith. Ina theannta sin ullmhaíodh ceithre Phlean do Cheantair Áitiúla do na bailte dúiche sa chaoi gur ullmhaíodh 21 Plean san iomlán.³⁴

Is iad seo a leanas na bailte agus na sráidbhailte ar ullmhaíodh iad sin dóibh: Baile Héil, Bhéal Átha Ragad, Droichead Binéid, Cnoc an Tóchair, Fiodh Dúin, Achadh Úr, An Droichead Nua, Gabhrán, Inis Tíog, Ceanannas, Cill Mhic Bhúith, Móin Choinn, Muileann an Bhata, Baile an Phoill, Sliabh Rua, Áth na gCloch agus Áth na nUrlainn.

Chuaigh na pleananna do Bhaile Héil, Béal Átha Ragad, Inis Tíog, Cnoc an Tóchair, Móin Choinn agus Áth na nUrlainn in éag idir Deireadh Fómhair 2009 agus mí Iúil 2010 agus mar sin ní pleananna reachtúla do na limistéir sin iad a thuilleadh.

³² Níl limistéar Tigh na hInse i nGráig na Manach san áireamh sna figiúir seo

³³ [Staidéar ar Eacnamaíocht agus ar Fhorbairt Ghráig na Manach agus Tigh na hInse](#), 2006 le Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhairle Contae Chill Chainnigh

³⁴ Tá 6 Phlean do Ceantair Áitiúla eile ann sa Chontae: Baineann 3 cinn acu le ceantair laistigh de Chathair Chill Chainnigh agus baineann na cinn eile le Port an Chalaigh/Belview, Ros Mhic Thriúin agus Coill Chluain Dúin (Woodstock)

Tá 6 Phlean do Cheantair Áitiúla eile imithe in éag ó glacadh leis an Athrú ar Croístraitéis an Phlean Forbartha Contae i Meán Fómhair 2011. Ba iad sin na pleananna a bhain le hAchadh Úr, An Droichead Nua, Ceanannas, Muileann an Bhata, Sliabh Rua agus Áth na gCloch.

3.3.5.1 Pleananna do Cheantair Áitiúla atá imithe in éag

Tá na Pleananna do Cheantair Áitiúla do Bhaile Héil, Béal Átha Ragad, Achadh Úr, An Droichead Nua, Inis Tíog, Ceanannas, Cnoc an Tóchair, Móin Choinn, Muileann an Bhata, Sliabh Rua, Áth na gCloch agus Áth na nUrlainn imithe in éag.

Chun críocha na croístraitéise seo, ní shannfar réamh-mheastachán daonra faoi leith don 12 bhaile sin, ach déanfar iad a mheas mar ‘an chuid eile den chontae’ i dtábla na croístraitéise. Cuirfear léarscáil ar fáil sa Phlean seo le haghaidh gach ceann de na bailte sin ina léireofar an teorainn lonnaíochta ina ndéanfar forbairt a mheas faoi réir na mbeartas atá leagtha amach thíos (féach Figiúirí 3.2-3.13). Ní leagfar síos aon chuspóirí maidir le criosúchán talún do na lonnaíochtaí sin. Déanfar tograí forbartha laistigh den teorainn a mheas ar a bhfiúntas féin i bhfianaise beartas agus cuspóirí na croístraitéise agus an Phlean Forbartha i gcoitinne.

Ní pleananna reachtúla a thuilleadh iad na Pleananna do Cheantair Áitiúla (PCÁanna) atá imithe in éag ach tá méid suntasach faisnéise iontu faoin oidhreacht nádúrtha agus tógtha agus faoi cheisteanna pleanála eile. Bainfear leas as na pleananna atá imithe in éag mar dhoiciméid threoracha bhreise chun críocha pleanála. Ní bheidh forbairtí tithíochta laistigh de theorainneacha lonnaíochta na mbailte sin faoi réir an bheartais tithíochta tuaithe a bhfuil cuntas imlíne le fáil air in alt 3.5.

Más rud é nach mbeidh Plean reachtúil do Cheantar Áitiúil ag sráidbhaile nó ag baile níos lú agus nach mbeidh teorainn forbartha leagtha síos dó nuair a ghlacfar leis an bplean forbartha seo, sa chás sin glacfar leis chun críocha bainistíochta forbartha de go bhfuil an baile nó an sráidbhaile sin ina chuid de cheantar tuaithe an Chontae, is é sin le rá, ní dhéanfar aon athrú ar a stádas.

3.3.5.2 Pleananna do Cheantair Áitiúla atá i bhfeidhm fós

Tá Pleananna do Cheantair Áitiúla ann do na bailte agus na sráidbhailte seo a leanas: Droichead Binéid, Fiodh Dúin, Gabhrán, Cill Mhic Bhúith, agus Baile an Phoill fad atá an dréachtphlean forbartha seo á ullmhú.

Táthar ag díriú ar na bailte sin a bhfuil Pleananna do Cheantair Áitiúla acu mar bhailte fáis de bharr an stádas atá acu in ordlathas lonnaíochta an Chontae agus de bharr scála agus carachtar na lonnaíochtaí féin atá i gcomhréir leis an stádas atá acu san ordlathas.

Mar atá le feiceáil i dTábla 3.3, i gcás na mbailte agus na sráidbhailte níos lú a bhfuil Pleananna do Cheantar Áitiúil acu fós tá 13.6 heicteár de thalamh criosaithe neamhforbartha acu ina bPleananna i gcomhair cúrsaí tithíochta.

Dá gcuirfí an meán-dlús de 15 aonad tithíochta in aghaidh an heicteáir (6 acra) i bhfeidhm d'fhéadfaí 204 aonad tithíochta a thógáil ar na 13.6 heicteár sin agus má ghlactar leis go bhféadfadh 2.96 duine ar an meán cur fúthu i ngach aonad díobh d'fhéadfadh 603 duine cónaí iontu.

Más rud é go bhfuil Plean do Cheantair Áitiúil fós ag baile níos lú nó ag sráidbhaile agus má tá cuspóirí criosúcháin fós acu, sa chás sin tá léarscáil maidir le céimniú na talún atá sa Phlean don Cheantar Áitiúil curtha ar fáil sa chroístraitéis. Tá na léarscáileanna sin á gcur in ionad na léarscáileanna criosúcháin bhunaidh sa Phlean ábhartha don Cheantar Áitiúil, féach Figiúirí 3.14-3.16.

Tábla 3.3: Pleananna do Cheantair Áitiúla do bhailte agus do shráidbhailte beaga atá i bhfeidhm fós nó imithe i léig					
		Dáta ar Glacadh leo	Dáta Éaga (Imithe in éag)	Thalamh chriosaithe (ha)	Freagra an Phlean Forbartha
1	Baile Héil	19 ^ú Iúil 2004	19 ^ú Iúil 2010	0	Teorainn na forbartha
2	Béal Átha Ragad	19 ^ú Iúil 2004	19 ^ú Iúil 2010	0	Teorainn na forbartha
3	Droichead Binéid	20 ^ú Iúil 2009	20 ^ú Iúil 2015	0.94	PCÁ
4	Fíodh Dúin	17 ^ú Eanáir 2011	17 ^ú Eanáir 2017	2.36	PCÁ
5	Achadh Úr	17 ^ú D. Fómhair 2005	17 ^ú D. Fómhair 2011	0	Teorainn na forbartha
6	Droichead Nua	17 ^ú D. Fómhair 2005	17 ^ú D. Fómhair 2011	0	Teorainn na forbartha
7	Gabhrán	20 ^ú Nollaig 2010	20 ^ú Nollaig 2016	1	PCÁ
8	Inis Tíog	19 ^ú Iúil 2004	19 ^ú Iúil 2010	0	Teorainn na forbartha
9	Ceanannas	17 ^ú D. Fómhair 2005	17 ^ú D. Fómhair 2011	0	Teorainn na forbartha
10	Cill Mhic Bhúith	21 ^ú Nollaig 2009	21 ^ú Nollaig 2015	7.8	PCÁ
11	Cnoc an Tóchair	19 ^ú Iúil 2004	19 ^ú Iúil 2010	0	Teorainn na forbartha
12	Móin Choinn	20 ^ú D. Fómhair 2003	20 ^ú D. Fómhair, 2009	0	Teorainn na forbartha
13	Muileann an Bhata	16 ^ú D. Fómhair 2006	16 ^ú D. Fómhair 2012	0	Teorainn na forbartha
14	Baile an Phoill	17 ^ú Eanáir 2011	17 ^ú Eanáir 2017	2.5	PCÁ
15	Sliabh Rua	16 ^ú D. Fómhair 2006	16 ^ú D. Fómhair 2012	0	Teorainn na forbartha
16	Áth na gCloch	16 ^ú D. Fómhair 2006	16 ^ú D. Fómhair 2012	0	Teorainn na forbartha
17	Áth na nUrlainn	19 ^ú Iúil 2004	19 ^ú Iúil 2010	0	Teorainn na forbartha
	Iomlán			13.6	

Más gá é ullmhóidh an t-údarás áitiúil, Pleananna do Cheantair Áitiúla nó doiciméid oiriúnacha mar chreata pleanála do cheantair uirbeacha nó tuaithe laistigh den Chontae ach na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil.

Is é an tionchar a bheidh ag cur i bhfeidhm an [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) agus na [Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach](#) ar leibhéal Contae ná:

- ★ Go gceadófar forbairt inbhuanaithe na gceantar tuaithe sa chontae,
- ★ Go gceadófar fás inbhuanaithe na Tairsí, an Mhoil agus na mBailte Dúiche, mar aon le fás na lonnaíochtaí beaga agus na gceantar tuaithe laistigh den Chontae,
- ★ Go seachnófar ró-sholáthar tailte criosaithe,
- ★ Go seachnófar an baol go mbrúfar tailte neamhfhorbartha chun tosaigh ar a chéile ar bhealach nach mbeadh inbhuanaithe,
- ★ Go seachnófar brú chun forbairtí iomarcacha a thógáil i gceantair gan seirbhísí,
- ★ Go gcinnteofar go mbeidh go leor talún criosaithe ann le freastal ar dhaonra a d'fhéadfadh a bheith 1.5 uair ar níos mó ná na spriocanna daonra atá leagtha síos sna Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach.

Bainistíocht Forbartha

- *I gcás bailte agus sráidbhailte níos lú, níor cheart go ndéanfadh aon togra amháin maidir le forbairt cónaithe méadú níos mó ná 12.5% ar an stoc tithíochta atá ann cheana féin³⁵ laistigh de shaolré an phlean.*
- *Ní ceart go mbeadh níos mó ná thart ar 10-12 aonad tithíochta nua in aon scéim ar leith i sráidbhaile ar bith a bhfuil níos lú na 400 duine ina gcónaí ann.*

3.4 Athrú Daonra

Ó Caibidil 2 tá cur síos sa tábla seo a leanas ar na hathruithe daonra a gcaithfear pleananna a gceapadh dóibh laistigh den chontae.

Tábla 2.7 Figiúirí Coigeartaithe na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha						
	Figiúirí Iarbhír 2011	2012	2014 ³⁶	2016	2020	2022
Contae Chill Chainnigh	95,419	96,873	99,781	105,598	109,802	111,903

³⁵ Lena n-áirítear forbairt cheadaithe agus tiomanta

³⁶ Fuarthas figiúirí na bliana 2014 trí fhigiúirí na dTreoirínte a dhí-chomhbhailiú agus na rátaí fáis céanna a chur i bhfeidhm ar na figiúirí ó Dhaonáireamh na bliana 2011.

Cathair Chill Chainnigh	24,423	24,682	25,200	25,800	27,400	28,200
Port an Chalaigh/Belview	4,787 ³⁷	4,953	5287	5412	6,412	6,500

De réir figiúirí coigeartaithe na [Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach](#) thuas, is é 10,021 an méadú daonra réamh-mheasta a bheidh sa chontae idir 2014 agus 2020. Fuarthas na figiúirí do 2020 trí an meánmhéadú bliantúil atá tuartha sna [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) a chur i bhfeidhm ar an tréimhse idir 2016 agus 2020.

Dá bhrí sin is é 10,021 an méadú a thiocfaidh ar dhaonra an Chontae thar thréimhse an Phlean Forbartha 2014 go dtí 2020.

³⁷ Is é an méadú daonra a mheastar a bheidh i bPurláin Phort Láirge ó 2010 go 2016 ná 1,000 duine, nó ráta 166.6 duine in aghaidh na bliana. Baineann an figiúr seo le Toghranna Chill Choilchín & na hEaglaise amháin. Ní bhaineann sé le limistéar Phort an Chalaigh/Belview go léir faoi mar atá sa Phlean don Cheantar Áitiúil.

Tábla na Croístraitéise 2014 - 2020

(1)	Leithdháileadh daonra sa Chroístraitéis 2014 - 2020 (2)	An méid talún atá riachtanach don tithíocht (i heicteáir lena n-áirítear ró-chriosú 50% don tréimhse 2014 - 2020) (3)	Criosú atá i bhfeidhm fós (heicteáir) (4)	Criosú Molta (heicteáir) (5)
Contae Chill Chainnigh	10,021			
Cathair Chill Chainnigh	2,200	43 ³⁸	52.48	58
Port an Chalaigh/Belview (cuid de Tairseach Phort Láirge)	1,125	22	53.3	53.3
Bailte Dúiche				
(a) Callainn	2.4% (240) ⁴⁰	8.3 ⁴¹	15.21	15.21
(b) Caisleán an Chomair	1.5% (150)	3.4	12.38	12.38
(c) Gráig na Manach ³⁹	1.3% (130)	4.5	4.35	4.35
(d) Baile Mhic Andáin	2.38% (238)	8.3	11.85	11.85
Is mar “an chuid eile den chontae” a áireofar bailte agus sráidbhailte níos lú, purláin Ros Mhic Thriúin agus ceantair	5,885	248 ⁴²	18.6	18.6

³⁸ 2,200 roinnte ar 2.57 = 856 hh arna roinnt ar 30 aonad/ha (12/acra) = 28.5ha x 1.5 = 42.8ha. Baineann an modh áirimh céanna seo le Port an Chalaigh/Belview.

³⁹ Tá Gráig na Manach curtha san áireamh mar bhaile dúiche cé go raibh sí faoi bhun na tairsí maidir le daonra 1,500 a bheith aici i nDaonáireamh 2011.

⁴⁰ Léiríonn an figiúr idir lúibíní an daonra a leithdháileadh don Bhaile Dúiche. Fuarthas an figiúr sin trí ghlacadh leis go gcoinneodh gach Baile Dúiche a sciar comhréireach de dhaonra an Chontae mar a bhí i ndaonáireamh 2011. Féach 3.x tábla thuas

⁴¹ Is ionann 2.4% agus 240 duine breise ar gá áit a fháil dóibh. Má bhíonn 2.88 duine ann in aghaidh an teaghlaigh, beidh 83.3 teaghlach ann agus más é 15 teaghlach/heicteár an meánlús, ciallaíonn sé sin go mbeidh 5.5 heicteár riachtanach. 150% de 5 = 8.3ha.

⁴² 5,885 arna roinnt ag 2.96 duine/an teaghlach = 2,101 teaghlach arna roinnt ar 12 aonad/ha = 164ha x 1.5 = 248ha

tuaithe				
iomlán	10,021	354	168	174

3.4.1 Cuspóirí Forbartha i gcás Bailte Níos Lú agus Shráidbhailte

Ní mór na bailte agus na sráidbhailte beaga a fhorbairt ar bhealach a neartóidh a ról mar lárionaid seirbhíse áitiúla agus ar bhealach a rachaidh go maith lena gcarachtar. Tá sé ríthábhachtach cothromaíocht cheart a bhaint amach idir forbairt a spreagadh i mbailte agus i sráidbhailte níos lú agus scála agus nádúr na bhforbairtí sin. Tá sé tábhachtach a chinntiú freisin go n-oireann dearadh, leagan amach, carachtar agus scála na forbartha cónaithe nua don bhaile beag nó don sráidbhaile beag atá i gceist agus go gcruthófar timpeallacht ardchaighdeáin mhaireachtála.

Braithfidh scála agus dlús na forbartha ar roinnt tosca lena n-áirítear:

- ★ An bonneagar atá ar fáil lena n-áirítear soláthar uisce, áiseanna cuí cóireála fuíolluisce,
- ★ An chaoi a gcuirfeadh an fhorbairt feabhas ar leagan amach an tsráidbhaile trína patrún sráideanna a neartú nó trí chabhrú le hathfhorbairt na dtailte cúil
- ★ An chaoi a chosnódh sí tréithe ailtireachta agus comhshaoil an tsráidbhaile
- ★ Cumas na seirbhísí atá sa sráidbhaile cheana féin le freastal ar an bhforbairt bheartaithe.

Fás incriminteach a thiocfaidh ar bhailte agus ar sráidbhailte níos lú amach anseo. Beidh sé ar scála beag agus beidh sé oiriúnach do mhéid, do scála agus do charachtar an tsráidbhaile.

Ní mór do gach forbairt a dhéanfar in aon lonnaíocht sa Chontae a bheith ar scála a oirfidh do scála agus do charachtar na lonnaíochta sin agus d'fheidhm na lonnaíochta sin san ordlathas lonnaíochta. Ní bheidh forbairtí tithíochta laistigh de theorainneacha lonnaíochta na mbailte sin faoi réir an bheartais tithíochta tuaithe a bhfuil cuntas imlíne le fáil air i gcuid 3.4 den Phlean Forbartha.

Cuspóirí:

Éascú a dhéanamh ar fhorbairt tithíochta, agus ar fhorbairt eacnamaíoch, seirbhísí agus bonneagar i mbailte agus i sráidbhailte níos lú an chontae, agus scála agus carachtar a bheith ag na forbairtí sin a bheidh oiriúnach do na lonnaíochtaí sin d'fhonn an daonra agus na seirbhísí a chothú agus a athnuachan sna ceantair sin.

3.5 Straitéis Lonnaíochta Tuaithe

Tá an straitéis lonnaíochta tuaithe bunaithe ar [Treoirlínte um Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe do na hÚdaráis Phleanála](#)⁴³. Is é an cuspóir atá le straitéis tithíochta tuaithe na Comhairle ná a chinntiú go mbeidh pobail inbhuanaithe tuaithe ann ach gan dochar a dhéanamh d'acmhainní fisiceacha, comhshaoil, nádúrtha nó oidhreacht an chontae.

Cuspóir leathan is ea é sin ach tá na cuspóirí mionsonraithe seo a leanas mar bhonn taca faoi:

- Forbairt inbhuanaithe a spreagadh i gceantair thuaithe,
- Cáilíocht agus carachtar na gceantar tuaithe a chosaint.
- Cáilíocht an chomhshaoil a chosaint, lena n-áirítear truailliú an chomhshaoil a chosc, a theorannú, a mhaolú nó a laghdú agus uiscí, screamhuisce agus an t-atmaisféar a chosaint.
- Na gnéithe den tírdhreach agus den cheantair a chosaint a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo ó thaobh fána agus flóra fiáine.
- Carachtar an tírdhreacha a chosaint, lena n-áirítear na radhairc atá liostaithe sa Phlean seo mar aon le conláistí áiteanna agus gnéithe a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó ar díol spéise nádúrtha iad.
- Acmhainní nádúrtha mar mianraí agus cumascáin tógála a chosaint
- Limistéir a chosaint ina mbeadh sé indéanta fuinnimh inbhuanaithe a tháirgeadh, mar shampla limistéir arda ina mbeadh sé inghlactha i bprionsabal fuinneamh gaoithe a tháirgeadh iontu.

Tá thart ar 63% de dhaonra an chontae ina gcónaí i gceantair thuaithe⁴⁴. Aithníonn an Chomhairle go raibh daoine ina gcónaí i gceantair tuaithe i gContae Chill Chainnigh leis na cianta. Tá rún ag an gComhairle tacú leis an nós sin ar bhealach inbhuanaithe.

3.5.1 Anailís an Chontae

I mí Eanáir 2006, glacadh le hAthrú Uimhir 8 ar Phlean Forbartha an Chontae 2002 trínar cuireadh na [Treoirlínte um Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe](#) i bhfeidhm. Leanadh ar aghaidh leis an mbeartas sin freisin i bPlean Forbartha an Chontae 2008-2014. Tugadh cead chun 2,043 teach aonair a thógáil i gceantair thuaithe Chill Chainnigh idir Eanáir 2006 agus Lúnasa 2012.

Tá an beartas reatha um thithíocht tuaithe i bhfeidhm ar feadh thart ar 6 bliana. Is léir ó líon na n-iarratas ar cheadanna tithíochta a deonaíodh linn na tréimhse sin go bhfuil an-éileamh ar thithíocht faoin tuath. Tháinig laghdú suntasach ar líon na n-iarratas a thaisceadh le trí nó

⁴³ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil [Treoirlínte um Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe do na hÚdaráis Phleanála](#), 2005

⁴⁴ Dar le Daonáireamh 2011

ceithre bliana anuas ach meastar go léiríonn an meath seo cúrsaí eacnamaíocha seachas aon athrú ar an éileamh ar thithíocht. Tá a lán lán daoine ar mhaith leo teach faoin tuath a bheith acu agus dá dtiocfadh feabhas ar an margadh tithíochta agus dá mbeadh sé níos fusa morgáistí a fháil is cinnte go mbeadh siad ag iarraidh tithe faoin tuath a fháil dóibh féin.

Bhí na hiarratais ar thithíocht scaipthe cothrom go leor ar fud an Chontae thar tréimhse an phlean. Mar sin féin, léiríodh go bhfuil ceantair tuaithe áirithe ann atá níos tarraingtí ó thaobh cónaí iontu, go háirithe na ceantair sin atá timpeall ar ionaid mhóra mar Chill Chainnigh agus Phort Láirge. Is léir ó na treochtaí a tugadh faoi ndeara sa tréimhse seo go bhfuil ag éirí leis an mbeartas na torthaí inmhianaithe a sholáthar agus ar an ábhar sin gur ceart leanúint ar aghaidh leis an mbeartas reatha ach coigeartuithe beaga a dhéanamh air. Baineann na hathruithe sin le freagraí oiriúnacha a thabhairt ar na hathruithe a tháinig ar an éileamh ar thithíocht i rith tréimhse an phlean a bhí ann roimhe seo.

Is féidir an Contae a roinnt i dtrí chatagóir leathana mar seo a leanas:

1. Limistéir atá faoi Thionchar Uirbeach
2. Ceantair Thuaithe níos Treise
3. Limistéir Imeacha a bhfuil an Daonra ag Meath iontu

Féach Figiúr 3.17: Léarscáil na Straitéise Tithíochta Tuaithe

3.5.2 Beartais i leith Tithíochta Tuaithe

Ceapadh na beartais seo a leanas d'fhonn freagra a thabhairt ar na riachtanais éagsúla tithíochta atá ag pobail uirbeacha agus tuaithe agus ar tréithe éagsúla na gceantar tuaithe. Tá sé sin lena chinntiú ar an gcéad dul síos go ndéanfar éascú ar riachtanais tithíochta daoine a bhfuil a bhfréamhacha i gceantair thuaithe nó a bhfuil naisc acu le ceantair thuaithe, ach a chinntiú freisin go dtabharfaidh na beartais pleanála freagra ar chúinsí áitiúla cibé acu a bhaineann siad le ceantair a bhfuil meath ag teacht ar a ngeilleagar agus ar a ndaonra nó le ceantair atá faoi bhrú leanúnach forbartha.

Úsáidfeadh na sainmhíneithe seo a leanas agus na beartais a bhaineann leo:

Limistéar Uirbeach: Cathair nó baile a raibh 1,500 duine nó níos mó ina gcónaí ann nuair a rinneadh Daonáireamh 2011. (Tá an sainmhíniú sin i gcomhréir le sainmhíniú na Príomh-Oifige Staidrimh agus le [Treoirínte um Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe](#)).

Tithíocht faoin Tuath á Éileamh ag Daoine ó Cheantair Uirbeacha: Tithíocht i gceantair thuaithe atá á lorg ag daoine atá ina gcónaí agus ag obair i gceantair uirbeacha, lena n-áirítear dara áras chónaithe.

Tithíocht Tuaithe á Éileamh ag Muintir na Tuaithe: Tithíocht atá ag teastáil i gceantair tuaithe i measc pobail bhunaithe na tuaithe ó dhaoine ar bhaill den phobal sin iad nó a bhfuil dlúthbhaint ag a slí beatha leis an gceantar tuaithe sin.

Má shásaítear na riachtanais maidir le dea-chleachtais ó thaobh na háite ina bhfuil an suímh agus cúrsaí rochtana, deartha agus draenála, ba cheart éascú a dhéanamh ar iarrachtaí muintir de bunadh na tuaithe tithíocht a fháil chomh cóngarach agus is féidir lena ndúiche bunaidh lena chinntiú go gcaomhnófar naisc láidre áitiúla agus go mbeidh an t-iarratasóir ina d(h)lúthchuid den phobal áitiúil.

Forbairt Ribíneach: 5 theach nó níos mó ar aon taobh amháin de stráice 250 méadar den bhóthar.

Díspreagtar Forbairt Ribíneach ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear sábháilteacht ar bhóithre, an tionchar ar dhealramh na háite agus an t-éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le soláthar bonneagair phoiblí. Beidh sé de rogha ag an Údarás Pleanála forbairt ribíneach a cheadú chun gréasán lonnaithe faoi leith a chríochnú má bhíonn na tithe scartha amach go maith ó chéile. Ní cheadófar é, áfach, dá bheadh sé de thoradh air go nascaí forbairtí ribíneacha le chéile, nó go gcabhródh an forbairt ribíneach in éineacht leis na ribíní eile atá ann lena chinntiú mbeadh an iomarca tithe sa cheantar gar dó.

Ceantair Áitiúil: Is é an sainmhíniú a thugtar ar cheantar áitiúil ná an ceantar sin atá thart ar 5km ón suíomh, ach gan limistéir sainithe uirbeacha a chur san áireamh.

Forbairt Talaimh Chúil: I gcás forbartha a shuítear go scaoilte laistiar d'fhorbairt eile (rud a tharlaíonn go coitianta i gcás tithíochta aon uaire ach ní gá go mbeadh sé sin i gceist) sa chaoi go gcruthaítear leagan amach nach bhfuil ord ná eagar air ach é ina phíosáí, agus a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith aici ar na háiseanna cónaithe máguaird agus ar chúrsaí tráchta nó comhshaoil, déanfar forbairt den sórt sin a rangú mar forbairt talún cúil agus measfar de ghnáth go mbeidh sé contrártha do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair. I roinnt cásanna teoranta, áfach, inar féidir tionchar na forbartha molta ar chúrsaí conláiste cónaithe, comhshaoil agus tráchta a réiteach féadfaidh an tÚdarás Pleanála féachaint ar cheart cead a dheonú.

3.5.2.1 Limistéir atá faoi Thionchar Uirbeach

Is é cuspóir na Comhairle i gcás limistéir atá faoi thionchar uirbeach éascú a dhéanamh ar riachtanais tithíochta an phobail tuaithe (faoi mar atá aitheanta san sa chuid seo) ach iarratais ar tithíocht faoin tuath a eascraíonn ó limistéir uirbeacha a threorú i dtreo limistéir atá criosaithe i gcomhair forbairtí tithíochta nua sna cathracha, sna bailte agus sna sráidbhailte.

Bíonn an brú is mó ar limistéir atá faoi thionchar uirbeach de thoradh na nithe seo a leanas:

- Toisc iad a bheith gar do cheantair chomaitéireachta na gcathracha agus na mbailte níos mó,
- Toisc go bhfuil an daonra ag fás go tapa,
- Toisc go bhfuil rochtain éasca acu ar ghréasán maith bóithre agus rochtain réidh ar limistéir mhóra uirbeacha.

Ní cheadaítear tithíocht i gceantair thuaithe do dhaoine ó cheantair uirbeacha ach amháin má shásaíonn an tithíocht sin na beartais don chatagóir sin de cheantar tuaithe. I gcás ina mbeidh tithíocht faoin tuath á éileamh ag daoine ó cheantair uirbeacha beidh orthu a chruthú go bhfuil dlúthbhaint acu leis an gceantar tuaithe áirithe sin.

Is é beartas na Comhairle cead a thabhairt do dhaoine maidir le tithe aonair i gceantair faoi thionchar uirbeach má shásaítear na critéir seo a leanas:

1. Gur daoine iad atá ina bhfeirmeoirí lánaimseartha nó atá fostaithe go lánaimseartha i ngníomhaíocht eile faoin tuath, mar shampla gairneoireacht, foraoiseacht, tógáil stoic folaíochta nó gníomhaíocht eile sa cheantar inar mian leo teach a thógáil nó go bhfuil dlúthbhaint ag a gcuid fostaíochta * leis an gceantar tuaithe inar mian leo teach a thógáil.
2. Gur daoine iad a bhfuil gaol gairid acu le daoine a bhfuil dlúthbhaint acu leis an gceantar*, m.sh. deartháireacha, deirfiúracha, mic agus iníonacha na ndaoine sin.
3. Gur daoine iad a tháinig ón gceantar sin agus ar mian leo fillleadh agus cónaí a dhéanamh sa cheantar sin (*m.sh. imircigh ag fillleadh*).

*** Daoine atá ina ndlúthchuid den phobal tuaithe:**

Beidh *trí bliana ar a laghad* caite ag daoine den sórt sin de ghnáth *i limistéar tuaithe* mar bhaill de phobal bunaithe tuaithe. I measc na ndaoine sin bheadh feirmeoirí, a mic agus a n-iníonacha nó daoine atá ag glacadh seilbhe ar fheirmeacha agus a bheidh á reáchtáil, chomh maith le daoine a bhfuil naisc láidre forbartha acu leis an gceantar tuaithe agus a bhfuil sé ar intinn acu a gcéad teach a thógáil. Áireofaí ar dhaoine den sórt sin mic agus iníonacha daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus a d'fhás aníos i gceantair thuaithe agus atá ag iarraidh, b'fhéidir, a gcéad teach a thógáil gar d'áit chónaithe an teaghlaigh. I gcúinsí áirithe, áireofar daoine mar dlúthchuid de phobal tuaithe má chaith siad cuid maith dá saol i gceantair thuaithe ach a chuaigh ar imirce ansin agus ar mian leo fillleadh anois le bheith ina gcónaí in aice le baill eile den teaghlach nó chun aire a thabhairt do bhaill aosta an teaghlaigh.

Maidir le gach cead a deonaítear le haghaidh tithíochta tuaithe i limistéar atá faoi thionchar uirbeach beidh an cead sin faoi réir coinníll áitíochta a chinnteoidh gurb ag an iarratasóir féin nó ag baill a neasteaghlaigh a beidh an t-áitreabh mar ionad buanchónaí ar feadh tréimhse seacht mbliana ó dáta na céad áitíochta.

3.5.2.2 Ceantair Thuaithe níos Treise

Ceann de phríomhchuspóir na Comhairle i gcás na gceantar tuaithe níos treise sa chontae ná an daonra a dhaingniú agus a dhéanamh níos cobhsaí, agus go háirithe cothromaíocht gníomhaíochta a bhaint amach sna bailte agus sna sráidbhailte níos lú agus sa limistéar tuaithe níos leithne lena cinntiú go mbeidh daonra seasmhach sna ceantair sin.

Déanfaidh an Chomhairle iarracht sna ceantair tuaithe níos láidre:

- Glacadh le moltaí a dhéanann muintir na tuaithe féin le haghaidh tithe aonair tuaithe faoi réir chomhlíonadh an bheartais tithíochta tuaithe agus na gcritéar maidir le suíomh agus dearadh.
- Forbairt tithe a spreagadh sna lonnaíochtaí agus sna sráidbhailte sainithe sa chontae.

Beidh sé de bheartas ag an gComhairle forbairtí a mheas le haghaidh tithe aonair i gcomhair daoine de na haicmí seo a leanas:

1. Daoine atá ina ndlúthchuid den phobal tuaithe* (féach thuas):

2. Daoine atá ag obair go lánaimseartha i gceantair thuaithe

Bainfidh cúrsaí den sórt sin de ghnáth le daoine a bhfuil baint acu le feirmeoireacht lánaimseartha, le foraoiseacht, le huiscebhealach intíre nó le gnóthaí a bhaineann leis an bhfarraige. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé daoine freisin a bhfuil dlúthbhaint ag a gcuid oibre le ceantair tuaithe, daoine mar mhúinteoirí i scoileanna tuaithe nó daoine eile a dhéanann an chuid is mó dá gcuid oibre i gceantair thuaithe.

Beidh aon chead pleanála a dheonófar le haghaidh tithíochta tuaithe laistigh de Limistéir Tuaithe Níos Láidre faoi réir coinníll go mbainfidh an cead sin leis an iarratasóir (na hiarratasóirí) féin amháin ar feadh tréimhse cúig bliana (go dtí críochnófar an t-áitreabh agus go mbeidh sé réidh lena a áitiú). Ní féidir an cead sin a aistriú chuig duine eile, laistigh den tréimhse cúig bliana sin, ach amháin le toiliú i scríbhinn ón Údarás Pleanála agus é sin i gcás ina sásaíonn an ceannaitheoir ionchasach na beartais infheidhme maidir le tithíocht tuaithe.

3.5.2.3 Limistéir Imeacha a bhfuil an Daonra ag Meath iontu

Beidh sé de bheartas ag an gComhairle i gcás na gceantar sin glacadh le haon tograí maidir le tithíocht bhuan chónaithe tuaithe nó uirbeach faoi réir comhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil.

Déanfar gach suíomh a bhreithniú faoi réir na ngnáthcheanglas maidir le suíomh agus dearadh lena n-áirítear iad seo a leanas, bíodh is nach gá gurb iad sin amháin a bheidh i gceist:

- Ní chuirfidh aon rochtain feithiclí atá beartaithe sábháilteacht an phobail i mbaol agus ní chruthófar aon ghuais tráchta,

- Go ndearfar, go suítear agus go gcothabhálfar aon chóras diúscartha atá beartaithe don suíomh ar bhealach a chosnóidh caighdeán an uisce,
- Go gcuirtear an timpeallacht fhisiceach agus gnéithe eile den oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha san áireamh ó thaobh suíomh agus dearadh na n-áitreabh nua agus go dtéann siad go maith leo, agus
- Go n-oireann an suíomh atá molta do chuspóirí an phlean forbartha i gcoitinne.

3.5.3 Athchóiriú agus Athsholáthar Áras Cónaithe i gceantair thuaithe

Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh d'athchóiriú cuí a dhéanamh ar an stoc tithíochta atá ann cheana féin agus ar struchtúir eile i gceantair thuaithe agus i gcásanna teoranta áirithe d'athsholáthar na n-áitreabh atá ann cheana féin faoi réir na gcritéar atá leagtha amach thíos agus éascóidh sí an obair sin.

Caighdeán um bainistiú forbartha

- Ba cheart go leagfaí béim ar choinneáil, ar athchóiriú agus ar athúsáid an struchtúir mar chuid den togra forbartha
- Ba cheart go rachadh scála agus cóiriú ailtireachta na n-oibreacha atá beartaithe le carachtar an struchtúir bunaidh agus leis an gceantar máguaird lena n-áirítear aon fhorbairt taobh leis nó in aice láimhe.
- Cruthúnas a éileamh gcás áitreabh athsholáthair gur mar áit chónaithe a bhí an struchtúr bunaidh á úsáid an uair dheireanach agus go raibh sé ináirithe ag an am chun nach gcuirfeadh i bhfeidhm na beartais faoi cuid 3.5.2 a bhaineann le hárais nua cónaithe. (Beidh áitribh athsholáthair faoi réir na ngnáthchritéar go léir maidir le bainistíocht forbartha freisin)
- I gcásanna nuair nach bhfuil sé indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de teaghais atá ann cheana féin a choinneáil nó a athúsáid ba cheart go rachadh an áitreabh athsholáthair go maith le saintréithe agus le comhthéacs an tsuímh agus a bheith ag teacht le dea-chleachtas maidir le dearadh tí faoin tuath.
- I gcás nach raibh an struchtúr bunaidh ináirithe, más féidir le hiarratasóir a léiriú go gcinnteoidh a c(h)uid moltaí go ndéanfar athchóiriú íogair ar fhoirgnimh dhúchasacha agus traidisiúnta sa cheantar tuaithe, agus go dtabharfar urraim sa chaoi sin do shláine agus do scála an fhoirgnimh bhunaidh, agus nach gcuirfeadh sé isteach ar aon bealach ar aon ábhair eile a bhaineann le bainistíocht forbartha, ní bheidh tograí den sórt sin faoi réir na mbeartas i gCuid 3.5.2 a bhaineann le hárais nua cónaithe.

3.5.4 Treoir maidir le Dearadh Tí faoin Tuath

Cuireadh [Treoir maidir le Dearadh faoin Tuath](#)⁴⁵ ar fáil i 2008 do Chontae Chill Chainnigh. Cuireann Treoir dea-chleachtas chun cinn maidir le dearadh agus suíomh tithe aonair faoin tuath. Moltar dóibh siúd a bhfuil sé ar intinn acu tithe a thógáil faoin tuath an [Treoir maidir le Dearadh faoin Tuath](#) a léamh go luath ina gcuid ullmhúchán chun comhairle a fháil faoi roghnú suímh, dearadh áitiúil agus tírdhrechtú.

3.6 Cur i bhFeidhm Straitéise um Lonnaíocht Tuaithe

Neartófar an straitéis lonnaíochta atá leagtha amach thuas nuair a dhéanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar na Pleananna do Cheantair Áitiúla atá déanta cheana féin, agus nuair a cheapfar Pleananna breise don Cheantair Áitiúla agus Ráitis faoi Dhearadh Sráidbhailte agus doiciméid treoracha bhreise eile nuair is cuí.

Nuair a chuirfear infheistíochtaí na Comhairle i mbonneagar áitiúil mar seirbhísí uisce, bóithre agus bonneagar eile in ord tosaíochta cuirfidh sé sin bonn taca faoin straitéis lonnaíochta.

Cuspóir: Monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí i dtithíocht agus i ndaonra tuaithe le linn saolré an phlean le fáil amach an gá aon rud eile a dhéanamh ó thaobh beartas tithíochta tuaithe i rith tréimhse an phlean.

3.7 Straitéis Miondíola

Deimhníonn Straitéis Miondíola an Chontae an t-ordlathas miondíola, faoi mar atá leagtha amach i dTábla 4.1. Tá an t-ordlathas sin i gcomhréir le [Treoirlínte um Pleanáil Miondíola](#) agus le [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#). Tá an Straitéis Mhiondíola an Chontae leagtha amach i gCaibidil 4 den phlean seo.

Tá an mhodheolaíocht mhionsonraithe a úsáideadh in ullmhú na dréacht-straitéise miondíola le fáil in Aguisín A.

3.8 Straitéis Tithíochta

Éilítear in Alt 94 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go n-áireofar straitéis i ngach Plean Forbartha lena chinntiú nuair a bhíonn pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe á dhéanamh don cheantar go mbeidh foráil ann maidir le tithíocht do dhaonra reatha an Chontae agus don daonra a bheidh ann amach anseo. An Straitéis Tithíochta a thugtar ar an straitéis sin.

Tá Straitéis Tithíochta an Chontae leagtha amach go mionsonraithe in Aguisín B agus tacaíonn Caibidil 5 den phlean seo léi.

⁴⁵ Comhairle Contae Chill Chainnigh, [Treoir maidir le Dearadh faoin Tuath i gContae Chill Chainnigh](#) 2008

Tá an Straitéis i gcomhréir leis an [Straitéis Spáis Náisiúnta](#) agus le [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) agus tá spriocanna maidir le daonra an réigiúin leagtha amach inti.

Tá na Cuspóirí san áireamh i gCaibidil 5 le cinntiú go gcuirfear an Straitéis Tithíochta i bhfeidhm.

4 Forbairt Gheilleagrach

4.1 Réamhrá

Tá an-athrú go deo tagtha ar chúrsaí geilleagracha na hÉireann ón uair a glacadh leis an bPlean Forbartha deireanach don tréimhse ó 2008 go 2014. Nuair a chuirtear na gnáththáscairtí feidhmíochta mar Olltáirgeacht Intíre (OTI), Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN), aschur tithíochta nua, ioncaim chánach, agus leibhéal fostaíochta i bhfeidhm, is léir go bhfuil an-lagú tagtha ar ár bhfeidhmíocht eacnamaíoch. Tá líon na ndaoine difhostaithe ag méadú ón am sin i leith, tharla géarchéim bhaincéireachta agus chlis ar an margadh réadmhaoine.

Tá ról lárnach ag údaráis áitiúla maidir le tacú le forbairt gheilleagrach agus le fiontair ar an leibhéal áitiúil. Déanann siad é seo i roinnt bealaí éagsúla, lena n-áirítear trína mbuiséid chaipitiúla agus reatha trína gcuireann siad maoiniú ar fáil dá gcuid feidhmeanna lárnacha. Áirítear leo sin pleanáil agus forbairt fhisiceach, taighde agus anailís socheacnamaíoch, soláthar bonneagair áitiúil, lena n-áirítear bonneagar iompair agus uisce atá ríthábhachtach d'fhiontair chomh maith le bonneagar pobail. Is príomhghníomhairí iad freisin maidir le baint amach cuspóirí beartas náisiúnta sna ceantair áitiúla.

Ag an leibhéal náisiúnta, tá roinnt foilseacháin Rialtais ann a raibh aird ag an údarás áitiúil orthu nuair a bhí an Dréachtphlean seo á ullmhú mar aon leis an straitéis eacnamaíoch atá sa chaibidil seo. Is iad seo a leanas na foilseacháin sin:

- [Tacú le Téarnamh Eacnamaíoch agus le Jabanna – go hÁitiúil](#)⁴⁶
- [Plean Gníomhaíochta do Jabanna](#)⁴⁷
- [Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat um Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn](#)⁴⁸
- [Ár nAcmhainn Glas a Sholáthar - Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le Fás agus Fostaíocht sa nGeilleagar Glas](#)⁴⁹
- [Fómhar Bia 2020](#)⁵⁰

⁴⁶ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Tacú le Téarnamh Eacnamaíoch agus le Jabanna – go hÁitiúil](#) Straitéis Earnáia an Rialtais Áitiúil chun Fostaíocht a chur chun cinn agus le Tacú le Fiontraíocht Áitiúil, 2012

⁴⁷ An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, [Plean Gníomhaíochta do Jabanna](#), 2012

⁴⁸ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat um Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn](#) 2012

⁴⁹ Rialtas na hÉireann [Ár nAcmhainn Glas a Sholáthar - Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le Fás agus Fostaíocht sa nGeilleagar Glas](#), 2012

⁵⁰ An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, [Fómhar Bia 2020, Fís d'agraibhia agus d'iascaigh na hÉireann](#), 2010

Tá cosaint an chomhshaoil agus caomhnú na bithéagsúlachta ríthábhachtach ó thaobh baint amach na spriocanna faoi Fómhar Bia 2020, agus tá chothabháil ardchaighdeán beatha agus tharraingteacht ár gcathracha, ár mbailte, ár sráidbhailte agus áiteanna eile tábhachtach ó thaobh na gcinntí infheistíochta a dhéanfaidh infheisteoirí gnó na tíre seo agus infheisteoirí thar lear.

Réamhriachtanas is ea an Plean Forbartha atá mar bonn taca faoi fhás eacnamaíoch agus fostaíocht. Tá cuspóirí sa Phlean seo maidir le cosaint agus feabhsú cháilíocht uisce agus cosaint agus feabhsú na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha a fheictear a bheith riachtanach maidir le hiarrachtaí chun téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe a chinntiú.

4.2 An Geilleagar Glas

Beidh forbairt an gheilleagair ghlais ina n-aithneofar na nithe seo a leanas ina chuid lárnach de théarnamh geilleagrach na hÉireann:

- deiseanna chun infheistíocht a dhéanamh agus fostaíocht a chruthú sna hearnálacha atá ag teacht chun cinn mar fuinneamh in-athnuaite, éifeachtacht fuinnimh agus bainistíocht dramhaíola agus uisce, agus
- go ndéanfaidh an cur chuige inbhuanaithe sin comhlánú ar forbairt láidreachta lárnaí an gheilleagair i dtaca le húsáid na n-acmhainní nádúrtha sna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh, turasóireachta agus fuinnimh.

Ar na príomhrudaí a thiomáinfidh fás an Gheilleagair Ghlais chun cinn ar fud an domhain tá spriocanna maidir le hastuithe a laghdú, praghsanna breosla iontaise atá ag ardú, an laghdú atá ag teacht ar acmhainní nádúrtha, thionchar an athraithe aeráide, an reachtaíocht comhshaoil agus roghanna na dtomhaltóirí. Cuireann Forbairt an Gheilleagair Ghlais deiseanna ar fáil do lucht gnó chun costais a laghdú, a bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú agus páirt a ghlacadh san athrú i dtreo paraidíme nua eacnamaíochta.

Beidh rialtas áitiúil ina chuid den líonra a thugann cúnamh do lucht gnó agus tionscal é sin a chur ar fáil, lena n-áirítear trí bhearta a dhéanamh faoin bplean gníomhaíochta maidir le soláthar poiblí glas, [Tairiscintí Glasa](#)⁵¹ agus [Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat um Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn](#) atá ar siúl faoi láthair agus ina leagtar amach an réimse bearta comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta atá riachtanach chun na cláir oibre a bhogadh ar aghaidh ó fhís go fírinne. Beidh cosaint fheabhsaithe comhshaoil mar bhonn taca faoin earnáil agraibhia i gcónaí agus cinnteoidh sí fostaíocht iartheachtach.

⁵¹ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe [Tairiscintí Glasa: Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Poiblí Glas, 2012](#)

4.3 Forbairt Eacnamaíoch & Oidhreacht

Tá céannacht agus fhorbairt eacnamaíoch Chontae Chill Chainnigh nasctha go dlúth lena oidhreacht. Is sócmhainní ríthábhachtacha iad carachtar agus cultúr an chontae a chabhróidh leis dul san iomaíocht mar cheann scríbe turasóireachta agus mar áit a roghnóidh daoine chun infheistíocht a dhéanamh inti.

Tá turasóireacht oidhreachta agus chultúrtha ag fás ar fud an domhain agus meastar gur fiú breis agus €2 billiún in aghaidh na bliana iad do gheilleagar na hÉireann agus tá siad ar cheann de na hearnálacha turasóireachta is mó fáis sa tír. B'fhiú €5.7 billiún san iomlán an turasóireacht do gheilleagar na hÉireann in 2011 agus b'fhiú €1.8 billiún an turasóireacht intíre amháin. Dúirt turasóirí arís is arís eile i suirbhéanna bliantúla go raibh oidhreacht na tíre ar cheann de na príomhrudaí a ba chúis leo cuairt a thabhairt ar Éirinn agus téann beirt as gach triúr cuairteoirí chuig láithreán oidhreachta nó chuig áit ar díol spéise í do chuairoteoirí⁵². Rinne Kilkenny Tourism suirbhé ar chuairoteoirí agus dúirt 78% díobh gurbh í an oidhreacht an a spreag iad chun cuairt a thabhairt ar Chill Chainnigh.⁵³

Bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh an tionscnamh “Invest Kilkenny” chun infheistíocht ag cuideachtaí nua agus ag cuideachtaí atá ann cheana féin i gCill Chainnigh a chur chun cinn agus a éascú agus tugann an tionscnamh sin aitheantas d'oidhreacht, do shaol cultúrtha agus do cháilíocht na beatha sa chathair agus sa chontae agus cuireann siad chun cinn iad. I suirbhé a rinne IPSOS Mori don Oifig Oidhreachta in 2007⁵⁴, thug 93% de na freagróirí le fios go raibh an oidhreacht an-tábhachtach nó measartha tábhachtach maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i gCill Chainnigh.

Rinneadh cur síos i staidéar a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta⁵⁵ ar an réasúnaíocht eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh san oidhreacht thógtha. D'aithin sé go dtacaíonn an timpeallacht stairiúil go tréan le geilleagar náisiúnta na hÉireann, agus go gcuireann sí coibhéis beagnach 25,000 post lánaimseartha ar fáil go díreach. Meastar, nuair a chuirtear na torthaí indíreacha san áireamh, go gcuireann an earnáil coibhéis thart ar 40,000 post lánaimseartha ar fáil in Éirinn. Ina theannta sin, meastar go gcruthaíonn an timpeallacht stairiúil thart ar €1.5 billiún d'Oll-Bhreisluch na tíre. Dá bhrí sin, tá buntáistí suntasacha eacnamaíocha ag baint le chur chun cinn luach na hoidhreachta tógtha agus le hinfheistiú a dhéanamh chun í a chosaint, a bhainistiú agus a fheabhsú.

⁵² Failte Ireland. 2012. *Tourism Facts 2011*.

⁵³ Kilkenny Tourism. 2004. *Kilkenny Tourism Research Programme*.

⁵⁴ IPSOS Mori. 2004. *Market Research on Heritage Awareness and Attitudes in Co. Kilkenny*.

⁵⁵ Ecorys & Fitzpatrick Associates. 2012. *Economic Value of Ireland's Historic Environment*.

Cuirtear Cill Chainnigh os comhair an tsaoil mar cheann scríbe oidhreacht agus tá a lán gnéithe oidhreacht inti ar díol spéise do chuartheoirí iad. D'fhéadfaí an-obair go deo a dhéanamh trí leas a bhaint as an oidhreacht le cur le forbairt eacnamaíoch Chill Chainnigh. Is é aidhm an Phlean Forbartha seo tacú le cosaint, le caomhnú agus le feabhsú na hoidhreacht cultúrtha i gCill Chainnigh ar mhaithe le muintir Chill Chainnigh agus le díriú ar an turasóireacht chultúrtha a d'fhéadfadh eacnamaíocht an chontae a chur chun cinn go tréan. Tá sé seo comhsheasmhach leis an gcur chuige i leith na turasóireachta atá leagtha amach sa straitéis gheilleagrach agus i bhfís fhoriomlán an Phlean Forbartha.

Sócmhainn shuntasach bhreise don chontae í an oidhreacht nádúrtha. Cuireann sé seirbhísí éagsúla ar fáil saor in aisce a thugann go leor buntáistí don tsochaí agus don gheilleagar. Tacaíonn timpeallacht nádúrtha ardchaighdeán leis an ngeilleagar trí fhostóirí, chuartheoirí agus infheistíocht a mhealladh isteach sa chontae. Measadh san taighde a choimisiúnaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil go soláthraíonn an bhithéagsúlacht agus na éiceachórais luach €2.6 billiún do gheilleagar na hÉireann gach bliain.⁵⁶

Braitheann an luach a faightear ón mbithéagsúlacht ar an chaoi a dhéantar í a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach leanúnach inbhuanaithe. Ba cheart an bonneagar glas a chur ar fáil mar chuid lárnach d'fhorbairt inbhuanaithe in éineacht le bonneagar eile mar fhóntais agus líonraí iompair má tá an tairbhe is mó le fáil as sócmhainní nádúrtha. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le bonneagar glas *“mar shócmhainn a d'fhéadfadh an-luach a bheith aige maidir le conláiste turasóireachta.”*⁵⁷ Tá cuid faoin mBonneagar Ghlas le fáil i gCaibidil 7.

4.4 Straitéis Eacnamaíoch do Chill Chainnigh

Aithníodh cúig earnáil ar an leibhéal straitéiseach laistigh den Chathair agus de Chontae Chill Chainnigh, le go gcuirfeadh an tÚdarás Áitiúil tionscadail shonracha forbartha i bhfeidhm a bhainfeadh leo. Ba iad sin:

- Oideachas Tríú agus an Ceathrú Leibhéal agus Forbairt Taighde
- Agraibhia
- Forbairt Seirbhísí
- Turasóireacht, Ealaíon agus Fóillíocht
- Eolaíochtaí Beatha (lena n-áirítear Pharma agus díriodh go sonrach ar Belview)

⁵⁶ Bullock, C. et al. 2008. *The Economic and Social Aspects of Biodiversity — Benefits and Costs of Biodiversity in Ireland*.

Foilseacháin Rialtais.

⁵⁷ Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential. Failte Ireland

4.4.1 Oideachas Tríú agus an Ceathrú Leibhéal agus Forbairt Taighde

Tá an obair críochnaithe maidir le haonad Taighde agus Nuálaíochta 3^ú leibhéal agus 4^ú leibhéal a sholáthar ag Coláiste Naomh Ciarán. Comhfhiontar é seo idir Údarás Áitiúla Chill Chainnigh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (Grúpa Bogearraí & Córais Teileachumarsáide nó GBCT) agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Díríonn an t-ionad ar sheirbhísí idirlín den chéad ghlúin eile agus ar nuálaíocht seirbhíse. Tabharfar cúnamh don ionad trí chomhoibriú le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus le hInstitiúidí 3^ú leibhéal eile. Beidh Ionad Chill Chainnigh ina mhol do shaineolas maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus d'fhorbairt na glúine eile den idirlíon le haghaidh cuideachtaí sna hearnálacha airgeadais, baincéireachta agus árachais.

Tá obair ar siúl i gcónaí in éineacht le coiste stiúrtha Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad maidir le campas foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt ag Coláiste Naomh Ciarán.

Tá foráil sa Chlár don Rialtas go mbeidh Ollscoil Teicneolaíochta san Oirdheisceart. D'fhéadfadh ról breise a bheith ag údarás áitiúla trí leas a bhaint as taighde agus as nuálaíocht le tacú le cruthú fostaíochta agus mar bhealach chun comhtháthú níos mó a chur chun cinn i measc na n-institiúidí áitiúla maidir le tacaíochtaí a sholáthar don earnáil áitiúil fiontraíochta. Is féidir le húdarás áitiúla cur chuige níos réamhghníomhaí a fhorbairt maidir le glacadh agus le comhtháthú ghnéithe den obair atá á dhéanamh ag ollscoileanna, ag institiúidí teicneolaíochta agus ag institiúidí taighde ó thaobh na tacaíochta a thugann siad do lucht gnó agus caidreamh oibre níos láidre a fhorbairt le hInstitiúidí acadúla. Tacóidh Údarás Áitiúla Chill Chainnigh le forbairt Ollscoile Teicneolaíochta do Réigiún an Oirdheiscirt.

Cuspóir: Comhoibriú a mhéadú idir Údarás Áitiúla Chill Chainnigh, institiúidí tríú leibhéal atá ann cheana féin agus an Ollscoil Teicneolaíochta atá beartaithe don Oirdheisceart d'fhonn tacú le cruthú fostaíochta, le nuálaíocht agus le foghlaim ar feadh an tsaoil.

4.4.2 Agraibhia

Tá grúpa bia ardleibhéal curtha ar bun ar a bhfuil ionadaithe na n-earnála agraibhia lena n-áirítear Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus Leader d'fhonn an Contae a chur chun cinn faoi [Food Harvest 2020](#). Díríonn an grúpa ar cheithre réimse;

- a) an soláthar bainne a leathnú i ndiaidh 2015
- b) inbhuanaitheacht bhia
- c) bealaí níos fearr go dtí an margadh a sholáthar do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide
- d) ionad (nó ionaid) barr feabhais bia a fhorbairt

Tá grúpa oibre teicniúil curtha ar bun chomh maith ar a bhfuil ionadaithe ó Theagasc, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Roinn Talmhaíochta, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Fhoireann Bainistíochta Abhantraí agus an Chomhairle le

saincheisteanna bainistíochta comhshaoil a scrúdú ó thaobh an soláthar bainne a leathnú. Tá naisc ag an ngrúpa seo leis an obair atá á déanamh ar an leibhéal náisiúnta ag an Roinn Talmhaíochta agus ag an bhFoireann Bainistíochta Abhantraí. Cuirfear clár píolótach ar siúl i gCill Chainnigh. Forbairt thábhachtach is ea an tionscnamh sin do Chill Chainnigh mar shuíomh le haghaidh táirgeadh bia cearda agus mar áit 'amuigh chun tosaigh ar an slua' maidir le bonneagar comhshaoil faoin mbranda "Harvest 2020".

Cuspóir:

A chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde maidir le cosaint an chomhshaoil i bhfeidhm nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar iarratas pleanála le haghaidh gach togra forbartha.

4.4.3 Forbairt Seirbhísí

Tá naisc á bhforbairt le cuideachtaí ilnáisiúnta sna hEarnálacha TF agus Seirbhísí Airgeadais. Tá an tionscnamh maidir le hoideachas agus taighde $3^u/4^u$ leibhéil dírithe ar na hearnálacha airgeadais, baincéireachta agus árachais. Tá an obair thaighde GBCT (Grúpa Bogearraí & Córais Teileachumarsáide) dírithe ar fheidhmeanna na céad glúine eile sna hearnálacha sin.

Ós rud é go ndearnadh infheistíocht san Ionad Taighde agus Nuálaíochta ag Coláiste Naomh Ciarán tá Cill Chainnigh ina lárionad tábhachtach TFC den chéad uair riamh agus tá cumas náisiúnta nua curtha ar fáil le haghaidh seirbhísí a thrádáiltear ar mhargaí an domhain agus go sonrach i gcás na n-earnálacha airgeadais, baincéireachta agus árachais. Beidh an t-ionad ina acmhainn nua a mheallfaidh oibríochtaí TFC agus airgeadais na gcuideachtaí móra go léir.

Cuspóir:

A chinntiú go mbeidh dóthain talún ar fáil i dtimpeallacht champais sa Chontae le go gcruthófar fostaíocht i TFC agus i dtionscail teicneolaíochta oifige ag suímh straitéiseacha oiriúnacha.

4.4.4 Turasóireacht, Ealaíon agus Fóillíocht

Aithníodh go gcuireann an turasóireacht an geilleagar áitiúil chun cinn. Tá ról tábhachtach ag an turasóireacht in eacnamaíocht an chontae, agus scaiptear an t-ioncam a fhaightear ó ghníomhaíochtaí turasóireachta thar réimse leathan earnálacha eacnamaíochta. Measann Fáilte Ireland gur chaith cuairteoirí níos mó ná €360 milliún sa tionscal turasóireachta i réigiún an Oirdheiscirt in 2010 agus gur chothaigh siad 10,000 post ar a laghad.⁵⁸

Tá mórchuid ar fáil cheana féin i gCill Chainnigh do thurasóirí agus bheartaigh na húdaráis áitiúla tús a chur le roinnt tionscnamh a chuirfeadh níos mó fós ar fáil dóibh i gCill Chainnigh.

De thoradh anailíse a rinneadh forbraíodh plean faoi 'Míle na Meánaoise', a bheidh bunaithe ar 6 thionscadal. Fuarthas fóirdheontas maoinithe ó Fáilte Ireland in 2012. Is iad seo a leanas na tionscadal sin:

⁵⁸ Fáilte Ireland, *Destination South-East A Strategic Plan and Work Programme 2011-2013*, March 2011

1. Feabhsú an limistéir phoiblí ón Pharáid go dtí an Baile Gaelach
2. Athchóiriú a dhéanamh ar Halla Naomh Muire agus músaem a chur ar fáil ann ina mbeidh ábhair ar díol spéise don cheantar agus don tír go léir iad,
3. Gairdín mór a chruthú ar feadh dhá bhruach na Feoire idir Droichead Eoin agus Droichead an Ghraoinigh,
4. Athchóiriú a dhéanamh ar Evan's Home agus Gailearaí nua Butler a chur ann,
5. Oifig nua turasóireachta a lonnú laistigh de Halla an Bhaile (Tholsel), agus
6. Struchtúr a thógáil a bheidh ina ghairdín ingearach gar don Bhaile Gaelach taobh leis an mbealach isteach i suíomh ghrúdlann Smithwick.

Tá an phleanáil mhionsonraithe thosaigh agus comhairliúchán tosaithe faoin limistéar poiblí agus tá tús curtha freisin le hobair dheartha maidir le tionscnamh Halla Naomh Muire. Déanfar €15m san iomlán a infheistiú sna sé thionscadal thar saolré an Phlean ó 2014 go 2020.

Cabhróidh forbairt na dtarraingtí sin sa chathair chomh maith le forbairt tionscadal suaitheanta eile sa chontae le feabhas a chur ar an méid a bheidh ar fáil do thurasóirí sa chontae sa chaoi go dtiocfaidh méadú ar líon na dturasóirí agus méadú dá réir ar ghníomhaíocht eacnamaíoch. I measc na bhforbairtí atá le cur i gcrích ar fud an chontae tá forbairt Diméin Chaisleán an Chomair, Gairdíní Choill Chluain Dúin (Woodstock), Bealach siúil Abhainn na Feoire agus Eastáit Gharrán an Bhatúnaigh.

Cuspóir:

- **Na 6 thionscadal a bhaineann le tograí Míle na Meánaoise a chur i gcrích le linn saolré an Phlean 2014 – 2020 ar mhaithe leis an gcathair agus leis an gcontae.**
- **Leanúint ar aghaidh le forbairt mórthionscadal suaitheanta turasóireachta sa chontae le cur leis an méid a bheidh ar fáil do thurasóirí sa chontae.**

4.4.5 Eolaíochtaí Beatha lena n-áirítear Pharma agus díriú go sonrach ar Belview

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh, an tÚdarás Forbartha Tionscail, agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis breis agus €13m a infheistiú i mbonneagar uisce i limistéar straitéiseach forbartha Belview. Lena chois sin tá acmhainn shuntasach bhreise san ionad cóireála fuíolluisce a fhreastalaíonn ar chathair Phort Láirge agus atá suite ag Belview.

Sa chaoi sin tá láithreán lánseirbhísithe curtha ar fáil agus tá an ceantar máguaird ullamh d'fhorbairt straitéiseach agus d'infheistíocht dhíreach ón gcoigríoch. Roghnaigh an chuideachta ilnáisiúnta Glanbia ceantar Belview chun infheistíocht €150m a dhéanamh ann don an leathnú mór atá beartaithe acu don soláthar méadaithe bainne i ndiaidh 2015. Tá tús curtha cheana féin leis an tionscadal i Belview.

Ghlac an dá údarás áitiúla leis an straitéis eacnamaíoch thuasluaite i mí an Mheithimh 2010.

4.5 Straitéis Bhord Forbartha an Contae

Éilíonn Bord Forbartha an Contae ar gach Údarás Pleanála straitéis deich mbliana a ullmhú don chontae. Is é an cuspóir atá lena leithéid de straitéis ná 'éascú a dhéanamh ar cheapadh físe don chontae' agus 'fócas a sholáthar maidir le comhoibriú le chéile agus comhordú a dhéanamh a chabhróidh chun uasmhéadú a dhéanamh ar éifeachtacht na gclár caiteachais'. Ullmhaíodh straitéis Chill Chainnigh in 2002 agus rinneadh athbhreithniú agus a nuashonrú uirthi in 2005 agus arís in 2010. Tugadh aird ar an straitéis nuair a bhí an Phlean Forbartha seo á ullmhú.

4.6 Láithreacha Straitéiseacha Fiontair agus Fostaíochta

Tá dhá láthair fiontraíochta agus fostaíochta i gContae Chill Chainnigh a bhfuil tábhacht straitéiseach Náisiúnta agus Réigiúnach ag baint leo. Is iad sin Chathair Chill Chainnigh & Purláin agus Calafort Belview atá suite i bPurláin Chathair Phort Láirge atá suite i gContae Chill Chainnigh. Tá ról tábhachtach ag na ceithre Bhaile Dúiche freisin maidir le forbairt a chur chun cinn laistigh den chontae.

4.6.1 Cathair Chill Chainnigh

Is iomaí láidreacht atá ag Cathair Chill Chainnigh mar ionaid tionscail.

- Is í Cill Chainnigh cathair riaracháin an Chontae;
- Chathair réasúnta mór í agus 24,423 duine ina gcónaí inti agus ina purláin (in 2011)
- Ainmníodh í mar Mhol sa Straitéis Spáis Náisiúnta;
- Tá mótarbhealaigh idir í agus Baile Átha Cliath, Port Láirge agus Calafort Belview.
- Tá bonneagar den scoth aici ó thaobh bóithre, iarnróid, aerfoirt agus calafoirt - níl sí ach 120 km ó aerfort Bhaile Átha Cliath agus 45 km ó saoráidí chalafort Belview i ndeisceart Chill Chainnigh agus ó Aerfort Réigiúnach an Oir-Dheiscirt i bPort Láirge;
- Tá áiseanna sóisialta agus fóillíochta den scoth le fáil inti agus timpeallacht uirbeach agus nádúrtha ardchaighdeáin;
- Tá coláistí éagsúla tríú leibhéal gar di san oirdheisceart agus tá naisc á bhforbairt le Institiúidí Teicneolaíochta Phort Láirge agus Cheatharlach agus forbairt leanúnach á dhéanamh ar áiseanna for-rochtana ó Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Cuspóir:

A chinntiú go bhfuil dóthain talún de chaighdeán sásúil curtha ar fáil d'fhorbairt fiontraíochta agus go bhfuil an bonneagar cuí curtha ar fáil.

4.6.2 Calafort Belview

Tá an ceantar Chalafort Belview suite cois inbhear na Siúire thart ar 5km i dtreo bhéal na habhann ó Chathair Phort Láirge. Sócmhainn straitéiseach náisiúnta, réigiúnach agus contae é

Calafort Bellview agus tá naisc mhaithe bhóithre agus iarnróid aige le háiteanna eile sa tír. D'fhéadfaí ról agus stádas náisiúnta agus réigiúnach an chalafoirt a neartú i gcomhréir leis an Straitéis Spáis Náisiúnta trí thacú le beartas cothrom ilmhódach iompair lastais (a chosnódh an tábhacht a bhaineann le hiompar iarnróid mar bhealach rochtana chuig an gcalafort) agus dá ndéanfaí an beartas sin a chur chun cinn.

Aithníodh Belview sa cháipéis PLUTS mar cheann de ceithre áit thábhachtacha ina bhféadfaí fostaíocht a chruthú amach anseo i gCathair Phort Láirge.

Nascann na bóithre móra den scoth, an N29 agus an N25, an calafort le líonra na mótarbhealach náisiúnta agus ba mhór an buntáiste don chalafort é nuair a tógadh Seachbhóthar Phort Láirge agus mhótarbhealach an M9 chuireann ar chumas daoine leanúint ar aghaidh go hionaid eile.

D'ullmhaigh an tÚdarás Pleanála Plean do Cheantar Áitiúil in 2009 do limistéar Phort an Chalaidh/Belview agus ba phlean mionsonraithe é. Déanfar athbhreithniú ar an bplean in 2015.

Cé go bhfuil an leathanbhanda ar fáil i gCeantar Phort Belview níl caighdeán sách ard aige le freastal ar riachtanais tionsclaíocha nua-aimseartha an lae inniu. Tá togra curtha chun cinn ag an údarás chun leathanbhanda ardluais a chur ar fáil sa cheantar.

De thoradh na hinfheistíochta atá déanta ag Glanbia, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta soláthar gáis nádúrtha a chur ar fáil i gceantar Belview. Tabharfaidh an t-údarás áitiúil gach tacaíocht do sholáthar an gáis nádúrtha i limistéar an chalafoirt agus oibreoidh sé go réamhghníomhach le cabhrú leis an ngnóthaire reachtúil más gá.

Cuspóirí:

- Leathanbhanda ardluais a chur ar fáil i limistéar chalafort Belview laistigh de shaolré an Phlean.
- Cuidiú chun soláthar gáis nádúrtha a chur ar fáil i limistéar an chalafoirt laistigh de shaolré an Phlean.
- Athbhreithniú a dhéanamh in 2015 ar an bPlean do Ceantar Áitiúil a ceapadh do Phort an Chalaidh agus Belview ag leanúint leis an mbeartas comhpháirtíochta leis an bpobal áitiúil.

4.6.3 Bailte Dúiche

Tá ról tábhachtach ag na Bailte Dúiche maidir le cúrsaí forbartha sa Chontae a chur chun cinn agus is iomaí acmhainn atá acu a bhféadfaí leas a bhaint astu. Rudaí tábhachtacha iad na tionscail dhúchasacha agus na fiontair bheaga agus mheánmhéide sna ceantair sin. Tá láidreachtaí ag na Bailte Dúiche mar ionaid fostaíochta, cónaithe agus de bharr feidhmeanna eile atá acu toisc go bhfuil bhuntáiste comparáideach acu ó thaobh costais níos ísle agus toisc go bhfuil caighdeán beatha acu a thaitníonn le go leor daoine.

Tá plean reachtúil do cheantair áitiúil a glacadh in 2009 ag gach baile dúiche (Callainn, Caisleán an Chomair, Ghráig na Manach agus Baile Mhic Andáin). Déanfar athbhreithniú ar na pleananna sin in 2015.

Cuspóir:

- Forbairt inbhuanaithe na mbailte Dúiche sa Chontae a chinntiú chun go mbainfidh siad amach a spriocanna maidir le daonra agus go gcuirfear lena gcumas infheistíocht nua a mhealladh chucu maidir le fostaíocht, seirbhísí agus iompar poiblí ar mhaithe leis na daoine atá ina gcónaí iontu agus ina gcúlchríocha tuaithe.
- Geilleagar áitiúil a bheidh éagsúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn trí go leor talún a shainiú i gcomhair nithe a bhaineann le fostaíocht, lena n-áirítear áiseanna, agus fás fiontar beag agus meánmhéide a chur chun cinn trí na pleananna do cheantair áitiúla atá ceaptha do na mbailte Dúiche.
- Athbhreithniú a dhéanamh in 2015 ar na Pleananna do Cheantair Áitiúla (PCÁanna) na mBailte Dúiche nuair a bheidh glactha le plean forbartha an chontae.

4.6.4 Fiontar agus Fostaíocht i gCeantair Thuaithe

Tá ról ríthábhachtach ag limistéir thuaithe maidir le forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach. Chuige sin ní mór leas a bhaint as acmhainní eacnamaíocha na gceantar tuaithe agus iad a fhorbairt, go háirithe i réimsí mar thalmhaíocht agus bia, cúrsaí mara, turasóireacht, foraoiseacht, fuinneamh in-athnuaite, fiontar agus seirbhísí áitiúla agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as na limistéir bríomhara uirbeacha trí neart a bhailiú uathu. Sa chaoi sin bíonn ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha ag obair i gcomhpháirtíocht le chéile seachas a bheith ag iomaíocht lena chéile. Tá cur síos mionsonraithe ar fhorbairt na tuaithe i gCaibidil 6 den phlean seo. D'fhéadfadh cineálacha áirithe tionscail, go háirithe iad siúd a bhaineann le hacmhainní nádúrtha, tacú le pobail tuaithe agus d'fhéadfadh ról a beith acu maidir le forbairt na tuaithe dá mbeadh scála oiriúnach acu.

4.7 Straitéis Miondíola

Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh leis an gcéad Straitéis Mhiondíola do Chathair Chill Chainnigh agus don Chontae in 2002. Rinneadh athbhreithniú ar an straitéis in 2005 agus arís in 2008. Glacadh leis an straitéis 2008 sular tharla an tubaiste eacnamaíoch i mí Mheán Fómhair na bliana sin.

Bhí an straitéis sin fós i bhfeidhm nuair a bhí na hionchais maidir le fás geilleagrach, ioncam indiúscartha agus fás daonra i bhfad níos ísle ná mar a measadh sa tréimhse 2007/2008 nuair bhí an straitéis á hullmhú.

Cuid thábhachtach den athbhreithniú ab ea nuashonrú an eolais bhunlíne. Áiríodh leis sin:

- Athbhreithniú ar fhigiúirí agus ar réamhaisnéis daonra
- An suirbhé spás urláir a thabhairt cothrom le dáta
- Suirbhéanna ar theaghlaigh agus ar shiopadóirí
- Measúnú leathan ar an riachtanas maidir le spás urláir miondíola breise
- Nuashonrú ag féachaint cén chaoi a bhfuil ag éirí le Callainn, Caisleán an Chomair, Ghráig na Manach agus Baile Mhic Andáin

Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais atá sna [Treoirlínte um Pleanáil Miondíola](#)⁵⁹ sa Phlean Forbartha agus chuige sin:

- Déanfar an clár miondíola a dhearbhu,
- Tabharfar sainmhíniú ar na limistéir lárnacha miondíola i lár na mbailte,
- Déanfar measúnacht leathan ar an riachtanas maidir le spás urláir miondíola breise,
- Tabharfar treoir straitéiseach faoi shuíomh agus faoi scála forbairtí miondíola,
- Ullmhófar beartais agus tionscnaimh ghníomhaíochta chun feabhsú lár na mbailte a spreagadh,
- Aithneofar na critéir maidir le measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí miondíola.

4.7.1 Forbhreathnú ar Dhul Chun Cinn

I measc na bhforbairtí miondíola a rinneadh sa chathair agus sa chontae ó glacadh le Straitéis Miondíola na bliana 2008, bhí forbairtí a rinne miondíoltóirí lascaine i gceithre ionad i gCathair Chill Chainnigh agus ina purláin, agus i gCallainn. Cuireadh bailchríoch ar ionad siopadóireachta Phort an Chalaigh ach tá sé fós gan oscailt.

Tríd is tríd cuireadh feabhas ar thairiscintí áise na cathrach agus an chontae le linn thréimhse an phlean deiridh. Táthar i mbun trádála ag ionad siopadóireachta Acomhal Mhic Dhonnchadha ó bunaíodh é i ndeireadh na bliana 2007. Tá ag éirí leis ó shin. Suíomh ardchaighdeáin is ea é agus tá seirbhísí miondíola breise áisiúlachta agus comparáide á thairiscint ann do mhuintir Chathair Chill Chainnigh agus an limistéir mórthimpeall uirthi.

4.7.2 Ordlathas Miondíola an Chontae

Rinneadh athbhreithniú ar an ordlathas miondíola atá i straitéis 2008 i bhfianaise na n-athruithe atá tagtha ar thosca agus ar thionchair éagsúla ó glacadh leis an straitéis sin agus moladh an t-ordlathas nua seo a leanas.

Tábla 4.1: Ordlathas Miondíola an Chontae				
Leibhéal/Feidhm Mhiondíola				Ionad
Leibhéal 1	Lárionad	Bhaile	Mhóir/Bhaile	Cathair Chill Chainnigh & a Purláin

⁵⁹ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil [Treoirlínte um Pleanáil Miondíola do na hÚdaráis Phleanála](#), 2012

Contae	
Leibhéal 2 Lárionad Dúiche	Phort an Chalaidh (cuid de phurláin Phort Láirge)
Leibhéal 3 Dúiche/níos lú ná baile contae	Callainn Baile Mhic Andáin Caisleán an Chomair Gráig na Manach
Leibhéal 4 Ionad Comharsanachta	Mar atá ainmnithe do Chathair Chill Chainnigh & Purláin (An Páirc Nua, An Loch Buí, Loch Mocháisc, Purláin an Iarthair) agus Phort an Chalaidh/Belview i bPurláin Chathair Phort Láirge
Leibhéal 5 Lárionad Baile/Sráidbhaile/Ceantair Thuaithe	Ionaid éagsúla

Is iad na modhnuithe atá déanta ná go bhfuil simpliú déanta ar shainiú leibhéil 3. Níl ach Catagóir amháin ann anois maidir le ‘Dúiche/níos lú ná baile contae’ le freastal ar gach ceann de na bailte dúiche sa chontae agus tá ionaid siopadóireachta Phort an Chalaidh sainithe mar lárionad dúiche. Tá an t-ordlathas sin i gcomhréir leis na [Treoirínte um Pleanáil Miondíola](#).

4.7.3 Limistéar Lárnach Miondíola

Deimhníonn an t-athbhreithniú a rinneadh ar na hionaid is mó laistigh den chontae nach bhfeileann an téarma Limistéar Lárnach Miondíola ach do Lár Chathair Chill Chainnigh agus nach n-oirfeadh a leithéid de chur chuige do na ceithre Bailte Dúiche toisc iad a bheith róbheag. Meastar gur cheart go mbeadh an cur chuige maidir le forbairt na mbailte sin a bheith ag teacht le scála agus carachtar na forbartha atá ann cheana agus faoi threoir na bhforálacha atá sna [Treoirínte Pleanála Miondíola](#) agus sa Phlean do Cheantar Áitiúil a bhaineann leo. Déanfar é seo a athbhreithniú arís i rith shaolré an phlean ag féachaint d’fheidhmíocht na mBailte Dúiche le himeacht ama.

Tá Limistéar Lárnach Miondíola i Lár Chathair Chill Chainnigh agus an imeall 400 méadar atá mar theorainn timpeall an ionaid léirithe i bhFigiúr 4.1. Tá na sráideanna seo a leanas sa limistéar lárnach miondíola: An tSráid Ard lena n-áirítear Ionad Siopadóireachta Chrois an Mhargaidh, Sráid an Roisín, agus Sráid Chiaráin.

Deimhníonn an t-athbhreithniú gur chóir an limistéar lárnach miondíola atá ann cheana féin a choinneáil ar mhaithe le rath a chinntiú do chúrsaí miondíola amach anseo i lár na cathrach agus sa chathair féin agus sa chontae ina iomláine.

Ar na príomhrudaí ar tugadh aird orthu le teacht ar an gconclúid sin bhí:

- Dá mhéid an limistéar lárnach miondíola atá sannta is ea is mó an deis a bhíonn ann spás urláir mhiondíola a leathnú thar cheantar níos leithne.
- D'fhéadfadh beartais éagsúla a bheith ag teacht salach ar a chéile dá bharr sin agus d'fhéadfadh spás urláir mhiondíola a bheith scaipthe níos leithne.
- Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith aige sin ná go bhféadfaí an príomhcheantar siopadóireachta a lagú in áit é a neartú.

4.7.4 Measúnacht Leathan ar Spás Urláir Bhreise Mhiondíola

Clúdaíonn an athbhreithniú seo an tréimhse ó 2014 go 2020 ach ó thaobh pleanála spásúlachta de breathnaítear ar aghaidh níos faide ná tréimhse an phlean. Ní leantar ar aghaidh leis an measúnú acmhainne féin puinn níos faide ná 2020 mar gheall ar an luaineacht agus an neamhchinnteacht a bhaineann le cúrsaí eacnamaíocha, agus a dheacra is atá sé treochtaí eacnamaíocha a mheas go hiontaofa don todhchaí agus ar gá atá le hathbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar an straitéis chun aird a thabhairt ar fhiúirí athbhreithnithe faoin daonra náisiúnta agus réigiúnach agus de bharr na n-athruithe a thagann ar chúinsí eacnamaíocha.

Ceann de na príomhcheanglais atá sna [Treoirí um Pleanáil Miondíola](#) ná gur cheart i gcás straitéisí miondíola go mbeadh measúnú leathan iontu ar an Spás Urláir miondíola breise a bheidh ag teastáil ina contaetha thar saolré na straitéisí sin. Déantar an measúnú leathan sin ar an riachtanas maidir le spás urláir miondíola breise trí athruithe san daonra san todhchaí a réamh-mheas mar aon leis an bhfás a thiocfaidh ar chaiteachas tomhaltóirí. Tá na hathruithe a mheastar a thiocfaidh ar an daonra thar thréimhse an phlean curtha san áireamh sa straitéis seo, mar aon le heolas atá tugtha cothrom le dáta ar chaiteachas, ar spás urláir miondíola, ar cheadanna pleanála atá fós ar na marthain agus ar thorthaí an tsuirbhé a rinneadh in 2010 ar líonta tí agus ar shiopaerí.

Tá sé i gceist go gcuirfeadh na meastacháin treoir leathan ginearálta ar fáil faoin méid breise spáis urláir áise agus comparáide a bhféadfaí a chur ar fáil. Níl sé i gceist go nglacfaí leis na fiúirí ar bhealach ró-shaintreorach agus níl sé i gceist ach oiread go gcuirfeadh siad cosc le hiomaíocht in áit an mhargaidh.

Is éard atá sna príomhionchuir agus sna príomhaschuir a bhaineann leis an mheasúnú acmhainne ná díorthú a rinneadh ar na céimeanna thíos⁶⁰:

Céim 1: Meastacháin ar Dhaonra agus ar Chaiteachas

Céim 2: Meastacháin ar Láimhdeachas

Céim 3: Coibhnis Láimhdeachais

⁶⁰ Tá na ríomhaireachtaí mionsonraithe agus an modheolaíocht a úsáideadh chun measúnú leathan a dhéanamh ar spás urláir miondíola le fáil in Aguisín Y

Céim 4: Oll-Chaiteachas Breise Féideartha

Céim 5: Foinsí Díolacháin Mhiondíola amach anseo

Céim 6: Acmhainn Fhéideartha

Glacadh leis na boinn tuisceana leathana seo a leanas nuair a bhí an measúnú acmhainne á ríomh. Tá laghdú tagtha ar ioncaim indiúscartha ó 2008 i leith agus bhí tionchar ag cánacha díreacha agus indíreacha ar ioncaim indiúscartha agus beidh go luath amach anseo. Nuair a chuireadh é sin san áireamh agus nuair a rinneadh athbhreithniú ar an bhfás a bhfuiltear ag súil leis sa gheilleagar sa ghearrthearma agus sa mheántearma beartaíodh meastachán caol a dhéanamh ar an bhfás caiteachais per capita.

Glactar leis nach dtiocfaidh fás ar bith ar chaiteachas áise idir 2013 agus 2015. Beidh an scéal amhlaidh toisc gur sásaíodh an chuid is mó de riachtanais na líonta tí maidir le táirgí áise agus mar gheall ar na ceartúcháin a rinneadh sna buiséid náisiúnta. Glactar leis freisin nach dtiocfaidh aon fhás ar chaiteachas comparáide idir 2013 agus 2015 mar go leanfar ar aghaidh le bearta déine go dtí an buiséad náisiúnta in 2015 agus go dtógfar tuilleadh airgead as an ngeilleagar chomh maith leis na cánacha pearsanta agus indíreacha a cuireadh i bhfeidhm roimh 2013, mar shampla cáin réadmhaoine, táillí uisce srl.

Ba é réamh-mheas Banc Ceannais na hÉireann ([Feasachán Ráithiúil 2013](#)⁶¹) ná go dtiocfaidh laghdú 0.4% ar chaiteachas tomhaltóirí i mbliana (2013) agus go dtiocfaidh ardú 0.2% air an bhliain seo chugainn (2014). Ba é réamh-mheas na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ina [Tráchttaireacht Eacnamaíoch Ráithiúil](#) i nGeimhreadh na bliana 2012⁶² go dtiocfadh laghdú ar éileamh intíre mar gheall ar choigeartú leanúnach fioscach agus díghiaráil. Meastar go dtiocfaidh fás beag idir 2 agus 3 faoin gcéad in aghaidh na bliana ar an ngeilleagar náisiúnta ón mbliain 2015 ar aghaidh.

Ar an ábhar sin glactar leis go dtiocfaidh fás idir 0.5% agus 1.5% in aghaidh na bliana ar chaiteachas comparáide sa tréimhse ó 2015 go 2020.

Glactar leis i gcás na bliana 2014 go mbeidh na rátaí insreafa agus eis-sreafa mar a bhí siad in 2010. Glactar leis go mbeidh insreabhadh agus eis-sreabhadh áise faoi mar atá siad faoi láthair ón bhliain 2015 ar aghaidh mar nach bhfuil aon mholadh á dhéanamh chun togra suntasach áise a thógáil sa chathair ná sa chontae.

Ar bhunús na mbonn tuisceana sin é seo a leanas an caiteachas per capita a bheidh ar fáil:

⁶¹ Banc Ceannais na hÉireann (Feasachán Ráithiúil Céad Ráithe, Eanáir 13

⁶² Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) [Tráchttaireacht Eacnamaíoch Ráithiúil](#), Geimhreadh 2012

Tábla 5.2		
Caiteachas Réamh-mheasta per Capita		
	Caiteachas Áise	Caiteachas Comparáide
2012	3992	3312
2015	3992	3312
2020	4092	3567

Foinse: Measúnú Acmhainne, Aguisín A

Caiteachas Iomlán a Bheidh ar Fáil

Ríomhtar é sin tríd an daonra a iolrú faoin gcaiteachas per capita do gach catagóir.

An Daonra

Is mar seo a leanas atá na réamh-mheastacháin maidir le daonra an chontae ag baint úsáide as spriocanna na dTreoirínte um Pleanáil Réigiúnach ach iad coigeartaithe chun Daonáireamh na bliana 2011 a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh a chur san áireamh.

Tábla 5.3 Réamh-mheastacháin Daonra				
	Figiúirí Iarbhír 2011	2012	2014	2020
Daonra an Chontae	95,419	96,873	99,781	109,802

Foinse: Tá réamh-mheastacháin an daonra tógtha ó Chaibidil 2 den phlean seo.

Dá bhrí sin, is é seo a leanas an caiteachas iomlán ar fáil sa chontae:

Tábla 5.4 An Méid Iomlán ar fáil do Chaiteachas Áise i gContae Chill Chainnigh	
Bliain	Iomlán
2012	€386.71m
2014	€398.32m
2020	€449.30m

Beidh leibhéil éagsúla láimhdeachais i gceist maidir le hearraí comparáide mar éadaí agus choisbhearta agus earraí marthanacha níos lú don teach ná mar a bheadh i gcás earraí toirtiúla tí a dhíoltar i stórais mhiondíola. Bíonn feidhm ar leith ag stórais mhiondíola agus bíonn siad suite de ghnáth lasmuigh de lár cathrach nó baile. Is gá an chaiteachas comparáide atá ar fáil a roinnt idir earraí comparáide toirtiúla agus neamhthoirtiúla.

Ag féachaint don [Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlach](#)⁶³ agus ar a bhfuil ag tarlú in áiteanna eile i ndáil leis seo, tá sé measta go gcaithfear thart ar 20% den chaiteachas comparáide ar earraí toirtiúla tí in áitribh mar trádstórais mhiondíola. Bunaithe ar an gcomhréir 20% sin, roinntear an caiteachas comparáide iomlán idir earraí toirtiúla agus neamhthoirtiúla agus léirítear thíos é.

Tábla 5.5: Iomlán ar fáil i gcomhair caiteachais chomparáide i gCo. Chill Chainnigh		
Bliain	Earraí Toirtiúla	Earraí Comparáide seachas Earraí Toirtiúla
2012	€64.17m	€256.67m
2014	€66.10m	€264.37m
2020	€78.23m	€312.93m

Is éard atá le déanamh le fáil amach na figiúirí tascacha maidir le spás urláir ná faightear an barrachas caiteachais a d'fhéadfadh spás urláir breise a chothabháil sa chontae trí bharrachas an láimhdeachais reatha ar earraí áise, earraí comparáide agus earraí toirtiúla (do 2012) a bhaint ón gcaiteachas iomlán a réamh-mheastar a bheidh ar fáil in 2014 agus in 2020.

D'fhonn an riachtanas maidir le spás urláir miondíola breise laistigh den Chontae a ríomh, roinntear an láimhdeachas sa mhéadair cearnach de spás urláir miondíola nua ar an mbarrachas a bheidh ar fáil le caitheamh faoi mar atá leagtha amach thuas⁶⁴.

Tábla 5.6: Riachtanais Tascach ó thaobh Spáis Urláir Amach Anseo			
	2012	2014	2020
Caiteachas Áise	7040m ²	7701m ²	10,709m ²
Caiteachas Comparáide	13,136m ²	14,415m ²	22,392m ²
Earraí Toirtiúla	- 6820m ²	-5992m ²	-1,400m ²

Léiríonn an tábla thuas go bhféadfaí spás urláir áise breise agus spás urláir comparáide breise a chur ar fáil sa chontae sa tréimhse idir 2014 agus 2020. Mar sin féin níor cuireadh san áireamh sna figiúirí sin na ceadanna ó 2010 maidir le spás urláir atá fós ar marthain agus a cuireadh i bhfeidhm nó a chuirfear i bhfeidhm le linn tréimhse an chéad phlean eile.

Caiteachas Áise

Ón tiomsaíodh na figiúirí maidir le spás urláir a úsáideadh san anailís seo ceadáíodh an méid suntasach spás miondíola seo a leanas i gCathair agus i bPurláin Chill Chainnigh.

- Dhá shiopa lascaine Aldi ina mbeidh 1,125m² agus 1,144m² de spás glan urláir mhiondíola.

⁶³ An Phríomh-Oifig Staidrimh, [Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlach](#), 2012

⁶⁴ Féach an measúnú mionsonraithe acmhainne in Aguisín B

- Siopa lascaine Lidl ina mbeidh 1,274m² de spás glan urláir mhiondíola. Táthar i mbun trádála iontu siúd go léir agus is é 3,543m² an spás glan urláir mhiondíola atá curtha ar fáil.
- Tá siopa Aldi eile ina mbeidh 990m² d'achar glan miondíola á thógáil i gCallainn agus osclófar é in 2013.

Ní mór a chur san áireamh freisin gur tugadh cead do 4,577m² de spás urláir áise i lárionad Dúiche Phort an Chalaigh agus cé go bhfuil sé tógtha níor osclaíodh é fós. Glactar leis nach n-osclófar ionad siopadóireachta Phort an Chalaigh go dtí 2014 ar a luaithe.

Caiteachas Comparáide

Níor tugadh cead d'aon fhorbairt shuntasach le haghaidh spás urláir chomparáide sa chontae ó rinneadh an suirbhé in 2010. Ag an am sin bhí spás urláir ar marthain ceadaithe ag Páirc Miondíola Chill Chainnigh. Chiollaigh sé sin, móide spás folamh, go raibh 2991m² ann le haghaidh earraí toirtiúla. Bhí 1,549m² de spás urláir gan áitiú in Acomhal Mhic Dhonnchadha agus tógadh 4,341m² de spás urláir i bPort an Chalaigh agus ní mheastar go rachfar i mbun trádála ansin roimh 2014.

Glactar leis go rachfar i mbun trádála sa spás urláir i bPáirc Miondíola Chill Chainnigh i ndiaidh 2014. Nuair a chuirimid na figiúirí sin i bhfeidhm ar na figiúirí a fuarthas, faoi mar atá leagtha amach i dTábla 5.6, lena gcoigeartú faighimid an riachtanas críochnaitheach maidir le spás urláir.

Tábla 5.7: Figiúr Coigeartaithe Tásach Deiridh do Riachtanas Spáis Urláir

	2012	2014	2020
Spás Urláir Áise	3,497m ²	-1,409m ²	1,599m ²
Spás Urláir Chomparáide	11,587m ²	8,525m ²	16,502m ²
Spás Urláir d'Earraí Toirtiúla	-6820m ²	-5992m ²	-4391m ²

Ní mór cuimhneamh go bhfuarthas na figiúirí seo ar bhonn na spriocanna daonra atá leagtha amach sna [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) do 2016 agus 2020, ach iad coigeartaithe chun Daonáireamh na bliana 2011 a chur san áireamh. Léirigh Daonáireamh na bliana 2011 nár bhain an chontae amach na spriocanna a bhí leagtha amach sna [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#) do 2011 bíodh is go bhfuil ag éirí níos fearr leis ó thaobh fás daonra ná an meán náisiúnta.

Léiríonn Tábla 5.7 go bhfuil éileamh ar 3,497m² de spás breise miondíola áise sa chontae faoi láthair, fiú má chuirtear san áireamh gur osclaíodh roinnt siopaí miondíola lascaine sa chathair agus ina purláin le dhá bhliain anuas.

Oslófar aonad miondíola lascaine eile i gCallainn in 2013, agus má ghlactar leis go n-oslófar ionad siopadóireachta Phort an Chalaigh in 2014, is sciar mór iad sin d'acmhainn réamh-mheasta an chontae maidir le spás urláir áise go dtí 2020. Mar sin féin níl i measúnú acmhainne ach gné amháin de na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thograí suntasacha miondíola. Féach cuid 1.7.5 thíos.

Is díol imní é an tionchar a bheidh ag ionad siopadóireachta Phort an Chalaigh ar an acmhainn siopadóireachta. D'fhéadfadh sé dul i gcionn ar fhorbairt shuntasach spáis urláir áise breise thar tréimhse na straitéise.

Ag féachaint don fhás daonra sa Chathair agus ina Purláin agus do na patrúin siopadóireachta sa chontae faoi mar a léiríodh sna suirbhéanna a rinneadh ar theaghlaigh agus ar lucht siopadóireachta, meastar go bhféadfaí spás urláir miondíola áise breise a chruthú laistigh de Chathair Chill Chainnigh agus dá purláin le linn thréimhse an phlean in ainneoin an spás miondíola a bhféadfaí a chur ar fáil ag ionad siopadóireachta Phort an Chalaigh.

Bheadh sé riachtanach an méid sin spás urláir a fhíorú agus a chosaint in aon iarratas pleanála trí ráiteas mionsonraithe a sholáthar faoin tionchar ar chúrsaí miondíola.

Maidir le spás urláir comparáide, is léir ó Thábla 5.7 go bhféadfaí spás urláir miondíola comparáide breise a chur ar fáil ón am seo go dtí 2020.

Tugann na figiúirí faoi earraí toirtiúla údar don réasúnaíocht a bhí ann maidir le gan páirceanna trádstórála miondíola breise a cheadú laistigh de phurláin na cathrach le linn thréimhse an phlean dheireanaigh 2008 - 2014. Meastar go bhfuil sé réasúnta leanúint den bheartas sin sa tréimhse 2014 - 2020 i bhfianaise na bhfigiúirí atá sa straitéis athbhreithnithe seo.

4.8 Athbhreithniú ar Acmhainn Miondíola

4.8.1 Cathair Chill Chainnigh agus a Purláin

Ba é an rud ba mhó a díriodh air ó thaobh forbairt miondíola de sa Chathair & ina Purláin i rith thréimhse an phlean 2008 - 2014 ná soláthar spás urláir mhiondíola breise áise na miondíoltóirí lascaine Aldi agus Lidl. Tá an dá mhiondíoltóir sin i mbun gnó anois i lárionaid chomharsanachta na Páirce Nua agus Loch Buí agus timpeall orthu. Faoi mar a rinneadh cheana, úsáidtear an cur chuige seicheamhach nuair atá athbhreithniú á dhéanamh ar acmhainn na Cathrach agus a purláin. Is féidir an chathair a roinnt ina trí limistéar mar seo a leanas:

- Lár na Cathrach (an limistéar lárnach miondíola)
- Imeall an Láir
- Lasmuigh den Lár

4.8.1.1 Lár na Cathrach

Deimhníonn an t-athbhreithniú go bhfuil líon teoranta áiteanna laistigh den limistéar lárnach miondíola a bhfuil acmhainn miondíola ag baint leo. Foirgneamh amháin acu siúd is ea an Kilkenny Arcade a bhfuil spás urláir 1915m² ann agus rochtain air ón tSráid Ard agus ar féidir le daoine dul tríd go Sráid San Séamas. Is é seo an t-aon áit mhór sa limistéar lárnach miondíola a bhfuil cuid de gan áitiú. Thug an Bord Pleanála cead le déanaí chun stuara cearrbhachais a sholáthar ag an suíomh seo.

Tugtar faoi deara lena chois sin:

- Nach bhfuil aon láithreáin ná foirgnimh eile a bhfuil méid suntasach iontu ar fáil d'fhorbairt miondíola laistigh den limistéar sin a dtugtar an Limistéar Miondíola Lárnach air.
- Cinntíonn na beartais a bhaineann le Limistéar Caomhantais Ailtireachta Lár na Cathrach nach bhfuil aon acmhainn anois ann maidir le hathfhorbairt mhór spáis i Lár na Cathrach agus nach mbeidh amach anseo.
- D'fhéadfaí cúrsaí miondíola agus fóillíochta i Lár na Cathrach a fheabhsú trí leas a bhaint as an spás urláir atá folamh, trí athrú úsáide agus trí bearnaí a líonadh agus is féidir aghaidh a thabhairt orthu siúd trí na gnáthbheartais agus gnáthnósanna imeachta trína rialaítear forbairtí.

4.8.1.2 Imeall an Láir

Aithníodh i bPlean Forbartha 2008 - 2014 go bhféadfaí an suíomh a bhíodh ag Marglann Chill Chainnigh chun tús a chur le dara céim de leathnú lár na cathrach. Ón am sin, tá suíomh suntasach eile tagtha a d'fhéadfaí a athfhorbairt. Tá cinneadh déanta ag an gcuideachta deochanna Diageo deireadh a chur le grúdaireacht san áit a bhíodh grúdlann Smithwick's le cois Abhann na Feoire agus Abhann na Bréagaí. Tá achar thart ar 5.4ha san suíomh agus tá rochtain feithiclí ann cheana féin ón mBaile Gaelach agus ó Ché Bateman.

Thug an Bord Pleanála cead i mí na Nollag 2011 chun an Scéim Lárnach Rochtana a thógáil a roinneann suíomh Smithwick's ina dhá chuid. Meastar go gcuirfear deireadh le grúdaireacht ar an suíomh ag deireadh 2013 agus go nglacfaidh Údarás Áitiúla Chill Chainnigh seilbh ar an talamh in 2014 nuair a bheidh an suíomh díchoimisiúnaithe. Tá 0.8ha talún cheana féin ag Údarás Áitiúla Chill Chainnigh mar charrchlós ar feadh Ché Bateman in aice le suíomh na grúdlainne agus díreach taobh leis an limistéar lárnach miondíola.

Is é 5.5ha achar an tsuímh a bhíodh ag Marglann Chill Chainnigh agus tá sé folamh ó 2007. Dhiúltaigh an Bord Pleanála cead a thabhairt d'fhorbairt shubstaintiúil ilchinealach ar an suíomh in 2007. Tá an suíomh roinnte ina dhá chuid ag an Scéim Lárnach Rochtana.

Dá bhrí sin, tá dhá shuíomh ar imeall Lár na Cathrach a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhair úsáidí ilchinealacha agus chun an ceantar sin a leathnú amach.

Ag féachaint don chur chuige seicheamhach maidir le forbairt miondíola, agus don chaoi a bhféadfadh sineirgíocht a bheith ann idir suíomh Smithwick's agus an limistéar lárnach miondíola, agus don chaoi a bhféadfaí cuspóirí pleanála eile a bhfuil baint acu leis an limistéar poiblí, le turasóireacht agus leis an chaoi a bhféadfadh suíomh Smithwick's cur le beogacht agus le bríomhaireacht lár na cathrach i gcoitinne, meastar gur cheart díriú ar shuíomh Smithwick's mar ionad forbartha miondíola sa chathair agus ina purláin thar thréimhse an phlean. Cinnteoidh an straitéis comhdhlúthú agus leathnú lár na cathrach, limistéar Ché Bateman agus suíomh Smithwick's sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san am atá le teacht.

Baineann srianta áirithe le tailte Smithwick's, mar shampla saincheisteanna oidhreachta agus baol tuilte. Caithfear an-aird a thabhairt orthu sin agus caithfear scrúdú mionn agus anailís ghrinn a dhéanamh le fáil amach cad é an bealach is fearr chun an leas is mó a bhaint as an suíomh agus as na gnéithe oidhreachta a bhaineann leis.

Cuspóir: Ullmhóidh an tÚdarás Áitiúil doiciméad um chreat uirbeach le cabhrú le forbairt suímh Smithwick's agus na dtailte in aice leis lena n-áirítear tailte ar feadh Ché Bateman.

4.8.1.3 Lasmuigh den Lár

Glacfar leis de ghnáth nach gceadófar forbairtí móra miondíola lasmuigh de lár na cathrach, go háirithe cinn in aice le, nó taobh le, bóithre náisiúnta nó mótarbhóithre, atá ann cheana féin, nó le tógáil. Aithníodh sna [Treoirínte um Pleanáil Miondíola](#) gur deacair de ghnáth trádstórais miondíola a chur i lár bhailte móra toisc chomh mór is a bhíonn siad agus an oiread áiseanna maithe páirceála a bhíonn riachtanach dóibh. Aithníodh Páirc Miondíola Cill Chainnigh (Smithlands) agus páirc miondíola Urumhan mar áiteanna le haghaidh trádstóras miondíola. Tugadh le fios i Straitéis Mhiondíola 2008 – 2014 nár cheart aon pháirceanna trádstóras miondíola breise a fhorbairt sa chathair ná timpeall uirthi. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainn táscach maidir le spás urláir agus an oiread spáis atá folamh i dtrádstórais miondíola sa chathair agus ina purláin meastar go bhfuil sé réasúnta a leanúint den bheartas sin ar feadh thréimhse an phlean toisc:

- Gur cheart spás urláir miondíola comparáide nua a chur ar fáil i lár na cathrach agus i suíomhanna ar imeall lár na cathrach le cur le tarraingteacht agus le hiomaíochas na cathrach agus an chontae san ordlathas náisiúnta agus réigiúnach,
- Gur cúis imní do dhaoine go bhfuil spás urláir na trádstóras miondíola san iomaíocht le tairiscintí miondíola comparáide i Lár na Cathrach agus sna Bailte Dúiche,
- Gur tugadh le fios sa mheasúnacht táscach ar acmhainn go bhfuil an iomarca spás urláir miondíola sa chathair agus sa chontae,

- agus toisc an leibhéal folúntais atá sna páirceanna trádstórála miondíola atá ann cheana féin.

Cuspóir:

Ní thabharfar cead d'aon páirceanna miondíola breise a chruthú sa chathair ná ina purláin sa tréimhse 2014 - 2020.

I dtaca leis seo, glacfar cur chuige cúramach maidir le forbairtí breise den sórt sin i rith tréimhse na straitéise.

4.8.2 Port an Chalaídh/Belview (Purláin Chathair Phort Láirge)

Críochnaíodh ionad siopadóireachta Phort an Chalaídh i rith tréimhse an Phlean Forbartha 2008 - 2014. Mar sin féin tá sé fós gan oscailt mar ionad miondíola. Tá cead tugtha chun 4,577m² de spás urláir miondíola áise a bheith ann mar aon le 4,341m² de spás urláir miondíola comparáide. D'fhéadfaí réimse feidhmeanna seirbhíse miondíola agus neamh-mhiondíola a sholáthar don phobal ann freisin (m.sh. bainc, oifig an phoist, oifigí áitiúla, bialanna, tithe tábhairne agus áiseanna pobail agus cultúrtha) ar leibhéal a bheadh ar aon dul le feidhm an Lárionaid i gceantar Phort an Chalaídh/Belview atá ina chuid de Gheata Phort Láirge i gContae Chill Chainnigh.

D'fhorbair Comhairle Contae Chill Chainnigh oifig nua ceantair agus leabharlann bhraínse san ionad in 2012. Ionad dúiche is ea ionad siopadóireachta Phort an Chalaídh in ordlathas miondíola an chontae. Tá sé ainmnithe freisin mar ionad dúiche i straitéis miondíola Chomhairle Cathrach Phort Láirge.

Éilítear sna [Treoirlínte um Pleanáil Miondíola](#) go n-ullmhódh údaráis áitiúla Chathair agus Chontae Phort Láirge mar aon le húdaráis áitiúla Chontaetha Loch Garman, Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann straitéis chomhphárteach miondíola do limistéar straitéise Phort Láirge. D'fhonn córas miondíola inbhuanaithe a áirithiú san réigiún agus, go háirithe i Limistéar na Tairsí Spásúla, tá Comhairle Cathrach Phort Láirge tiomanta d'oibriú i gcomhar le húdaráis Áitiúla Chontaetha Phort Láirge, Chill Chainnigh, Thiobraid Árann agus Loch Garman d'fhonn Straitéis Chomhphárteach Miondíola a ullmhú le haghaidh an Geata.

Cuspóir:

Oibriú i gcomhar leis na húdaráis áitiúla ábhartha eile sa réigiún chun straitéis chomhphárteach miondíola a ullmhú do mhórchéantar Chathair Phort Láirge.

4.8.3 Na Bailte Dúiche

Tá na bailte Dúiche curtha ar leibhéal 3 in ordlathas an Chontae. Tá ó thart ar 1,500 go 2,300 duine ina gcónaí iontu. Is lárionaid iad a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le freastal ar riachtanais fostaíochta, miondíola agus pobail sna cúlchríocha máguaird. Tá plean reachtúil don cheantar áitiúil ag gach ceann de na bailte dúiche.

Cuspóir: Beogacht agus inmhharthanacht ról agus acmhainn na mBailte Dúiche a chothú agus a fheabhsú.

4.9 Dáileadh Spásúil Forbairtí Miondíola Nua

Cuireann Straitéis Miondíola na Cathrach agus an Chontae, i gcomhréir leis na [Treoirlínte um Pleanáil Miondíola](#), creat beartais straitéisigh ar fáil le haghaidh dáileadh spásúil forbairtí miondíola nua. Leagtar bhéim sa chreat beartais ar treoir straitéiseach a thabhairt faoi shuíomh agus faoi scála forbairtí miondíola móra. Ní hé aidhm na Straitéise bac a chur le forbairtí beaga miondíola i lárionaid ar fud an Chontae, go háirithe sna lárionaid níos lú. Ba cheart a ghlacadh go bhfuil sé intuigthe in aidhmeanna na Straitéise gur cheart a leithéid d'fhorbairtí a spreagadh agus a éascú chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht, ar bheogacht agus ar inmhharthanacht na lárionad níos lú, lena n-áirítear na bpríomh-lárionaid níos lú in Ordlathas Miondíola an Chontae. Tá treoir sa mhéid seo a leanas faoin sainmhíniú a thugtar sa Straitéis Miondíola ar dháileadh spáis urláir miondíola, idir straitéiseach agus neamhstraitéiseach, san ordlathas miondíola:

Leibhéal 1: Miondíol mór áise agus comparáide, agus aithnítear an ról atá ag Cathair Chill Chainnigh mar Mhol agus an feidhm thábhachtach miondíola atá á comhlíonadh aici.

Leibhéal 2: Lárionad Dúiche: Tá feidhm thábhachtach acu ó thaobh freastal a dhéanamh ar an bpobal áitiúil toisc réimse maith siopadóireachta áise a bheith iontu mar aon le réimse meán leibhéil shiopadóireachta comparáide agus toisc go bhfuil réimse seirbhísí neamh-mhiondíola iontu freisin mar bhainc, leabharlann, oifigí, tithe tábhairne agus bialanna le freastal ar an bpobal áitiúil.

Leibhéal 3: Bailte Dúiche: Tá ról thábhachtach ag na Bailte Dúiche in ordlathas miondíola an chontae. Cuireann siad siopadóireacht áise ar fáil mar aon le roinnt siopadóireachta comparáide. Bíonn siad ag freastal ar an bpobal atá gar don bhaile agus sna ceantair máguaird óir bíonn siopaí beaga cruu-earraí acu mar aon le cógaslanna miondíola agus siopaí éadaí.

Leibhéal 4: Ionaid chomharsanachta: Is éard a bhíonn iontu den chuid is mó ná siopaí miondíola áise breise chomh maith le hoifigí poist agus siopaí mionscála comparáide mar chógaslanna, siopaí cruu-earraí srl. agus iad ag freastal ar an chomharsanacht áitiúil.

Leibhéal 5: Lárionad Baile/Sráidbhaile/Ceantair Thuaithe: siopaí sráidbhaile nó oifigí poist i gceantair thuaithe.

Cuspóirí:

- An sciar den mhargadh áise a choinneofar laistigh den chontae a mhéadú go 80% i ndiaidh 2020⁶⁵
- An sciar den mhargadh comparáide a choinneofar sa chontae a mhéadú go 75% i ndiaidh 2020
- An tarraingt trádála áise a mhéadú ó 8% go 15% i ndiaidh 2020
- An tarraingt trádála comparáide a choinneáil ag 58% i ndiaidh 2020

4.9.1.1 Treoir Straitéiseach maidir le Suíomh

Aithníodh san athbhreithniú ar an straitéis mhiondíola go bhfuil tábhacht faoi leith ag na nithe seo a leanas nuair a bhíonn ionaid straitéiseacha á scrúdú:

- Infheistíocht reatha agus infheistíocht ar feitheamh i mbonneagar straitéiseach;
- Beogacht lár cathrach nó baile a chur chun cinn trí chur chuige seiceamhach a ghlacadh maidir le forbairt,
- Iomaíochas san earnáil mhiondíola a chinntiú trí chur ar chumas daoine moltaí a dhéanamh maidir le forbairtí ardchaighdeán in ionaid oiriúnacha,
- Cabhrú le daoine na nósanna atá acu a athrú agus leas a bhaint as iompar poiblí, rothaíocht agus siúl le dul ag siopadóireacht i gcomhréir leis an straitéis um Thaisteal Níos Cliste,
- A chinntiú go bhfuil forbairt mhiondíola á stiúradh ag pleannanna,
- A chinntiú go gcruthófar dearadh uirbeach ardchaighdeán,
- A chinntiú go gcoinneofar na láidreachtaí atá ag Cathair Chill Chainnigh agus a Phurláin agus an tábhacht a bhaineann leo faoi láthair ó thaobh patrúin siopadóireachta sa Chontae, sa Réigiún agus sa Tír agus go gcuirfear leo,
- Go dtabharfar aghaidh le himeacht aimsire ar an chaoi a bhfuil daoine ag fágáil na cathrach agus an chontae chun earraí áise agus comparáide a cheannach agus é sin a dhéanamh trí cúrsaí miondíola na cathrach agus an chontae a dhéanamh níos tarraingtí do phobal na Cathrach agus an Chontae,
- Go dtabharfar aghaidh ar an meath atá tagtha ar insreabhadh caiteachais áise trí thairiscint áise na Cathrach agus an Chontae a fheabhsú,
- Tá méadú ag teacht ar na earraí miondíola comparáide a cheannaíonn cuairteoirí ó chontaetha comharsanachta agus níos faide i gcéin sa chontae agus ní mór é sin a choinneáil agus a fheabhsú,
- Beogacht agus inmharthanacht na mBailte Dúiche agus na bearta atá riachtanach chun iad a fheabhsú;
- An ról atá ag trádastóráil miondíola i dtairiscint mhiondíola na Cathrach.

4.9.2 Critéir um Measúnú Tograí Miondíola Amach Anseo

⁶⁵ Níor cuireadh san áireamh sa mheasúnacht acmhainne. Is spriocanna iad seo atá le baint amach má dhéantar moltaí d'fhorbairt shuntasach mhiondíola a mbeadh tionchar aici ar phatrúin insreafa agus eisreafa.

Ba cheart gach iarratas d'fhorbairt shuntasach mhiondíola a mheas i bhfianaise réimse critéar.

Cathair Chill Chainnigh agus a Phurláin/Lárionad Port an Chalaidh/Purláin Chathair Phort Láirge: Déanfar forbairtí miondíola áise a bhfuil achar (comhlán) 1,000² iontu agus forbairtí miondíola comparáide a bhfuil achar (comhlán) 2,000² iontu agus atá suite lasmuigh de limistéar lárnach miondíola na cathrach nó de Lárionad Dúiche a mheas i bhfianaise na gcritéar.

Bailte Dúiche/Lonnaíochtaí Eile: Ba cheart moltaí le haghaidh forbairtí miondíola áise nó comparáide a bhfuil achar (comhlán) 500m² a mheas i bhfianaise na gcritéar.

4.9.2.1 Cur Chuige Seicheamhach

Is é cuspóir uileghabhálach na [Treoirlínte um Pleanáil Miondíola](#) ná cur le beocht agus inmharthanacht lár cathrach agus nó baile i ngach ceann dá gcuid feidhmeanna agus é sin a dhéanamh trí fhorbairt sheicheamhach. Is éard a chiallaíonn forbairt Seicheamhach ná:

1. Gurb í an áit a roghnófar ar an iomlán d'fhorbairt nua miondíola ná laistigh de lárionaid cathrach nó baile. D'fhéadfadh forbairt mhiondíola a bheith oiriúnach freisin laistigh de Lárionaid Dúiche a aithníodh san ordlathas lonnaíochta ach í a bheith ar scála oiriúnach do riachtanais an cheantair, agus
2. Níor cheart machnamh a dhéanamh ar shuíomh ar imeall lárionaid chathrach, bhaile, nó dúiche ach amháin faoi réir na gceanglas thíos, agus más féidir leis an iarratasóir a léiriú, agus má tá an t-údarás pleanála sásta, nach bhfuil aon suíomh nó suíomh féideartha eile le fáil laistigh de chathair, de lár baile nó de lárionad sainithe dúiche. Ina theannta sin, is in imthosca eisceachtúla amháin nuair is féidir a léiriú nach bhfuil aon suíomh nó suíomh féideartha ar fáil laistigh den lárionad nó ar imeall na lárionad sin a ba cheart láithreán lasmuigh den lárionad a chur san áireamh.

Chomh maith leis an tástáil sheicheamhach, cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm nuair a bheith measúnú á dhéanamh ar iarratais shuntasacha:

- An méid airgid atá ar fáil lena chaitheamh laistigh den cheantar ábhartha, ag cur san áireamh na ceadanna pleanála atá ar marthain agus na tograí nó na deiseanna forbartha a aithníodh sna Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae, lena n-áirítear iad siúd do na Bailte Dúiche agus do lonnaíochtaí eile;
- Go bhfuil an fhaisnéis bhonnlíne agus an measúnú acmhainne/measúnú tionchair oiriúnach don fheidhm agus trédhearcach;
- Go dtugtar tacaíocht don straitéis fadtéarmach do lár na cathrach nó baile mar atá leagtha síos sa Straitéis Miondíola nó sa Phlean Forbartha Miondíola;

- An acmhainn atá ann deiseanna fostaíochta a mhéadú agus athghiniúint eacnamaíoch a chur chun cinn;
- An acmhainn atá ann iomaíocht a mhéadú sa cheantar agus sa chaoi sin tuilleadh tomhaltóirí a mhealladh go dtí an ceantar;
- Go sásófar éileamh na dtomhaltóirí ar a thairiscint mhiondíola agus nach laghdófar an réimse gníomhaíochtaí agus seirbhísí ar féidir iad a sholáthar i lárionaid uirbeach;
- Nach mbeidh drochthionchar aige ar lár cathrach nó baile amháin (nó níos mó), go haonarach nó go carnach in éineacht le forbairt a rinneadh le déanaí nó le ceadanna pleanála eile atá ar mharthain ar leor é nó iad chun lagú a dhéanamh ar bheogacht nó ar inmharthanacht lár na cathrach nó an bhaile nó ar an bhfeidhm níos leithne maidir leis na healaíona, cultúr agus cúrsaí fóillíochta a cur chun cinn agus a spreagadh nó a chuirfeadh isteach ar limistéar poiblí lár an bhaile atá ríthábhachtach do saol eacnamaíoch agus sóisialta an phobail;
- Go gcuirfeadh sé le líon na n-áitreabh folamh sa phríomhcheantar agus gur dócha go mbeadh an scéal amhlaidh go ceann i bhfad;
- An chaoi a bhfuil éascú á dhéanamh ar an athrú atá ag tarlú i gcomhréir leis an straitéis um Thaisteal Níos Cliste maidir leas a bhaint as iompar poiblí nó rothaíocht nó siúl na gcos le dul ag siopadóireacht, sa chaoi go mbeidh gach dream sa tsochaí in ann an togra a rochtain go héasca; agus nó go mbeidh sé nasctha go héifeachtach le lár an bhaile nó leis an gcroílár miondíola sa chaoi gur dócha go mbeidh sineirge thráchtála ann.
- An méid a chuirfeadh an fhorbairt le hathnuachan an suímh nó an limistéir agus an chaoi a gcuirfeadh sé leis an dearadh uirbeach
- An ról a bheadh ag an bhforbairt i bhfeabhsú iomaíochas agus thairiscint mhiondíola na cathrach i gcomparáid le hionaid eile atá san iomaíocht léi.

4.10 Monatóireacht & Athbhreithniú

Ceapadh an straitéis mhiondíola lena chinntiú go mbeadh príomhról ag an bPlean Forbartha maidir le hiomaíochas a chinntiú san earnáil mhiondíola agus go dtabharfadh sé roghanna níos leithne don tomhaltóir agus go dtacódh sé le beocht agus le hinmharthanacht lár na cathrach agus lár na mbailte sa chontae agus go gcuirfeadh sé le hardchaighdeán ó thaobh dearaidh uirbigh agus go spreagadh sé daoine chun leas níos mó a bhaint as córas inbhuanaithe iompair. Tá an earnáil mhiondíola ar cheann de na hearnálacha is dinimiciúla i ngeilleagar na tíre agus athraíonn treochtaí agus faisnéis le himeacht aimsire agus tagann athrú freisin ar na rudaí a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí. Déanfaidh an Chomhairle na nithe seo a leanas lena chinntiú go bhfanfaidh an Straitéis agus na beartais atá ann bailí agus cothrom le dáta:

- Monatóireacht bhliantúil a dhéanamh ar réamhaisnéisí caiteachais agus daonra agus déanfaidh sí athbhreithniú ar an straitéis más gá.
- Monatóireacht a dhéanamh ar cheadanna pleanála maidir le spás urláir miondíola nua agus athrú úsáide chun na sonraí faoi spás urláir a choinneáil cothrom le dáta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar chuspóirí na Straitéise Miondíola arís i 2016.
- Sonraí na suirbhéanna ar theaghlaigh agus ar shiopaí a thabhairt cothrom le dáta ag am an chead athbhreithnithe eile.

5 Tithíocht agus Pobal

Príomhghné de bhaint amach cuspóirí forbartha inbhuanaithe is ea pobail láidre uile-chuimsitheacha a chruthú. Ní amháin go bhfuil forbairt eacnamaíocht riachtanach má tá pobail inbhuanaithe le bheith ann, ach caithfidh siad rochtain a bheith acu ar oideachais, sláinte agus sheirbhísí tacaíochta pobail, mar aon le conláistí agus seirbhísí fóillíochta agus ní mór caighdeán maith a bheith sa timpeallacht tógtha.

Is é ról na Comhairle beartas tithíochta a cheapadh, iarratais ar thithíocht phríobháideach a mheas, a chinntiú go bhfuil dóthain tailte críosaithe le freastal ar an éileamh réamh-mheasta ar thithíocht agus tithe a chur ar fáil nó éascú a dhéanamh ar soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne dóibh siúd nach féidir leo tithíocht a sholáthar dóibh féin. Is í an Chomhairle Contae an t-údarás tithíochta agus an t-údarás pleanála le chéile. Tá sé de chumhacht aici de thoradh an dá ról sin tionchar a bheith aici ar sholáthar, ar shuíomh agus ar scála na tithíochta nua laistigh dá limistéar feidhme.

Is é príomhchuspóir na Comhairle maidir le soláthar tithíochta a chinntiú go bhfuil cóiríocht ag gach teaghlach a oireann dá riachtanais, go bhfuil sé suite i dtimpeallacht oiriúnach agus ar phraghas nó ar cíos ar féidir leo íoc as.

5.1 Straitéis Tithíochta

Éilítear i gCuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 go gceapfaidh na húdaráis pleanála straitéisí tithíochta agus go ndéanfaidh siad dlúthchuid dá bpleananna forbartha díobh.

I gcás na straitéise tithíochta:

- a) Beidh meastachán agus foráil inti faoin riachtanas reatha tithíochta agus an riachtanas a mheastar a bheith ann san todhchaí sa limistéar sin lena mbaineann an plean forbartha. Cinnteoidh an tÚdarás Pleanála go mbeidh go leor talún oiriúnach críosaithe ina plean forbartha le haghaidh áiteanna cónaithe (nó le haghaidh meascáin d'áiteanna cónaithe agus eile), le freastal ar riachtanais na straitéise tithíochta agus le cinntiú nach mbeidh ganntanas talún den sórt sin ann am ar bith le linn thréimhse an phlean forbartha.
- b) Cuirfear san áireamh gur gá a áirithiú go mbeidh tithíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil leibhéal éagsúla ioncaim acu, agus go háirithe dóibh siúd a bhfuil gá acu le tithíocht shóisialta nó inacmhainne sa cheantar. Dá bhrí sin beidh foráil sa straitéis tithíochta mar bheartas ginearálta go mbeidh céatadán sonraithe, nach mbeidh níos airde ná 20% den talamh atá críosaithe sa phlean forbartha le haghaidh áiteanna cónaithe, nó le haghaidh meascáin d'áiteanna cónaithe agus eile, curtha in áirithe do thithíocht shóisialta nó do tithíocht inacmhainne.
- c) cinnteofar go bhforbrófar meascán de chineálacha agus de mhéideanna tithe a oirfidh le réasún do riachtanais na gcatagóirí éagsúla teaghlach, de réir mar a chinneadh an tÚdarás Pleanála, lena n-áirítear riachtanais speisialta daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.
- d) cuirfear beart i bhfeidhm chun nach mbeidh deighiltí míchuí sa tithíocht ó thaobh daoine ó chúlraí difriúla sóisialta. Féadfaidh an tÚdarás Pleanála a thabhairt le fios

maidir le haon ceantair cónaithe nach bhfuil aon riachtanas ann do thithíocht shóisialta / inacmhainne sa limistéir sin, nó go bhféadfadh céatadán níos ísle a bheith riachtanach ná mar atá sonraithe sa straitéis tithíochta.

Tugtar aghaidh sa Straitéis Tithíochta ar riachtanais ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear daoine gan dídean, an lucht siúil agus daoine scothaosta.

Tá Straitéis Tithíochta ullmhaithe don tréimhse 2014 - 2020 do Chomhairle Buirg agus do Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Tá an Straitéis sin ina cuid den Phlean Forbartha atá le fáil in Aguisín B.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe a tháinig chun solais san anailís a rinneadh ar an straitéis tithíochta sin:

- Tá 4,353 áras nua cónaithe riachtanach le freastal ar na spriocanna daonra atá leagtha síos do Chontae Chill Chainnigh sna [Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach](#) don tréimhse 2008 go 2014.
- Tá thart ar 2,852 ar liosta feithimh reatha an údaráis áitiúil.
- Cuirfear 20% den talamh atá criosaithe mar áiteanna cónaithe nó meascán d'áiteanna cónaithe agus eile in áirithe do thithíocht shóisialta agus inacmhainne thar thréimhse na straitéise.
- Ní meastar go gcuirfidh easpa talún criosaithe i gcomhair forbartha shrian le forbairtí i gcaitheamh an Phlean Forbartha 2014 - 2020.

5.2 An Lucht Siúil

Leagtar síos sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2010-2013 ar ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh leis i mí Eanáir agus Feabhra 2009 faoi seach na réimsí straitéiseacha maidir le cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil.

Tá tús curtha le hathbhreithniú an chláir i gcomhréir le hAlt 17(1)(a) d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998.

Cuspóirí:

- **An Straitéis Tithíochta atá in Aguisín B a chur i gcrích.**
- **A éileamh go mbeidh 20% den talamh atá criosaithe le haghaidh áiteanna cónaithe sa phlean forbartha, nó le haghaidh meascán d'áiteanna cónaithe agus eile, curtha in áirithe chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil.**
- **A éileamh go bhforbrófar meascán de chineálacha éagsúla aonad cónaithe de mhéideanna éagsúla le go n-oirfidh siad go réasúnta do riachtanais na gcatagóirí éagsúla teaghlach atá sa chathair agus sa chontae.**
- **Bailchríoch a chur ar athbhreithniú an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil.**
- **Tionscadal Capall Lucht Siúil Chill Chainnigh a chur i bhfeidhm.**

- **Láithreán stad Wetlands a athfhorbairt mar ghrúpscéim tithíochta.**
- **Fhorálacha an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm.**

Is é dearcadh na Roinne Pleanála ná gur cheart ceanglais Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 i ndáil le haon suíomh ar leith a chur isteach in aon togra forbartha go luath sa phróiseas forbartha. Ar an ábhar sin éileoidh an Chomhairle ar fhorbróirí tithíochta lena mbainfidh an riachtanas maidir leis an 20% plé a dhéanamh ag comhairliúcháin réamhphleanála ar na téarmaí dóchúla a bheadh ag Chuid V. Sa chaoi sin beidh an Chomhairle agus an forbróir ar aon intinn faoin leagan amach dóchúil a bheadh ar an gcomhaontú sula ndéanfar aon dearaí mhionsonraithe i gcomhair aon iarratas pleanála.

Cuirfidh na coinníollacha a bheidh ag gabháil le ceadanna pleanála le haghaidh forbairtí chónaitheacha de cheangal ar fhorbróirí comhaontú a dhéanamh leis an gComhairle faoi sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne de réir na straitéise tithíochta.

Aithníodh sa Straitéis Tithíochta freisin go mbeidh gá le meascán níos fearr de chineálacha aonad tithíochta toisc go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine aonair a bhfuil cóiríocht ag teastáil uathu.

Tá na roghanna tosaíochta seo a leanas ar fáil le freastal ar riachtanais na straitéise tithíochta:

- Ranníocaíocht airgid a dhéanamh leis an gComhairle,
- Cuid den suíomh atá faoi réir an iarratais pleanála a aistriú chuig an gComhairle,
- Áitribh atá críochnaithe in áit eile a aistriú chuici,
- Suíomhanna ar an láithreán atá seirbhísithe go páirteach nó go hiomlán a aistriú sa chaoi go mbeidh sé ar chumas na Comhairle an líon ceart aonad tithíochta a chur ar fáil orthu,
- Suíomhanna seirbhísithe ar láithreán eile a aistriú,
- An líon riachtanach d'áitribh chríochnaithe in áit eile a aistriú,
- Talamh ar láithreán eile a aistriú,

D'fhéadfadh foráil a bheith i gcomhaontú go mbainfí leas as teaghlaim de na modhanna sin.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag freastal ar riachtanais tithíochta sóisialta agus inacmhainne sna bailte, sna sráidbhailte agus i ceantair tuaithe an chontae ar bhealach cothrom sa chaoi nach mbeidh an iomarca áitreabh den sórt sin in aon cheantar ar leith.

Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag an earnáil dheonach maidir le freastal ar riachtanas tithíochta sóisialta agus tacóidh sí le hiarrachtaí chun an ról sin a leathnú agus éascóidh sí é.

Tá an t-éileamh ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne ag dul i méid agus ós í an Chomhairle an t-údarás tithíochta agus déanfaidh sí iarracht freastal ar an éileamh trí leas a bhaint as:

- an scéim díolta suíomhanna,
- an Earnáil Dheonach Tithíochta agus an Scéim um Fhóirdheontais Chíosá,
- an scéim um chúnamh caipitiúil,
- deontais do dhaoine faoi mhíchumas,

- an deontas um dheisiúcháin riachtanacha agus bearta eile, agus
- tionscnamh an Fhóirne do Dhaoine gan Dídean,
- An clár um Chóiríocht don Lucht Siúil

5.3 Forbairt Cónaithe

Léirítear san ordlathas lonnáiochta mar atá leagtha amach i gCaibidil 3 an réimse lonnáiochtaí atá sa chontae. Tugann an soláthar tithíochta breise ar fud an chontae deis chun forbairtí nua a chur ar fáil a mbeidh an caighdeán fisiceach agus comhshaoil is airde ag baint leo agus a chabhróidh chun pobail níos inbhuanaithe a chruthú agus forbairt réigiúnach níos cothroime a chinntiú.

Nuair leanann an Chomhairle ar aghaidh ag iarraidh éascú a dhéanamh ar líon na dtithe a mhéadú ní mór di a chinntiú go mbainfidh sí ardchaighdeán amach ó thaobh tithe aonair faoin tuath chomh maith le hardchaighdeán sna ceantar uirbeacha sa chontae. Caithfidh sí a chinntiú freisin go mbeidh rogha ann maidir le suíomh na n-áitreabh agus an cineál tionóntachtaí a bheidh ar fáil.

Moltar do dhearthóirí tithe aonair féachaint ar an [Treoir um Dhearadh faoin Tuath i gContae Chill Chainnigh](#) a d'ullmhaigh agus a d'fhoilsigh an Rannóg Pleanála.

Is éard a chiallaíonn ardcháilíocht i gcomhthéacs forbairtí uirbeacha ná timpeallacht d'ardchaighdeán a fhorbairt trí dhearadh ardchaighdeán uirbeach a chur chun cinn. Beidh aird ag an gComhairle ar [Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha](#) agus ar an [Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach: Treoir maidir le Dea-Chleachtas](#)⁶⁶ a théann leis agus cuirfidh sí i bhfeidhm iad, nuair a bheidh sí ag déileáil le forbairtí agus á measúnú. (Féach cuid 12.1 chun riachtanais mhionsonraithe a fháil)

Ba cheart de ghnáth go n-oirfeadh dearadh, leagan amach, carachtar agus scála aon fhorbartha cónaithe nua don bhaile nó don sráidbhaile atá i gceist agus go gcruthódh sí timpeallacht ardchaighdeán mhaireachtála. Féach ar Chaibidil 12 chun treoir mionsonraithe a fháil faoi dhearadh áitreabh cónaithe.

5.4 Dearadh Uilíoch

Ba cheart go mbeadh daoine a bhfuil cumais éagsúla acu in ann úsáid a bhaint as foirgnimh agus áiteanna ar bhealach compordach, sábháilte, a mhéid is féidir gan cúnaimh speisialta. Ba cheart go mbeadh daoine in ann a mbealach dhéanamh go héasca, a thuiscint conas is féidir áiseanna mar ardaitheoirí agus córais idirchumarsáide a úsáid agus a fhios a bheith acu cá bhfuil áiseanna ar fáil do choisithe, agus cad iad na háiteanna sin a bhféadfadh trácht a bheith ag gluaiseacht tríothu.

⁶⁶ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, [Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach: Treoir maidir le Dea-Chleachtas](#), 2009

Tá an-éagsúlacht le fáil san daonra ach má ghlactar le cur chuige ón tús chun leas a bhaint as dearadh uilíoch a fhreastalóidh ar an réimse úsáideoirí is leithne, is féidir fhoirgnimh agus áiteanna a chruthú ar féidir le gach duine iad a úsáid agus taitneamh a bhaint astu. Cuireann an cur chuige sin deireadh le hiarfheistiú agus le hathruithe costasacha níos déanaí le freastal ar riachtanais ghrúpaí áirithe nó laghdaíonn sé go mór iad.

Beidh sé de bheartas ag an gComhairle i ngach togra forbartha Dearadh Uilíoch agus Tithíocht Saol-Ré a chur chun cinn de réir an chleachtais is fearr agus na mbeartas agus na prionsabail atá i [Tógáil do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch](#)⁶⁷ agus [Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha](#) agus an [Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach: Treoir maidir le Dea-Chleachtas](#) a théann leis.

5.5 Eastáit nár Críochnaíodh

Sa bhliain 2011, bhunaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh foireann tiomanta le díriú ar réiteach na n-eastát neamhchríochnaithe ina limistéar feidhme. Tá réimse cumhachtaí ar féidir leis an gComhairle a úsáid maidir le rialú áiteanna agus struchtúir baolacha, cúrsaí tógála agus pleanála agus tá cumhachtaí aici faoi reachtaíocht ábhartha eile agus tá siad sin úsáidte aici ar bhealach comhtháite agus d'oibrigh sí go réamhghníomhach le forbróirí, institiúidí airgeadais / an GNBS agus pobail áitiúla le teacht ar réitithe sásúla ar fhorbairtí tithíochta nár críochnaíodh. Déanfaidh an Chomhairle measúnú agus monatóireacht ar fhorbairtí nár críochnaíodh agus beidh ról lárnach aici maidir le chomhordú Pleananna Réitithe Suímh le príomhpháirtithe leasmhara eile. Beidh aird ag an gComhairle ar [Bainistiú agus Réiteach Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe - Lámhleabhar Treorach](#)⁶⁸, go háirithe cuid 7.1 agus cuid 7.2.

5.6 Áiseanna pobail

Tá áiseanna pobail riachtanach do dhea-bhail agus d'fheidhmiú ceart na limistéar sin a bhfuil daoine ina gcónaí iontu. Áirítear ar na háiseanna sin clinicí sláinte, ospidéal, scoileanna, séipéil, áiseanna siopadóireachta, leabharlanna, hallaí pobail agus reiligí.

Is é príomhról an Údaráis Phleanála dóthain talún a chur in áirithe laistigh de na lárionaid lonnaíochta le freastal ar na héilimh dhóchúla a d'fhéadfaí a dhéanamh sa toadhcháil an bonneagar pobail. Fadhb a thagann chun cinn arís is arís eile is ea an chaoi a gcaithfear an bonneagar sin a sholáthar go tráthúil nuair a bhíonn tithíocht nua á tógáil. Cuirfidh an Chomhairle suíomhanna in áirithe le haghaidh áiseanna pobail de réir mar is cuí agus déanfaidh sí iarracht easnaimh a leigheas i limistéir atá forbartha cheana féin. Soláthróidh an Chomhairle áiseanna pobail laistigh de lonnaíochtaí atá ann cheana agus nuair a bhíonn daonra mór go leor ann chun seirbhís faoi leith a bheith acu rachaidh sí i dteagmháil le grúpaí pobail agus cuideoidh sí le tionscnaimh phobail ach na hacmhainní a bheith ar fáil chuige.

⁶⁷ An tÚdarás Náisiúnta Míchumais [Tógáil do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch](#), 2012

⁶⁸ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Bainistiú agus Réiteach Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe - Lámhleabhar Treorach](#), 2011

Is é an rogha is fearr ó thaobh an Údaráis Pleanála de ná go bhféadfaí leas a bhaint as foirgnimh nua agus as foirgnimh atá ann cheana féin le freastal ar réimse úsáidí pobail agus chun éascú a dhéanamh orthu. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála iniúchadh le féachaint an bhfuil deiseanna ann maidir le húsáid ilchuspóireach lena chinntiú gur féidir freastal a dhéanamh ar phobail gan dúbailt iarrachta. Tá sé tábhachtach go mbainfear an leas is mó is féidir as gach foirgneamh agus sa chaoi sin ní mór áiseanna fóillíochta a sholáthar don phobal gar do na háiteanna ina bhfuil siad ag teastáil. Féachfaidh an Chomhairle chuige, más indéanta, go gcuirfear áiseanna pobail, áiseanna áineasa agus spásanna oscailte ar fáil gar dá chéile, agus go suífead na háiseanna pobail i lárionaid áitiúla nó go nascfar iad le háiseanna scoile de réir mar is cuí. Ba cheart áiseanna pobail a bheith suite gar do thithíocht nó laistigh d'achar siúlóide uathu, agus go mbeadh siad inrochtana ag gach earnáil den phobal agus deartha agus leagtha amach ar bhealach a d'éascódh ilúsáidí.

5.7 Oideachas & Cúram Leanaí

5.7.1 Saoráidí Cúraim Leanaí

Aithnítear gur gnéithe straitéiseacha de bhonneagar sóisialta iad cúram leanaí agus n-áiseanna luathoideachais agus go bhfuil siad riachtanach le feabhas a chur ar eispéireas luathfhoghlama leanaí agus go gcuireann siad ar chumas daoine páirt níos iomláine a ghlacadh sa tsochaí go háirithe maidir le líonraí fostaíochta, oideachais agus sóisialta a rochtain. Tá an beartas náisiúnta faoi áiseanna cúraim leanaí leagtha amach i [Treoirlínte d'Údaráis Phleanála faoi Áiseanna Cúraim Leanaí](#)⁶⁹. Is é beartas pleanála an Rialtais maidir le cúram leanaí ná feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí cúraim leanaí don phobal. Is é príomhról an Údaráis Phleanála ná éascú a dhéanamh ar áiseanna ardchaighdeáin cúraim leanaí a sholáthar i suíomhanna oiriúnacha.

Is é an aidhm atá le creat deich mbliana an Rialtais [I dTreo 2016](#)⁷⁰ ná a chinntiú gur cheart go mbeadh gach teaghlach in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim leanaí a bheidh oiriúnach dá gcúinsí agus do riachtanais a bpáistí. Tá roinnt spriocanna leagtha amach sa [Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016](#)⁷¹ maidir le forbairt luath-óige lena n-áirítear soláthar tacaíochtaí ioncaim agus 100,000 áit bhreise um chúraim leanaí roimh 2016. Tá príomhchuspóir sa [Plean Straitéiseach Náisiúnta 2011-2013 \(Clár um Chúram agus Oideachais Luath-Óige\)](#) freisin maidir le seirbhísí cúraim leanaí agus luath-oideachais a fhorbairt agus infheistíocht san earnáil um chúram leanaí a chomhdhlúthú. Ós rud é go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair beidh sé tábhachtach a chinntiú go ndéanfar an infheistíocht chaipitiúil a spriocdhíriú ar na réimsí riachtanais. Tá sé d'aidhm ag an [Plean Straitéiseach Náisiúnta](#) é sin a chinntiú trí fhorbairt a dhéanamh ar bhunachar sonraí náisiúnta a aithneoidh soláthar cúram leanaí de réir an limistéir agus de réir cineáil, trí leas a bhaint as táscairí mar dhaonra, dhéimeagrafaíocht ioncaim agus rátaí réamh-mheasta breithe chun aird a dhíriú ar bhearnaí agus ar ró-sholáthar araon san earnáil seo.

⁶⁹ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil [Treoirlínte d'Údaráis Phleanála faoi Áiseanna Cúraim Leanaí](#), 2001.

⁷⁰ Roinn an Taoisigh, [I dTreo 2016](#)

⁷¹ An Oifig Náisiúnta um Iniamh Sóisialta, [an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016](#), 2007

Tháinig fás suntasach ar an gcúram a chuirtear ar fáil do leanaí sa chathair agus sa chontae le deich mbliana anuas agus rinne an rialtas infheistíocht le tacú leis. Tá laghdú tagtha le déanaí, áfach, ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim don lá go léir de bharr an méadú atá tagtha ar na leibhéil dífhostaíochta. Dá thoradh sin, tá an maoiniú go léir atá ar fáil anois á dhíriú ar fheabhsú cáilíochta maidir le soláthar agus uasghrádú áiseanna atá ann cheana féin.

Tá deireadh ag teacht leis an [Plean Straitéiseach Náisiúnta um Chláir Cúram agus Oideachas Luath-Óige 2011-2013](#) agus tá straitéis nua á ceapadh. Meastar go gcuirfear bailchríoch uirthi i mí Iúil 2013. Cuirfidh sí sin creat beartais uileghabhálach ar fáil maidir le soláthar cúraim leanaí agus luath-oideachais sa chathair agus sa chontae. Is ar thosaíochtaí na straitéise náisiúnta a bunaítear na pleananna bliantúla áitiúla.

D'oiibrigh Údarás Áitiúla Chill Chainnigh i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Chainnigh, tríd an ról atá acu ar an mBord Forbartha Contae, chun feabhas a chur ar cháilíocht, ar sholáthar agus ar inacmhainneacht chúraim leanaí sa chathair agus sa chontae. Leanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh ar aghaidh ag obair le Coiste Cúram Leanaí an Chontae faoi struchtúir nua an Choiste Soch-Eacnamaíoch chun freagra a thabhairt ar riachtanais athraitheacha na sochaí ó thaobh éilimh ar sheirbhísí agus ar chúram leanaí.

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála deimhin de gur saoráid ardchaighdeáin gach saoráid nua, go mbeidh siad suite in áiteanna oiriúnacha, go gcuimseoidh siad na leanaí ar fad, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumas. Moltar d'fhorbróirí dul i gcomhairle le Coiste Cúram Leanaí an Chontae sula dtosóidh siad ag ullmhú iarratas pleanála le fáil amach faoi na riachtanais áitiúla. Ba cheart, a mhéid agus is féidir, áiseanna cúram leanaí agus oideachais luath-óige a chur ar fáil in aice le saoráidí atá riachtanach d'úsáidí eile an phobail eile nó a bheith comhlonnaithe leo.

Cuspóir:

Éascóidh an Chomhairle soláthar áiseanna cúraim leanaí agus oideachais luath-óige ar bhealach inbhuanaithe in áiteanna oiriúnacha lena n-áirítear áiteanna mar seo a leanas: eastáit mhóra nua tithíochta, eastáit tionscail agus pháirceanna gnó, áiteanna gar do scoileanna, lárionaid comharsanachta agus dúiche agus áiteanna in aice le saoráidí iompair phoiblí.

Déanfaidh an Chomhairle measúnú, i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Chainnigh agus leis an gCoiste nua Soch-Eacnamaíoch, ar na riachtanais leanúnacha maidir le cúram leanaí agus áiseanna gaolmhara agus déanfaidh siad athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir lena soláthar i rith tréimhse an Phlean seo.

5.7.1.1 Caighdeáin um Bainistiú Fhorbairt Cúraim Leanaí

Cuirfidh an Chomhairle i bhfeidhm na [Treoirínte d'Údarás Phleanála faoi Áiseanna Cúraim Leanaí](#). Sa chás go moltar forbairt mhór tithíochta, .i. seachtó cúig theach nó níos mó, éileoidh an t-údarás pleanála go dtógfar aonad saincheaptha le haghaidh cúram leanaí ar an láithreán agus go dtabharfar aird ar an leibhéal reatha maidir le soláthar cúraim leanaí sa cheantar. Cuirfidh an Chomhairle an ceanglas seo i bhfeidhm ar bhealach solúbtha.

Déanfar measúnú ar áiseanna cúraim leanaí de ghnáth ó thaobh na nithe seo a leanas:

- Oiriúnacht an tsuímh nó an áitribh ó thaobh cineál agus méid na háise atá á bheartú, ag cur san áireamh an tionchar a bheadh aici ar chonláistí an cheantair.
- An mbeidh tiománaithe agus coisithe in ann an áit a rochtain go héasca agus an mbeidh go leor áiteanna páirceála ann a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun leanaí a fhágáil ag an ionad nó iad a bhailiú ar ball, agus a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó chustaiméirí agus ón bhfoireann dá mbeadh sé sin riachtanach de bharr scála na forbartha agus an méid feithiclí a bheadh ag tarraingt ar an áit.
- An féidir áiteanna leordhóthanacha súgartha faoin aer a sholáthar laistigh de chúirtealáiste gach áise cúraim le haghaidh an lae go léir. Caithfidh an limistéar súgartha amuigh faoin aer a bheith suite sa chaoi go mbeidh an tionchar is lú aige ar réadmhaoine timpeall air, go háirithe i limistéir chónaithe agus ba cheart iad a bheith scartha ó charrchlóis agus ó ionaid le haghaidh seirbhísí.
- Dearadh an struchtúir féin agus an chaoi a d'fhéadfadh sé luí go maith leis an timpeallacht tógtha.
- An chaoi a bheadh gach aon duine in ann é a rochtain go héasca.

Nuair a dhéantar iarratais ar chreiseanna, ar naíonraí agus ar áiseanna réamhscoile ní mór cloí leis na [Treoirlínte d'Údaráis Phleanála faoi Áiseanna Cúraim Leanaí](#), Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. N2) (Leasú) 2006 agus leis na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (Leasú) 2006 agus le Is Maith linn an Áit Seo - Treoirlínte maidir le Dea-Chleachtas i nDearadh Saoráidí Cúraim Leanaí (2005) (nó le haon chaighdeán nó reachtaíocht ábhartha den sórt sin a reachtófar) agus ní mór faisnéis a thabhairt in éineacht leis faoi shonraí na n-uaireanta oscailte atá beartaithe, líon agus raon aoise na leanaí atá beartaithe, líon na foirne atá beartaithe, achar an urláir inmheánaigh a bheidh in úsáid mar chreis ach gan réimsí eile mar chistineacha, leithris, ionaid codlata agus limistéir chúntacha eile a chur san áireamh, sonraí faoi na limistéir súgartha seachtracha agus na socrúithe do thuismitheoirí agus don bhfoireann maidir le páirceáil charranna.

5.7.2 Oideachas Bunscoile, Iar-Bhunscoile & Oideachas Tríú Leibhéal

5.7.2.1 Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

Léiríodh i nDaonáireamh na bliana 2011 gur tháinig méadú 8.98% ar dhaonra an Chontae sa chaoi go raibh 95,419 duine ann. Ba mhéadú 7,861 duine é sin ó 2006 i leith. Is díol suntais é gur tháinig méadú freisin ar líon na ndaoine idir 0 agus 14 bliana d'aois agus tá impleachtaí aige sin don riachtanas maidir le háiseanna oideachais.

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna i mí Eanáir 2012 go raibh infheistíocht shuntasach chaipitil beartaithe i gcomhair áiseanna oideachais⁷²; cé nár tugadh le fios go dtógfáir aon scoileanna nua i gcathair ná i gcontae Cill Chainnigh laistigh den tréimhse sin, luadh roinnt scoileanna a bhfuil sé ar intinn cur leo.

⁷² An Roinn Oideachais agus Scileanna, Preaseisiúint 27 Meitheamh, 2011 <http://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2011-Press-Releases/PR11-06-27.html>

Is iad na hÚdaráis Oideachais go príomha a dhéanann cinntí faoin riachtanais ó thaobh saoráidí oideachasúla sa todhchaí. Mar sin féin, tugtar le fios i [Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála, Cód Cleachtas le haghaidh Údaráis Phleanála](#)⁷³ go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcóras pleanála maidir le forbairtí sa todhchaí a réamh-mheas agus chomhordú a dhéanamh ar sholáthar an bhonneagair tacaíochta riachtanaigh mar bhonneagar iompair, seirbhísí uisce, scoileanna, conláistí agus áiseanna pobail.

Is é príomhról na Comhairle dóthain talún a chur in áirithe laistigh de na lárionaid aitheanta lonnaithe le freastal ar na héilimh dhóchúla a d'fhéadfaí a dhéanamh sa todhchaí ar bonneagar pobail lena n-áirítear ar bhonneagar oideachais. Ba cheart soláthar na n-áiseanna oideachais a phleanáil agus a chur ar fáil in éineacht le forbairt cónaithe. I gcomhréir le [Forbairt Cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha](#) níor cheart leanúint ar aghaidh le haon fhorbairt cónaithe shuntasach gan measúnú a dhéanamh ar acmhainn na scoileanna atá ann cheana féin nó áiseanna scoile nua a chur ar fáil agus an fhorbairt a dhéanamh i ndiaidh a chéile.

I gcás ina bhfuil scoileanna nua ag teastáil, ba cheart iad a bheith suite gar do phríomhcheantar cónaithe an tsráidbhaile nó an bhaile nó gar dó le go mbeidh an oiread leanaí nó daltaí agus is féidir in ann siúl chun na scoile nó dul ag rothaíocht chuici. Ba cheart an deis a thapú chun na scoileanna a thógáil in áiteanna ina gcuirfidh siad go nádúrtha le fás meoin pobail i gcomharsanachtaí nua. Nuair is féidir, ba cheart go mbeadh gréasán cosán agus bealaí rothaíochta chuig na scoileanna sin.

Cuspóir:

Rachaidh an Chomhairle i mbun idirchaidrimh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus le gach soláthraí oideachais, le cabhrú nuair is féidir i bhforbairt ionad leordhóthanach oideachais, agus chun suíomhanna oiriúnacha d'áiseanna nua oideachais a aithint agus éascú a dhéanamh orthu.

5.7.2.2 Dé-Úsáid Foirgneamh Scoile

Acmhainn luachmhar ó thaobh talún agus foirgneamh iad scoileanna agus áitribh oideachais eile agus ní úsáidtear iad de ghnáth ach ar bhonn páirtaimesire. Is féidir le dé-úsáid na n-áiseanna oideachais, nuair nach dtagann sé sin salach ar sholáthar seirbhísí oideachais (.i. lasmuigh d'uaireanta scoile agus le linn laethanta saoire scoile) cabhrú le freastal a dhéanamh ar riachtanais níos leithne an phobail, trí chuidiú leis an éileamh ar réimse gníomhaíochtaí a shásamh.

Nuair is féidir tailte agus foirgnimh a úsáid chun tairbhe an phobail, cuirfidh an Chomhairle a leithéid d'úsáidí chun cinn ach acmhainní a bheith ar fáil chuige. Nuair a bheidh scoileanna nua nó áiseanna pobail nua á moladh, déanfar iarracht a chinntiú go ndearfar iad ar bhealach go mbeifear in ann il-úsáid a bhaint as na foirgnimh.

5.7.2.3 Oideachas Tríú Leibhéal

⁷³ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, [Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála, Cód Cleachtas le haghaidh Údaráis Phleanála](#), 2008

Ba léir ó Dhaonáireamh na bliana 2011 gur éirigh le 22% de na daoine sa chontae a bhí 15 bliana d'aois agus níos sine agus a raibh deireadh tagtha lena gcuid oideachais lánaimseartha cáilíocht tríú leibhéal a bhaint amach. Tá an figiúr sin beagán faoi bhun bhfuil an mheáin náisiúnta de 24.2%.

Tá an obair críochnaithe maidir le haonad Taighde agus Nuálaíochta 3^ú leibhéal agus 4^ú leibhéal a sholáthar ag Coláiste Naomh Ciarán. (Comhfhiontar é seo idir Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (Grúpa Bogearraí & Córais Teileachumarsáide nó GBCT) agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach). Dírionn an t-ionad ar sheirbhísí idirlín den chéad ghlúin eile agus ar nuálaíocht seirbhíse. Tabharfar cúnamh don ionad trí chomhoibriú le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus le hInstitiúidí 3^ú leibhéal eile, féach Cuid 4.3.1).

Ionchorpraíonn Campas Choláiste Chiaráin campas for-rochtana de chuid Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Tá Coláiste Talmhaíochta agus Gairneoireachta Chill an Dáltúnaigh suite i mBaile an Phoill i ndeisceart an chontae. Is é Coláiste Chill an Daltúnaigh an choláiste talmhaíochta is mó sa tír agus is ann a chuirtear an oiliúint is mó ar fáil maidir le Staidéir Eachaí, Innealra, Talmhaíocht agus Gairneoireacht.

Tá réimse cúrsaí breisoideachais agus oiliúna á reáchtáil freisin i roinnt Coláistí Gairmoideachais ar fud an chontae.

Cuspóir: Comhoibriú a mhéadú idir Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh, institiúidí tríú leibhéal atá ann cheana féin agus an Ollscoil Teicneolaíochta atá beartaithe don Oirdheisceart d'fhonn tacú le cruthú fostaíochta, le nuálaíocht agus le foghlaim ar feadh an tsaoil.

5.8 Caipiteal Sóisialta

Is féidir Caipiteal Sóisialta a shainmhíniú mar an méid sin a fhaigheann duine nó grúpa de bharr rannpháirtíochta ghníomhaí i saol a bpobail. Mar shampla, deirtear go bhfaigheann daoine caipiteal sóisialta de bharr bheith ina gcomharsana maithe, de bharr líonrú sa limistéar áitiúil nó mar gheall ar an obair dheonach a dhéanann siad.

Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh tiomanta do phróiseas Clár Oibre 21 maidir le comhpháirtíochtaí a chothú idir údaráis áitiúla agus earnálacha forbartha áitiúla agus earnálacha eile chun beartais áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun pobail inbhuanaithe a chruthú. De thoradh an tiomantais sin bíonn ar an gComhairle Áitiúil dul i mbun a lán comhairliúcháin poiblí faoi na bearta a dhéanann siad. Baineann siad sin le réimse rudaí ó phleananna agus beartais a cheapadh go tionscadail faoi leith a chur chun feidhme, mar shampla Tionscnamh Chill Chainnigh le Tacú le Daoine Breacaosta, Fóram Imeasctha Chill Chainnigh agus tionscadail chaipitiúla a gcuireann an pobal áitiúil ceannaireacht ar fáil dóibh. Cuirfidh an Chomhairle forbairt an chaipitil shóisialta chun cinn trí deiseanna idirghníomhaíochta agus rannpháirtíochta chur ar fáil mar aon le deiseanna chun seirbhísí poiblí a sholáthar ar bhealach comhordaithe.

[Foilsíodh Tús áite do dhaoine: Plean Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtach](#)⁷⁴ i nDeireadh Fómhair 2012. Tá fíis leagtha amach ann don Rialtas Áitiúil sa chaoi gurb é sin an phríomhfhoinsé rialachais agus seirbhíse poiblí ar an leibhéal áitiúil agus go dtreoróidh sé forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus phobail agus go ndéanfaidh sé ionadaíocht éifeachtach agus cuntasach ar na saoránaigh agus ar na pobail áitiúla. Ar na gníomhaíochtaí atá moltá sa bhfís sin tá bunú Coiste Soch-Eacnamaíoch i ngach Cathair agus limistéar Comhairle Contae a bheidh freagrach as pleanáil gach clár forbartha áitiúil agus pobail agus as maoirseacht a dhéanamh orthu. Beidh na Coistí sin freagrach as plean áitiúil agus pobail 5-bliana a fhorbairt don Chathair agus don Chontae, a chuimseoidh gach idirghabháil forbartha áitiúil agus pobail a fhaigheann maoiniú ón Stát agus ón AE. Ós rud é go bhfuil rialtas áitiúil á nascadh le forbairt áitiúil is athrú suntasach é i dtreo cur chuige bunaithe ar chomhoibriú níos mó fós. Cuireann sé seo deis lena chinntiú go ndíreofar maoiniú poiblí níos fearr ar na spriocanna agus nach mbeidh cláir ag teacht trasna ar a chéile. Is é an toradh atá á lorg ná go mbeidh pleanáil níos fearr ann bunaithe ar an gceantar, agus go mbeidh tionchar níos fearr ag na seirbhísí éagsúla forbartha, idir sheirbhísí pobail agus sheirbhísí áitiúla, agus ag an maoiniú agus go rachaidh siad chun tairbhe na saoránach agus na bpobal.

Cé gurb ar an bhFóram Pobail agus Deonach atá ionadaíocht is mó ag an earnáil dheonach i gContae Chill Chainnigh, tá roinnt fóram ann a dhéileálann le saincheistanna sonracha lena n-áirítear; an Fóram na nDaoine Scothaosta, Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil, an Tascfhórsa Áitiúil Drugaí, Fóram Imeachta Chill Chainnigh agus na Grúpaí um Cheartas Sóisialta. Tá sé i gceist le struchtúir nua an Choiste Shocheacnamaíoch go dtiocfaidh na fóraim sin le chéile chun leathnú a dhéanamh ar an nGrúpa um Beartha Chuimsithe Sóisialta a bhíodh ann agus go mbeidh ionadaithe air de chuid na bhfóram agus na ngrúpaí atá ag obair sa Chathair agus sa Chontae ar leibhéal phobail agus contae.

Oibreoidh Údarás Áitiúla Chill Chainnigh i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha, trí an nGrúpa nua méadaithe um Beartha Cuimsithe Sóisialta nó tríd an gCoiste Socheacnamaíoch agus lena phríomhfhoirne sa chathair agus sa chontae, chun éascú a dhéanamh ar soláthar seirbhísí poiblí agus sóisialta i réimsí riachtanais aitheanta ar fud an chontae agus cuimsiú sóisialta agus forbairt a chur chun cinn trí fhorbairt a dhéanamh ar sholáthar comhordaithe seirbhísí agus áiseanna sa chathair agus sa chontae.

Is trí na bearta sin a dhéanfaidh na húdaráis iarracht cur le caipiteal sóisialta sa chathair agus sa chontae.

Cuspóir:

Comhtháthú a dhéanamh ar phleanáil agus ar fhorbairt inbhuanaithe an chontae i dtaca le riachtanais shóisialta, phobail agus chultúrtha an chontae agus na ndaoine atá ina gcónaí ann.

⁷⁴ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Tús áite do dhaoine: Plean Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtach](#), 2012

5.1 Comhtháthú Sóisialta

De réir Dhaonáireamh 2011 aithníonn 13.5% de dhaonra na hÉireann anois gur grúpaí eitneacha iad a bhfuil a bhfréamhacha i dtíortha eile agus go bhfuil cultúr acu nach ionann é agus cultúr thiomlach an daonra, agus gur athdhearbhaigh 0.7% eile ar a laghad a bhféiniúlacht leithleach chultúrtha mar bhaill den Lucht Siúil. Is iad 9.4% agus 0.5% faoi seach na figiúirí comhfhreagracha do Chill Chainnigh agus cé go bhfuil siad beagán níos lú tá siad suntasach fós.

Bunaíodh Fóram Imeasctha Chill Chainnigh i mí Eanáir 2010 mar fhóram leathan ar a bhfuil páirtithe leasmhara ó réimsí éagsúla pobail agus soláthraithe seirbhíse ar spéis leo imeascadh a chur chun cinn agus tá sé d'aidhm fhoriomlán acu: 'Éagsúlacht a aithint agus comhréiteach idirchultúrtha a chur chun cinn i gContae Chill Chainnigh trí dheiseanna a sholáthar d'earnálacha pobail, gnó agus reachtúla idirghníomhú go rialta le chéile agus tacú le tionscnaimh chomhoibritheacha'.

Rinne Fóram Imeasctha Chill Chainnigh, le tacaíocht ó Bhord Forbartha Chontae Chill Chainnigh agus ón Ionad Imeasctha, comhordú ar fhorbairt straitéise fadtéarmaí chun imeascadh a chur chun cinn i gContae Chill Chainnigh - [Straitéis Imeasctha Chill Chainnigh 2013-2017](#)⁷⁵.

Cuimsíonn an straitéis Plean Gníomhaíochta 2013-2017 atá dírithe ar chúig cheannteideal leathana téamacha, atá díorthaithe ó paraiméadair doiciméad beartais a comhaontaíodh ar leibhéal an AE: (1) Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch, (2) Oideachas agus Oiliúint, (3) Rannpháirtíocht Shibhialta agus Saoránacht Ghníomhach, (4) Cuimsiú Sóisialta (dul i ngleic le soláthraithe seirbhíse agus idirghníomhú leo), (5) Cuimsiú Sóisialta (cultúr agus féiniúlacht a chur in iúl; aghaidh a thabhairt ar idirdhealú). Forbraíodh aidhmeanna straitéiseacha agus bearta sonracha faoi gach ceann de na ceanteidil sin, agus aithníodh gníomhaireachtaí comhpháirtíochta straitéiseacha le cabhrú chun na haidhmeanna sin a bhaint amach.

Cuspóir:

Tacú le Fóram Imeasctha Chill Chainnigh chun na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéis Imeasctha Chill Chainnigh 2013-2017 a bhaint amach.

5.2 Seirbhís Leabharlainne

Is é ráiteas misin Leabharlann Chontae Chill Chainnigh ná seirbhís ardchaighdeáin, inrochtana a chur ar fáil a fheabhsóidh saol phobal Chill Chainnigh, trí acmhainn eolais a chur ar fáil agus trí shamhlaíocht, foghlaim ar feadh an tsaoil agus cultúr a chur chun cinn.

Is é ról na leabharlainne mar acmhainn phobail ná:

- Grá na léitheoireachta a spreagadh
- Oideachas agus siamsaíocht a chur ar fáil agus tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus le suaimhneas a ghlacadh
- Eolas a sholáthar do dhaoine agus a ndúshlán a thabhairt, cuidiú leo roghanna eolacha saoil a dhéanamh, tacú le smaointeoireacht chriticiúil,

le saoránacht ghníomhach agus saoirse intleachta

⁷⁵ Fóram Imeasctha Chill Chainnigh, [Straitéis Imeasctha Chill Chainnigh 2013-2017](#)

- Cabhrú le forbairt phearsanta
 - Litearthacht a leathnú agus an léitheoir drogallach a spreagadh
 - Dearcadh léitheoireachta níos leithne a forbairt
 - Lucht féachana a fhorbairt agus foinse inspioráide agus samhlaíochta a chur ar fáil do na hEalaíona agus don Cheol
 - Gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus pobail inbhuanaithe a spreagadh
 - Inrochtaineacht agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn
- trí ábhair i bhformáidí éagsúla a sholáthar a léireoidh éagsúlacht pobail
- Eolas a mhéadú faoi chultúir agus oidhreachtaí áitiúla agus eile
 - Comhchuimhne Chathair agus Chontae Chill Chainnigh a chaomhnú agus cur léi
 - Cur ar chumas daoine leas a bhaint as TFC agus r-Rialtas agus iad sin a chur chun cinn

Leanann an tSeirbhís Leabharlainne uirthi ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna agus ar réimsí a aithníodh i *Wider Horizons: The Library Development Plan 2009-2013* maidir le: Rochtain agus Rannpháirtíocht; Bonneagar; Teicneolaíocht Faisnéise; Bailiúcháin agus Faisnéis Leabharlanna; Bainistíocht agus Foireann; agus Margaíocht agus Cur Chun Cinn.

Osclaíodh Leabharlann Phort an Chalaigh i mí na Nollag 2012, agus cuireadh bailchríoch ar tionscadal caipitiúil Chomhairle Contae Chill Chainnigh chun Leabharlann bhrainte bhuan a sholáthar i ndeisceart an chontae. Infheistíodh breis agus €1,000,000 san áis úrscothach sin chun seirbhís thábhachtach a chur ar fáil sa limistéar sin. Cuimsíonn sé Seirbhísí do Leanaí agus Seirbhísí do Dhaoine Fásta, Áit do Dhéagóirí, seomra Pobail / Cruinnithe, ocht ríomhaire don phobal,

Beidh Leabharlann nua na Cathrach atá molta ag Halla an Chontae i gCathair Chill Chainnigh ina fhoirgneamh suaitheanta agus ina hacmhainn inrochanta phobail don ghlún reatha agus do na glúin atá le teacht agus beidh teicneolaíochtaí agus seirbhísí nua inti. Ar na bpleananna atá beartaithe do leabharlann nua tá páirc poiblí a chuirfear ar fáil trí thailte Halla an Chontae a oscailt don phobal.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag iarraidh feabhas a chur ar an tseirbhís leabharlainne do gach duine agus le forbairt comhpháirtíochtaí inmheánacha agus seachtracha, agus cabhrú chun acmhainní a roinnt agus chun seirbhísí 24 uair an chloig seacht lá na seachtaine a fhorbairt.

Cuspóir:

An obair a chur chun cinn agus Leabharlann nua na Cathrach a chríochnú agus a oscailt ag Halla an Chontae.

5.3 Sláinte

Cuireann gníomhaireachtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha seirbhísí cúraim sláinte agus leighis ar fáil i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh. Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an phríomheagraíocht atá freagrach as chúraim sláinte agus seirbhísí sóisialta agus pearsanta a chur ar fáil do mhuintir Chill Chainnigh. Leis an méadú mór atá tagtha ar an daonra, is féidir a bheith ag súil go mbeidh éileamh ar níos mó ar chúraim sláinte agus ar áiseanna leighis sa chathair agus sa chontae le freastal ar an daonra atá ag cur fúthu anseo anois.

Is é príomhról an Údaráis Pleanála maidir le cúram sláinte ná a chinntiú go bhfuil creat beartais leordhóthanach i bhfeidhm agus go bhfuil talamh bhreise curtha in áirithe lena húsáid má bhíonn seirbhísí breise ag teastáil. Ba cheart soláthar amach anseo a phleanáil agus a chur i bhfeidhm in éineacht le forbairtí cónaithe, go háirithe má bhíonn siad á dtógáil i gcomhthéacs Pleananna do Ceantair Áitiúla. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála suímh in áirithe i gcomhairle le FSS le haghaidh áiseanna cúraim sláinte laistigh de lárionaid forbartha.

Léiríonn cur chuige Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le beartais go bhfuil siad ag imeacht ón gcúram traidisiúnta a chuirtear ar fáil in ospidéal i dtreo chúram i measc an phobail ina leagtar béim níos mó ar fhoirne cúraim phríomhúil a bhíonn ag fhreastal ar riachtanais na ndaoine ar an leibhéal áitiúil. D'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí "an Straitéis um Chúram Príomhúil" in 2001 inar cuireadh cur chuige foirne chun cinn maidir le soláthar seirbhíse. Is é an aidhm atá ag an gcur chuige sin ná seirbhís lán-chomhtháite chúraim phríomhúil a chur ar fáil. Is éard is Foireann Cúraim Phríomhúil ná foireann gairmithe sláinte a bhíonn ag obair i ndlúthpháirtíocht le chéile chun freastal ar riachtanais daoine atá ina gcónaí i measc an phobail. Cuireann siad pointe teagmhála amháin leis an gcóras sláinte ar fáil don duine aonar. Dá bhrí sin, i gcás daoine a bhfuil cleachtais liachta acu agus ar mian leo a n-áitreabh a fhorbairt moltar dóibh seirbhís "ilfhreastail" sláinte príomhúil agus seirbhís cúraim phobail a chur ar fáil in aon fhoirgneamh amháin. Tabharfar spreagadh chun ionaid chúraim mhíochaine ilfhreastail agus cleachtais dochtúirí teaghlaigh a chur ar fáil ag suíomhanna a mbeidh an phobail i gcoitinne in ann iad a rochtain go héasca.

Tá dhá ionad cúraim phríomhúil sláinte i gContae Chill Chainnigh - ceann amháin i gcathair Chill Chainnigh agus ceann eile i gCallainn. Tá sé fhoireann cúraim phríomhúil breise ag obair ar fud an chontae trí líonra ionad sláinte a oibríonn i gcomhar le chéile.

Is féidir iad seo a leanas a áireamh mar áiseanna cúraim sláinte: ionaid sláinte, ionaid lae, aonaid altranais phobail, ionaid acmhainní teaghlaigh, tithe altranais nó ionaid téarnaimh, árais chónaithe pobail, ionaid oibre do dhaoine éislinneacha, ionaid gníomhachaithe agus áiseanna cónaitheacha do leanaí agus do dhéagóirí. Ní mór na háiseanna sin a bheith suite in áiteanna ina mbeidh siad ina ndlúthchuid de phobail nua nó de phobail atá ann cheana féin agus gur féidir iad a rochtain go héasca.

5.3.1 Tithe Altranais

Ós rud é go bhfuil an daonra ag dul in aois rinneadh éascú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta ar infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt réimse áiseanna do dhaoine scothaosta, lena n-áirítear aonaid altranais.

5.3.1.1 Caighdeán um bainistiú forbartha

Ba cheart go mbeadh tithe altranais agus tithe cúraim chónaithe suite nuair is féidir i limistéir chónaithe bailte agus sráidbhailte sa chaoi go mbeadh na cónaitheoirí agus na baill foirne in ann na sheirbhísí áitiúla a rochtain go héasca. Aithníonn an Chomhairle gur ceart tithe altranais a chur ar fáil i gceantair oiriúnacha thuaithe chomh maith le ceantair uirbeacha. I gcás na ceantar tuaithe, bheadh sé níos fearr tithe altranais a thógáil laistigh de líonra na mbailte agus na sráidbhailte atá sa chontae le freastal ar an éileamh tuaithe.

Cuirfear na pointí seo a leanas san áireamh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar iarratais pleanála chun teach altranais a dhéanamh d'áras cónaithe nó d'fhoirgneamh eile:

- An chaoi a gcomhlíontar na caighdeáin atá leagtha síos sna Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2009 agus sna Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) (arna leasú) 2010 (nó le haon chaighdeán nó reachtaíocht ábhartha den sórt sin a reachtófar);
- A ghairne is atá sé do sheirbhísí agus áiseanna áitiúla;
- An tionchar a bheadh aige ar chonlástí na sealúchas cónaithe taobh leis;
- An gcruithódh a leithéid d'úsáid guais tráchta
- An mbeadh go leor spásanna páirceála carranna ann do chuirteoirí agus d'fhostaithe agus an mbeadh áit ann le carranna a chasadh;
- An mbeadh rochtain leordhóthanach agus limistéir casta ann le haghaidh feithiclí éigeandála;
- An mbeadh go leor spáis oscailte príobháideach ann;
- An mbeadh siúlbealaí ann le go bhféadfadh coisithe na háiseanna sóisialta agus pobail atá sa lonnaíocht a rochtain;
- An mbeadh saoráidí ann le freastal ar réimse cónaitheoirí ó dhaoine a bhfuil cóiríocht leath-neamhspleách uathu go daoine a bhfuil ardleibhéal cúraim riachtanach dóibh;
- An bhfuil an méid agus an scála oiriúnach don cheantar.

5.3.2 Ospidéal

Tá roinnt ospidéal ag freastal ar mhuintir Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Ospidéal ghéarmhíochaine i gCill Chainnigh iad Ospidéal Naomh Lúcas agus Ospidéal Ortaipéideach Lourdes, An Choill Chríon. Tá pleananna déanta chun síneadh a chur le hOspidéal Ginearálta Naomh Lúcas le go mbeidh roinn nua éigeandála ann mar aon le haonad nua um measúnú sláinte agus barda nua le haghaidh seirbhísí lae. Tá rochtain ag muintir an chontae ar ospidéal sna contaetha máguaird, mar shampla Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge. Tá dhá ospidéal dúiche sa chontae a fhreastalaíonn go príomha ar riachtanais daoine scothaosta agus ina gcuirtear seirbhís leath bhealach idir dianchúram agus gnáthchúram ar fáil dóibh freisin, agus tá Ospidéal Meabhair-Shláinte Naomh Cainneach suite i gCathair Chill Chainnigh. Mar aon leis na háiseanna poiblí atá ann cuireann oibreoirí príobháideacha áiseanna cúraim sláinte ar fáil ar fud an chontae lena n-áirítear an tOspidéal Príobháideach Ginearálta san Áit Aoibhinn.

Éascóidh an Chomhairle forbairt agus leathnú na n-áiseanna cúraim sláinte agus cúram liachta sa chathair agus sa chontae ar féidir iad a rochtain go héasca agus a fhreastalaíonn ar riachtanais lucht úsáidte seirbhísí áitiúla sa chathair agus sa chontae, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus chomhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha.

5.4 Aosú Dearfach

Bhí Údarás Áitiúla Chill Chainnigh gnóthach ó 2010 i leith ag obair i dTionscnamh an Chontae le Tacú le Daoine Breacaosta. Is í Cill Chainnigh an dara contae in Éirinn a Thacaíonn le Daoine

Breacaosta. Tagann an coincheap maidir le Pobal a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ó thionscnamh a thosaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte in 2007. Is é aidhm an tionscnaimh um Chontae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ná daoine aosta agus a bpobail a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhfeabhsú a bpobail agus áiteanna níos sláintiúla agus níos sábháilte a dhéanamh díobh ina bhféadfaidh daoine scothaosta maireachtáil agus rath a bheith orthu.

Ba é an Comhaontas um Thacú le Daoine Breacaosta a bhunaigh [Straitéis Chontae Chill Chainnigh um Thacú le Daoine Breacaosta](#)⁷⁶ tar éis dóibh dul i mbun chomhairliúcháin ar fud an chontae; luaitear i bhfís na straitéise sin *'Téann sé chun tairbhe daoine de gach aois nuair a dheartar pobail le tacú le daoine breacaosta, agus nuair is áiteanna iad ina mbaineann daoine breacaosta an acmhainn is mó is féidir leo as a saol agus ina bhfuil meas ar thallanna, ar thaithí agus ar eagna dhaoine scothaosta agus ina mbaintear tairbhe astu'*.⁷⁷ Clúdaíonn an straitéis seacht réimse shonracha ó thaobh bearta a rachaidh chun tairbhe daoine scothaosta - (1) Meas agus Cuimsiú Sóisialta agus Rannpháirtíocht Sóisialta, (2) Cúrsaí Iompair, (3) Cúrsaí Baile, (4) Cumarsáid agus Faisnéis, (5) Tacaíocht an Phobail agus Seirbhísí Sláinte, (6) Spásanna Amuigh faoin Aer, an Timpeallacht Fhisiceach agus Seirbhísí Poiblí agus (7) Rannpháirtíocht Shibhialta agus Fostaíocht. Bunaíodh Fóram na nDaoine Scothaosta mar chuid de Chlár Chontae Chill Chainnigh um Thacú le Daoine Breacaosta agus bhí siad gníomhach ag cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na bearta atá leagtha amach sa Straitéis agus tharraing siad anuas ceisteanna mar chuid den phróiseas comhairliúcháin don phlean seo. Tugtar aghaidh i gcodanna eile den phlean seo ar cheisteanna a tarraingíodh anuas sa straitéis agus ag Fóram na nDaoine Scothaosta - lena n-áirítear Tithíocht, Cúrsaí Iompair, Sláinte, Riachtanais le haghaidh Forbairtí Nua agus ceisteanna a bhaineann le Caitheamh Aimsire. Chomh maith leis sin glactar sa Phlean le coincheap maidir le Dearadh Uilíoch (a bhfuil cuntas tugtha air níos luaithe) agus moltar nuair atá pleanáil á déanamh don timpeallacht thógtha gur cheart díriú ar éascú a dhéanamh ar rochtain, ar shoghluasteacht agus ar rannpháirtíocht daoine de gach aois, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas buan ar feadh a saoil.

Ó thaobh na timpeallachta tógtha de, aithníodh in a lán staidéar éagsúil go gcuireann sé ar chumas daoine scothaosta nach bhfuil cumas iomlán soghluaiseachta acu páirt níos iomláine a ghlacadh sa tsochaí má bhíonn cosáin ar fáil a bhfuil bail cheart coinnithe orthu, agus suíocháin ar fáil in áiteanna agus i bhfoirgnimh phoiblí, agus má bhíonn rochtain acu ar chórais iompair (go háirithe i gceantair tuaithe).⁷⁸

Cuspóir:

Tacú le cuspóirí [Straitéis Chontae Chill Chainnigh um Thacú le Daoine Breacaosta](#) agus Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a dhéanamh de Chill Chainnigh.

⁷⁶ Age Friendly Alliance. [Kilkenny Age Friendly County Strategy](#). Modern Printers, Cill Chainnigh, 2009.

⁷⁷ Age Friendly Alliance. [Kilkenny Age Friendly County Strategy](#). Modern Printers, Cill Chainnigh, 2009, lch.5.

⁷⁸ Shannon, Sinead. [An Clár Oibre Nua maidir le hAosú - A Chinntiú qurb í Éire an Tír is Fearr le Dul in Aois Intí](#). Aging Well Network, Baile Átha Cliath, 2012.

6 Forbairt Tuaithe

6.1 Réamhrá

Mar is léir ó thorthaí [Daonáireamh 2011](#), Contae tuaithe is ea Contae Chill Chainnigh den chuid is mó fós. Tá 63% de dhaonra an chontae ina gcónaí i gceantair thuaithe⁷⁹. In 2011 bhí 7.3% den fhórsa saothair i gCill Chainnigh rangaithe sa Ghrúpa Tionsclaíoch Leathan A - Talmhaíocht, Foraoiseacht & lascaireacht, i gcomparáid le 4.1% ar fud na tíre⁸⁰.

Aithníonn an Chomhairle an gá atá le hathrú tuaithe a bhainistiú agus forbairt a threorú agus beidh sí ag obair d'fhonn:

- An phobail tuaithe atá ann cheana féin a chothabháil agus a fheabhsú lena chinntiú go mbeidh na ceantair thuaithe bheoga agus inbhuanaithe,
- Cur le tarraingteacht na timpeallachta tógtha i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe mar áiteanna oibre agus cónaithe agus mar áiteanna ina bhféadfaí infheistiúocht a dhéanamh i dtionscail, i seirbhísí agus sa turasóireacht.
- A chinntiú go léireofar meas ar an timpeallacht tuaithe agus a chinntiú nuair atá forbairt á déanamh i gceantair thuaithe go ndéanfar í ar bhealach inbhuanaithe
- Coincheap leathan maidir le forbairt na tuaithe a chur chun cinn nach mbeidh bunaithe go hiomlán ar an talmhaíocht ná ar acmhainn mhór nádúrtha amháin ach a spreagfaidh forbairt inbhuanaithe acmhainní in earnálacha mar thalmhaíocht agus turasóireacht lena n-áirítear agrathurasóireacht, foraoiseacht, éagsúlú feirme, agus acmhainní fuinnimh in-athnuaite.

6.2 Talmhaíocht

Cuid ríthábhachtach de shaol eacnamaíoch an Chontae í an talmhaíocht agus tá an-éifeacht aici maidir le cothú, feabhsú agus cothabháil gheilleagar agus chultúr na tuaithe. Thacaigh an talmhaíocht leis an bhfás atá tagtha ar an ioncam ó easpórtálacha le blianta beaga anuas.

Tá an earnáil agraibhia fréamhaithe go maith i gCill Chainnigh agus nuair a chuirtear táirgeadh bia agus dí san áireamh freisin is sciar mór iad den gheilleagar áitiúil. Is iad Glanbia PLC agus Connollys Redmills na cuideachtaí móra atá ag feidhmiú san earnáil sin sa chontae, agus tá 40 táirgeoir, idir bheag agus mheánmhéide, ag táirgeadh bia cearda freisin.

6.2.1 Fómhar Bia 2020

⁷⁹ An Phríomh-Oifig Staidrimh 2011, Daonra de réir Ceantair, Tábla 3: Daoine, fireannaigh agus bainearnaigh sna ceantair bhaile chomhiomlána agus sna ceantair thuaithe chomhiomlána de gach cúige, contae agus cathair agus céatadán an daonra sa cheantar baile comhlán

⁸⁰ An Phríomh-Oifig Staidrimh 2011, Próifíl 3, Ag Obair - Fostaíocht, Slite Beatha agus Tionscal Tábla 3: Daoine 15 bliana d'aois agus níos sine ag obair i ngach contae agus cathair, arna rangú de réir grúpa leathan tionsclaíoch (NACE Rev. 2)

Is éard atá i dTuarascáil [Fómhar Bia 2020](#)⁸¹ ná straitéis le haghaidh forbairt na hearnála agrairbhia (lena n-áirítear deochanna), iascaigh agus foraoiseachta sa mheántéarma go dtí 2020. Tá spriocanna leagtha amach sa Tuarascáil faoi na méaduithe i luach agrairbhia atá le baint amach roimh 2020. Tá na spriocanna eárnálacha seo a leanas mar bhunsraith faoi na spriocanna airgeadais:

- Méadú 50% ar tháirgeadh bainne
- Méadú 20% ar luach an aschuir mairteola
- Méadú 20% ar luach an aschuir caorach
- Méadú 50% ar luach an aschuir muiceola
- Méadú 10% ar luach an aschuir éanlaithe
- Méadú 78% ar tháirgeadh dobharshaothraithe

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht d'fhorbairt na talmhaíochta le freastal ar na spriocanna eárnála.

Spreagfar daoine chun cleachtais inbhuanaithe talmhaíochta a úsáid lena chinntiú nach gcuirfidh forbairt isteach ar thaitneamhacht amhairc na tuaithe agus go gcosnófar sruthchúrsaí agus limistéir a bhfuil tábhacht éiceolaíochta ag baint leo ó bhagairt truaillithe. Tabharfar tacaíocht do chur i bhfeidhm scéimeanna mar an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) agus an Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta.

6.2.2 Eachaí

Aithníonn an Chomhairle an ról agus an tábhacht a bhaineann leis an tionscal eachaí agus go háirithe le pórú, tógáil agus oiliúint capall folaíochta agus tacóidh sí le feabhsú agus leathnú an tionscail eachaí sa chontae.

6.2.3 Éagsúlú

Tá éagsúlú déanta ag feirmeoirí ar a gcuid oibre agus iad ag plé le réimsí mar ghairneoireacht, foraoiseacht agus agrathurasóireacht anois. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht d'fhorbairt tionscal atá gaolmhar le talmhaíochta, agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a mheastar gur úsáidí oiriúnacha iad, faoi réir cosaint na hoidhreachta agus conláistí. Go háirithe, spreagfaidh an Chomhairle feirmeoirí chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh feirme atá iomarcach ach a bhfuil tábhacht ag baint leo mar shamplaí den stíl dhúchasach tógála chun go bhféadfaidh siad fiontair oiriúnacha a réachtáil iontu. Tá sonraí breise faoi fhorbairt eacnamaíoch i gceantair tuaithe le fáil i gCaibidil 4 Forbairt Eacnamaíoch.

6.2.4 Caighdeán um Bainistiú Forbartha

- Beidh ardchaighdeán dearaidh agus cothabhála riachtanach i gcás gach forbartha i gceantair thuaithe.
- Déanfar forbairtí talmhaíochta a thógáil ar bhealach agus in áiteanna a chinnteoidh nach mbeidh aon bhaol truaillithe ann do screamhuisce ná d'uisce dromchla.

⁸¹ An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, [Fómhar Bia 2020, Fís d'agraibhia agus d'iascaigh na hÉireann](#), 2010

- Éileofar i gcás foirgneamh agus struchtúr i gceantair íogair ó thaobh radhairc de:
 - o go mbeadh siad suite chomh neamhfheiceálach agus is féidir;
 - o go mbeadh siad suite le chéile ina mbraisle sa chaoi go mbeidh siad ina ngné aontaithe ar leith sa tírdhreach;
 - o go n-úsáidfí ábhair oiriúnacha lena dtógáil agus go mbeadh dathanna oiriúnacha orthu; agus
 - o go gcuirfí speicis dhúchasacha mar fhoscadh timpeall orthu

6.3 Iascaireacht

Tá clú agus cáil ar an mBearú, an Fheoir agus an tSiúir leis na cianta mar na haibhneacha bradáin agus garbhiascaireachta is fearr in Éirinn. Abhainn thábhachtach iascaireachta í an Abhainn Rí freisin. Tá an iascaireacht ina hacmhainn thábhachtach i gcónaí sa chontae agus d'fhéadfaí í a fhorbairt ina ceart féin agus ar mhaithe le forbairt na turasóireachta. Is acmhainn í ar féidir léi cuidiú le forbairt turasóireachta sa chontae agus le héagsúlú tuaithe agus tabharfar spreagadh d'fheirmeoireacht éisc, do mhuirshaothrú agus do thurasóireacht oiriúnach slatiascaireachta. Rachaidh an Chomhairle i mbun idirchaidrimh le Bord Iascaigh an Deiscirt agus éascóidh sí a gcuid oibre i dtaca leis seo.

6.3.1 Caighdeán um Bainistiú Forbartha

- Éilítear sna caighdeáin go mbeidh socruithe i ngach togra forbartha le go mbeidh na héisc go léir in ann gluaiseacht gan bac le sruth agus in aghaidh an tsrutha.
- Tabharfar tús áite do chosaint cháilíocht an uisce nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar thograí forbartha.

6.4 Tionscail Eastóscacha

Bhíodh taise mór luaidhe agus since sa Chontae ag Gabhalmhaigh a bhíodh á saothrú mar mhianaigh Ghabhalmhaigh ach atá dúnta anois. Tá go leor gainimh agus gairbhéil agus acmhainní cloiche sa Chontae a bhfuil leas á bhaint astu faoi láthair. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le tionscail eastóscacha don gheilleagar áitiúil agus don gheilleagar náisiúnta mar fhoinse luachmhar amhábhair do chúrsaí tionscail i gcoitinne agus don tionscal tógála go háirithe agus mar fhoinse thábhachtach fostaíochta. Mar sin féin is féidir leis an tionscal fíor-dhrochthionchar a bheith aige ar an tírdhreach agus ar thaitneamhachtaí i gcoitinne, lena n-áirítear cruthú tráchta agus deannaigh, creathadh, torann, truailliú uisce agus cur isteach ar amhairc. [Foilsíodh Treoirlínte d'Údaráis Phleanála faoi Chairéil agus faoi Ghníomhaíochtaí Coimhdeacha](#)⁸² in 2004

6.4.1 Mapáil ar Acmhainneacht Ghreannmheallta

Tá mapáil déanta ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ar Acmhainneacht Ghreannmheallta Chontae Chill Chainnigh mar chuid de clár maoinithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta⁸³. Is éard atá i

⁸² An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, [Treoirlínte d'Údaráis Phleanála faoi Chairéil agus faoi Ghníomhaíochtaí Coimhdeacha](#), 2004

⁸³ <http://spatial.dcenr.gov.ie/APM/index.html>

ngreannmheall ná aon ábhar crua, támh a úsáidtear ina bhlúirí de mhéideanna éagsúla, bíodh siad scaoilte nó cheangailte le chéile, chun bóithre a dhéanamh nó in obair thógála eile. Faightear greannmheallta in Éirinn (a) ó ghaineamh agus ó ghairbhéal, ar a dtugtar ábhar gráinneach, agus (b) ó bhuncharraigeacha a shéidtear is a bhrúitear i cairéil. Tá Acmhainn Ghreannmheallta Gráinneacha agus Acmhainn Ghreannmheallta Carraigeacha Brúite araon aitheanta sa mhapáil.

Is léir ón léarscáil maidir le hAcmhainn Ghreannmheallta Gráinneacha go bhféadfadh mórchuid den ábhar sin a bheith le fáil i dtuaisceart an chontae, ar feadh Aibhneacha na Feoire, na Deighníne agus na hUaithne, féach Figiúr 6.1. Taispeánann an léarscáil faoi Acmhainn Ghreannmheallta Carraigeacha Brúite go bhfuil an-éagsúlacht le sonrú ar fud an chontae.⁸⁴, féach Figiúr 6.2. Aithnítear gur réamhobair atá sa léarscáileanna sin agus gur féidir sonraí mionsonraithe breise a chur leis an anailís.

Toisc gur tionscal an-tábhachtach é an tionscal eastósctha a bhíonn ag freastal ar na hearnálacha fuinnimh, tógála agus tionscail, tá sé tábhachtach an forbairt a éascú, go háirithe trí cúltaisc mianraí a chosaint chun nach ndéanfar forbairt mhíchuí gar dóibh a d'fhéadfadh deacrachtaí a chruthú maidir le leas a bhaint as an acmhainn. Déanfaidh an Chomhairle iarracht dá bhrí sin na hacmhainní luachmhara sin a chosaint le go bhféadfar iad a eastóscadh sa todhcháí.

6.4.2 Caighdeán um Bainistiú Forbartha


- Beidh aird ag an gComhairle ar an méid seo a leanas:
 - [Treoirlínte d'Údaráis Phleanála faoi Chairéil agus faoi Ghníomhaíochtaí Coimhdeacha](#)⁸⁵,
 - [Cód Comhshaoil an ICF](#)⁸⁶ agus na
 - [Treoirlínte um Bainistiocht Comhshaoil, Bainistiocht Comhshaoil sa Tionscal Eastósctha](#)⁸⁷.
- Éileoidh an Chomhairle go gcloífead le treoirlínte an EPA [Bainistiocht Comhshaoil sa Tionscal Eastósctha](#) mar chaighdeán don tionscal eastósctha i gCill Chainnigh.


⁸⁴ Tá na léarscáileanna le feiceáil ar shuíomh gréasáin Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann [anseo](#).

⁸⁵ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, [Treoirlínte d'Údaráis Phleanála faoi Chairéil agus faoi Ghníomhaíochtaí Coimhdeacha](#), 2004

⁸⁶ [Cód Comhshaoil](#), an Irish Concrete Federation, 2005

⁸⁷ [Treoirlínte um Bainistiocht Comhshaoil, Bainistiocht Comhshaoil sa Tionscal Eastósctha](#), leis an EPA, 2006





- A chinntiú go ndéanfar na hoibreacha eastósctha atá ann a athshlánú chun go bhféadfar an talamh a úsáid ar bhealach oiriúnach agus a chinntiú maidir le gníomhaíochtaí eastósctha sa todhchaí go mbeidh socruithe déanta chun claiseanna a athshlánú agus go ndéanfar bainistíocht cheart ar úsáid talún.
- Tionchair timpeallachta agus eile de bharr eastósctha mianraí a íoslághdú trí chóras dian ceadúnúcháin a chur i bhfeidhm mar aon le rialú forbartha agus riachtanais forfheidhmithe i gcás cairéal agus forbairtí gaolmhara eile lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, breithniú a dhéanamh ar thionchair amhairc, modhanna eastósctha, leibhéil torainn, cosc smúite, cosaint screamhuisce agus uisce dromchla, tionchair ar áiseanna cónaithe agus eile, tionchair ar an ngréasán bóithre (go háirithe maidir le haon damáiste a dhéanfar do bhóithre a chur ina cheart), sábháilteacht ar bhóithre, céimniú, ath-insealbhú agus tírdhrechtú na láithreán a oibríodh.

6.5 Foraoiseacht

Is iomaí tairbhe dhíreach a sholáthraíonn foraoiseacht do phobail áitiúla trí phlandálacha a bhunú, agus sna seachthairbhí a bhíonn aici i seirbhísí tacaíochta, mar thionscail éagsúla ó cheardaíocht adhmaid go próiseáil tionsclaíoch, agus turasóireacht tuaithe. Lena chois sin cuireann sí le laghdú gás ceaptha teasa trí dé-ocsaíd charbóin a ionsú ón atmaisféar.

Tugadh le fios sa Plean Straitéiseach d'fhoraoiseacht in Éirinn, a leagadh amach sa cháipéis [Ag Fás don Todhchaí - Plean Straitéiseach d'Fhorbairt na hEarnála Foraoiseachta in Éirinn](#)⁸⁸, a foilsíodh i 1996, go dtiocfadh méadú faoi cheathair ar an méid adhmaid a gheofar ó fhoraoisí na hÉireann idir 1996 agus 2030. Is é straitéis an Rialtais maidir le forbairt foraoiseachta ná an méid talún atá faoi fhoraoiseacht a mhéadú go mór. Dar leis an tSeirbhís Foraoise, bhí 7.8% den chontae faoi clúdach foraoise in 2007⁸⁹. Bhí an céatadán sin méadaithe go 9.98% in 2011 agus 20,573ha san iomlán faoi fhoraoiseacha⁹⁰. Tá 10.92% de thalamh na tíre faoi chumhdach foraoise anois.

D'fhoilsigh Seirbhís Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta, lascaigh agus Bia [Ráiteas Táscach faoi Fhoraoiseacht](#) in 2008⁹¹. Tá treoir ardleibhéil náisiúnta sa Ráiteas faoi Fhoraoiseacht sin maidir leis an talamh atá oiriúnach le haghaidh foraoiseachta. Tá léarscáil ann ina dtugtar forbhreathnú ar na deiseanna agus ar na srianta atá ann maidir le foraoiseacht ar leibhéal náisiúnta.

⁸⁸ An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta, [Ag Fás don Todhchaí - Plean Straitéiseach d'Fhorbairt na hEarnála Foraoiseachta in Éirinn](#), 1996

⁸⁹ An tSeirbhís Foraoiseachta, [Fardal Náisiúnta Foraoiseacha](#), 2007

⁹⁰ An Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia, an tSeirbhís Foraoiseachta [Staitisticí faoi Fhoraoisíú](#), 2011

⁹¹ An Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia, an tSeirbhís Foraoiseachta [Ráiteas Táscach faoi Fhoraoiseacht](#), 2008

Ní mór nádúr agus scála na ngníomhaíochtaí foraoiseachta a bheith oiriúnach don cheantar máguaird, chun nach gcuirfidh siad as don tírdhreach. Ba cheart féachaint ar an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha i gCaibidil 8 chun treoir a fháil faoi na ceantair sin ina bhféadfaí coillearnacha nua a chur ag fás agus faoi na ceantair sin a d'fhéadfadh a bheith íogair ó thaobh tograí nua foraoiseachta.

Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh do rochtain phoiblí a sholáthar ar fhoroiseacha nua le cosáin siúil agus cosáin marcaíochta, limistéir áineasa agus saoráidí eile den sórt, féach Caibidil 7.

6.5.1 Bainistíocht Inbhuanaithe Foraoise

Is éard atá i gceist le bainistíocht inbhuanaithe foraoise ná foraoiseacha agus tailte foraoise a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe sa chaoi go gcothabháiltear a mbithéagsúlacht, a dtáirgiúlacht, a mbeogacht, a gcumas athghiniúna, agus a n-acmhainneacht ó thaobh feidhmeanna ábhartha éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta a chomhlíonadh anois agus sa todhchaí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, agus domhanda agus é sin ar bhealach nach ndéanann dochar d'éiceachórais eile. Tá an tSeirbhís Foraoiseachta ag cur Bainistíocht Inbhuanaithe Foraoiseacha i bhfeidhm lena chinntiú go dtagann gach adhmaid a tháirgtear in Éirinn ó fhoroisí atá bainistithe go hinbhuanaithe. Taca faoin mbeartas sin is ea an [Caighdeán Náisiúnta um Fhoroiseacha na hÉireann](#)⁹², an [Cód um Dhea-chleachtas Foraoiseachta](#)⁹³ agus sraith treoirlínte comhshaoil (a bhaineann le cáilíocht uisce, tírdhreach, seandálaíocht, bithéagsúlacht gearradh crann agus soláthar adhmaid) chomh maith le hobair na Cigireachta Foraoiseachta agus an t-athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar reachtaíocht foraoiseachta na hÉireann.

Lena chinntiú go gcuirtear Bainistíocht Inbhuanaithe Foraoise i bhfeidhm, d'fhoilsigh an tSeirbhís Foraoiseachta an tacar sé Treoirlíne seo a leanas:

- [Treoirlínte faoi Fhoroiseacht agus faoi Chaighdeán Uisce](#)
- [Treoirlínte faoi Fhoroiseacht agus faoin Tírdhreach](#)
- [Treoirlínte faoi Fhoroiseacht agus faoi Sheandálaíocht](#)
- [Treoirlínte faoi Fhoroiseacht agus faoi Bhithéagsúlacht](#)
- [Treoirlínte Comhshaoil maidir le Baint Adhmaid na bhForaoiseacha](#)
- [Treoirlínte faoi Chosaint Foraoiseacha](#)

6.5.2 Caighdeán um Bainistiú Forbartha

- Aird a thabhairt ar an [Ráiteas Táscach faoi Fhoroiseacht](#) agus ar thacar *Treoirlínte na Seirbhíse Foraoiseachta* nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar aon iarratas foraoiseachta.

⁹² Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha, An tSeirbhís Foraoiseachta, [Caighdeán Náisiúnta um Fhoroiseacha na hÉireann](#), 2000

⁹³ Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha, An tSeirbhís Foraoiseachta, an [Cód um Dhea-chleachtas Foraoiseachta](#), 2000

- Bainistíocht inbhuanaithe foraoise a spreagadh agus é a bheith de cheangal i gcás gach togra foraoiseachta go mbeadh éagsúlacht speiceas i gceist ann agus go háirithe é a bheith de cheangal maidir le gach forbairt nua foraoiseachta go mbeadh cuid de tugtha do speicis dhúchasacha crua-adhmaid d'fhonn cur leis na réimsí úsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as sa deireadh agus chun laghdú a dhéanamh ar aon drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag monashaothrú ar an tírdhreach.

6.6 Iompar Tuaithe

Bíonn seirbhísí bus tábhachtach go háirithe i limistéir tuaithe a bhfuil daonra beag scaipthe iontu agus nuair is féidir leibhéal ghluaiseachta na ndaoine a bheith íseal. Tá ról tábhachtach ag tionscadail iompair tuaithe ar nós 'Ring-a-Link' maidir le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar, go háirithe i gceantair imeallacha, agus chun rochtain a sholáthar ar na seirbhísí atá ar fáil sna bailte. Tionscnamh iompair tuaithe is ea Ring-a-Link a fhreastalaíonn ar phobail tuaithe i gContae Chill Chainnigh. Seirbhís iompair solúbtha, pobalbhunaithe, tuaithe is ea é a chuireann seirbhís ó dhoras go doras ar fáil le freastal ar riachtanais daoine nach féidir leo iompar poiblí nó príobháideach a rochtain sna háiteanna ina bhfuil siad.

Tá ról ríthábhachtach sóisialta ag seirbhísí bus tuaithe i bpobail uirbeacha agus tuaithe agus nascann siad limistéir tuaithe le lonnaíochtaí agus le seirbhísí riachtanacha mar scoileanna agus áiseanna cúraim sláinte. Leanfaidh na seirbhísí bus, idir phoiblí agus phríobháideach, orthu ag soláthar na príomhsheirbhíse iompair phoiblí sa réigiún. Beidh na bearta seo a leanas ag teastáil le feabhas a chur ar éifeachtacht na seirbhísí iompair tuaithe:

- (a) naisc níos fearr le sheirbhísí idir-réigiúnacha bus ag pointí nasctha.
- (b) Forbairt agus úsáid teicneolaíochta nua le tacú le freagraí a thabhairt ar an éileamh ar sheirbhísí.

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do thionscnaimh áitiúla, phobalbhunaithe chun seirbhísí iompair tuaithe a chur ar fáil sa Chontae agus éascóidh sí iad. Cuirfidh sé seo feabhas ar inrochtaineacht agus cuirfidh sé cuimsiú sóisialta chun cinn.

7 Áineas, Turasóireacht & na hEalaíona

Is iomaí feidhm atá ag spásanna oscailte maidir le feabhsú cathracha, bailte, sráidbhailte tuaithe agus an limistéar tuaithe níos leithne, lena n-áirítear feidhmeanna a bhaineann le háineas, le bithéagsúlacht, agus le hoideachas, agus tá buntáistí sóisialta, pobail agus sláinte ag baint leo freisin. Ní amháin go bhfuil páirceanna imeartha, páirceanna, gairdíní agus spásanna oscailte neamhfhoirmiúla tábhachtach mar acmhainn áineasa ach soláthraíonn siad réimsí luachmhara glasa mar chonairí agus mar ghnáthóga don fhiadhúlra, agus feidhmíonn siad mar maoláin idir úsáidí éagsúla talún, cuireann siad le taitneamhacht radhairc go háirithe in áiteanna forbartha agus cuireann siad le sláinte agus le cáilíocht beatha na saoránach.

Tá an Chomhairle tiomanta do chosaint agus d'fhorbairt inbhuanaithe conláistí an chontae ar mhaithe le caitheamh aimsire a rachaidh chun tairbhe chónaitheoirí an Chontae agus le cabhrú chun turasóireacht a chur chun cinn. Úsáidfidh an Chomhairle na cumhachtaí atá aici faoi na hAchtanna um Pleanáil agus um Fhorbairt lena chinntiú go gcuirfear áiseanna agus spás oscailte leordhóthanacha áineasa ar fáil do gach grúpa den daonra achar oiriúnach óna dtithe agus óna n-áiteanna oibre.

Is féidir leo siúd atá ina gcónaí i gCathair Chill Chainnigh agus sa Contae agus iad siúd a thagann ar chuairt anseo tairbhe a bhaint as oidhreacht shaibhir nádúrtha, lena n-áirítear gleannta, aibhneacha, bogair, coillearnacha, sléibhte agus tailte arda. Tá na gnéithe sin den oidhreacht nádúrtha mar aon le spásanna oscailte agus páirceanna imeartha ina gcuid de gréasán idirnasctha an Bhonneagair Ghlais ar fud an chontae agus sna ceantair uirbeacha.

7.1 Soláthar Spásanna Oscailte Poiblí & Áiseanna Caitheamh Aimsire

Déanfaidh an Chomhairle iarracht a chinntiú go mbeidh ordlathas páirceanna, spásanna oscailte agus limistéir áineasa laistigh den Chontae sa chaoi go mbeidh an daonra in ann páirt a ghlacadh i réimse leathan imeachtaí áineasa, idir ghníomhach agus éighníomhach, gar dá dtithe agus dá n-áiteanna oibre.

Déanfaidh an Chomhairle, le cúnamh ón gCoiste Eacnamaíoch Sóisialta, ó ghníomhaireachtaí agus ó eagraíochtaí spóirt i gCill Chainnigh, iarracht chun:

- Leibhéal rannpháirtíochta áitiúil a mhéadú, feabhas a chur ar rochtain agus deiseanna a forbairt do gach grúpa a bheith páirteach i gcúrsaí spóirt agus caitheamh aimsire, agus é sin a dhéanamh i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Chainnigh (www.krsp.ie). Tá sé seo an-ábhartha go háirithe i gcás na grúpaí a bhfuil rátaí ísle rannpháirtíochta acu, mar shampla grúpaí faoi mhíbhuntáiste, daoine scothaosta, cailíní agus mná, daoine faoi mhíchumas, daoine dífhostaithe agus daoine atá ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó i gceantair nach bhfuil bonneagar conláistí iontu.
- Spreagadh a thabhairt nuair is cuí d'úsáid níos fearr a bhaint as na háiseanna atá ann cheana féin agus cuidiú le soláthar áiseanna nua.

Cuspóir:

- **Beidh sé d'aidhm ag an gComhairle conláistí agus áiseanna caitheamh aimsire a chaomhnú agus a fheabhsú, agus éascóidh sí iarrachtaí le cur leis na háiseanna caitheamh aimsire sa chontae nuair is cuí agus déanfaidh foráil dóibh, faoi réir ceisteanna comhshaoil, oidhreachta agus airgeadais.**

7.1.1 Cosaint Spáis Oscailte

Ní thabharfaidh an tÚdarás Pleanála cead de ghnáth d'fhorbairt nach luífeadh le bonneagar glas ná le talamh atá criosaithe chun críocha áineasa nó spás oscailte ná d'fhorbairt a mbeadh sé de thoradh uirthi go gcaillfí iad. D'fhéadfaí smaoineamh ar eisceacht a dhéanamh i gcás go sásófar go soiléir ceann amháin nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:

- Go bhfuil sé soiléir go bhfuil an iomarca páirceanna imeartha nó spáis oscailte sa cheantar. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa chás sin riachtanais fhadtéarmacha an phobail, agus cineál, inrochtaineacht agus luach ó thaobh conláiste nó caitheamh aimsire soláthair den sórt sin.
- Go bhfuil soláthar malartach déanta mar chúiteamh atá inrochtana agus atá den cháilíocht chéanna nó níos fearr agus an tairbhe céanna nó níos mó aige don phobal ná an spás oscailte reatha.
- Gurb é an bealach is fearr chun úsáid leanúnach, cothabháil chuí agus feabhsú an chonláiste nó na háise a bhaint amach ná trí chuid bheag den suíomh a athfhorbairt ar bhealach nach mbeidh drochthionchar aige ar a luach foriomlán mar ionaid spóirt, caitheamh aimsire, nó áineasa.
- Go bhfuil malairt úsáide leagtha síos son suíomh sa phlean forbartha.

7.2 Caitheamh Aimsire agus an Tuath**7.2.1 Caitheamh Aimsire Allamuigh faoin Tuath**

Tabharfaidh an Chomhairle cead de ghnáth do thograí forbartha le haghaidh úsáide áineasa faoin aer faoin tuath má chomhlíontar na critéir seo a leanas go léir:

- Ní dhéanfar damáiste do láithreáin a bhfuil tábhacht ag baint leo maidir le caomhnú fiadhúlra ná do ghnéithe den oidhrecht seandálaíochta agus tógtha;
- Ní bheidh sé de thoradh air go gcaillfear an talamh talmhaíochta is fearr agus is ilúsáide;
- Ní dhéanfar díobháil do dhealramh ná do charachtar an tírdhreacha áitiúil agus gur féidir é a shuigh isteach go héasca lena mbeidh timpeall air trí leas a bhaint as fásra atá ann cheana nó as topagrafaíocht na háite;
- Nach mbeidh drochthionchar aige ar chonláiste na daoine atá ina gcónaí in aice láimhe nó ar an taitneamh a bhaineann daoine eile as a bheith faoin tuath, de bhar nádúr, scála, méid, minicíocht nó uainiú na ngníomhaíochtaí caitheamh aimsire atá beartaithe lena n-áirítear aon torann a d'fhéadfaí a dhéanamh nó na soilse a d'fhéadfaí a chur ar lasadh;
- Go mbeidh aon fhorbairt choimhdeach a thógfá ar scála beag, go mbeidh ardchaighdeán deartha ag baint leis agus go mbeidh sé báúil leis an timpeallacht máguaird maidir le suíomh, leagan amach agus tírdhrechtú.
- Déanfar breithniú ar an chaoi a gcuirfear rochtain ar fáil chuig an áis atá molta le modhanna iompair eile seachas carranna príobháideacha agus;

- An mbeidh an ngréasán áitiúil bóithre in ann an trácht breise a bheadh ag tarraing ar an áit a iompar go sábháilte agus an bhfuil socruithe sásúla déanta maidir le rochtain, páirceáil, cúrsaí bruscair agus seirbhísí uisce.

7.2.2 Rothaíocht agus Siúl

D'fhoilsigh Comhairle Spóirt na hÉireann [Straitéis um Rianta na hÉireann](#)⁹⁴, ina bhfuil cur síos ar na buntáistí iomadúla a bhaineann le rianta caitheamh aimsire. Tá roinnt bealaí siúil ar fáil i gCill Chainnigh, trí thailte faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach - lena n-áirítear siúlóidí fada, siúlóidí lúbtha agus bealaí fánaíochta⁹⁵. Léirítear na rianta reatha (agus cearta slí) i bhFigiúr 7.1. Leanfaidh Údarás Áitiúla Chill Chainnigh ar aghaidh ag iarraidh sraith rianta siúlóide laistigh den chathair agus den chontae a aithint agus a chur chun cinn agus ag iarraidh iad sin a nascadh le líonra straitéiseach rianta laistigh den chathair, den contae agus i gcontaetha in aice láimhe nuair is indéanta.

Ar na bealaí siúlóide fada atá sa chontae tá Bealach Laighean Theas a shíneann ó Ghráig na Manach go Baile an Phoill agus Siúlóid Ghleann na Feoire. Tá an tsiúlóid roinnte ina trí chuid: ó Chill Chainnigh go Droichead Binéid (tá an chuid seo críochnaithe), ó Dhroichead Binéid go Baile Mhic Andáin (cuid atá á forbairt), agus ó Bhaile Mhic Andáin go Inis Tíog (atá críochnaithe). Is í Rian Chill Chainnigh an phríomhghníomhaireacht atá ag forbairt na siúlóide sin.

Cuspóir:

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cabhrú is ag tacú le forbairt Siúlóide Ghleann na Feoire agus ag cosaint an bhealaigh ó fhorbairt neamhbháúil gar dó.

Tá roinnt rianta lúbtha agus cosáin ar fud an chontae a d'fhorbair gníomhaireachtaí éagsúla. Tá forbairt déanta ag Rian Chill Chainnigh ar naoi rian siúlóide 'lúbtha' a shásaíonn caighdeán Fáilte Éireann agus tá ocht gcinn eile á bhforbairt. Forbraíodh roinnt siúlóidí trí thailte foraoiseachta Choillte agus i láithreáin chaomhantais dúlra atá ar oscailt don phobal. Aithníonn an Chomhairle an luach a bhaineann leis na rianta lúbtha a bhfuil soilsiú poiblí ar fáil dóibh i mbailte agus i sráidbhailte mar na cinn atá i mBaile Phóil agus i gCallan, agus éascóidh sí forbairt rianta breise den sórt sin nuair is indéanta.

Tá roinnt gníomhaireachtaí ag obair chun cosáin fhada rothaíochta a fhorbairt sa chontae. Tá cuid acu críochnaithe agus cuid eile tugtha go pointí éagsúla forbartha. Tá bealach rothaíochta (65km) forbartha ag Trail Kilkenny ar an taobh thoir den chontae agus bealach eile (83km) forbartha ó thuaidh agus tá siad i mbun oibre ag forbairt bealaigh fhada rothaíochta i ndeisceart

⁹⁴ Comhairle Spóirt na hÉireann, [Straitéis um Rianta na hÉireann ag Cur chun cinn agus ag forbairt gníomhaíocht amuigh faoin aer in Éirinn](#), 2007

⁹⁵ Tá liosta de na siúlóidí agus de na bealaí rothaíochta le fáil in Aguisín C a ghabhann leis an bplean seo agus léirítear iad i bhFigiúr 7.1.

an chontae. Faoi scéim mhaoinithe an Líonra Rothaíochta Náisiúnta cuirfear rian ar fail a mbeidh fad 44.5km ann agus a nascaidh Cathair Chill Chainnigh le baile Cheatharlach.

Déanfaidh an Chomhairle iniúchadh le fáil amach cad iad na deiseanna atá ann agus an maoiniú a d'fheadfadh a bheith ar fáil chun bealaí glasa siúil agus rothaíochta a chur ar fáil sa chontae, lena n-áirítear bealaí rothaíochta easbhóthair; agus chun naisc a fhorbairt idir rianta atá ann cheana féin agus cinn eile i gcontaetha taobh linn; agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt rianta ar bhonn náisiúnta i gcomhar le húdarais áitiúla eile, agus le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí eile. Leanfaidh Údarais Áitiúla Chill Chainnigh ar aghaidh ag tacú leis an bhforbairt leanúnach atá á déanamh ar bhealaí agus ar rianta siúlóide agus rothaíochta sa chathair agus sa chontae i gcomhar le gníomhaireachtaí ar nós Trail Kilkenny (féach <http://www.trailkilkenny.ie>) agus éascóidh sí an obair sin agus faoi réir acmhainní a bheith ar fáil tacóidh sí le thograí faoi mar atá siad leagtha amach sa *Trail Kilkenny Development & Business Plan*⁹⁶.

Cuspóir: Straitéis siúil agus rothaíochta a fhorbairt le linn saolré an phlean seo.

Chuireann línte iarnróid nach bhfuil in úsáid a thuilleadh deiseanna ar fáil le haghaidh bealaí siúil agus rothaíochta easbhóthair. Tá an Chomhairle ag obair faoi láthair i gcomhar le Comhairle Chontae Laoise, Trail Kilkenny agus Forbairt Phobail Mainistir Laoise ag féachaint an bhféadfaí rian a dhéanamh den seanbhóthar iarnróid ó Chill Chainnigh go Phort Laoise; agus tá Cuideachta Oidhreachta Iarnróid na Siúire, na Feoire agus na Bearú mar aon le Trail Kilkenny agus Comhairle Contae Chill Chainnigh ag féachaint an bhféadfaí bealach siúil agus rothaíochta agus seirbhís iarnróid chaoil turasóireachta a chur ar fáil ar feadh na seanlíne iarnróid ó Ros Mhic Thriúin go Port Láirge.

Déanfaidh an Chomhairle scrúdú le féachaint an bhféadfaí bealaí rothaíochta a chur ar fáil i bpáirceanna agus i limistéir áineasa i gCill Chainnigh agus le cois bruacha aibhneacha, faoi réir cúrsaí comhshaoil, oidhreachta agus eacnamaíochta.

Cuspóir: An líne iarnróid ó Ros Mhic Thriúin go Phort Láirge a choinneáil slán agus í a chosaint ó fhorbairtí a dhéanfaidh cúngú uirthi.

An bóthar iarnróid a bhíodh ó Chill Chainnigh go Port Laoise agus an chraobhlíne go Caisleán an Chomair a chosaint ó fhorbairtí agus tacú le forbairt riain más indéanta.

7.2.3 An Fheoir, An tSiúir agus An Bhearú

Is iad an Fheoir, an tSiúir agus na Bearú (ar a dtugtar an "Triúr Deirfiúr") na príomhaibhneacha a ritheann trí Chontae Chill Chainnigh, agus is cuid den Líonra Natura 2000 iad (féach Cuid 8.2). Cuireann na aibhneacha sin agus a bhfo-aibhneacha deiseanna suntasacha áineasa ar fáil ar

⁹⁶ <http://www.trailkilkenny.ie/about-us/trail-kilkenny-development-and-business-plan/>

uisce agus ar talamh araon, lena n-áirítear líonra idirnasctha de bhealaí siúil agus rothaíochta agus is áiteanna iad le dul ag snámh, ag slatiascaireacht, ag bádóireacht, ag cadhcáil, imeacht ar rianta dúlra srl. D'fhéadfaí bealaí ar feadh na habhann a nascadh le rianta agus le bealaí eile agus cuireadh síneadh leis na cosáin agus leis na rianta eile atá le cois Abhann na Feoire i gcathair Chill Chainnigh agus nascadh iad le bealaí eile faoin tuath.

Cuirfidh an Chomhairle acmhainn taitneamhachta nádúrtha na Feoire, na Siúire agus na Bearú chun cinn agus d'fhonn éascú a dhéanamh ar fhorbairt buntáistí taitneamhachta, áineasa, bithéagsúlachta agus turasóireachta don chathair agus don chontae i gcoitinne oibreoidh sí i gcomhar le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí agus le pobail in aice láimhe chun rochtain ar an abhainn agus ar áiseanna ar feadh na habhann a fheabhsú i suíomhanna oiriúnacha ach na hacmhainní a bheith ar fáil chuige.

7.2.3.1 *Caighdeán um Bainistiú Forbartha*

- A éileamh nuair a bhíonn forbairtí á ndéanamh ar feadh aibhneacha go gcuirfear talamh ar leataobh le haghaidh bealaí caitheamh aimsire a d'fhéadfaí a nascadh le gréasán níos leithne an bhonneagair ghlais agus le lonnaithe sa chomharsanacht, faoi réir cúrsaí comhshaoil agus comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga.

7.2.3.2 *An Fheoir*

Ós rud é go bhfuil Cill Chainnigh suite i nGleann na Feoire tá deis ann spásanna oscailte agus líonraí de spásanna oscailte a bhunú a mbeadh luach straitéiseach ag baint leo agus tábhacht leo laistigh den chathair. Nuair a bhí Plean Oidhreachta Chill Chainnigh á cheapadh aithníodh go bhfuil Abhainn na Feoire ar cheann de na hacmhainní oidhreachta is tábhachtaí sa chontae. Tá oidhrecht thógtha, nádúrtha agus cultúrtha ag baint leis an abhainn; tá dlúthbhaint aici le saol agus le forbairt an chontae agus bhí an-tionchar aici orthu. Rinneadh [Iniúchadh ar Oidhrecht na Feoire](#)⁹⁷ mar chuid den Plean Oidhreachta. Tá tacar cuimsitheach sonraí mapáilte ar oidhrecht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha an cheantair sa staidéar, agus beidh an bunachar sonraí agus an tuarascáil atá beagnach críochnaithe ina n-acmhainní an-tábhachtacha do ghrúpaí pobail agus oidhreachta agus do lucht na mbailte slachtmhara; d'fhéadfadh sé faisnéis a sholáthar do phleanáil agus do bhainistiú an cheantair; agus beidh sé mar a bheadh bhunlíne lenar féidir aon athrú a mheas⁹⁸.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Trail Kilkenny ag obair le chéile ag baint úsáide as torthaí an staidéir don tionscadal 'Explore the Nore' a bhfuil sé d'aidhm aige acmhainn áineasa, turasóireachta, oidhreachta agus oideachais na habhann agus an oidhrecht a bhaineann léi a fhorbairt tuilleadh, a chur chun cinn agus a chosaint.

⁹⁷ Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh, [Iniúchadh ar Oidhrecht na Feoire](#), 2009

⁹⁸ <http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/>.

7.2.3.3 Abhainn na Bearú

Gluaiseann Abhainn na Bearú ó dheas ar feadh teorainn thoir an chontae ó áit ó thuaidh den Droichead Nua go háit tamall ó thuaidh de Chalafort Belview áit a dtagann sí agus Abhainn na Siúire le chéile. Gluaiseann siad araon isteach i gCuan Phort Láirge ansin. Acmhainn shuntasach taitneamhachta is ea cosán tarraingthe na Bearú a shíneann ar feadh bhruach na habhann ar thaobh Chontae Cheatharlach. Tá mol turasóireachta amuigh faoin aer á fhorbairt i nGráig na Manach chun feabhas a chur ar acmhainn turasóireachta an cheantair.

Cuireadh tionscadal idirghníomhaireachta i bhfeidhm faoi stiúir Uiscebhealaí Éireann agus bhí Comhairle Contae Chill Chainnigh páirteach ann [The Barrow Corridor – Recreational, Tourism and Commercial Product Identification Study 2011](#)⁹⁹. Cuimsíonn an staidéar Plean Gníomhaíochta chun cur le hacmhainn turasóireachta agus chaitheamh aimsire na habhainn faoi na seacht ngrúpa clár seo a leanas - Forbairt Bonneagair Loingseoireachta, Moil Ghníomhaíochta agus Cosáin Turasóireachta, Forbairt Bádóireachta agus Cúrsála, Ardú Próifíl Turasóireachta na Bearú, Dúlra agus Ionaid Fiadhúlra, Feabhsú Bhealach na Bearú agus Bhealach Laighean Theas agus Ionad Barr Feabhais Gharbhiascaireachta. Tacóidh an Chomhairle le tograí chun feabhas a chur ar acmhainn turasóireachta agus áineasa an cheantair faoi réir cúrsaí comhshaoil, eacnamaíochta agus oidhreachta.

Nuair a bhí torthaí an staidéir ar fáil cuireadh tús le tionscadal idirghníomhaireachta a raibh Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh páirteach ann *Unlocking the Barrow Strategic Plan 2013*¹⁰⁰ inar díróidh ar acmhainneacht agus ar fhadhbanna loingseoireachta Abhainn na Bearú. Tá moltaí sa tuarascáil chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin a chuireann bac le hacmhainneacht iomlán loingseoireachta na habhann.

7.2.3.4 Abhainn na Siúire

Tá an-deiseanna ar fáil i nGleann na Siúire maidir le forbairt turasóireachta agus áineasa i ndeisceart an chontae.

7.2.4 Forbairt Cois Abhann

Cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh nuair bheidh breithniú á dhéanamh ar mholtaí a mbeadh tionchar acu ar aibhneacha:

- Ar ainmníodh an ceantar mar ionad fiadhúlra nó tírdhreacha nó mar ionad oidhreachta tógtha nó seandálaíochta?

⁹⁹ Uiscebhealaí Éireann, [The Barrow Corridor – Recreational, Tourism and Commercial Product Identification Study 2011](#).

¹⁰⁰ Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh, *Unlocking the Barrow A Strategic Plan*, 2013

- An bhfuil aon mholtaí ann maidir le cur le rochtain an phobail?
- Cé mhéid feabhsuithe comhshaoil a dhéanfar don abhann agus dá bhfuil timpeall air,
- Cén cineál caitheamh aimsire atá beartaithe; agus
- An bhfuil aon choimhlint ann le moltaí le haghaidh bealaí siúil nó rothaíochta nó aon cheisteanna comhlíonta?

7.2.4.1 Forbairt bhaineann le Spóirt Uisce

Ní thabharfaidh an Chomhairle cead de ghnáth do thograí forbartha a bhaineann le spóirt uisce gar do bhealaí uisce nó do locha intíre ach amháin má chomhlíontar na critéir seo a leanas go léir.

- Go luíonn na háiseanna atá beartaithe le gach úsáid a bhaintear as an uisce, lena n-áirítear úsáidí eile seachas úsáidí áineasa;
- Nach ndéanfar damáiste d'aon láithreáin Natura 2000 agus nach ndéanfar damáiste do láithreáin a bhfuil tábhacht ag baint leo maidir le caomhnú fiadhúlra ná do ghnéithe den oidhreacht seandálaíochta agus tógtha;
- Gur féidir cuid dílis den tírdhreach nó den bhailidhreach máguaird a dhéanamh den fhorbairt;
- Nach mbeidh tionchar do-ghlactha ag an bhforbairt ar thaitneamhacht amhairc, ag féachaint don mheasúnú ar charachtar an tírdhreacha; agus
- Nach ndéanfar diansaothrú de thoradh na forbartha sa chaoi go mbeadh truailliú, torann iomarcach agus núis ann dá bharr.

Chlúdaíonn spóirt uisce réimse leathan gníomhaíochtaí ó úsáidí ciúine mar slatiascaireacht, seoltóireacht, curachóireacht, rámháíocht agus seoladh ar clár seoil go gníomhaíochtaí faoi thiomáint innill mar sciáil uisce agus tiomáint mótarbhád. D'fhéadfadh an Chomhairle pleananna bainistíochta a éileamh le haghaidh réimsí uisce ar leith le féachaint cé chomh comhoiriúnach is a bheadh éilimh éagsúla den sórt sin.

Beidh cead pleanála ag teastáil le haghaidh an chuid is mó de na forbairtí a bhaineann le spóirt uisce, mar shampla, fánáin, tithe bád, leithris agus seomraí feistis, ionaid páirceála agus bealaí rochtana, agus beidh sé riachtanach na pleananna a scagadh ó thaobh Measúnachta Iomchuí. Éileoidh an Chomhairle caighdeán ard dearaidh ó thaobh leagan amach, foirgneamh agus struchtúr eile agus na socruithe atá is gceist le déileáil leis na teorainneacha taobh leis an mbóthar nó leis an uiscebhealach féin. Éileoidh an Chomhairle de ghnáth go gcuirfear mionsonraí ar fáil i ngach iarratas pleanála faoi thírdhrechtú agus faoin chaoi a dhéileálfar le dromchlaí.

7.2.5 Coillearnacha

Ní amháin go gcuireann coillearnacha deiseanna caitheamh aimsire ar fáil agus go bhfuil buntáistí oidhreachta agus geilleagracha ag baint leo ach is naisc thábhachtacha iad i líonra bonneagair ghlais an chontae. Tá rochtain curtha ar fáil ag Coillte ar go leor dá gcuid foraoisí agus tacaíonn siad le húsáid na bhforaoisí chun críocha áineasa. Tá sé fógartha i [Beartas](#)

[Áineasa Choillte – Foraois Shláintiúil, Náisiún Sláintiúil](#)¹⁰¹ go n-aithníonn Coillte go gcuireann foraoisí limistéir tíre den scoth ar fáil le haghaidh réimse leathan ghníomhaíochtaí áineasa, agus go leanfaidh Coillte ar aghaidh ag soláthar deiseanna do chaitheamh aimsire atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair de.

7.2.6 Cearta Slí Poiblí

Is éard atá i gceist le ceart slí poiblí ná an ceart atá ag duine gluaiseacht ar feadh bóthair nó cosáin, fiú amháin más rud é nach bhfuil an bóthar nó an cosán sin faoi úinéireacht phoiblí. Is féidir ceart slí a bheith ann, de thoradh reachtaíochta, nó toisc go bhfuiltear ag úsáid an bhealaigh nó an bhóthair leis na cianta nó toisc go gcinneann na té ar leis nó léi seilbh iomlán na talún go bhfuil ceart slí ann. Aithníonn an Chomhairle cearta dlíthiúla gach úinéara talún agus nach féidir cearta rochtana ar a gcuid tailte a fháil ach amháin lena gcead i gcás nach bhfuil aon cheart slí ann cheana féin. Tá liosta de na cearta slí sa chontae atá ar eolas againn san áireamh mar Aguisín D leis an bplean seo agus tá siad léirithe i bhFigiúr 7.1. Ní liosta cuimsitheach an liosta sin, agus déanfar tuilleadh oibre i rith saolré an phlean seo chun liosta níos iomláine a chruthú.

Bainfidh an Chomhairle leas as na cumhachtaí atá aici faoi na hAchtanna Pleanála chun na cearta slí a chaomhnú agus a chosaint, chun cinneadh a dhéanamh faoi na háiteanna sin ina bhfuil cearta slí poiblí agus faoi na háiteanna inar cheart cearta slí poiblí a chruthú, agus chun daoine a spreagadh chun leas níos mó a bhaint astu i gceantair thaitneamhachta - lena n-áirítear pointí rochtana ar Aibhneacha na Feoire, na Siúire agus na Bearú agus limistéir thaitneamhachta eile sa Chontae.

Ina theannta sin, féadfaidh an Chomhairle iarracht a dhéanamh nuair a bheidh ceadanna pleanála á dtabhairt coinníollacha a chur leo go gcruthófar bealaí do choisithe d'fhonn taitneamhachtaí, saoráidí agus pointí spéise a nascadh le chéile. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh freisin do bhealaí rochtana a sholáthar chuig limistéir taitneamhachta, agus déanfaidh sí é sin i gcomhar le húinéirí talún, agus déanfaidh sí iarracht chun ceantair thaitneamhachta a chosaint ó fhorbairtí mí-oiriúnacha, agus chun feabhas a chur ar sholáthar páirceanna áitiúla agus spásanna súgartha agus chun síneadh a chur leis na spásanna agus leis na bealaí sin dá gcabhródh sé chun naisc ghlas, cosáin agus bealaí rothaíochta a chruthú d'fhonn limistéir chónaithe a nascadh le páirceanna agus le spásanna oscailte agus lena chéile.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha

- Cinnteoidh an Chomhairle nach gcuirfidh forbairt isteach ar bhealaí siúil phoiblí ná ar chearta slí poiblí.

¹⁰¹ [Beartas Áineasa Choillte – Foraois Shláintiúil, Náisiún Sláintiúil](#), Coillte, 2005 (www.coillte.ie)

Cuspóir:

- Cosnóidh an Chomhairle cearta slí poiblí atá ann cheana féin a sholáthraíonn rochtain ar cladach, ar shléibhte nó ar thailte arda, ar bhruach abhann nó ar áiteanna eile a bhfuil áilleacht nádúrtha nó tairbhe áineasa ag baint leo.
- Déanfar suirbhé ar na cearta slí poiblí ar fad atá sa chontae agus chruthófar clár díobh laistigh de shaolré an Phlean.

7.3 Caitheamh Aimsire Uirbeach – Páirceanna**7.3.1 Páirceanna Réigiúnacha**

Tá spásanna áineasa curtha ar fáil i bpáirceanna de mhéideanna éagsúla ar fud an chontae - páirceanna ar nós bPáirc an Chaisleáin agus trí thailte eastáit atá faoi úinéireacht phríobháideach, mar shampla Diméin Chaisleán an Chomair agus Eastát Choill Chluain Dúin (Woodstock) ar leis an gComhairle é.

Nuair a bhí bailchríoch curtha ar an *Kilkenny Open Space, Sports and Recreation Study* cuireadh tús le straitéis um chruthú páirceanna. Go dtí seo tá roinnt páirceanna tugtha chun críche nó tá siad ag céimeanna éagsúla pleanála nó tógála, lena n-áirítear Páirc Líneach na Feoire sa chathair agus togra le haghaidh feabhsú uirbeach na limistéir idir Droichead Eoin agus Droichead an Ghraoinigh mar chuid de thionscadal Mhíle na Meánaoise. Tá páirceanna poiblí freisin i mBaile Mhic Andáin, i gCaisleán an Chomair agus i gCallan; agus tá trealamh aclaíochta curtha ar fáil in áiteanna iontu le chur lena luach ó thaobh áineasa de.

7.3.1.1 Páirc Líneach na Feoire

De thoradh tionscadail Pháirc Líneach na Feoire cuireadh líonra cosán agus bealaí rothair ar fáil ar feadh na habhann sa Chathair agus ina Purláin mar aon le sraith spásanna ardchaighdeán phoiblí, atá ina sócmhainn shuntasach áineasa sa chathair. Forbraíodh bealach siúil idir Inse an Talbóidigh agus Droichead Osraí laistigh den chathair agus rinneadh uasghrádú air chun go bhféadfadh gach aon duine leas a bhaint as, lena n-áirítear rothaithe, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil bugaithe acu. Tá sé beartaithe freisin cosán lúibe a dhéanamh de agus chuige sin is dócha go mbeidh trí dhroichead choisithe ag teastáil: ceann amháin ag Inse an Talbóidigh, ceann eile ag Cé Bateman agus ceann eile fós ag Droichead Osraí. Cíorfáir pleananna maidir le rudaí mar athchur an ardán ceolbhuíne ag Móinéar an Diúic agus an dara Teach Tae gar do shuíomh Smithwick's. Mar gheall ar méid an tionscadail agus an costas a bhainfidh leis, cuirfear i gcrích é ina chéimeanna thar roinnt blianta; mar sin féin, táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe laistigh de shaolré an Phlean seo. Tá Páirc Líneach na Feoire nasctha le cosáin cois abhann faoin tuath ar an taobh ó dheas den chathair, agus is sa Pháirc sin a thosaíonn Siúlóid Ghleann na Feoire.

Cinnteadh an Chomhairle go leanfar ar aghaidh ag bainistiú páirceanna faoi úinéireacht phoiblí mar is ceart.

Tá Údarás Áitiúla Chill Chainnigh mar aon le Fóram na nDaoine Scothaosta, Comhairle na nÓg agus Grúpa Rochtana Chill Chainnigh ag fiosrú cén áit is féidir suíomhanna a fháil le haghaidh áiseanna caitheamh aimsire faoin aer agus é d'aidhm acu feabhas a chur ar an spás poiblí atá ann cheana féin sa cheantar uirbeach lárnach i gCathair Chill Chainnigh, mar shampla Bealach an Mhéara.

Cuspóir:

Bailchríoch a chur ar fhorbairt Pháirc Líneach Abhann na Feoire laistigh de shaolré an Phlean.

7.3.2 Páirceanna Comharsanachta

Cuirfidh na páirceanna Réigiúnacha agus na páirceanna ar fud na Cathrach a bhfuil cur síos orthu thuas a lán conláistí ar fáil laistigh den chathair ach déanfar foráil do imeachtaí áineasa laethúla na bpobal áitiúil le sraith páirceanna comharsanachta.

D'fhéadfadh páirceanna baile a bheith oiriúnach i gcás na bailte contae mó agus is iondúil go mbíonn na 'páirceanna baile' suite in áiteanna lárnacha faoi mar atá i gCaisleán an Chomair, Baile Mhic Andáin, Callainn agus Gráig na Manach agus is féidir iad a rochtain go héasca. Ba cheart go mbeadh saoráidí áineasa idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon le fáil i dtimpeallacht fearann páirce. Tá oibreacha ar siúl faoi láthair chun mol turasóireachta amuigh faoin aer a chruthú i nGráig na Manach mar chuid de thionscnamh ilghníomhaireachta ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle agus atá le tabhairt ar lámh don Barrow Valley Community Development Ltd.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha:

- Ba cheart go mbeadh spás oscailte nua ina dhlúthchuid d'aon fhorbairt mholta agus ba cheart go mbeadh coisithe agus rothaithe in ann dul ann agus go mbeadh bealach isteach ann do dhaoine faoi mhíbhuntáiste.

7.4 Beartas um Shúgradh

Forbraíodh Plean Idirghníomhaireachta Chill Chainnigh *Plean um Shúgradh 2007-2012*¹⁰² ar bhunús an Bheartais Náisiúnta um Shúgradh [Bí ag Súgradh! Beartas Náisiúnta um Shúgradh](#)¹⁰³. Moltar sa bheartas sin go nglacfar le cur chuige leanbhlaínach maidir le forbairt áiseanna súgartha. Déanfaidh an Chomhairle iarracht caighdeán agus sábháilteacht áiteanna súgartha

¹⁰² Fóram Idirghníomhaireachta Cill Chainnigh um Shúgradh, [Beartas Chontae Chill Chainnigh um Shúgradh 2007-2012 & Plean Forfheidhmiúcháin Chill Chainnigh](#), 2007

¹⁰³ An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, [Bí ag Súgradh! Beartas Náisiúnta um Shúgradh](#)

agus limistéir súgartha a choimeád ar bun agus timpeallacht slán a chruthú a thacóidh le leanaí agus ina dtuigfear an tábhacht a bhaineann le súgradh i bhforbairt an linbh.

Forbraíodh na háiteanna súgartha seo a leanas in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach agus an chontae (féach Figiúr 7.2):

Cathair Chill Chainnigh: Plás na Deastógála, Lárionad an Ath. Mhic Chraith, Garraí an Chrainn, Clós na Páirce Nua,

Láithreán Stad Naomh Caitríona, Cúirt an Talbóidigh.

Contae Chill Chainnigh: Baile Héil, Callainn, Diméin Chaisleán an Chomair, Ascaill an Teampaill - Caisleán an Chomair, An Cuan, Port an Chalaigh - Blackthorn Hills, Fiodh Dúin, Gráig na Manach, Cill Mhic Bhúith, Móin Choinn, Muileann an Bhata, Baile Mhic Andáin, Coill Chluain Dúin (Woodstock), Inis Tíog.

Áiteanna Súgartha atá á dTógáil: Droichead Binéid, Béal Átha Ragad

Áiteanna súgartha atá ar chéimeanna deireanacha an chórais pleanála: Baile Phóil, Áth na gCloch

Tá mapáil déanta ag an gComhairle inar aithníodh na seirbhísí, na háiseanna agus na conláistí súgartha atá ann cheana féin agus na bearnaí atá sna réimsí sin ar fud an chontae; féach Fhigiúr 7.2 chun sonraí breise a fháil.

Déanfaidh an Chomhairle i gcomhar le Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh scrúdú ar fhorbairt áiteanna súgartha sa chontae, ach na hacmhainní a bheith ar fáil chuige agus cabhróidh siad le pobail chun áiteanna súgartha a fhorbairt. Éileoidh an Chomhairle i gcás forbairtí nua tithíochta go ndéanfar foráil iontu d'áiseanna súgartha do leanaí nó go ndéanfaidh na forbróirí ranníocaíocht i leith na n-áiseanna sin. I gcás forbairtí nua cónaithe a mbeidh roinnt maith teaghlach ag cur fúthu iontu ba cheart an timpeallacht ar fad a dhearadh ar bhealach go bhféadfaidh leanaí a bheith ag súgradh go sábháilte iontu.

7.5 Áiseanna um Áineas Gníomhach

Tá líon mór áiseanna caitheamh aimsire agus saoráidí spóirt idir chinn amuigh faoin aer agus chinn istigh faoi dhíon curtha ar fáil ar fud an chontae. Áiseanna poiblí is ea cuid acu, áiseanna príobháideacha cuid eile acu agus baineann cuid eile fós le heagraíochtaí deonacha agus le scoileanna. Tá cúrsaí iománaíochta agus eachaíochta an-tábhachtach sa chontae. Ar na háiseanna amuigh faoin aer tá páirceanna imeartha, cúrsaí gailf, cúrsaí gailf dhá mhaide agus rianta reatha. Bíonn úsáidí eile i gceist le cuid de na háiseanna sin - mar shampla forbraíodh rianta siúlóide mórthimpeall páirceanna imeartha. I gcásanna eile bíonn áiseanna éagsúla faoi dhíon iontu, mar shampla, linnte snámha, hallaí gleacaíochta agus hallaí spóirt agus pobail ina ndéantar freastal ar spórt faoi dhíon - mar atá san Watershed i gCathair Chill Chainnigh.

Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le heagraíochtaí forbartha áitiúla, grúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt agus páirtithe leasmhara eile i bhforbairt áiseanna áineasa gníomhaigh ar fud an chontae agus déanfaidh sí socruithe comhfhiontair nuair is cuí chun áiseanna den sórt sin a chur ar fáil.

7.5.1 Prótacal um Fhorbairt Saoráidí

B'fhéidir nach é soláthar n-áiseanna nua an bealach is fearr i gcónaí chun saoráidí a fhorbairt mar d'fhéadfadh sé a bheith níos oiriúnaí áiseanna atá ann cheana féin a uasghrádú, a athchóiriú agus a fheabhsú, go háirithe i gcás lonnaithe atá bunaithe le tamall. Bainfear leas as an bprótacal seo a leanas lena chinntiú go ndéanfar forbairt ar bhealach ordúil, inbhuanaithe, agus ba cheart é a mheas mar chuid de chur chuige seiceamhach maidir le forbairt nó feabhsú áiseanna atá ann.

- Féachaint chuige go n-úsáidtear saoráid atá iomarcach nó nach n-úsáidtear ach go hannamh.
- Leas níos fearr nó níos minice a bhaint as áiseanna spóirt atá ann cheana féin.
- Nósanna imeachta bainistíochta na n-áiseanna atá ann cheana féin a fheabhsú.
- Na háiseanna a athchóiriú san áit cheana ina bhfuil siad.
- Cur leis na saoráidí atá ann cheana féin.
- Saoráid neamhspleách nua a sholáthar. Ní ceart smaoineamh ar seo go dtí go mbeidh na roghanna go léir ó (a) go (e) cíortha.

Níor cheart an rogha deiridh (f) a roghnú go dtí go mbíonn gach rogha eile iniúchta agus curtha as an áireamh.

7.6 Bainistíocht Forbartha agus Áineas

7.6.1 Dianáiseanna agus Móráiseanna Spóirt

Áirítear ar na dianáiseanna spóirt staidiamaí, ionaid fóillíochta, hallaí spóirt, linnte snámha agus áiseanna spóirt eile laistigh agus lasmuigh a chuireann réimse leathan ghníomhaíochtaí ar fáil agus a mheallann líon suntasach daoine chucu mar lucht féachana, agus a bhféadfadh uaireanta fada oscailte a bheith acu. Uaireanta bíonn conspóidí faoi na háiteanna a bhfuil dianáiseanna spóirt le tógáil iontu.

Tabharfaidh an Chomhairle cead de ghnáth do thograí chun dianáiseanna spóirt a fhorbairt má shásaítear na critéir seo a leanas go léir:

- Go luíonn an togra le criosú an phlean forbartha.
- Nach ndéanfar aon drochthionchar ar chonláiste cónaithe.
- Go mbeidh an áis suite in áit ina mbeidh an daonra a bhfuiltear ag súil le freastal orthu in ann í a rochtain agus go dtabharfar tosaíocht don tsiúlóid, do rothaíocht agus d'iompar poiblí le dul chuici agus nach nginfear leibhéil tráchta dá barr nach bhféadfaí glacadh leo.

- Go mbeidh sí deartha sa chaoi go mbeidh an truailliú torainn agus an truailliú solais is lú ag baint léi.
- Nach mbeidh aon drochthionchar suntasach aici ar an timpeallacht nádúrtha ná ar ghnéithe den oidhreacht seandálaíochta ná tógtha.
- Go bhfuil ardchaighdeán dearaidh ag baint leis an togra agus go léiríonn sé meas ar charachtar an tsuímh agus go gcuirfidh sé leis agus leis an mbailidhreach.
- Go gcuirfear rochtain phoiblí ar fáil.
- Go gcuirfear saoráidí coimhdeacha mar áiseanna cúraim leanaí ar fáil.

7.6.2 Spóirt a Ghineann Torann

Ceist thábhachtach í ceist an torainn nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar thograí le haghaidh gníomhaíochtaí mar na cinn ina n-úsáidtear mótarfheithiclí spóirt. Is deacair suíomhanna oiriúnacha a aithint do na spóirt sin agus braithfidh sé ar an gcineál gníomhaíochta, an tón, leibhéal agus fad aon torainn a ghinfeadh, an topagrafaíocht áitiúil agus an méid foscaidh atá ann cheana agus atá beartaithe. Ní ghlacfar le moltaí le haghaidh spóirt torannach ach amháin i gcás inar féidir an tionchar dóchúil a theorannú agus a íoslaghdú trí leas a bhaint as tírghné nó as coilleannach. D'fhéadfadh talamh díghrádaithe, iarobreacha mianraí nó talamh in aice le foinse torainn atá ann cheana féin a bheith ina láithreáin oiriúnacha. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach cead sealadach a dheonú chun go bhféadfar measúnú níos iomláine a dhéanamh ar thionchar na leibhéal torainn agus ar aon suaitheadh nó nús a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis.

Ní thabharfaidh an Chomhairle cead de ghnáth chun tograí spóirt nó caitheamh aimsire a fhorbairt a ghinfeadh ardleibhéil torainn ach amháin má shásaítear na critéir seo a leanas:

- Nach gcuirfear isteach ar bhealach do-ghlactha ar chónaitheoirí áitiúla.
- Nach gcuirfear isteach ar bhealach do-ghlactha ar bheostoic feirme ná ar fhiadhúlra.
- Nach mbeidh aon choimhlint idir an fhorbairt agus an taitneamh a bhaintear as limistéir a úsáidtear le haghaidh áineasa neamhfhoirmiúil.
- Go bhfuil ardleibhéal maidir le torann timpeallach sa cheantar cheana féin agus nach dócha go mbeadh an torann a ghinfí de thoradh na ghníomhaíochta nua puinn níos airde.

7.6.3 Tuilsoilsiú Áiseanna Áineasa

Ní thabharfaidh an Chomhairle cead de ghnáth do thograí chun tuilsoilsiú a dhéanamh ar áiseanna caitheamh aimsire, ach amháin nuair nach ndéanfar dochar suntasach do chonlástí na n-áitritheoirí in aice lámhe agus nach bheidh drochthionchar ag na tograí ar thaitneamhacht amhairc ná ar charachtar an cheantair.

7.7 Spás Oscailte i bhforbairt chónaithe nua

Beidh ar iarratasóirí foráil a dhéanamh do bhonneagar spóirt agus caitheamh aimsire i gcomhréir leis na riachtanas a eascróidh ó aon fhorbairt agus i bhfianaise cumas na n-áiseanna

atá ann cheana féin sa cheantar freastal a dhéanamh ar riachtanais reatha agus ar riachtanais amach anseo.

Féach ar chuid 12.7.2.2. le fáil amach sonraí na gceanglas maidir le soláthar spáis oscailte laistigh d'fhorbairtí cónaithe.

7.8 Turasóireacht

Tá a lán le tairiscint ag Contae Chill Chainnigh mar cheann scríbe turasóireachta, go háirithe a oidhreacht shaibhir chultúrtha, nádúrtha agus fhisiceach gan trácht ar chathair bhríomhar Chill Chainnigh. Tá réimse leathan caitheamh aimsire ann don chuaríteoir i gContae Chill Chainnigh lena n-áirítear siúl, galf, slatiascaireacht, rothaíocht, gníomhaíochtaí eachaíochta, faire ar éin agus curachóireacht. Ina theannta sin, bíonn féilte bliantúla ar siúl a bhfuil caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leo.

Is iomaí dúshlán mór a bhí le sárú ag an earnáil turasóireachta le blianta beaga anuas faoi mar bhí i réimsí eile den gheilleagar. Léiríonn staitisticí Fáilte Ireland gur tháinig laghdú suntasach ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn ó 2007, agus laghdaigh líon iomlán na dturasóirí ó thar lear a thug cuairt ar Éirinn ó 7.7 milliún in 2007 go 5.9 milliún in 2010; ach mhéadaigh an figiúr sin go 6.3 milliún in 2011¹⁰⁴. Meastar gur tháinig 685,000 cuairteoir chuig an Oirdheisceart in 2010 agus gur chuir siad ioncam €175 milliún ar fáil agus gur thug 206,000 duine acusan cuairt ar Chill Chainnigh áit ar chuir siad ioncam €30 milliún ar fáil.¹⁰⁵

Caith turasóirí intíre os cionn €1,822 milliún (is é sin le rá gur chaith daoine atá ina gcónaí in Éirinn is a thug cuairt ar láithreáin nó a chuaigh ar laethanta saoire in Éirinn an méid sin); Caitheadh thart ar 14% den mhéid sin san Oirdheiscirt in 2011.¹⁰⁶ Tá Cill Chainnigh ag baint tairbhe leis na blianta ó thurasóireacht intíre, go háirithe daoine a thagann ar chuirteanna gearra agus is dócha go n-éireoidh an margadh sin níos tábhachtaí san am atá le teacht¹⁰⁷.

Tacóidh an Chomhairle le forbairt na turasóireachta inbhuanaithe mar ghné ríthábhachtach i gCill Chainnigh. Bainfear é seo amach trí chomhoibriú idir Fáilte Ireland, Údarás Áitiúla Chill Chainnigh, Turasóireacht Chill Chainnigh, Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh agus contaetha comharsanachta i Réigiún an Oirdheiscirt.

¹⁰⁴ Fáilte Ireland, [Tourism Facts 2008](#), Iúil 2009

Fáilte Ireland, [Tourism Facts 2011](#), Nollaig 2012

¹⁰⁵ Fáilte Ireland, [Tourism to the South East \(Preliminary Data\) 2010](#)

¹⁰⁶ Fáilte Ireland, [Tourism Facts 2011](#), Nollaig 2012

¹⁰⁷ Fáilte Ireland, [Destination Kilkenny A Strategic Plan and Work Programme 2011/2013](#)

7.8.1 Turasóireacht Inbhuanaithe

Cuireann turasóireachta inbhuanaithe rudaí ardchaighdeáin ar fáil bunaithe ar an timpeallacht ardchaighdeáin thógtha agus nádúrtha agus a luíonn go maith leo. Laghdaítear an drochthionchar a bhíonn ar phobail áitiúla, ar an oidhreacht tógtha agus ar tírdhreacha, gnáthóga agus speicis agus méadaítear na buntáistí geilleagracha a bhíonn ag pobail áitiúla.

Ní féidir na straitéisí turasóireachta a fhorbairt ina n-aonar scartha amach ó creat foriomlán maidir le bainistíocht na timpeallachta tógtha agus nádúrtha. D'fhéadfadh turasóireacht andochar a dhéanamh do charachtar an tírdhreacha agus don timpeallacht áitiúil mura ndéanfar í a bhainistiú i gceart.

Tá an téarma Bonneagar Glas á úsáid níos minice anois le cur síos a dhéanamh ar na gréasáin idirnasctha talún agus uisce go léir atá timpeall orainn agus a chothaíonn ardchaighdeán comhshaoil agus a shaibhríonn cáilíocht na beatha atá againn. Áirítear leo sin limistéir chaomhantais dúlra, páirceanna, spásanna oscailte, aibhneacha, tuilemhánna, bogaigh, coillearnacha agus talamh feirme atá timpeall ar ár sráidbhailte, ár mbailte agus ár limistéir uirbeacha agus fite fuaite tríothu. Is iad sin na gnéithe a bhfuil an turasóireacht i gCill Chainnigh bunaithe orthu agus a mbaineann an turasóir chuig an contae taitneamh astu agus a chuireann buntáistí eacnamaíocha ar fáil. Tá cosaint acmhainní nádúrtha an chontae riachtanach chun fás eacnamaíoch a chothú.

Tugtar le fios i bhfoilseachán de chuid Fáilte Ireland [Historic Towns in Ireland](#)¹⁰⁸ nach amháin gur cheart go méadódh forbairt na turasóireachta inbhuanaithe ioncam lucht gnó an bhaile ach gur cheart freisin go gcinnteodh sí go mbainfear amach spriocanna caomhnaithe, sóisialta agus comhshaoil.

Déanfaidh an Chomhairle éascú ar bhearta chun líon na gcuariteoirí a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe, agus ar bhearta chun an t-ioncam a fhaightear in aghaidh an chuairteora a mhéadú, le cur leis an meánfhad a chaitheann siad anseo agus leis an scaipeadh séasúrach; agus ag an am céanna déanfaidh sí a dícheall an oidhreacht thógtha agus an bonneagar glas a chosaint ós iad sin na hacmhainní ar a bhfuil tionscal turasóireachta an Chontae bunaithe. Tacóidh Údarás Áitiúla Chill Chainnigh le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh Mhargaíochta do Thurasóireacht Chill Chainnigh 2012 agus *Destination South East* de chuid Fáilte Ireland¹⁰⁹ agus straitéisí forbartha *Destination Kilkenny*¹¹⁰.

7.8.2 An Táirge Turasóireachta

¹⁰⁸ Fáilte Ireland, [Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential](#), 2012

¹⁰⁹ Fáilte Ireland, *Destination South East A Strategic Plan and Work Programme 2011-2013*

¹¹⁰ Fáilte Ireland, *Destination Kilkenny A Strategic Plan and Work Programme 2011/2013*

Tá réimse rudaí éagsúla i gContae Chill Chainnigh ar díol spéise iad do thurasóirí agus ar féidir leas a bhaint astu chun tionscal ardchaighdeáin inbhuanaithe turasóireachta a fhorbairt a mhairfidh ó cheann ceann na bliana.

Rinne Fáilte Ireland taighde in 2008 ina bhfuarthas amach gur chaith cuairteoirí breis is €2.2 billiún ag dul chuig láithreáin in Éirinn a bhfuil tábhacht staire nó cultúrtha ag baint leo.¹¹¹. Bhain 54% den ioncam iomlán a fuarthas ó thurasóirí ó thar lear le turasóireacht chultúrtha nó oidhreachta, agus ag an am céanna fuarthas 18% den ioncam ó thar lear ó dhaoine a bhí ag plé leis an mbonneagar glas agus iad i mbun rudaí mar fhánaíocht agus siúl, galf, rothaíocht, slatiascaireacht agus cúrsaí eachaíochta¹¹². Lena chois sin is iondúil go bhfanann turasóirí a bhíonn ag plé le cúrsaí cultúir agus oidhreachta níos faide in Éirinn agus go gcaitheann siad níos mó airgid¹¹³. Dá bhrí sin, tá buntáistí díreacha eacnamaíochta ag oidhreachta an chontae don chontae féin agus ní mór a bheith cúramach forbairt na sócmhainní a bhainistiú agus a chinntiú ag an am céanna go gcosnófar agus go gcaomhnófar iad.

Cuid lárnach d'fhorbairt chultúrtha, turasóireachta agus eacnamaíochta an chontae iad na hEalaíona agus tá plé níos mionsonraithe déanta orthu níos faide anonn sa chaibidil seo.

Léiríodh i suirbhéanna a rinne Fáilte Éireann ar chuirteoirí in 2010 go ndeachaigh 192,777 cuairteoir chuig Caisleán Chill Chainnigh agus go ndeachaigh 95,000 cuairteoir go Saotharlann Pothaireachta Nicholas Mosse rud a d'fhág go raibh siad sin ar an 10 rud mba mhó ar chuireadh spéis iontu i Réigiún an Oirdheiscirt¹¹⁴. Ar na rudaí lasmuigh den Chathair ar díol spéise iad do thurasóirí sa chontae bhí Eastát Garrán an Bhatúnaigh, Diméin agus Ionad Léirmhíniúcháin Chaisleán an Chomair, Cnoc Bhréanail, Dearc Fhearna, Mainistir Sheireapúin, Teach Rice i gCallainn, Mainistir an Dubhuisce i nGráig na Manach, Prióireacht Cheanannais, Eastát Choill Chluain Dúin (Woodstock) agus gleannta na n-aibhneacha. Buntáiste cruthaithe do Chill Chainnigh is ea an cáil idirnáisiúnta atá ar an gcathair mar lárionad dheartha agus as táirgí ceardaíochta ardchaighdeáin a sholáthar.

Féilte

Cuireann imeachtaí ar nós féilte, aontaí agus ceolchoirmeacha deiseanna iontacha ar fáil do mhiondíoltóirí agus ba cheart smaoineamh ar sin nuair a bítear ag tabhairt spreagadh d'fhorbairt imeachtaí nua agus d'fhorbairt clár gníomhaíochtaí ar fud an chontae do chuirteoirí. Tá mórchuid déanta ag féilte mar Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh, Féile Ghrinn the Cat Laughs, agus féilte mar an Rhythm and Roots Festival, an Savour Food Festival, an Celtic Festival and Kilkenomics chun aird a tharraingt ar Chathair Chill Chainnigh mar cheann scríbe turasóireachta.

¹¹¹ Fáilte Ireland, [Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential](#), 2012

¹¹² Fáilte Ireland, [Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential](#), 2012

¹¹³ Fáilte Ireland, [Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential](#), 2012

¹¹⁴ Fáilte Ireland, [Tourism to the South East \(Preliminary Data\) 2010](#)

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht d'fhorbairt na bhféilte atá ann cheana féin agus tacóidh sí le bunú féilte nua in áiteanna oiriúnacha inar léir go bhfuil éileamh orthu agus margadh ann dóibh, chun turasóireacht bhreise mhiondíola a chur chun cinn ar fud an Chontae.

7.8.2.1 Tionscadail Suaitheanta

Cabhróidh forbairt tionscadal suaitheanta le cur le héagsúlacht an táirge turasóireachta - lena n-áirítear tionscadail éagsúla, mar Mhíle na Meánaoise (a ndearnadh plé air i gCaibidil 4), Bealach siúil na Feoire agus Teach Rothe. Déantar plé níos mionsonraithe ar Eastáit Gharrán an Bhatúnaigh in alt 7.9.5. Tabharfaidh na Comhairlí tacaíocht d'fhorbairt táirgí suaitheanta turasóireachta sa chathair agus sa chontae.

7.8.2.2 Conairí i gCill Chainnigh

Tá sraith conairí forbartha ar ag Trail Kilkenny fud an chontae atá dírithe ar théamaí éagsúla. Áirítear ar na conairí sin conairí atá dírithe ar cheardaíocht ina dtugtar cuairt ar cheardaithe ina gceardlanna ar fud an chontae, conair a bhaineann le cúrsaí bia agus conairí gníomhaíochta lena n-áirítear siúl agus rothaíocht. Féadfaidh conairí siúl agus rothaíochta tacú go mór le turasóireacht inbhuanaithe. Bainfidh an Chomhairle leas as na beartais atá aici agus as an ról atá aici i mbainistíocht forbartha chun spreagadh a thabhairt do thurasóireacht bunaithe ar shiúl agus ar rothaíocht sa chathair agus sa chontae.

7.8.3 Turasóireacht Chomhtháite Tuaithe

Cé go mbeidh an Chomhairle ag iarraidh a chinntiú go gcuirfear an chuid is mó d'fhorbairtí turasóireachta ar fáil gar do bhailte agus do shráidbhailte, aithníonn sí freisin go bhfuil sé riachtanach ó thaobh nádúr forbairtí áirithe go gcuirfear ar fáil iad in áiteanna eile. D'fhéadfadh a leithéid d'fhorbairt a bheith inghlactha dá luifeadh sí leis na beartais maidir le Nádúr an Tírdhreacha agus dá gcuirfeadh sí réimse shaoráidí ar fáil a bhféadfadh an pobal áitiúil leas a bhaint astu.

Tá Turasóireacht Chomhtháite Tuaithe nasctha go díreach agus go dearfach leis na hacmhainní eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus nádúrtha atá i gceantair thuaithe. Cur chuige maidir le forbairt na turasóireachta is ea é atá íogair ó thaobh nádúr na n-acmhainní áitiúla, na dtraidisiúin agus na ndeiseanna atá ann agus a dhéanann iarracht an leas is mó a bhaint as na hacmhainní atá ann agus a scaipeann na buntáistí ar fud an cheantair.

Má tá forbairt chothrom réigiúnach le chur chun cinn, agus má tá carachtar na tuaithe agus taitneamhachtaí na tuaithe oscailte le caomhnú agus turasóireacht tuaithe le chur chun cinn, ní mór don ceantar a bheith leor ann féin agus réimse iomlán seirbhísí a bheith ar fáil ann. D'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith san áireamh ar na seirbhísí sin, cóiríocht, margadh feirmeoirí, táirgí orgánacha, saoirí gníomhaíochta, áiseanna siúil agus rothaíochta agus áiseanna, gailf, iascaireachta, bádóireachta agus snámha.

Tá réimse ábhar sainspéise agus rudaí eile ar díol spéise iad do thurasóirí a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh le haghaidh turasóirí agus fós carachtar na tuaithe agus taitneamhachtaí na tuaithe oscailte a chaomhnú. Áirítear leo sin cóiríocht do thurasóirí ar an bhfeirm, iascaireacht, gníomhaíochtaí eachaíochta agus gníomhaíochtaí tánaisteacha eile, mar spánna sláinte, scoileanna cócaireachta agus ionaid eachtraíochta. Bíodh is gur nideoig sách beag í an turasóireacht tuaithe i dtionscal foriomlán na turasóireachta is féidir ról ríthábhachtach a bheith aici sna phobail áitiúla lena n-áirítear ról forlíontach don phobal feirmeoireachta. Spreagann na gníomhaíochtaí sin go léir cuairteoirí le fanacht níos faide sa Chontae.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha:

- Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht d'fhorbairt gníomhaíochtaí nideoige, mar shampla iad siúd a bhaineann le bia (go háirithe táirgí breisluacha), foraoiseacht (ar nós táirgí adhmaid), ceardaíocht, éiceathurasóireacht agus turasóireacht feirme, mar shampla cóiríocht i dtithe feirme, feirmeacha oscailte, laethanta saoire ar fheirmeacha, feirmeacha sláinte, gníomhaíochtaí eachaíochta lena n-áirítear cosáin marcaíochta, laethanta saoire éanbhreathnóireachta; teagasc péintéireachta nó grianghrafadóireachta, turasóireacht slatiascaireachta, staidéir allamuigh agus cnocadóireacht (le comhoibriú úinéirí na talún).
- Má tá éascú le déanamh ar agrathurasóireacht ní mór breathnú ar na háiseanna agus ar an gcóiríocht atá ar na gabháltais talmhaíochta le haghaidh turasóirí go háirithe nuair a bhíonn sé i gceist foirgnimh thalmhaíochta tearc-úsáidte a athchóiriú agus a athúsáid agus go bhfanfadh siad fós ina ndlúthchuid den ghabháltas talún.

7.8.4 Áiseanna agus Bonneagar Turasóireachta

Tá áiseanna agus bonneagar sábháilte agus dea-lonnaithe ardchaighdeáin riachtanach má tá cuairteoirí le taitneamh a bhaint as an seal a chaitheann siad anseo. Áirítear leo sin bonneagar mar rianta siúil agus rothaíochta, bonneagar cois abhann i gcomhair slatiascaireachta agus taitneamhachtaí abhann, cúrsaí iompair agus comharthaíocht.

Spreagfaidh na Comhairlí a eagraíochtaí forbartha agus comhlachtaí turasóireachta chun bonneagar leordhóthanach caitheamh aimsire agus turasóireachta a fhorbairt agus áiseanna sa Chontae atá dírithe ar thurasóirí a fhorbairt tuilleadh agus éascóidh siad an obair sin. Cuirfidh na comhairlí feabhas ar an mbonneagar turasóireachta ar fud an Chontae, mar shampla comharthaíocht agus déanfaidh siad uasghrádú ar an limistéar poiblí agus ar áiseanna páirceála, feabhsóidh siad bainistíocht tráchta, agus taitneamhachtaí agus áiseanna seirbhíse nó scíthe faoi réir acmhainní a bheith ar fáil dóibh.

7.8.4.1 Cóiríocht do Thurasóirí

Tá cóiríocht ardchaighdeáin le fáil sa Chontae in óstáin agus i dtithe aíochta agus spreagfaidh siad sin, mar aon leis na rudaí ar díol spéise do thurasóirí iad, daoine a chun cuairt a thabhairt ar an gContae agus fanacht níos faide ann.

Feidhmíonn na príomhbhailte agus sráidbhailte mar ionaid turasóireachta agus tá na saoráidí agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil ríthábhachtach chun acmhainneacht na turasóireachta a fhorbairt sa Chontae. Chuige sin ní mór cóiríocht agus áiseanna oiriúnacha a sholáthar do thurasóirí ar fud an chontae.

7.8.5 Eastát Gharrán an Bhatúnaigh

Tá Eastát Gharrán an Bhatúnaigh agus Graí Bhaile Uí Loingsigh taobh leis suite i nGleann na Feoire ar an taobh thiar de Bhaile Mhic Andáin. Glactar leis go forleathan gur áis ardchaighdeán turasóireachta agus spóirt é Garrán an Bhatúnaigh a bhfuil an-tábhacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leis. Cuid tábhachtach d'oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha ná tíre é freisin. Tá aitheantas idirnáisiúnta faighte ag an gcúrsa gailf agus imríodh comórtais idirnáisiúnta air. Tá an graí ann ó 1914 agus cáil idirnáisiúnta air freisin. Foinse shuntasach fostaíochta, idir dhíreach agus indíreach, sa chontae iad an t-eastát agus an graí. Forbraíodh plean gníomhaíochta don eastát i 2000 inar leagadh síos na treoirphrionsabail agus an treo foriomlán maidir le forbairt an eastáit sa todhchaí. Baineadh amach an chuid is mó de chuspóirí an phlean sa tréimhse ó shin. Tá forálacha an phlean gníomhaíochta ina ndlúthchuid den phlean seo a bhfuil sé mar aidhm aige anois forbairt chuí a éascú ar shlí a léireoidh meas ar nádúr íogair an tírdhreacha, ar oidhreacht agus ar ghnéithe éagsúla de thimpeallacht an eastáit agus a dhéanfaidh iarracht a chinntiú go gcosnófar agus go bhfeabhsófar iad, féach Figiúr 7.3.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha Gharrán an Bhatúnaigh

- An Struchtúr faoi Chosaint, a chúirtealáiste agus na tailte agus na coillearnacha a ghabhann leis a chosaint agus a fheabhsú. An tírdhreach atá ann cheana féin, an stádas éiceolaíochta, cáilíocht uisce agus áiseanna comhshaoil eile a chosaint agus a fheabhsú agus go háirithe foráil a dhéanamh do chosaint na Feoire (atá sainithe mar iarrthóir le bheith ina Limistéar Caomhantais Speisialta (cSAC) agus mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS).
- Foráil a dhéanamh do cothabháil agus d'fheabhsú na n-úsáidí turasóireachta, spóirt, fóillíochta agus na n-úsáidí gaolmhara, agus na dtailte agus na bhfoirgneamh talmhaíochta agus eachaíochta atá ann cheana i limistéar íogair tírdhreacha.
- Conláiste cónaithe na n-áitreabh atá ann cheana féin a chosaint.

Úsáidí nó forbairtí incheadaithe:

- Áiseanna eachaíochta, spóirt agus fóillíochta.
- Úsáidí mar stórais nó mar oifigí nó chun innealra a bhaineann le cothabháil tailte an eastáit a stóráil nó a dheisiú.

Úsáidí ar féidir a bhreithniú:

- Imfháluithe déanta de phubail shealadacha nó imfháluithe sealadacha eile.

Tábla 7.1: Radhairc Gharrán an Bhatúnaigh atá faoi Chosaint

Radharc	Cur Síos
V1	Ó Garrán an Bhatúnaigh go Graí Bhaile Uí Loingsigh
V2	An bealach ó gheata Bhaile Mhic Andáin go Teach Gharrán an Bhatúnaigh agus an Inse
V3	Gleann na habhann ó Dhroichead Bán
V4	Gleann na habhann ó dhroichead Bhaile Uí Loingsigh

Tábla 7.2: Caihdeáin um Bainistiú Forbartha Gharrán an Bhatúnaigh a bhaineann leis an Suíomh féin

Tag. Léarscáile :	Cuspóir:
1	Teach Gharrán an Bhatúnaigh (atá ina struchtúr faoi chosaint), a chuirtealáiste agus na tailte a ghabhann leis a chosaint agus a fheabhsú agus cead a thabhairt síneadh a chur leis mar is cuí.
2	Gnéithe seandálaíochta atá ann cheana féin a chosaint agus a fheabhsú: 2a Iarsmaí Eaglasta 2b Caisleán agus Teach Mór 2c Imfhálú 2d Imfhálú
3	An bealach aniar aneas isteach san eastáit, na lóistí geata, na ballaí teorann agus an t-éadanas bóthair a chosaint agus a fheabhsú.
4	An bealach isteach san eastáit ó Bhaile Mhic Andáin, na lóistí geata, na ballaí teorann agus an t-éadanas bóthair a chosaint agus a fheabhsú.
5	Foráil a dhéanamh d'fheabhsú áiseanna an phailliúin cruicéid.
6 & 7	Foráil a dhéanamh d'fheabhsú agus d'fhorbairt áiseanna turasóireachta, fóillíochta agus caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí gaolmhara ag suíomhanna cuí laistigh den eastát, lena n-áirítear Clós na Sealgairí agus an Gairdín Daingean, ach gan baint ó oidhreacht thógtha ná nádúrtha an eastáit.
8	Foráil a dhéanamh d'fhorbairt lóistí breise in aice le lóistí an Ghairdín Róis atá ann cheana féin a bhaineann le feidhmeanna turasóireachta, fóillíochta agus áineasa an eastáit ach gan baint ó charachtar tírdhreacha an eastáit ná den oidhreacht thógtha agus nádúrtha.

9	Foráil a dhéanamh do shíneadh a chur leis an áis chothabhála gailf atá ann cheana lena n-áirítear seomra gléasta agus úsáidí bainteacha eile foirne.
10	Foráil a dhéanamh do 3 (uimh.) theach scoite a bhainfidh le feidhmeanna spóirt agus áineasa an eastáit a fhorbairt.
11	Foráil a dhéanamh do theach ag foirgneamh na háise cothabhála a bhaineann le háiseanna spóirt agus caitheamh aimsire an eastáit.
—	Foráil a dhéanamh ag suíomh cuí do limistéar cothabhála nó riaracháin an eastáit le chur in ionad foirgnimh na háise chothabhála atá ann cheana féin agus é sin a dhéanamh ar mhaithe le bainistiú leanúnach an eastáit.
12	Foráil a dhéanamh d'fhorbairt 9 (uimh.) dteach ar shuíomh na gConchrónna cosúil leo siúd atá ag an Eachrais (the Gallops) ar choinníoll nach mbainfidh siad de charachtar tírdhreacha an eastáit ná de chomhthéacs na hoidhreachta tógtha ná nádúrtha an eastáit.

7.9 Na hEalaíona agus Forbairt Chultúrtha

Tá traidisiún fairsing, oirirc beoga ag Cathair agus ag Contae Chill Chainnigh ó thaobh na n-ealaíon de. Gné thábhachtach iad na healaíona a chuireann go mór le dul chun cinn saoil shóisialta, chultúrtha, chruthaithigh, eacnamaíoch agus pholaitiúil Chill Chainnigh agus a chinntíonn go mbeidh rath uirthi sa todhcháí.

Glactar leis gur cuid lárnach d'fhorbairt foriomlán an chontae í forbairt chultúrtha. Tá an cultúr atá le fáil i gcontae, i gcathair nó i mbaile ar cheann de na gnéithe ríthábhachtacha a dhéanann idirdhealú idir iad agus contaetha nó cathracha eile agus a chinntíonn go bhfuil sé ar chumas an phobail iad féin a atógáil agus éileamh go dtabharfaidh an domhan aird orthu agus tá an infheistíocht atá á déanamh bunaithe na hábhair chultúrtha atá á dtairiscint ag an gcontae. Cruthaíonn forbairt chultúrtha oidhreacht chultúrtha.

Oibríonn Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh chun gníomhaíochtaí ealaíonta a spreagadh, a fhorbairt agus a chumhachtú ar fud na cathrach agus an chontae agus chun comhordú a dhéanamh orthu. Cuireann an oifig na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do chách, agus cuireann sí comhairle agus tacaíocht ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair. Oibríonn sí freisin chun seasamh Chill Chainnigh mar ionad barr feabhais do na healaíona a neartú agus timpeallacht ealaíon níos rathúla agus níos saibhre a chinntiú. Oibríonn an Chomhairle lena chinntiú go dtugtar tacaíocht leanúnach don earnáil seo, ní amháin toisc go bhfuil luach intreach aige, ach toisc go dtiomáineann sí an eacnamaíocht chun chinn go mór.

7.9.1 Eagraíochtaí Ealaíon

Is iomaí disciplín atá á gcleachtadh ag eagraíochtaí cultúrtha agus ealaíon Chill Chainnigh cultúrtha lena n-áirítear Compántas Barnstorm Theatre, Gailearaí Butler, Féile Ealaíon Chill Chainnigh, an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta, Féile Grinn the Cat Laughs, an Savour Food Festival, Kilkenomics, an Kilkenny Collective for Arts Talent (KCAT) inclusive Arts Centre, Scannánóirí Óga na hÉireann, Compántas Amharclainne Devious agus Cartoon Saloon. Tá ról thábhachtach sna healaíona agus i bhforbairt chultúrtha an chontae acu siúd go léir agus chuir siad le hiomrá an chontae ar fud na hÉireann agus thar lear. Tuigeann an Chomhairle go maith go bhfuil cathracha agus réigiúin san iomaíocht lena chéile ag iarraidh gnólachtaí, infheistíocht dhíreach agus daoine a bhfuil buanna cruthaitheacha acu a mhealladh chucu féin. Má tá le héirí leo ní mór dóibh ábhair chultúrtha de chineálacha éagsúla a thairiscint mar aon le dea-cháilíocht beatha agus stíl mhaith mhaireachtála. Tá na rudaí sin thar a bheith tábhachtach i sochaí an lae inniu. Tá sé ríthábhachtach tacaíocht a fháil ó na heagraíochtaí agus ó thionscail chruthaitheacha atá ann cheana féin. Meallann gnólachtaí rathúla agus gníomhaíocht chultúrtha a thuilleadh gnólachtaí agus tionscail chomhlántacha chun réigiúin shonracha a aimsiú agus iad féin a athlonnú iontu. Is éard a tharlaíonn go bunúsach ná go neartaíonn ár gcultúr seasamh an chontae agus feidhmíonn sé mar a bheadh ambasadóir spreagúil a shaibhríonn an saol agus a meallann daoine agus comhlachtaí chugainn.

7.9.2 Bonneagar Ealaíon

Tá a lán áiteanna i gCill Chainnigh a úsáidtear mar ionaid ghinearálta ghníomhaíochta, léirithe agus taispeántais, lena n-áirítear Gailearaí Butler a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta faighte aige, an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta (Comhairle Ceardaíochta na hÉireann), Amharclann Watergate, Teach Rothe, Ardeaglais Naomh Cainneach, spásanna do thobléirithe agus na leabharlanna. An [Straitéis Ealaíon](#)¹¹⁵ an gá atá le hionad beag solúbtha a bheith ar fáil sa chontae a d'fhéadfadh a lán ról a bheith aige chun spás a sholáthar do ghrúpaí pobail, don damhsa, do chleachtaí bannaí ceoil agus lucht amharclainne agus ina bhféadfadh siad léirithe a dhéanamh agus rudaí a stóráil.

Cuspóir:

- Ionad ealaíon a fhorbairt sa chontae a mbeidh an iliomad úsáidí ealaíne aige.
- Straitéis Ealaíon Údarás Áitiúil Chill Chainnigh a chur i bhfeidhm

¹¹⁵ Aithníodh i *Straitéis Ealaíon 2005-2009* de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh,

8 Oidhreacht:

8.1 Réamhrá

Tá oidhreacht shaibhir thógtha, nádúrtha agus chultúrtha ag Contae Chill Chainnigh. Cuid dár n-oidhreacht nádúrtha iad na tírdhreacha, na haibhneacha, na coillearnacha, na fála sceach, an gheolaíocht, na plandaí agus na hainmhithe ar fad. Gnéithe dár n-oidhreacht thógtha iad na suíomhanna seandálaíochta agus go leor foirgneamh agus déanamhas mar thithe, siopaí, séipéil, droichid agus muilte. Cuimsíonn ár n-oidhreacht chultúrtha gnéithe den oidhreacht, mar shampla traidisiúin, cleachtais, eolas agus na scileanna trína léirítear ár gcultúr.

Is í oidhreacht Chill Chainnigh a chinntíonn gur contae ar leith é, agus is í a thugann a charachtar speisialta dó agus a chruthaíonn 'ómós áite'. Acmhainn luachmhar eacnamaíoch is ea í. Cruthaíonn sí bunsraithe le haghaidh thionscal na turasóireachta i gCill Chainnigh agus is iomaí buntáiste suntasach eacnamaíoch a sholáthraíonn sí don chontae. Tá an oidhreacht ríthábhachtach do shláinte, dea-bhail agus caighdeán saoil na bpobal éagsúil.

Aithnítear sa *Plean Náisiúnta Oidhreachta* agus sa *Phlean Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2011-2016* an ról tábhachtach atá ag na húdaráis áitiúla, agus ag bearta áitiúla an phobail áitiúil, maidir le feasacht a spreagadh faoin oidhreacht agus faoi bhainistíocht a dhéanamh uirthi. Gné thábhachtach den dá phlean is ea an ról feabhsaithe atá tugtha d'údaráis áitiúla i mbainistíocht oidhreachta, rud a gcomhlánfaidh siad trí Phleananna Oidhreachta Contae agus trí Phleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Agus í ag feidhmiú an tsainchúraim sin beidh an Chomhairle ag iarraidh oidhreacht Chontae Chill Chainnigh a chosaint, a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus nuair is féidir, feabhas a chur uirthi chun tairbhe na nglúine reatha agus na nglún atá le teacht. Déanfaidh an Chomhairle iarracht cur le feasacht faoi oidhreacht an chontae trína cuid beartas agus gníomhaíochtaí.

CUSPÓIRÍ

Plean Oidhreachta an Chontae agus Plean Bithéagsúlachta an Chontae chur i bhfeidhm, i gcomhpháirtíocht le Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir.

8.2 An Oidhreacht Nádúrtha

Cuimsíonn an oidhreacht nádúrtha éagsúlacht uile na beatha a fheicimid thart timpeall orainn gach lá. Is minic a thugtar bithéagsúlacht uirthi, agus áirítear léi aibhneacha agus coillearnacha, fála sceach, mamaigh, éin agus plandaí, mar aon le geolaíocht agus tírdhreacha.

Cuireann ár n-oidhreacht nádúrtha buntáistí suntasacha eacnamaíocha ar fáil don chontae. Tá sí mar bhonn agus thaca ag earnálacha tábhachtacha eacnamaíocha mar thalmhaíocht, thurasóireacht agus áineas, agus is cuid lárnach de bhonneagar glas an chontae í. Meastar gur gá acmhainní nádúrtha an chontae a chosaint chun fás eacnamaíoch a choinneáil ar siúl.¹¹⁶

Is é aidhm na Comhairle oidhreacht nádúrtha an Chontae a chaomhnú, a bhainistiú agus a fheabhsú, tuiscint fúithi a mhéadú agus rochtain inbhuanaithe a sholáthar uirthi. Áirítear ar an oidhreacht sin bithéagsúlacht, tírdhreacha agus an oidhreacht gheolaíochta.

8.2.1 Cosaint na Bithéagsúlachta i gCill Chainnigh

Aithníodh go bhfuil an-tábhacht náisiúnta nó idirnáisiúnta ag baint le roinnt limistéar i gContae Chill Chainnigh ó thaobh an fhiadhúlra de. Tugann an reachtaíocht náisiúnta agus an reachtaíocht Eorpach cosaint do na limistéir sin. Ina theannta sin, meastar go bhfuil speicis áirithe phlandaí, ainmhithe agus éan atá le fáil sa chontae tearc nó i mbaol agus tá siad faoi chosaint ag dlí na hÉireann.

8.2.1.1 Limistéir faoi Chosaint a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta ag baint leo: Natura 2000

Ainmníodh Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS), nó tá siad á n-ainmniú, chun gnáthóga agus speicis a chaomhnú a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo de bhun Treoracha an AE maidir le Gnáthóga agus Éin. Tá na láithreáin sin ina gcuid de líonra uile-Eorpach ar a dtugtar Natura 2000. Is é an cuspóir atá le limistéar a ainmniú mar Limistéar Caomhantais Speisialta molta (cSAC) ná gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo a chaomhnú agus is é an cuspóir atá le limistéar a ainmniú mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS) ná cosaint a thabhairt d'éin atá neamhchoitianta, nó atá i mbaol a ndíothaithe nó atá leochaileach maidir le ó thaobh athruithe ina ngnáthóga agus a bhfuil cosaint riachtanach dóibh.

Is í an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá freagrach as na limistéir sin a ainmniú. Is féidir faisnéis cothrom le dáta a fháil faoi na láithreáin sin ar láithreán gréasáin na Seirbhíse (www.npws.ie). Tá liosta na Láithreán Natura 2000 i gContae Chill Chainnigh le fáil i dTábla 8.1 agus tá siad léirithe i bhFigiúr 8.1.

Measúnú Cuí

Faoi mar a tugadh le fios i gCaibidil 1, ciallaíonn Measúnú Cuí measúnú, bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr, ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag pleán nó tionscadal, cibé áit a bhfuil sé, ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreáin Natura 2000 agus go gcuimseofaí ann, nuair is gá, aon bhearta maolaithe nó seachanta le cosc a chur le dhrochthorthaí.

¹¹⁶ Rialtas na hÉireann - Delivering our Green Potential 2012 Ich.5

Cinnteadh an Chomhairle go ndéanfar Measúnú Cuí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus le Airteagal 6(4) ar aon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le, nó nach bhfuil riachtanach ó thaobh bainistiú láithreáin nó láithreán Natura 2000 ach ar dócha go mbeadh tionchar suntasach aige air nó orthu, bíodh sé sin ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, i bhfianaise cuspóirí caomhnaithe an láithreáin.

8.2.1.2 Limistéir faoi Chosaint a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint Leo

Ainmníodh Limistéir Oidhreachta chun speicis agus gnáthóga a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo a chaomhnú faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000. Tá líon beag Tearmann Dúlra Reachtúla agus Tearmann Éanlaithe Fiáine i gContae Chill Chainnigh, a bunaíodh faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976 agus 2000; is limistéir iad sin ina dtugtar tús áite do chaomhnú an dúlra thar gach aon ghníomhaíocht eile. Is í an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fíadhúlra de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá freagrach as na limistéir sin a ainmniú. Féadfar teorainneacha na limistéir faoi chosaint a athrú le linn saolré an phlean agus féadfar limistéir bhreise a ainmniú. Is féidir faisnéis cothrom le dáta a fháil faoi na láithreáin sin ar láithreán gréasáin na Seirbhíse (www.npws.ie). Tá liosta cothrom le dáta de na limistéir sin i gContae Chill Chainnigh a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo le fáil i dTábla 8.1 agus tá siad léirithe i bhFigiúr 8.1.

8.2.1.3 Speicis Neamhchoitianta faoi Chosaint agus a nGnáthóga

Tá speicis áirithe ainmhithe agus éan neamhchoitianta agus faoi bhagairt agus tá siad faoi chosaint ag dlí na hÉireann. Áirítear leo siúd speicis plandaí liostaithe san Ord um Chosaint Flóra, 1999 (nó Orduithe eile den sórt sin) agus a ngnáthóga; ainmhithe agus éin atá liostaithe san Acht um Fhiadhúlra, 1976 agus in ionstraimí reachtúla ina dhiaidh sin; ainmhithe agus plandaí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga, agus éin atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Treoir maidir le hÉin. Chun tuilleadh a fháil amach faoi speicis faoi chosaint agus faoina ngnáthóga féach www.npws.ie.

Rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fíadhúlra (a) faoi aon fhorbairt mholta más rud é go bhféadfadh a leithéid d'fhorbairt mholta tionchar a bheith aici ar limistéir faoi chosaint a bhfuil tábhacht náisiúnta nó idirnáisiúnta ag baint leis, agus (b) aird a thabhairt ar aon riachtanais cheadúnaithe, nuair atá sé ag dul i mbun forbartha nó á ceadú ar dócha go mbeadh tionchar aici ar speicis plandaí, ainmhithe nó éan atá faoi chosaint ag reachtaíocht náisiúnta nó Eorpach.

Cuspóirí

- Cosaint a sholáthar do speicis plandaí agus ainmhithe agus a ngnáthóga atá aitheanta faoin reachtaíocht Eorpach (Treoir maidir le Gnáthóga an AE, Treoir maidir le hÉin an AE) agus iad a fheabhsú nuair is féidir.

- Cosaint a sholáthar do shuíomhanna oidhreachta nádúrtha atá sainithe sa reachtaíocht Náisiúnta (na hAchtanna um Fhiadhúlra agus an tOrdú um Chosaint Flóra) agus iad a fheabhsú nuair is féidir. Bainfidh an chosaint sin le haon leathnú nó athruithe a dhéanfar ar na suíomhanna i rith saolré an phlean seo.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha

A chinntiú go ndéanfar measúnú tionchair éiceolaíochta ar aon fhorbairt bheartaithe ar dócha go mbeadh tionchar suntasach aige ar speicis neamhchoitianta atá faoi bhagairt lena n-áirítear na speicis sin atá faoi chosaint an dlí agus a gcuid gnáthóg. A chinntiú go ndéanfar bearta oiriúnacha seachanta agus bearta oiriúnacha maolaithe a ionchorprú i dtograí forbartha mar chuid d'aon mheasúnú tionchair éiceolaíochta.

Tábla 8.1 Láithreáin Oidhreacht Nádúrtha atá faoi chosaint agus a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta & Náisiúnta ag baint leo						
Ainm an Láithreáin	Láithreán Tag/Cód	cSAC	LCS	pNHA	SNR	WF
Sliabh Chúlchoill	000831	✓				
Eanach Bhaile Hugúin	000404	✓		✓		
Eanach Ghabhalmhaigh	001858	✓		✓		
An Chuid Íochtar d'Abhainn na Siúire	002137	✓				
An Bhearú & An Fheoir Coimpléasc Choill Mhainistir Laoise	002162/000698 002076	✓		✓ ✓		✓
An Fheoir	004233		✓			
Cnoc an Spá & Cnoc na Cloiche Mantaí	000849	✓				
The Loughans	000407	✓				
Cairéal Bhaile Mhic Andáin	002252	✓				
Garrán an Áirséaraigh	002051			✓		
Eanach Ard Lú	000821			✓		
Coillearnach Bhaile Uí Chaoimh	000400			✓	✓	
Inbhear na Bearú	000698			✓		
Coill Baile an Bhrúnaigh	000827			✓		
Clohastia	000830			✓		
Portaigh an Chuain*	002382			✓		
Dearc Fhearna	000401			✓		
Coimpléasc an Dúin Mhóir	001859			✓		
Claiseanna An Eiscir	000832			✓		
Oileán Fhiodh Dúin	000402			✓	✓	
Anaclann Dúlra Gharraí Ricín	000403			✓	✓	
Áit Farantóireachta na Greanaí	000833			✓		
Teach Oighir in aice le hInis Tíog, Co Chill Chainnigh	002094			✓		
An Inse Bheag	000836			✓		
Inis Tíog	000837			✓		
Portach Chill Chéise	000839			✓		
Anaclann Dúlra Choill an	000405			✓	✓	

Duithir						
Coill Kylecorragh	000842			✓		
Loch Cuilinn	000406			✓		✓
Loch Mocháisc	001914			✓		
Eaglais Mhaothail, Cúl an Chuilinn	000408			✓		
Garrán an Bhatúnaigh	000843			✓		
Murphy's of the River	000844			✓		
Eanach na Páirce Nua	000845			✓		
Coill Ráth Shnagadáin	000409			✓		
An Mhóin Rua, Dún Garbháin	000846			✓		
Baile Mhic Andáin	000410			✓		
Riasca Thiobra Fhachna	000411			✓		
Cairéil Bhaile Phóil	000855			✓		

cSAC Limistéar Caomhantais Speisialta molta

pNHA Limistéar Oidhreachta Nádúrtha

SNR SNR Anaclann Dúlra Reachtúil Sainithe

* Limistéar Oidhreachta Nádúrtha

WF Tearmainn Éanlaithe Fiáine

SPA Limistéir faoi Chosaint Speisialta

Chun tuilleadh a fháil amach faoi limistéir atá faoi chosaint féach www.npws.ie.

8.2.2 Bonneagar Glas

Is féidir an téarma Bonneagar Glas a shainmhíniú mar líonraí straitéiseacha pleanáilte agus idirnasctha spásanna glasa agus uisce atá in ann seirbhísí éiceachórais a sholáthar mar aon le buntáistí ó thaobh cháilíocht na beatha a chur ar fáil do dhaoine. Moltar sna Treoirínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt go nglacfar le cur chuige an bhonneagair ghlais ar gach leibhéal sa chóras pleanála agus go n-ullmhófar na Straitéisí i leith an Bonneagair Ghlais ar leibhéal an Chontae agus na Cathrach.

Dearadh an Bonneagar Glas deartha chun an méid seo a leanas a chur ar fáil agus a éascú agus tá sé á bhainistiú chuige sin:

- timpeallacht ardchaighdeán a chuirfidh buntáistí eacnamaíocha ar fáil trí infheistiú isteach agus gnólachtaí nua a mhealladh
- spásanna oscailte ardchaighdeán a chuireann buntáistí sláinte agus sóisialta ar fáil do dhaoine trí áiteanna súgartha, limistéir agus bealaí tarraingteacha agus sábháilte a chur ar fáil le bualadh le daoine nó dul ag siúl nó ag rothaíocht

- deiseanna agus spás chun teagmháil a dhéanamh leis an dúlra, rud a mheastar a bheith riachtanach don tsláinte agus don fholláine
- oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide agus do thuilte.
- táirgeadh bia áitiúil - i ngarraithe scóir, i ngairdíní agus trí thionscal na talmhaíochta
- spás ina féidir leis an mbithéagsúlacht (nádúr agus fiadhúlra) dul i dtreis
- ómós áite agus sainiúlacht áitiúil

Tugann pleanáil an Bhonneagair Ghlais atá ag teacht chun cinn freagra ar an chaoi a n-aithnítear níos mó is níos mó go soláthraíonn spás glas a lán buntáistí don tsochaí agus gur gá pleanáil a dhéanamh maidir lena sholáthar agus lena chosaint, agus lena bhainistiú céim ar chéim le pleananna fáis agus forbartha. Tá ról suntasach aige maidir le cuidiú le cosaint láithreán Natura 2000 agus na bithéagsúlachta

Cuspóirí

- **Ullmhú i gcomhair cur chun feidhme Straitéis an Bhonneagair Ghlais do Chontae Chill Chainnigh agus tacú leis an Straitéis de réir mar a bhíonn na hacmhainní ar fáil chuige.**

8.2.3 Caomhnú an Dúlra Lasmuigh d'Ionaid Shonraithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Tá a lán den bhithéagsúlacht, agus go leor dár gnéithe tírdhreacha a bhfuil tábhacht leo sa chontae le fáil i gceantair lasmuigh d'áiteanna atá faoi chosaint an dlí náisiúnta ná dlí an AE. Tá na gnáthóga agus na gnéithe sin an-tábhachtacha go háirithe maidir le cur le bithéagsúlacht, le luach an tírdhreacha agus le hómós áite an chontae. Tá ról tábhachtach acu freisin mar "chonairí" nó mar "chlocha cora" éiceolaíoch, is é sin le rá, cuireann siad ar chumas speiceas gluaiseacht ó áit go háit, agus cabhraíonn siad le cothú na ngnáthóg, na bpróiseas éiceolaíoch agus na feidhmeanna atá riachtanach chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú agus a chothabháil. Soláthraíonn siad naisc agus conairí ríthábhachtacha a éascaíonn gluaiseacht plandaí agus ainmhithe idir líonra na láithreán sin atá faoi chosaint. Áirítear ar na gnéithe sin: fálta sreach, díoga agus claíocha, ballaí cloiche, coillearnacha, eastáit agus páirceanna, aibhneacha, srutháin agus na criosanna bruachánacha a ghabhann leo, taiscumair, locháin agus canálacha. Is iad conairí sin nó na líonraí idirnasctha sin a chruthaíonn ár mBonneagar Glas. Tá sé tábhachtach na limistéir sin a chaomhnú agus a bhainistiú go maith.

Tá cuntas in Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga ar ár n-oibleagáidí i ndáil leis an oidhreacht nádúrtha sa limistéar tuaithe níos leithne. Tá foráil ann go ndéanfaidh na hÚdaráis Phleanála iarracht trí phleanáil úsáide talún agus trí bheartais forbartha chun feabhas a chur ar chomhchuibheas éiceolaíoch an líonra Natura 2000 agus go dtabharfaidh siad spreagadh do bhainistiú gnéithe tírdhreacha atá an-tábhachtach ó thaobh fána agus flóra fiáine. Is gnéithe iad sin atá ríthábhachtach d'imirce, do scaipeadh agus do mhalartú géiniteach na speiceas fiáin de bharr na bhfeidhmeanna agus na struchtúr atá acu agus ar cuid iad de ghréasán an bhonneagair ghlais.

Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh coimisiúnú ar mheasúnaithe gnáthóg agus suirbhéanna ar an mBonneagar Glas i roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae (Cathair Chill

Chainnigh, Gabhrán, Fiodh Dúin, Baile an Phoill, Baile Sheáin, Áth na nUrlainn, Béal Átha Ragad, Baile Héil, Móin Choinn agus Cnoc an Tóchair). Tá na torthaí na suirbhéanna sin rithábhachtach chun feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar acmhainn na bithéagsúlachta sa chontae agus úsáidfeadh é chun eolas a sholáthar do phróiseas bainistithe forbartha. Ar bhunús na dtorthaí sin glacadh le beartas agus le cuspóirí um chosaint agus um fheabhsú gnáthóg laistigh de theorainneacha na bpleananna don ceantar áitiúil atá ag Gabhrán, Fiodh Dúin agus Baile an Phoill. Tá na tuarascálacha sin ar fáil don phobal in Oifigí Pleanála Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Tá tuilleadh oibre ag teastáil chun mapáil a dhéanamh ar na gnáthóga agus ar líonraí an Bhonneagair Ghlais a bhaineann leis na lonnaithe eile.

CUSPÓIRÍ

Na gnáthóga fiadhúlra agus na gnéithe tírdhreacha a fheidhmíonn mar chonairí nó mar líonraí éiceolaíochta agus clocha cora éiceolaíochta, mar shampla conairí abhann, fála scean agus ciumhaiseanna bóthair, a chosaint agus a fheabhsú nuair is féidir, agus féachaint chuige go gcaillfeadh an oiread is lú agus is féidir de ghnáthóga agus de ghnéithe an limistéir tuaithe níos leithne (mar locháin, bogaigh, crainn) nach bhfuil suite sna láithreáin shainithe. Sa chás nach bhfuil aon dul as ach go gcaillfeadh gnáthóga agus gnéithe eile sa limistéar tuaithe níos leithne de thoradh forbairtí, ní mór a áirithiú go gcuirfeadh bearta maolaithe nó cúitimh i bhfeidhm chun an bhithéagsúlacht agus carachtar an tírdhreacha agus gréasán an bhonneagair ghlais a chaomhnú agus a fheabhsú.

8.2.4 Oidhreacht Gheolaíochta

8.2.4.1 Láithreáin Gheolaíochta An Chontae

Rinne Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) measúnú ar oidhreacht gheolaíochta Chontae Chill Chainnigh agus chuir siad dhá thuarascáil ar fáil dar teidil *The Geological Heritage of Kilkenny (2007)* agus *An Audit of Geological Sites in County Kilkenny, Phase 2 (2012)*. Tá an dá thuarascáil sin le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle (www.kilkennycoco.ie). D'aithin Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann sna tuarascálacha sin láithreáin sa Chontae a bhfuil tábhacht gheolaíoch agus gheomoirfeolaíoch ag baint leo agus mhol siad go ndéanfaí iad a chosaint mar Láithreáin Gheolaíochta an Chontae. Féach Aguisín E). D'fhéadfadh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Suirbhéireacht Gheolaíochta cuid de na láithreáin sin a ainmniú mar Limistéir Oidhreacht Nádúrtha (NHAanna) toisc gur díol spéise náisiúnta iad. Idir an dá linn déanfaidh an Chomhairle iarracht chun luach geolaíochta na láithreáin sin a chosaint agus i gcásanna ina mbeadh sé oiriúnach cur le luach na hoidhreacht gheolaí agus gheomoirfeolaí a bhaineann le Láithreáin Gheolaíochta an Chontae atá ar an liosta in Aguisín E.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha

- Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann nuair a bheidh sí ag smaoineamh ar fhaomhadh nó údarú a thabhairt d'fhorbairtí ar cosúil go mbeadh tionchar acu ar Láithreáin Gheolaíochta an Chontae.

8.2.5 Coillearnacha, Crainn agus Fálta Sceach

Acmhainn comhshaoil, eacnamaíoch, conláiste agus tírdhreacha iad coillearnacha agus crainn a bhfuil an-tábhacht ag baint leo. Cuireann siad go mór leis an mbithéagsúlacht agus le carachtar tírdhreach an chontae agus tá siad ina gcuid de líonra gnáthóg, de 'chonairí' éiceolaíocha agus de 'chlocha cora' atá riachtanach má tá rath le bheith ar an bhfiadhúlra agus má tá na speiceas éagsúla le beith in ann gluaiseacht ó ghnáthóg amháin go gnáthóg eile agus laistigh díobh. Cuid thábhachtach iad chomh maith dár mbailedhreacha.

Is éard atá i gClár Crann na hÉireann ná bunachar sonraí a thiomsaigh Comhairle Crann na hÉireann faoi chrainn shuntasacha na tíre. Aithnítear crainn shuntasacha an chontae ar bhunús tréithe mar aois, airde agus trastomhas agus gnéithe staire nó béaloidis a bhaineann leo. Is féidir cóip den Chlár sin a bhaineann le Cill Chainnigh a fheiceáil ag Rannóg Páirceanna Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

Aithníodh acmhainn conláiste coillearnacha an chontae i Suirbhé ar Coillearnacha Chill Chainnigh, a choimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh in 1997. Is féidir cóip den suirbhé sin a fheiceáil ag Rannóg Páirceanna Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

Tá roinnt beart reachtach ina n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le crainn agus le coillearnacha agus ina ndéantar foráil dá gcosaint. Orthu siúd tá:

- i. Orduithe Caomhnaithe Crann
Tá foráil faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, go bhféadfar orduithe caomhnaithe crann a úsáid chun crainn, grúpaí crann agus coillte a chosaint a bhfuil luach conláiste ag baint leo. Ní féidir crainn, atá faoi réir orduithe caomhnaithe, a leagan mura bhfaigheann an t-úinéir cead pleanála chuige sin. Féach Aguisín F chun liosta a fháil de na hOrduithe Caomhnaithe Crann atá i bhfeidhm sa chontae faoi láthair. Is féidir cur leis an liosta sin le linn saolré an Phlean seo. Téigh i gcomhairle le Roinn Páirceanna na Comhairle Contae chun liosta cothrom le dáta a fháil. Bainfidh an Chomhairle leas as Orduithe Caomhnaithe Crann mar is cuí chun crainn, grúpaí crann nó coillearnacha tábhachtacha a chosaint.
- ii. An tAcht Foraoiseachta, 1946
Cé go bhfuil eisceachtaí áirithe i gceist, tá sé mídhleathach faoin Acht Foraoiseachta 1946, aon chrann a stoitheadh nó a ghearradh anuas gan fógra a thabhairt de réir an Achta go bhfuiltear chun é sin a dhéanamh. Cuirfidh an Chomhairle treoir ar fáil d'úinéirí talún maidir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta dlíthiúla atá ann i ndáil le leagadh crann d'fhonn carachtar an tírdhreacha agus bithéagsúlacht an chontae a chosaint.

8.2.5.1 Fálta Sceach

Cuireann fálta sceach go mór le bithéagsúlacht agus le carachtar tírdhreacha Chontae Chill Chainnigh. Tá feidhm thábhachtach feirmeoireachta acu freisin, is gnáthóga fiadhúlra iad, agus cuireann siad conairí ar fáil don fiadhúlra gluaiseacht idir gnáthóga éagsúla, agus tá tábhacht stairiúil acu chomh maith mar theorainneacha bailte fearann agus páirceanna.

Tá cosaint ag fálta sceach faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, trína gcuirtear cosc ar ghearradh na bhfálta sceach aimsir ghoir na n-éan ón 1^ú Márta go dtí an 1^ú Meán Fómhair).

Tá suirbhéanna déanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh ar fhálta sceach i roinnt limistéar nó lonnaíochtaí ar fud an chontae, mar chuid de Mheasúnaithe ar Ghnáthóga agus ar an mBonneagar Glas chun faisnéis a sholáthar le haghaidh Pleananna do Cheantair Áitiúla. Féach cuid 8.2.3 Caomhnú an Dúlra Lasmuigh d'Ionaid Shainithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta.

Caighdeáin um bainistiú forbartha

- Cosaint a thabhairt do choillearnacha agus do chrainn agus d'fhálta sceach atá ann cheana féin agus a bhfuil luach conláiste nó bithéagsúlachta ag baint leo nó a chuireann le carachtar tírdhreacha an chontae, agus deimhin a dhéanamh go ndéarfai foráil dá gcosaint agus dá mbainistiú nuair atá forbairt á déanamh nó á faomhadh nó á húdarú.
- A chinntiú nuair atá forbairt á déanamh nó á faomhadh nó á húdarú go gcuirfear go leor faisnéise ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na forbartha ar choillearnacha, ar chrainn, agus ar fhálta sceach.
 - Nuair atá measúnú á dhéanamh ar iarratais pleanála ba cheart aird a thabhairt orthu seo a leanas agus a iarraidh go ndéanfar iad a chaomhnú (a) láithreáin a aithníodh sa Suirbhé ar Choillearnacha Chill Chainnigh 1997 gur láithreáin shuntasacha iad, agus (b) na crainn i gContae Chill Chainnigh a aithníodh i gClár Crann na hÉireann agus (c) na crainn a aithníodh sa Suirbhé ar Chrainn na Cathrach agus a Purlán.
- Fálta sceach, agus cóireáil teorann sainiúil eile mar bhallaí cloiche a choinneáil, nuair atá forbairt á déanamh nó á húdarú nó á faomhadh; a chinntiú i gcásanna nuair nach féidir an teorainn a choinneáil mar chuid d'fhorbairt go gcuirfear fál sceach nua ag baint úsáide as speicis dhúchasacha, agus as speicis ó fhoinsí áitiúla, le cur in ionad an fháil sceach a bhí ann cheana agus / nó go ndéanfar an balla a atógáil ag baint úsáide as cloch áitiúil agus as dearadh dúchasach áitiúil.
- Daoine a díspregadh ó chrainn aibí a ghearradh anuas chun éascú a dhéanamh ar fhorbairtí.
- A éileamh go gcuirfear speicis dhúchasacha leathanduilleacha agus speicis ó fhoinsí áitiúla i bhforbairtí nua, de réir mar is cuí. Féach Aguisín G chun liosta a fháil de chrainn agus de thoir dhúchasacha.

Cuspóir:

- Cuirfidh Comhairle Contae Chill Chainnigh plandáil speiceas crann agus tor dúchasach chun cinn trí leas a bhaint as speicis dhúchasacha (agus speicis ó fhoinsí áitiúla nuair is féidir) nuair atá sí i mbun oibre tírdhrechtaithe agus ag obair ar thailte na Comhairle Contae.

8.2.6 Uiscí Intíre, Aibhneacha, Sruthanna, Bogaigh agus Screamhuisce

Tá na haibhneacha, na sruthanna, na bogaigh agus an screamhuisce i gContae Chill Chainnigh tábhachtach ó thaobh na bithéagsúlachta de agus cuireann siad acmhainní concláiste agus caitheamh aimsire ar fáil, go háirithe don turasóireacht slatiascaireachta. Tá an screamhuisce tábhachtach chun uisce a sholáthar agus chun bogaigh a choinneáil slán agus sreabhadh abhann a choinneáil ar siúl nuair a bhíonn an aimsir tirim. Cuid lárnach dár mBonneagar Glas iad aibhneacha agus srutháin an Chontae (féach cuid 8.2.2).

Is iad an Fheoir, an tSiúir agus na Bearú (ar a dtugtar an "Triúr Deirfiúr") na príomhaibhneacha a ritheann trí Chontae Chill Chainnigh. Is limistéir oidhreachta faoi chosaint is ea iad faoi reachtaíocht na hEorpa agus tá siad go léir sainithe mar Limistéir Chaomhantais Speisialta molta agus tá codanna den Fheoir sainithe mar Limistéar Caomhantais speisialta, féach Cuid 8.2.1.1 thuas. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag forbairtí a dhéantar ag suíomhanna i bhfad uathu ar aibhneacha an chontae. Dá mbeadh naisc hidreolaíocha ag an suíomh sin le habhainn d'fhéadfadh astarraingt uisce, sceitheadh ó ionaid chóireála fuíolluisce, silleadh uisce dromchla nó maolú uisce dromchla dul i gcionn uirthi.

Ó forbraíodh siúlóidí cois abhann tá rochtain i bhfad níos fearr ag daoine ar chonairí na n-uiscebhealaí agus ag an am céanna tá na haibhneacha féin á n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí uisce lena n-áirítear slatiascaireacht, bádóireacht, snámh, curachóireacht agus cadhcáil. Lena chois sin cruthaíonn na haibhneacha suíomh saibhir tírdhreacha do bhailte agus do shráidbhaile an chontae agus tarlaíonn sé go minic gurb iad sin an príomhlíonra den bhonneagar glas sna háiteanna sin. Soláthraíonn na haibhneacha buntáistí suntasacha eacnamaíocha freisin. Chuaigh 127,000 cuairteoir ó thar lear ag slatiascaireacht in Éirinn in 2010 agus chaith siad €89 milliún dá bharr¹¹⁷. Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh iniúchadh ar oidhrecht Abhann na Feoire, inar aithin siad an oidhrecht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha ar feadh conair na Feoire i gContae Chill Chainnigh agus rinne siad léarscáil di. Féach cuid 7.2.3.2 chun tuilleadh sonraí a fháil. Tá sonraí an iniúchta sin á n-úsáid chun straitéis léirmhínitheach a fhorbairt do chonair na Feoire. Tá an obair á maoiniú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus ag Trail Kilkenny.

Mar gheall ar a thábhachtaí is atá siad coinneofar gach abhainn agus sruthán i staid oscailte leathnádúrtha, gach áit is féidir. Cosnófar a gconairí agus a ngleannta agus déanfar iad a

¹¹⁷ Fáilte Ireland. *Activity Product Usage among Overseas Visitors in 2010*

chothabháil ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht a bhaineann leo agus an luach atá acu sa tírdhreach, lena n-áirítear cosaint ar thuilte. Tá na tuilemhánna nádúrtha ar feadh na n-aibhneacha tábhachtach mar limistéir mhaolánacha agus laghdaíonn siad tuilte. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, le hIascaigh Intíre na hÉireann, le hUiscebhealaí Éireann agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun rochtain phoiblí a éascú ar conairí uiscebhealaí agus ar bogaigh nuair is féidir agus nuair is cuí agus chun tuiscint níos fearr a sholáthar don phobal fúthu.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha

- Dul i gcomhairle le hIascaigh Intíre na hÉireann agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula dtosófar aon oibreacha nó forbairtí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar aibhneacha, ar shrutháin nó ar uiscebhealaí agus sula ndéanfar oibreacha nó forbairtí mar sin a fhorghnó nó a údarú.
- Ní mór a léiriú i gcás tograí nach mbeidh drochthionchar acu ar aon ghnáthóga ná ar aon speicis inspéise nó nach gcuirfidh siad as d'fheidhm atá ag an mbonneagar glas mar chonair.

8.2.7 Speicis Ionracha

Is éard atá i speicis ionracha neamhdhúchasacha ná ainmhithe agus plandaí a thugtar isteach de thimpiste, nó d'aon turas, i dtimpeallacht nádúrtha nach mbíonn siad ar fáil inti de ghnáth agus is bagairt shuntasach iad don mbithéagsúlacht. Is féidir leo drochthionchar a imirt ar speicis dhúchasacha, athrú ó bhun a dhéanamh ar ghnáthóga agus éiceachórais agus is féidir leo fadhbanna tromchúiseacha a chruthú don chomhshaol, d'fhoirgnimh agus don gheilleagar. Is é an meastachán reatha ná go gcosnaíonn na speicis ionracha €261 milliún ar Éirinn in aghaidh na bhliana¹¹⁸. D'fhéadfadh speicis ionracha leathadh amach nuair a bhíonn oibreacha forbartha ar siúl agus le linn gníomhaíochtaí áineasa. Tá roinnt speiceas ionrach coitianta anois i gCill Chainnigh. Chun tuilleadh eolais a fháil ar speicis ionracha féach ar (www.invasivespeciesireland.com). Spreagfaidh an Chomhairle feachtas faoi speicis ionracha agus cuirfidh sí dea-chleachtas chun cinn chun iad a rialú.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha

A chinntiú, chomh fada agus is féidir, nuair a bhíonn iarratais á scrúdú go ndéanfar iniúchadh le féachaint an bhféadfadh na forbairtí sin cabhrú chun aon speiceas ionrach a scaipeadh.

8.2.8 Plandaí de Speicis Dhúchasacha

Nuair is féidir, ba cheart plandaí dúchasacha agus síolta ó fhoinsí dúchasacha síolta a úsáid i ngach forbairt agus tionscadal tírdhrechtaithe nó cóireálacha. Tá sé seo tábhachtach toisc:

- Go gcuireann sé leis na gealltanais náisiúnta a tugadh maidir le caomhnú na héagsúlachta bitheolaíche trí ghnáthóga dúchasacha a bhunú agus chun laghdú a dhéanamh ar phlandáil agus ar scaipeadh plandaí neamhdhúchasacha

¹¹⁸ Kelly J., Toshi D K., agus Jodson A., 2013. The economic cost of invasive species in Ireland and Northern Ireland. Tuarascáil a ullmhaíodh do Ghníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann agus don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra mar chuid de Invasive species Ireland.

- Go laghdaíonn sé an bhagairt maidir le himpórtáil lotnaidí agus galair a iompraítear ar ábhar plandaí neamhdhúchasacha (nach bhfaightear ó fhoinsí dúchasacha) a bhféadfadh an-tionchar go deo a bheith acu ar flóra agus fána dúchasach, ar an tírdhreach, ar thalmhaíocht agus ar fhoraoiseacht
- Go n-athshlánaíonn sé gnáthóga nó go ndéanann sé cúiteamh as a gcailliúint.
- Go gcoinníonn sé féiniúlacht réigiúnach, carachtar an tírdhreacha agus éagsúlacht na réigiún.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha

- Plandaí dúchasacha agus síolta ó fhoinsí dúchasacha síolta a chur chun cinn i ngach tionscadal tírdhrechtaithe

8.2.9 Tírdhreach

Is é an sainmhíniú a thugtar ar "Tírdhreach" ná limistéar a bhfuil carachtar aige mar gheall ar ghníomhú agus idirghníomhú tosa nádurtha agus/nó daonna. Acmhainn luachmhar, dinimiciúil é tírdhreach Chontae Chill Chainnigh ina bhfaightear gach gné den oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha. Cruthaíonn tírdhreacha an tuiscint gur áit faoi leith í agus measann cónaitheoirí agus cuairteoirí araon gurb é sin a chinntíonn an cineál áite atá ann le cónaí ann agus freisin an cineál áite atá ann chun críocha caitheamh aimsire agus turasóireachta.

Baineann sé le nádúr forbairtí gur dócha go mbeadh a bheag nó a mhór de thionchar acu ar dhealramh agus ar charachtar an tírdhreacha, agus braitheann an tionchar sin ar chineál, ar úsáid agus ar scála an fhorbartha atá molta. Acmhainn thábhachtach é tírdhreach Chill Chainnigh agus tá sé tábhachtach go ndéanfar é a bhainistiú agus a chosaint go ciallmhar. Dá bhrí sin, beidh sé de dhualgas ar an bhforbróir a léiriú go sásúil go bhféadfaidh forbairt nua suigh isteach go héasca sa tírdhreach a bheidh timpeall uirthi agus nach mbeidh drochthionchar suntasacha a bheith aici ar dhealramh foriomlán an tírdhreacha.

Sócmhainn shuntasach eacnamaíoch iad tírdhreacha an Chontae, agus tá an-acmhainn talmhaíochta agus turasóireachta ag na haibhneacha agus ag tírdhreacha sléibhte agus tailte arda. Is féidir a rá gur táirge eacnamaíoch é an tírdhreach agus tá sé ríthábhachtach é a chur chun cinn agus a chosaint.

Cuireann Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa chosaint, bainistíocht agus pleanáil tírdhreacha na hEorpa chun cinn. Ghlac Comhairle na hEorpa leis an gCoinbhinsiún i mí Dheireadh Fómhair 2000 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí an Mhárta 2004. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go bhfuil sé ar intinn aici Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha a fhoilsiú, agus i mí Mheán Fómhair 2011, d'fhoilsigh sí páipéar comhairliúcháin phoiblí ar na saincheistanna a bheidh le cíoradh in ullmhú na straitéise¹¹⁹. Tabharfaidh an

¹¹⁹ An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta [A National Landscape Strategy for Ireland Strategy Issues Paper for Consultation](#), 2011.

Chomhairle tacaíocht d'fhorálacha na Straitéise Náisiúnta Tírdhreacha nuair a fhoilseofar í agus cuirfidh sí i bhfeidhm iad.

8.2.9.1 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha

Is éard atá i measúnacht ar nádúr an tírdhreacha ná próiseas ina ndéantar cur síos oibiachtúil ar tírdhreacha agus ina ndéantar iad a mhapáil agus a rangú go hoibiachtúil. Nuair a thugtar sainmhíniú ar nádúr an tírdhreacha is féidir tuiscint a fháil ar luach bunúsach agus tábhacht na ngnéithe éagsúla faoi leith atá sa tírdhreach agus ar na próisis a d'fhéadfadh carachtar an tírdhreacha a athrú amach anseo.

Ag féachaint don Choinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa cuireadh tuarascáil ar fáil faoi Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha do Chontae Chill Chainnigh in 2003 (i gcomhréir le [Landscape and Landscape Assessment Guidelines for Planning Authorities](#), 2000¹²⁰). Aithníodh sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha go raibh ceithre chineál nádúr le sonrú i dtírdhreacha an Chontae agus fo-roinneadh iad sin arís ina 14 limistéar ó thaobh nádúr an tírdhreacha. Aithníodh go raibh luach speisialta ó thaobh nádúr an tírdhreacha de ag cuid de na limistéir sin agus aithníodh gnéithe íogaire agus limistéir a raibh an-íogaireacht ag baint lena dtírdhreacha.

Cuspóir:

Nádúr tírdhreacha Chontae Cill Chainnigh a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe ag féachaint do thorthaí na measúnachta ar nádúr an tírdhreacha agus do na caighdeáin bainistíochta forbartha atá leagtha síos sa chaibidil seo ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe an chontae agus le caomhnú oiriúnach a dhéanamh ar nádúr a thírdhreacha.

8.2.9.2 Cineálacha Nádúr Tírdhreacha

Is éard atá i gCineálacha Nádúr Tírdhreacha ná cineálacha éagsúla tírdhreacha a bhfuil carachtar réasúnta aonchinealach acu sa mhéid is gur féidir iad a fháil in áiteanna éagsúla ar fud an chontae, ach go bhfuil an meascán céanna de gnéithe geolaíochta, topagrafaíochta, cumhdach talún agus úsáidí stairiúla talún ag baint leo go léir, mar shampla, Sléibhte agus Tailte Arda.

Aithníodh tírdhreacha éagsúla sa Chontae a bhfuil ceithre chineál nádúr ag baint leo sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha. Ba iad sin:

- Sléibhte agus Tailte Arda
- Limistéir Ísle,
- Gleannta Aibhneacha, agus
- Limistéir Idir Eatarthu.

¹²⁰ An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. [Landscape and Landscape Assessment Consultation Draft of Guidelines for Planning Authorities](#), 2000.

8.2.9.3 Limistéir Nádúr Tírdhreacha

Tá na cineálacha nádúr tírdhreacha sin foroinnte ina 14 Limistéar Nádúir Tírdhreacha shonracha gheografacha ar leith. Tá na limistéir agus na cineálacha nádúr tírdhreacha sin le fáil i bhFigiúr 8.2 (féach ar Mheasúnacht ar Shaintréithe an Tírdhreacha atá atáirgthe ina iomláine in Aguisín H chun tuilleadh sonraí a fháil). Aonaid den tírdhreach iad na Limistéir Nádúir Tírdhreacha atá sonrach ó thaobh na tíreolaíochta de agus a bhfuil a gcarachtar féin acu agus ag chothaíonn a n-ómós áite féin. Tá a charachtar sainiúil féin ag gach ceann acu, bunaithe ar gheolaíocht, ar thírghnéithe, ar úsáid talún, agus ar ghnéithe cultúrtha, stairiúla agus éiceolaíochta.

8.2.9.4 Luachanna a bhaineann le Nádúr an Tírdhreacha

Chomh maith le saintréithe fisiceacha agus amhairc an tírdhreacha, cuireann pobail nó daoine aonair luachanna áirithe i leith an tírdhreacha. Is féidir chur síos a dhéanamh ar luachanna Tírdhreacha trína rá gurb iad sin na buntáistí comhshaoil nó cultúrtha (lena n-áirítear seirbhísí agus feidhmeanna) a thagann ó thréithe éagsúla an tírdhreacha.

Limistéir Tírdhreacha a bhfuil An-luach Conláiste agus Scéimhe ag Baint leo

Sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha tugadh luach tírdhreacha do gach ceann de na Limistéir Nádúir Tírdhreacha. Leagadh béim ar an luach speisialta tírdhreacha a bhaineann le roinnt de na Limistéir Nádúir Tírdhreacha atá léirithe i bhFigiúr 8.2 – agus aithníodh go raibh Tailte Arda Chnoc Bhréanail agus Ghleannta na Feoire, na Bearú agus na Siúire an-álainn agus go raibh an-luach conláiste amhairc acu agus an-acmhainn turasóireachta iontu laistigh den chontae.

Cuspóir:

A chinntiú i gcás forbairtí sna Limistéir Nádúir Tírdhreacha Thailte Arda Chnoc Bhréanail agus Ghleannta na Feoire, na Bearú agus na Siúire, atá an-álainn agus a bhfuil an-luach conláiste amhairc ag baint leo, go ndéanfar iad a shuí agus a dhearadh go cúramach le gur féidir dlúthchuid den tírdhreach a dhéanamh díobh go rathúil.

8.2.9.5 Íogaireacht Nádúir an Tírdhreacha

Is é an sainmhíniú a thugtar ar íogaireacht Limistéar Nádúir Tírdhreacha ná an teacht aniar iomlán atá iontu chun a gcarachtar a choinneáil in ainneoin athraithe agus an cumas atá iontu teacht aniar a dhéanamh i ndiaidh cuid dá gcomhpháirteanna a chailliúint.

Limistéir Íogaireachta níos Mó

Aithníodh limistéir ar fud an chontae sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha atá an-íogair ó thaobh forbairtí agus ar bheag an acmhainn athruithe atá iontu. Aithnítear na limistéir sin i bhFigiúr 8.3. Is limistéir iad sin sa chontae atá níos airde agus a bhfuil chlúdach áirithe talún

orthu. Tríd is tríd is féidir a rá faoi limistéir arda, nach bhfuil orthu ach fásra íseal nó fásra scáinte agus gur beag forbairtí atá déanta orthu gur limistéir an-íogaire iad agus gur beag an acmhainneacht atá iontu glacadh le forbairtí nua.

Áirítear mar limistéir atá íogair ó thaobh úsáide talún de limistéir atá oscailte agus nochta agus a bhfuil clúdach fásra tanaí nó scáinte orthu agus nach leor an fásra sin chun an fhorbairt a cheilt ó radharc. Fiú dá gcuirfí plandaí ag fás ann ní gheofaí aon fhásra ard suntasach dá bharr toisc na limistéir sin a bheith chomh nochta sin don síon. Dá thoradh sin bheadh aon fhorbairt a dhéanfaí le feiceáil i bhfad is i gcéin. Eisceacht iad foraoiseacha leathanduilleacha, measctha agus ceantair choillearnacha idirthréimhseacha scrobarnaí a thacaíonn le fásra ard a d'fhéadfadh forbairt a cheilt. Mar sin féin tá siad íogair mar gheall ar a gcarachtair nádúrtha agus de bharr a fhaide a mhaireann siad sa tírdhreach; dá gcaillfidís aon chuid dá struchtúr (mar shampla, trí crainn a leagadh) bheadh tionchar aige sin ar dhealramh na dúiche thar limistéir leathan.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha:

Dealramh na limistéir níos íogaire sa chontae a choinneáil agus a chinntiú go ndéanfar aon fhorbairt sna limistéir sin a shuí in áit oiriúnach agus a dhearadh ar bhealach oiriúnach. Beidh ar iarratasóirí a léiriú gur féidir dlúthchuid den tírdhreach a dhéanamh d'aon fhorbairt bheartaithe agus nach mbeidh tionchar díréireach aici ar an tírdhreach.

8.2.9.6 Radhairc

Ní mór radhairc atá le fáil ó bhóithre poiblí agus i ngleannta aibhneacha ar fud an chontae a chaomhnú agus a chosaint má tá luach ard conláiste ag baint leo. Níl sé á moladh go gcuirfí toirmeasc ar gach forbairt ar feadh na mbealaí sin chun na radhairc a chaomhnú ach nár cheart go gcuirfeadh aon fhorbairt a cheadófar bac tromchúiseach ar dhaoine na radhairc sin a fheiceáil agus gur cheart forbairtí a dhearadh ar bhealach, agus a shuí in áiteanna, chun go mbeidh an tionchar is lú acu. Tá liosta de na radhairc atá le cosaint le fáil in Aguisín I a ghabhann leis an bPlean agus tá siad léirithe i bhFigiúr 8.2.

Cuspóir:

Chun áiteanna nó limistéir a chosaint agus a fheabhsú óna bhfuil radhairc le fáil a bhfuil luach conláiste speisialta acu, mar atá aitheanta in Aguisín I agus i bhFigiúr 8.2.

Caighdeán um bainistiú forbartha:

- Iarracht a dhéanamh chun carachtar an tírdhreacha, agus cáilíocht agus sainiúlacht áitiúil Chontae Chill Chainnigh a chosaint, agus aird a thabhairt ar an treoir atá leagtha amach sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha.

- A éileamh i gcás gach iarratais ar fhorbairtí go mbeidh na measúnaithe riachtanacha ag dul leo, lena n-áirítear measúnú ar an tionchar a bheidh acu ar dhealramh na háite, go háirithe i gcás sléibhte agus tailte arda, gleannta aibhneacha agus na limistéar níos íogaire.
- Éascú a dhéanamh ar fhorbairtí ar fud an chontae ina léirítear ómós do scála, do charachtar agus d'íogaireachtaí an tírdhreacha áitiúil, agus é a chur de cheangal i gcás forbairtí go gcaillfear an oiread is lú agus is féidir de ghnéithe nádúrtha mar chrainn, fála scean agus ballaí cloiche.
- Éascú a dhéanamh, nuair is cuí, ar fhorbairtí a bhfuil sé riachtanach dóibh ó thaobh feidhme de go ndéanfar iad a shuí ar fhánaí géara nó ar shuíomhanna arda (m.sh. taiscumair agus struchtúir teileachumarsáide agus fuinnimh gaoithe) de réir straitéisí iomchuí an Chontae atá i bhfeidhm ag an am, agus a chinntiú go ndéanfar aon drochthionchar ar dhealramh na dúiche a íoslaghdú nó a mhaolú.
I gcás tograí le haghaidh bonneagair teileachumarsáide i dtírdhreacha an-áille nó i limistéir níos íogaire, beidh ar an bhforbróir a chruthú go bhfuil riachtanas sáraitheach teicniúil ann don trealamh sin nach féidir a shásamh trí threalaimh atá údaraithe cheana féin sa cheantar a roinnt agus bheidh sé riachtanach a thaispeáint go mbeidh a leithéid de scála agus de dhearadh ag an trealamh, agus go suífear é is go mbeidh sé tírdhrechtaithe ar bhealach a chinnteoidh go mbeidh an drochthionchair is lú is féidir aige ar dhealramh na dúiche. (Féach alt 9.4.2 Aeróga Teileachumarsáide)
- A chinntiú i gcás forbartha i gceantar sléibhe nó ar thailte arda nó ar fhánaí géara nach mbeidh tionchar míréireach nó ceannasach aici ar dhealramh na dúiche (toisc é a bheith ró-mhór, nó scála ró-mhór a bheith aige nó de bharr na háite ina suífear í) agus nach gcuirfidh sí isteach go suntasach nó nach mbainfidh sí de radharc álainn sléibhe nó tailte arda (faoi mar a aithnítear iad sa Phlean Forbartha), nó nuair a bhreathnófar uirthi ó limistéir phoiblí, ó bhealaí scéimhe, ó láthair amhairc nó ó lonnaíochtaí.
- Aird ar leith a thabhairt nuair a bhíonn measúnacht á dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheadh ag forbairt nua ar shléibhte nó ar thailte arda íogaire, agus a chur san áireamh an deacracht a bhainfeadh le bunú agus cothabháil fásra lena cheilt ó radharc.
- Leanúint ar aghaidh ag ceadú forbairtí inar féidir leas a bhaint as déanmhais atá ann cheana agus as ceantair lonnaíochta atá ann agus a cur san áireamh ag an am céanna na deiseanna a chuireann topagrafaíocht agus an fásra atá i réim chun dlúthchuid den dúiche a dhéanamh den fhorbairt nua, agus a mholadh go ndéanfar forbairtí nua nuair is féidir gar don déanmhais atá ann cheana féin agus i measc fásra aibí na Limistéar Íseal, na nGleannta Aibhneacha agus na Limistéar Idirthréimhseach.
- Ní mór a aithint i gcás na Limistéar Íseal atá comhdhéanta de timpeallachtaí oscailte ísle, go bhféadfadh forbairtí toirtiúla arda tionchar díréireach a bheith acu ar an tírdhreach go háirithe nuair a fheictear iad ón limistéar poiblí atá suite den chuid is mó i limistéir ísle. Déanfar forbairtí neamh-íogaire nó forbairtí a chuirfeadh isteach go mór ar dhealramh na tíre a dhímholadh.

- A chinntiú i gcás forbairtí i nGleannta na nAibhneacha nach mbeidh drochthionchar acu ar na radhairc áille sin a aithníodh sa Phlean Forbartha go mór mór nuair a bhreathnaítear orthu ó dhroichid is nach mbainfidh siad de na radhairc sin ná de chodanna sainiúla líneacha na ngleannta na haibhneacha (go háirithe tuilemhánna oscailte) nuair a bhreathnaítear orthu ó lonnaíochtaí.

8.3 An Oidhreacht Thógtha

Áirítear ar an oidhreacht thógtha na gnéithe ar fad de dhéantús an duine, foirgnimh, agus déanmhais atá sa timpeallacht. Cuimsíonn sí ár n-oidhreacht shaibhir, éagsúil seandálaíochta agus ailtireachta.

8.3.1 Oidhreacht Seandálaíochta

Is é an sainmhíniú a thugtar ar Sheandálaíocht ná an staidéar a dhéantar ar dhaoine a bhíodh ann trí na loirg fhisiceacha atá fágtha acu sa tírdhreach, go minic i bhfoirm séadchomharthaí, láithreán, gnéithe nó rudaí. Cuireann ár n-oidhreacht seandálaíochta leis an tuiscint atá againn ar ár stair agus cuireann sí freisin lenár sócmhainní cultúrtha, oideachais agus turasóireachta. Is iomaí foirm agus dáta atá ag suíomhanna seandálaíochta agus séadchomharthaí. Ina measc tá créfoirt (m.sh. liosanna), láithreáin meigiliteacha; Fulachtaí Fia; láithreacha eaglasta na luath-Críostaíochta, séipéil, reiligí, foirgnimh mheánaoiseacha; caisleáin, seandálaíocht thionsclaíoch agus suíomhanna faoi uisce. D'fhéadfadh fionnachtana nó láithreáin scoite amach ó chéile a bheith i gceist le hiarsmaí seandálaíochta ach d'fhéadfadh siad a bheith nasctha uair amháin le séadchomharthaí seandálaíochta eile sa gharchomharsanacht nó in áiteanna níos faide i gcéin - sa chaoi go gcruthaíonn siad tírdhreacha stairiúla. Déanfaidh an Chomhairle iarracht chun feasacht a spreagadh faoi oidhreacht seandálaíochta Chontae Chill Chainnigh agus déanfaidh sí rochtain air a éascú agus cuirfidh sí treoir ar fáil d'fhorbróirí agus d'úinéirí réadmhaoine faoi na himpleachtaí seandálaíochta a bhaineann le forbairtí molta.

Déanann Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 - 2004 foráil do chosaint na hoidhreachta seandálaíochta. Cuireann na prionsabail atá leagtha amach sa *Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage* (1999) creat ar fáil do bheartais náisiúnta faoin oidhreacht seandálaíochta.

Tá leibhéil éagsúla chosanta curtha ar fáil do séadchomharthaí faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tá leibhéal cosanta uilíoch curtha ar fáil do gach séadchomhartha atá liostaithe i dTaifead na Láithreán agus Séadchomharthaí. Tá líon níos lú séadchomharthaí ann a dtugtar leibhéal cosanta níos airde dóibh, is é sin le rá go bhfuil siad taifeadta i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla, agus tá séadchomharthaí eile fós ann a mheastar tábhacht náisiúnta a bheith ag baint leo agus is Séadchomharthaí Náisiúnta iad. Cé go bhfuil liosta i Taifead na Láithreán agus Séadchomharthaí de na láithreán os cionn na talún agus faoina bun atá ar eolas againn, mar sin féin mar gheall ar an tréimhse fhada ama agus a dlúithe is atá lonnaíochtaí daoine i gCo. Cill Chainnigh bíonn seans ann i gcónaí go n-aimseofar ábhar seandálaíochta nár taifeadh roimhe sin.

Tá cóipeanna de Thaifead na Láithreán agus Séadchomharthaí i gContae Chill Chainnigh ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i Rannóg Pleanála na Comhairle agus ar líne ar láithreán gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag www.archaeology.ie.

Tá liosta de na Séadchomharthaí Náisiúnta agus de na Séadchomharthaí Stairiúla Cláraithe le fáil in Aguisín J¹²¹. Tá liosta le fáil in Aguisín K de na Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi Chúram an Stáit nó a bhfuil Orduithe Caomhnaithe eisithe fúthu.

Is féidir a mheas i gcásanna áirithe gur cuid den oidhrecht ailtireachta iad struchtúir sheandálaíochta agus, dá bhrí sin is féidir, iad a feiceáil i dTaifead na Láithreán agus Séadchomharthaí agus sa Thaifead ar Dhéanamhais Chosanta araon. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na struchtúir sin faoi chosaint ag Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus ag na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2010.

8.3.1.1 Bailte Múrtha

Tá oidhrecht shaibhir ó ré na meánaoiseanna i gContae Chill Chainnigh. Tá roinnt bailte agus sráidbhailte ann ar tógadh múrtha cosanta timpeall orthu agus is dócha gurb í cathair Chill Chainnigh an áit is fearr a bhfuil aithne air. Tá bailte agus sráidbhailte eile ar fud an chontae a bhfuil a fhios againn go raibh múrtha timpeall orthu, lena n-áirítear Callainn, Gabhrán, Inis Tíog agus Baile Mhic Andáin¹²². Tacóidh an Chomhairle leis an [Beartas Náisiúnta um Chóiracha Cosanta Bailte](#)¹²³.

8.3.2 Seandálaíocht Thionsclaíoch

Tá an-saibhreas i gCill Chainnigh maidir le láithreacha seandálaíochta tionsclaíoch - láithreacha ina mbíodh gníomhaíocht thionsclaíoch ar siúl san am atá thart. Áirítear leo sin suíomhanna agus innealra a bhaineann le tionscail eastóscacha (m.sh. mianaigh agus cairéil), déantúsaíocht (m.sh. muilte arbhair agus teicstíle), tionscail seirbhíse (m.sh. príomhdhraenacha, soláthar uisce, gáis, leictreachais), cumhacht (muilte gaoithe, muilte uisce, innill ghaile) agus modhanna iompair agus cumarsáide (m.sh. bóithre, droichid, iarnróid, canálacha, calafoirt, aerpháirceanna). Cé go dtéann cuid den oidhrecht sin siar chomh fada leis an tréimhse réamhstairiúil, baineann an

¹²¹ I gcás gach séadchomhartha eile bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le fáil amach an séadchomhartha náisiúnta é nó nach ea.

¹²² Thomas, A, *The Walled Towns of Ireland*, 1992

¹²³ An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, [Beartas Náisiúnta um Chóiracha Cosanta Bailte](#), 2008

chuid is mó den mhéid atá ar fáil anois le 250 bliain anuas, nuair a chuireadh tionsclaíocht chun cinn diaidh ar ndiaidh in Éirinn.

Coimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh Suirbhé ar Sheandálaíocht Thionsclaíoch Chontae Chill Chainnigh (1990) inar aithníodh láithreáin shuntasacha a iontráladh ina dhiaidh sin sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta. Déan teagmháil le hOifig Oidhreachta na Comhairle Contae chun tuilleadh sonraí a fháil.

CUSPÓIRÍ

- Láithreáin seandálaíochta agus séadchomharthaí (lena n-áirítear a suíomhanna) a chosaint, mar aon le hábhar seandálaíochta faoi uisce, agus réadaí seandálaíochta, lena n-áirítear iad siúd atá liostaithe i dTaifead na Láithreán agus Séadchomharthaí agus i Suirbhé Seandálaíochta Uirbí Chontae Chill Chainnigh agus iarsmaí seandálaíochta a fuarthas le déanaí faoi thalamh nó faoi uisce.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha

- Iarracht a dhéanamh go gcaomhnófar gach séadchomhartha seandálaíochta atá liostaithe i dTaifead na Láithreán agus Séadchomharthaí, agus aon suíomh, gné nó réad seandálaíochta nuafhaighte san áit ina bhfuil sé, cibé acu ar talamh nó faoi uisce, trína éileamh go ndéanfar gach iarsma seandálaíochta a aithint agus a mheas go hiomlán ag na céimeanna is luaithe den phróiseas forbartha sa chaoi go ndéanfar na scéimeanna féin a dhearadh sa chaoi nach mbeidh aon tionchar acu ar an oidhreacht seandálaíochta.
- A éileamh go ndéanfar measúnú seandálaíochta mar aon le suirbhéanna agus tochailtí tástála seandálaíochta nó monatóireacht le haghaidh iarratas pleanála sna limistéir sin a bhfuil tábhacht seandálaíochta ag baint leo más rud é gur dócha go mbeidh tionchar ag togra forbartha ar shéadchomharthaí seandálaíochta *in situ*, ar a suíomhanna agus ar iarsmaí seandálaíochta.
- A chinntiú i gcás forbartha atá le déanamh gar do Shéadchomhartha Taifeadta go ndéanfar é a dhearadh agus a shuí ar bhealach oiriúnach chun nach mbainfidh sé go mór de shuíomh na gné sin nó den chríos mórthimpeall uirthi a d'fhéadfadh acmhainn seandálaíochta a bheith ag baint leis. Sa chás go bhfuil iarsmaí de Shéadchomhartha Taifeadta fós ina seasamh d'fhéadfadh measúnú ar an éifeacht ó thaobh amhairc de a bheith ag teastáil le fáil amach go cruinn cén tionchar a bheadh ag aon fhorbairt bheartaithe.
- A chur de cheangal go gcoimeádfar ceapacha agus patrúin sráide ó na meánaoiseanna atá fós ann agus éascú a dhéanamh ar taifeadadh fianaise faoi theorainneacha ársa, leagan amach srl. nuair atá forbairtí á ndéanamh.
- An tábhacht a bhaineann le tírdhreacha suntasacha seandálaíochta nó stairiúla a chosaint ó fhorbairtí a chuirfeadh deireadh leis an gceangal, nó leis an mbaint a bhí ag na suíomhanna éagsúla lena chéile nó leis an chaoi a d'fhéadfaí radharc a fháil ar na cinn

eile ó gach ceann acu, nó a chuirfeadh isteach go mór ar an gceangal sin a bhíodh eatarthu.

8.3.3 Pleananna Caomhnaithe

Ullmhaíodh Pleananna Caomhnaithe i gcomhair láithreán suntasach seandálaíochta agus ailtireachta i gContae Chill Chainnigh. Áirítear orthu sin [Eaglais Naomh Lachtain, Achadh Úr](#)¹²⁴ agus [Baile Nua Sheireapúin](#)¹²⁵.

Cuspóir:

Éascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpleananna caomhnaithe a ullmhaíodh le tacaíocht na Comhairle Contae thar saolré an Phlean.

8.3.4 Reiligí Stairiúla

Tá reiligí stairiúla Chill Chainnigh tábhachtach, ní amháin toisc gurb ann atá ár sinsear curtha, ach toisc gur cuid thábhachtach d'oidhreacht an chontae iad freisin. Tá an-saibhreas iontu ó thaobh gnéithe ailtireachta agus seandálaíochta de agus is tearmainn iad ag go leor speiceas plandaí agus ainmhithe. Cuireann Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) agus na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt cosaint dhlíthiúil ar fáil d'fhormhór na reiligí stairiúla.

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh fardal reiligí stairiúla an Chontae. Tá na sonraí an tsuirbhé sin mapáilte agus tá siad ar fáil lena iniúchadh ar shuíomh gréasáin na Comhairle¹²⁶. Ina theannta sin, bailigh grúpaí pobail taifeadtaí na leaca uaigne i reiligí stairiúla le tacaíocht ón gComhairle agus is féidir teacht orthu ag www.historicgraves.ie.

Is féidir an comhairle phraiticiúil is fearr a fháil faoi dhea-chleachtas maidir le taifead a dhéanamh ar reiligí stairiúla agus aire a thabhairt dóibh i *"Guidance for the Care, Conservation and Recording of Historic Graveyards"* a d'eisigh an Chomhairle Oidhreacht in 2010¹²⁷. Déanfaidh an Chomhairle reiligí agus séipéil stairiúla laistigh Cill Chainnigh a chaomhnú agus a chosaint agus spreagfaidh sí daoine chun iad a chothabháil i gcomhréir le prionsabail chaomhnaithe de réir mar bhíonn acmhainní ar fáil.

Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha

¹²⁴ An Chomhairle Oidreacht, [St. Lachtain's Church, Freshford](#) Conservation Plan, 2004

¹²⁵ An Chomhairle Oidhreacht, [Newtown Jerpoint](#) Conservation Plan, 2007

¹²⁶

http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Digital_Mapping/Google_Maps_Applications/Burial_Grounds/

¹²⁷ http://www.heritagecouncil.ie/fileadmin/user_upload/Publications/Archaeology/Guidance_Historic_Graveyards.pdf

Tá tábhacht oidhreachta nádúrtha, ailtireachta, tírdhreacha, cultúrtha agus staire ag baint le gairdíní stairiúla agus tírdhreacha deartha. Ina theannta sin, is minic a bhíonn siad ina suíomhanna tábhachtacha ag Struchtúir Chosanta.

Rinne Fardail Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (FNOA) réamhshuirbhé ar gairdíní stairiúla agus tírdhreacha deartha sa tréimhse ó 2003 go 2005. Aithníodh 196 gairdín agus tírdhreach i gContae Chill Chainnigh a d'fhéadfadh a bheith ina ngairdíní stairiúla nó ina dtírdhreacha deartha. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach <http://www.buildingsofireland.ie/Surveys/Gardens/>

Caighdeán um Bainistiú Forbartha

Iarracht a dhéanamh gairdíní suntasacha stairiúla, páirceanna suntasacha agus tírdhreacha suntasacha deartha sa chontae a chosaint agus a fheabhsú, mar aon lena suíomhanna agus na radhairc atá le fáil isteach orthu agus amach uathu

8.3.5 An Oidhrecht Ailtireachta

8.3.5.1 Taifead ar Dhéanmhais Chosanta

Tá feidhm thábhachtach ag an údarás pleanála maidir le cosaint na hoidhreachta ailtireachta, go háirithe i gcontae mar Chill Chainnigh áit a bhfuil ról chomh tábhachtach ag an oidhrecht thógtha maidir lena chinntiú go bhfuil rath leanúnach ar an áit. Ní mór cuspóirí beartais a bheith san áireamh i ngach plean forbartha maidir le déanmhais, nó codanna de déanmhais, ar díol spéise iad a chosaint laistigh dá limistéar feidhme. Is é an príomhbhealach chun an sprioc sin a bhaint amach ná Taifead ar Dhéanmhais Chosanta laistigh dá limistéar feidhme a chur sa plean forbartha. Tá sé de dhualgas ar údarás pleanála gach déanmhas a mheasann sé gur díol spéise ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla é a liostáil sa Taifead sin.

Áirítear le déanmhas cosanta, mura luaitear a mhalairt sa Taifead, an taobh istigh den déanmhas, talamh atá laistigh dá chúirtealáiste, aon déanmhas eile atá laistigh den chúirtealáiste sin mar aon leis an taobh istigh díobh, chomh maith le gach daingneán agus sainghné atá ina cuid den taobh istigh nó den taobh amuigh d'aon cheann de na déanmhais sin.

Ní mór cead pleanála a fháil le haghaidh oibreacha a mheasann an t-údarás pleanála go mbeadh tionchar ábhartha acu ar charachtar an déanmhais chosanta. Is féidir leo siúd a bhfuil leas acu i ndéanmhas cosanta Dearbhú a fháil faoi Alt 57(2) a thabharfadh treoir phraiticiúil dóibh faoi chosaint an déanmhais. Forálann Alt 57(10)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 nach ndeonófar cead chun déanmhas cosanta a scartáil ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

Tá thart ar 700 foirgneamh, déanmhas agus gnéithe liostaithe sa Taifead anois agus leanfar ar aghaidh le cur leis an liosta de réir mar a aithnítear déanmhais, foirgnimh agus gnéithe ar díol

spéise ar leith iad agus de réir agus mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige. Tá liosta le fáil in Aguisín L dá bhfuil sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta (bhí an liosta sin cruinn ag am a fhoilsithe).

8.3.5.2 Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta

Foilsíodh torthaí an tsuirbhé in 2006 a rinne Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta i gCill Chainnigh. Tá sé de dhualgas ar an údarás pleanála breithniú a dhéanamh i gcás aon fhoirgnimh a mheasann Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta go bhfuil tábhacht Réigiúnach, Náisiúnta nó Idirnáisiúnta ag baint leis, a chur san áireamh sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta atá acu. Tá Comhairlí Cathrach agus Contae Chill Chainnigh ag leanúint ar aghaidh de réir a chéile ag cur sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta gach foirgneamh de chuid Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta atá molta ag an Aire lena chur sa Taifead. Is féidir é sin a dhéanamh mar chuid de phróiseas athbhreithnithe an phlean forbartha nó ar leithligh faoi Alt 55 den Acht um Pleanáil agus Forbairt.

Cuspóirí

- A chinntiú go gcosnófar an oidhrecht ailtireachta Chontae Chill Chainnigh trí gach déanamh a mheastar a bheith ina ábhar sainspéise ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla a liostáil sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta.
- Freagra a thabhairt ar mholadh an Aire go gcuirfear sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta na struchtúir sin a luadh i suirbhé na cathrach agus an chontae a rinne Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (a foilsíodh in 2006) agus ar aithníodh go raibh tábhacht réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta ag baint leo.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha

- Beidh aird ag an gComhairle ar na [Architectural Heritage Protection Guidelines](#)¹²⁸ nuair atá measúnú á dhéanamh aici ar mholtaí forbartha a mbeadh tionchar acu ar dhéanamh atá faoi chosaint.
- A éileamh go gcuirfear measúnacht ar iarmhairt ailtireachta agus/nó ráiteas faoi mhodh caomhnaithe ar fáil i gcás forbairtí ar thailte laistigh d'éastáit tithe móra faoin tuath atá san áireamh mar Dhéanamhais Chosanta.
- Spreagadh a thabhairt d'athúsáid agus d'athshlánú déanamhais chosanta agus iad a choinneáil ar bhealach báúil mar aon lena suíomhanna.

8.3.6 Limistéir Caomhantais Ailtireachta

¹²⁸ An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, [Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities](#), 2004

Ní mór cuspóirí beartais a chur i ngach plean forbartha maidir le carachtar na limistéar Caomhantais Ailtireachta laistigh dá limistéar feidhme a choinneáil. Is éard is limistéar Caomhantais Ailtireachta ann ná áit, ceantar, grúpa déanamhas nó bailedhreach, ag cur san áireamh línte tógála agus airde na bhfoirgneamh, ar díol spéise speisialta ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla iad nó a chuireann le léirtheiscint ar dhéanamhas cosanta, agus a bhfuil sé mar chuspóir ag an bplean forbartha a charachtar a chaomhnú.

Tá limistéir Chaomhantais Ailtireachta i nDroichead Binéid, Callainn, Caisleán an Chomair, Ghráig na Manach, Baile Mhic Andáin, Gabhrán, Achadh Úr, Inis Tíog agus Béal Átha Ragad a aithníodh nuair a bhí Pleananna do Cheantair Áitiúla á n-ullmhú le haghaidh na sráidbhailte sin. Tá sé beartaithe limistéar Caomhantais Ailtireachta a shannadh i mBaile Sheáin sa phlean seo. B'fhéidir go sannfar limistéir Chaomhantais Ailtireachta eile i rith shaolré an phlean forbartha seo don chontae. Sannadh limistéir Chaomhantais Ailtireachta mar chuid de Phleananna do Cheantair Áitiúla le haghaidh Bhéal Átha Ragad, Inis Tíog agus Achadh Úr agus tá siad san áireamh sa phlean seo. Cuirtear tuairisc, ráiteas ar charachtar agus tacar beartas ar fáil do gach limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tá na limistéar Caomhantais Ailtireachta i gCallainn, Caisleán an Chomair, Ghráig na Manach, Baile Mhic Andáin agus Gabhrán leagtha amach sna pleananna do ceantair áitiúla na mbailte sin a foilsíodh sa bhliain 2009 agus 2010.

Tá tacar beartas ginearálta le haghaidh gach limistéar Caomhantais Ailtireachta sa Chontae leagtha amach thíos. Ceapadh ráiteas carachtair do gach ceann de na limistéir Chaomhantais Ailtireachta sin chun na gnéithe sin den charachtar a aithint ar fiú iad a chosaint. Ní féidir a mheas gur forbairtí díolmhaithe iad oibreacha atá beartaithe laistigh de limistéar Caomhantais Ailtireachta a mbeadh tionchar acu ar charachtar speisialta an limistéir sin nó oibreacha lasmuigh den limistéar a mbeadh tionchar acu ar shuíomh an limistéir sin. Mar shampla ní forbairt díolmhaithe a bheadh ann dá dtógfaí anuas na fuinneoga saise adhmaid i limistéar Caomhantais Ailtireachta agus dá gcuirfí fuinneoga nua mí-oiriúnacha ina n-áit (m.sh fuinneoga PVC neamhphlaistithe) agus ní forbairtí díolmhaithe a bheadh iontu dá ndéanfaí iad lasmuigh de limistéar den sórt sin dá mbeadh tionchar acu ar radhairc ar an limistéar caomhantais nó amach as an limistéar sin agus go mbeadh tionchar acu ar an gcarachtar speisialta sa chaoi sin. Tá treoir maidir leis na critéir a bheidh in úsáid ag an údarás pleanála le déileáil le tograí le haghaidh forbairtí nua nó chun scartáil a dhéanamh laistigh de limistéar Caomhantais Ailtireachta le fáil i gcuid 3.10 de na [Architectural Heritage Protection Guidelines](#).

Tá liosta sa tábla seo a leanas de na limistéir chaomhantais sa chontae.

Tábla 8.2 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, Contae Chill Chainnigh (gan Cathair Chill Chainnigh a chur san áireamh)
Béal Átha Ragad

Callainn
Caisleán an Chomair
Achadh Úr
Gabhrán
Gráig na Manach
Inis Tíog
Baile Sheáin (molta)
Baile Mhic Andáin

Impleachtaí maidir le Pleanáil agus Forbairt

Is é cuspóir atá le áit a ainmniú mar limistéar Caomhantais Ailtireachta ná carachtar speisialta an cheantair a chosaint trí rialú dian agus bainistiú dearfach a dhéanamh ar aon athruithe a dhéantar don timpeallacht thógtha. Ba cheart go mbeadh a fhios ag úinéirí agus áititheoirí déanmhais neamhchosanta i limistéar Caomhantais Ailtireachta go mbeadh cead pleanála faoi Alt 82 (1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ag teastáil le haghaidh aon oibreacha a mheasfadh an t-údarás pleanála a dhéanfadh difear ábhartha do charachtar an limistéir mar atá leagtha amach anseo.

Cuspóirí Ginearálta na Limistéar Caomhantais Ailtireachta

- A chinntiú go gcaomhnófar carachtar speisialta gach limistéar Caomhantais Ailtireachta atá liostaithe thuas (Tábla 8.3) agus laistigh den chontae go háirithe maidir le scála tógála, comhréireanna, méid na láithreán stairiúla, línte tógála, airde, úsáid ghinearálta talún, ábhair thógála, troscán stairiúil sráide agus pábháil.
- Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a shainiú nuair is cuí agus creat beartas áitiúil a sholáthar chun carachtar na limistéar sin a chaomhnú.

Treoir Ginearálta um Bainistiú Forbartha i Limistéar Caomhantais Ailtireachta

- Aird a thabhairt ar [Architectural Heritage Protection Guidelines](#), nuair atá measúnacht á dhéanamh ar mholtaí le haghaidh forbairtí a mbeadh tionchar acu ar charachtar limistéir Chaomhantais Ailtireachta
- A chinntiú go gcoinneofar agus go ndeiseofar gnéithe bunaidh nó gnéithe luatha na bhfoirgneamh mar stoic simléar, clúdaigh díonta, próiflí díonta, cóireálacha ballaí seachtracha, doirse agus fuinneoga agus aghaidheanna siopaí agus tithe tábhairne a chuireann le carachtar limistéir Chaomhantais Ailtireachta agus a chinntiú go ndéanfar cothabháil rialta orthu seachas iad a athchur agus a chinntiú go n-úsáidfear ábhair agus teicnící oiriúnacha deisiúcháin nuair a bhíonn siad á ndeisiú.
- A chinntiú nach n-úsáidfear ábhair mí-oiriúnacha i limistéar Caomhantais Ailtireachta mar fhuinneoga, doirse nó earraí báistí déanta de PVC neamhphlaistithe nó d'alúmanam.
- Daoine a spreagadh chun ardchaighdeán dearaidh chomhaimseartha a bheith acu agus ábhair comhaimseartha a úsáid nuair is cuí nuair atá foirgnimh nua le tógáil i limistéar Caomhantais Ailtireachta agus chun an scála stairiúil agus méid na láithreán a choinneáil.

- A chinntiú go gcaomhnófar charachtar an limistéir Chaomhantais Ailtireachta nuair atá measúnú á dhéanamh ar thograí le haghaidh fógraí.
- Míreanna stairiúla de thoscán sráide a choinneáil nuair a chuireann siad le carachtar an limistéir Chaomhantais Ailtireachta agus míreanna stairiúla de thoscán sráide agus earraí le taobh an bhóthair a choinneáil de réir mar is cuí.
- A chinntiú go gcaomhnaítear aghaidheanna stairiúla siopaí agus tithe tábhairne. Sa chás gur gá aghaidheanna siopaí agus tithe tábhairne a athchur ba cheart daoine a spreagadh chun cinn nua a sholáthar a mbeidh ardchaighdeán dearaidh chomhaimseartha ag baint leo agus iad déanta d'ábhair chomhaimseartha.
- A iarraidh go gcoinneofar crainn aibí nó plandáil shuntasach (nuair a bhíonn dea-bhail orthu) a chuireann le carachtar gach limistéir Caomhantais Ailtireachta nuair is cuí.

8.3.6.1 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhéal Átha Ragad

Cur Síos agus Cúlra stairiúil

Is éard atá san ainm Ballyragget ná leagan galldaithe de Bhéal Átha Ragad. Fuarthas an t-ainm ón úinéir talún Angla-Normannach Richard le Ragget, a raibh na tailte sin ina sheilbh aige sa 13ú haois. Tacaíonn leagan amach an bhaile leo siúd a mhaíonn gur baile de bhunús Angla-Normannach é. Leagadh amach an Chearnóg ar dtús mar phríomhshráid leathan le haghaidh margaí agus bhíodh clú agus cáil ar 'lá an aonaigh' a bhíodh ar siúl anseo suas go dtí na 1960aidí nuair bhíodh daoine ag díol agus ag ceannach ainmhithe feirme inti.

I measc na n-ainmneacha níos sine a bhí ar an áit bhí *Domhnach Mór*. Tá roinnt díospóireachta ann faoin bhrí atá le Domhnach Mór. Bhí alt i gcéad Iris Chumann Seandálaíochta Chill Chainnigh an "Old Kilkenny Review, Uimhir 1 (1946–1947) Eanáir 1948" faoi Bhéal Átha Ragad agus a phurláin inar maíodh gurb é an ciall atá le Domhnach Mór ná Dé Domhnaigh Mór agus go mbaíneann sé leis gcaoi go mbíodh na sluaite daoine ag bailiú gach Domhnach ag séipéal an Domhnaigh Mhóir atá ina fhothrach anois.

Teorainneacha na Limistéir Caomhantais Ailtireachta (LCA)

Féach Figiúr 8.4.

Ráiteas Carachtair

Tá carachtar uathúil ag Béal Átha Ragad de bharr:

1. Patrún na sráideanna, atá leagtha amach mar a bheadh i mbaile mhóir seachas i sráidbhaile. Síneann na sráideanna amach i dtreonna éagsúla ón gcearnóg agus tá bloc uirbeach iomlán idir an Chearnóg agus Faiche an Aonaigh.
2. Tríd is tríd tá sráid-dreach comhsheasmhach timpeall an limistéir phoiblí. Tógadh na foirgnimh san 18^ú haois agus san 19^ú haois agus tá scála, comhréir agus bailchríoch chomhsheasmhach ailtireachta orthu go léir, go háirithe timpeall na cearnóige.
3. An chodarsnacht atá le sonrú idir príomhspásanna oscailte an bhaile ...
4. Cruth triantánach atá ar an gCearnóg agus tá foirgnimh mórthimpeall uirthi sa chaoi gur féidir fiar-amharc deas a fháil ar an sráid-dreach ó formhór na bpointí amhairc.
5. I gcodarsnacht leis sin, áit oscailte í Fhaiche an Aonaigh sa chaoi gur féidir le daoine fhoirgnimh mhóra mar an Eaglais agus an Stephouse a fheiceáil amach uathu.

Cinntíonn na saintréithe atá luaite thuas gur áit an-deas é Béal Átha Ragad agus go bhfuil sé tógtha ar scála an-taitneamhach sa chaoi go bhfuil féiniúlacht láidir ag an mbaile agus go dtuigtear gur áit ar leith é.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha LCA bunaithe ar mheasúnacht ar charachtar speisialta.

- Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhéal Átha Ragad 1 (LCA BÁR 1) Ní mór a bheith cúramach nuair atá obair á dhéanamh ar bhailchríoch ballaí seachtracha. Déantar athrú mór ar charachtar an fhoirgnimh má bhaintear an plástar chun an chloch atá faoi a nochtadh agus d'fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh don bhfoirgneamh féin.
- LCA BÁR 2 Cuid de charachtar Bhéal Átha Ragad iad na díonta. Ba cheart na gnéithe bunaidh agus na próifílí a choinneáil nuair is féidir agus iad a dheisiú agus a athúsáid seachas ábhar nua a chur ina n-ionad.
- LCA BÁR 3 Ba cheart na fuinneoga agus na doirse bunaidh a choinneáil nuair is féidir agus iad a dheisiú agus a athúsáid seachas ábhar nua a chur ina n-ionad.
- LCA BÁR 4 Iarracht a dhéanamh na hábhair agus na bailchríocha ar choinneáil mar aon leis an mórdhlúthú, airde, ailíniú, treoshuíomh agus comhréireanna na bhfuinneog a léiríonn carachtar an cheantair
- LCA BÁR 5 Iarracht a dhéanamh an tírdhrechtú agus gnéithe atá laistigh den réimse poiblí a chuireann le carachtar an bhaile a chosaint
- LCA BÁR 6 Gné de go leor de na foirgnimh timpeall na cearnóige iad na háirsí le haghaidh cóistí. Ba cheart na hoscailtí a choinneáil agus go mbeadh cead pleanála riachtanach lena n-athrú.
- LCA BÁR 7 Bíonn cead pleanála riachtanach chun aon athrú a dhéanamh éadanas na bhfoirgneamh tráchtála, bíodh an struchtúr laistigh de LCA nó ná bíodh. Ba cheart aghaidheanna bunaidh nó luatha na siopaí a choinneáil nó a dheisiú nuair is féidir.
- LCA BÁR 8 Ní ceart go mbainfeadh comharthaíocht nua de charachtar an LCA. Ní mór áiteanna le haghaidh fógraí agus stadanna bus laistigh den LCA a mheas go cúramach
- LCA BÁR 9 A iarraidh go gcoinneofar, go ndeiseofar agus go gcothabhálfar na foirgnimh a chruthaíonn sráid-dreach an LCA.
- LCA BÁR 10 A iarraidh go ndéanfar athchóiriú ar fhoirgnimh atá tréigthe nó folamh ach ar díol spéis staire iad nó a chuireann le comhleanúnachas amhairc an tsráid-dreacha.
- LCA BÁR 11 Ba cheart go mbeadh aon fhorbairt nua oiriúnach ó thaobh foirme agus úsáide de don ionad atá aige ag cúinne, ar chúl nó mar inlínadh. Ba cheart na radhairc atá ar shainchomharthaí áitiúla a choinneáil.
- LCA BÁR 12 Ba cheart gach forbairt nua a bheith ar chaighdeán an-ard ó thaobh dearaidh de agus ba cheart go gcuirfeadh sé slacht ar dhealramh an cheantair agus go léireodh sé meas ar charachtar an LCA mar atá leagtha amach sa ráiteas carachtair thuas.
- LCA BÁR 13 I gcás ina ndéantar iarratas pleanála chun struchtúr laistigh de LCA a scartáil ar fhorais lochtanna nó teip struchtúrtha, beidh sé riachtanach tuairisc a sholáthar ó ghairmí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici ina shonrófar an bhail reatha atá ar an áit mar aon le cuntas ar na fáthanna nach mbeadh obair dheisiúcháin agus fheabhsúcháin oiriúnach sa chás sin.

8.3.6.2 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Achadh Úr (LCA AU)**Cur Síos agus Cúlra stairiúil**

Níor shuigh aon duine síos chun an chearnóg in Achadh Úr a dheardh ach d'fhás sí diaidh ar ndiaidh ar bhealach orgánach le freastal ar riachtanais an phobail. Má tá an cosúlacht ar an áit gur lonnaíocht pleanáilte atá ann tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an obair Mhuintir Eyre ó Diméin na Cúirte Uachtaraí agus go háirithe, Thomas Eyre.

B'eisean úinéir na talún agus go déanach sa naoú haois déag thug sé faoi chlár chun dealramh foirmiúil a chur ar lár an tsráidbhaile. Bhí pleananna uaimhianacha aige chun dhá scoil a thógáil mar aon le tithíocht do na hoibrithe ar a eastáit, séipéal Caitliceach nua, caidéal uisce agus bealach nua foirmiúil isteach ar thaobh theas na cearnóige go dtí a theach féin, Teach Na Cúirte Uachtaraí.

Tógadh an dá scoil. Tógadh scoileanna ar leith do bhuachaillí agus do chailíní agus d'oscail a bpátrún, Thomas Eyre, iad ar an 10^ú lá de Bhealtaine 1876. Foirgnimh breátha dhá stór is ea iad a bhfuil bailchríoch rindreáilte orthu mar aon le cóireáil d'aolchloch chuislithe agus iad ina seasamh fós ar imeall thaobh theas na cearnóige. Bhí sé ar intinn Thomas Eyre bealach nua isteach a thógáil chuig Teach na Cúirte Uachtaraí sa bhearna idir an dá scoil. Níor tógadh é sin riamh agus beagán ar bheagán líonadh an bearna idir na scoileanna le síntí a chuireadh leo. Tá na foirgnimh sin in úsáid anois mar teach altranais pobail ar a dtugtar Teach Prague.

Ba é Thomas a shuiteáil caidéal uisce an bhaile in 1878. Suiteáladh caidéal mór i lár na Cearnóige agus leaca aolchloiche agus draenacha timpeall air. Gearradh scríbhinn ar cheann de na leaca aolchloiche ag tabhairt le fios gurbh é Thomas Eyre patrún an tionscadail. Tá caidéal uisce níos lú suite ar thaobh thiar na cearnóige.

Ba é Thomas Eyre a thóg tithe d'oibrithe an eastáit ar thaobh thiar na cearnóige. Bhí sé freagrach as an chéad 4 nó 6 theach ag deireadh na coda theas de thaobh thiar na cearnóige a dtugtar an 'Rae Nua' orthu.

Faoi dheireadh na naoú haoise déag ba í an chearnóg fhoirmiúil croílár an bhaile, agus scoileanna, teach dochtúra, cógaslann an bhaile, beairic na bpóilíní, teach an chanónaigh, siopaí áitiúla agus tithe tábhairne inti. Thóg Emma Browne Clayton halla an bhaile thart ar 1910 agus bhronn ar an bpobal é. Tá sé suite ar thaobh thuaidh na cearnóige, is é sin an t-aon struchtúr trí stór atá sa chearnóg.

Chuir Stanislaus Eyre na crainn chnó capaill timpeall na faiche thart ar 1913. Déanann na crainn foirmiúil ar charachtar na cearnóige agus cuireann siad go mór le suíomh na haitireachta. Úsáideadh an chearnóg san am atá thart le haghaidh cruinnithe poiblí, mar áit caitheamh

aimsire agus mar fhaiche aonaigh. Thug Charles Stewart Parnell óráid ó chéimeanna tí an Dr Hourigan nuair a thug sé cuairt ar Achadh Úr i 1890. Teach scoite mór ar thaobh thoir na cearnóige is ea é.

Teorainneacha na Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA)

Níl aon athrú déanta ar na teorainneacha a léiríodh sa Phlean don Cheantar Áitiúil in 2004. Féach Figiúr 8.5.

Ráiteas Carachtair

Tá Achadh Úr tógtha timpeall cearnóige a bhfuil crainn ina línte laistigh di. Ní amháin gurb í an chearnóg sin croí fisiceach an bhaile ach is í croí sóisialta agus tráchtála an bhaile freisin. Is í sin an mol óna shíneann na bóithre áitiúla go léir amach agus iad ag mealladh beochta isteach sa phobal. Tá tithe sraithe na naoú haoise déag, an Eaglais Chaitliceach, halla pobail, siopaí éagsúla agus tithe tábhairne mórthimpeall na faiche.

Tá bóthar leathan fada ar thaobh thoir na cearnóige a shíneann go dtí an Eaglais Chaitliceach agus an bhunscoil áitiúil atá suite laistiar den Eaglais. Tá an bealach isteach go Diméin na Cúirte Uachtaraí suite níos faide síos an bóthar sin. Tá sraith aon teach déag dhá stór ar thaobh thiar na cearnóige agus tá scoil na mbuachaillí agus scoil na gcailíní atá tiontaithe go teach altranais pobail anois ar an taobh theas. Teach Prague a thugtar air. Tá carachtar tráchtála den chuid is mó ar thaobh thuaidh na cearnóige agus is ann atá an bealach siar amach as an mbaile.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha LCA bunaithe ar mheasúnacht ar charachtar speisialta.

- Féach ar na beartais thuas a bhaineann le gach LCA
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta Achadh Úir 1 (LCA AÚ 1) Ní mór a bheith cúramach nuair atá obair á dhéanamh ar bhailchríoch ballaí seachtracha. Déantar athrú mór ar charachtar an fhoirgnimh má bhaintear an plástar chun an chloch atá faoi a nochtadh agus d'fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh don bhfoirgneamh féin.
- LCA AÚ 2 Cuid de charachtar Achadh Úir iad na díonta. Ba cheart na gnéithe bunaidh agus na próifílí a choinneáil nuair is féidir agus iad a dheisiú agus a athúsáid seachas ábhar nua a chur ina n-ionad.
- LCA AÚ 3 Ba cheart na fuinneoga agus na doirse bunaidh a choinneáil nuair is féidir agus iad a dheisiú agus a athúsáid seachas ábhar nua a chur ina n-ionad.
- LCA AÚ 4 A iarraidh go gcosnófar an Chearnóg in Achadh Úir agus a tábhacht mar chonláiste nádúrtha a choinneáil. Ní cheadófar aon fhorbairt a mbeadh drochthionchar de chineál ar bith aici ar stádas na cearnóige mar croílár an bhaile.
- LCA AÚ 5 Línte airde na bhfoirgneamh a choinneáil go háirithe an gaol idir an Halla Pobail agus a bhfuil timpeall air ar thaobh thuaidh na cearnóige.
- LCA AÚ 6 Iarracht a dhéanamh an tírdhrechtú agus gnéithe atá laistigh den réimse poiblí a chuireann le carachtar an bhaile a chosaint Na crainn chnó capaill timpeall na faiche a choinneáil.

- LCA AÚ 7 Iarracht a dhéanamh na hábhair agus na bailchríocha ar choinneáil mar aon leis an mórdhlúthú, airde, ailíniú, treoshuíomh agus comhréireanna na bhfuinneog a léiríonn carachtar an cheantair.
- LCA AÚ 8 Ní ceart go mbainfeadh comharthaíocht nua de charachtar an LCA. Ní mór áiteanna le haghaidh fógraí agus stadanna bus laistigh den LCA a mheas go cúramach
- LCA AÚ 9 A iarraidh go gcoinneofar, go ndeiseofar agus go gcothabhálfar na foirgnimh a chruthaíonn sráid-dreach an LCA.
- LCA AÚ 10 A iarraidh go ndéanfar athchóiriú ar fhoirgnimh atá tréigthe nó folamh ach ar díol spéis staire iad nó a chuireann le comhleanúnachas amhairc an tsráid-dreacha.
- LCA AÚ 11 Ba cheart go mbeadh aon fhorbairt nua oiriúnach ó thaobh foirme agus úsáide de don ionad atá aige ag cúinne, ar chúl nó mar inlínadh. Ba cheart na radhairc atá ar shainchomharthaí áitiúla a choinneáil.
- LCA AÚ 12 Ba cheart gach forbairt nua a bheith ar chaighdeán an-ard ó thaobh dearaidh de agus ba cheart go gcuirfeadh sé slacht ar dhealramh an cheantair agus go léireodh sé meas ar charachtar an LCA mar atá leagtha amach sa ráiteas carachtair thuas.
- LCA AÚ 13 I gcás ina ndéantar iarratas pleanála chun struchtúr laistigh de LCA a scartáil ar fhorais lochtanna nó teip struchtúrtha, beidh sé riachtanach tuairisc a sholáthar ó ghairmí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici ina shonrófar an bhail reatha atá ar an áit mar aon le cuntas ar na fáthanna nach mbeadh obair dheisiúcháin agus fheabhsúcháin oiriúnach sa chás sin.

8.3.6.3 *limistéar Caomhantais Ailtireachta Inis Tíog*

Cur Síos agus Cúlra stairiúil

B'fhéidir gur lonnaíocht Lochlannach Inis Tíog an chéad lá riamh ós rud é go bhfuil sé suite ag an áth is faide ó dheas ar Abhainn na Feoire agus ó tá a fhios againn gur chloígh fir Osraí Rí Bhaile Átha Cliath, Olaf Cuaran, ag Inis Tíog in 964. Deonaíodh an ceantar do Thomas FitzAnthony (nó Tomás Mac Andáin mar a tugadh air) i 1169 agus bhunaigh sé an Phríóireacht Agaistíneach i 1206. D'fhorbair na príoirí an lonnaíocht ach tháinig meath ar Inis Tíog i ndiaidh dhíscaoileadh na Mainistreacha sa bhliain 1540, agus in 1566 bronnadh tailte na Príóireachta ar an Ridire Edmond Butler.

Rinne Séamas 1 Inis Tíog a chorprú mar bhaile in 1608 agus bunaíodh margaí seachtainiúla don Aoine agus aonach bliantúil ar an 13ú lá den Nollaig. Shuigh saighdiúirí Chromail léigear ar an mbaile in 1649 agus ghabh siad é.

Tá a lán iarsmaí ó na meánaoiseanna le feiceáil fós in Inis Tíog.

- Cuid den príóireacht bunaidh is ea an halla isteach i Séipéal Eaglais na hÉireann agus tá blúirí den chlabhstra ina gcuid de bhalla thuaidh agus de bhalla thoir an tSéipéil Chaitlicigh.
- Cuid den phríóireacht Agaistíneach ab ea Caisleán Dubh sa reilig taobh thiar d'Eaglais na hÉireann. Tá sé in úsáid anois mar mhásailéam mhuintir Toghe ó Eastáit Choill Chluain Dúin (Woodstock).
- Tá móta an chéad ionaid dhaingin a thóg Thomas FitzAnthony suite taobh thiar de na tithe leath bealaigh suas an cnoc ón gCearnóg agus tá airde 10 méadar fós ann. Tá

fothracha tí dhaingnithe trí stór le feiceáil ar thaobh thiar na Cearnóige agus tá foirgneamh dhá stór a tógadh sna meánaoiseanna le feiceáil idir an Chearnóg agus an abhainn. Rinneadh an chuid uachtarach de a atógáil níos déanaí cé gur fágadh an chuid íochtarach mar a bhí agus tá a fhios againn go raibh sé in úsáid mar theach cúirte ar feadh tamaill.

- Tá Tobar Beannaithe Naomh Colm Cille in ait chúlráideach sa chuid soir ó thuaidh den sráidbhaile agus bealach maisiúil isteach chuige a bhfuil roinnt painéal snoite ón 16^ú haois mar chuid de. Is dócha gur sábháladh iad sin ón bpríóireacht. Luadh balla an bhaile i gcairt na bliana 1608 ach ní fios go baileach anois cá raibh formhór an bhalla sin tógtha. Is cosúil, áfach, go bhfuil blúirí de ina gcuid de bhallaí teorann na dtithe ar an taobh ó dheas den teach daingnithe sa chearnóg.

Bhí rath ar Inis Tíog san 18^ú haois agus sa 19^ú haois agus bhí scéal agus forbairt an bhaile fite fuaite le scéal agus le forbairt Eastáit Choill Chluain Dúin (Woodstock). Ba é Francis Bindon a thóg Teach Woodstock i ndeireadh na bliana 1740 do theaghlach Fownes agus cé go bhfuil an Teach píosa maith ón sráidbhaile, léiríonn an príomhbhealach go Coill Chluain Dúin, geata na hAbhann, an t-aibhinne níos ísle, an lóiste agus na tithe almsan sa Chearnóg tábhacht an Eastáit i bhforbairt an tsráidbhaile.

Mar gheall ar fhána géar an chnoic agus patrún lonnaíochta a bhí ann ó na meánaoiseanna bhí a lán foirgneamh tógtha go dlúth le chéile roimh dheireadh na 19^ú haois agus a lán tithe breátha dhá stór is trí stór ina measc.

De thoradh a dlúithe is atá na foirgnimh le chéile agus a ghalánta is atá a lán acu tá cáilíocht uirbeach ag Inis Tíog atá neamhghnách i mbailte atá chomh beag leis agus dá thoradh sin agus de bharr an chaoi a bhfuil na foirgnimh phoiblí leagtha amach go neamhfhoirmiúil timpeall ar spás foscúil tamall ón abhainn chuirfeadh sé i gcúimhne do dhuine sráidbhaile san Iodáil a tógadh roimh an athbheochan léinn.

Tógadh an Eaglais Chaitliceach in 1836. Tá codanna den mhainistir mheánaoiseach Agaistíneach ina gcuid de shéipéal Eaglais na hÉireann agus bhronn tiarna talún na háite, William Tighe, an cloigtheach agus clog air in 1876. Tá cáil níos mó air féin is ar a bhean chéile, Lady Louisa, áfach de bharr forbairt Gairdíní agus crannlann Choill Chluain Dúin san 19^ú haois. Tá siad sin athchóirithe anois agus á mbainistiú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh. Aithníodh Inis Tíog mar shéadchomhartha náisiúnta mar gheall ar an oidhreacht shaibhir seandálaíochta atá ann agus tá sé faoi chosaint ag Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994.

Teorainneacha na Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA)

Níl aon athrú déanta ar na teorainneacha a léiríodh sa Phlean don Cheantar Áitiúil in 2004, féach Figiúr 8.6.

Ráiteas Carachtair

Lonnaíocht is ea Inis Tíog a raibh an rath air leis na cianta. Tá sé suite ar an abhainn a bhíodh ina bealach mór tráchta tráth den saol agus a chuireann uisce úr ar fáil dó. Cuireann na cnoic mórthimpeall air foscadh ar fáil dó. Ba í an topagrafaíocht sin a chinntigh an rath a bhí ar Inis

Tíog agus cothaíonn siad an tuiscint gur áit faoi leith é rud a aithnítear go dtí an lá inniu. Tá carachtar uathúil ag Inis Tíog toisc go bhfuil sé suite mar lonnaíocht dhlúth uirbeach i dtírdhreach álainn lánléargais, sa chaoi gur féidir Inis Tíog a fheiceáil mar aonad amháin ó na cnoic mórthimpeall. Cinntíonn patrún dronuilleogach sráideanna an tsráidbhaile agus an chaoi a gcasann siad go géar go bhfuil foscadh ón síon ar fail ann agus go bhfaightear radhairc áille gan choinne síos na sráideanna ar an tírdhreach mórthimpeall.

Is ó ordlathas iontach na spásanna oscailte poiblí a fhaigheann Inis Tíog cuid dá chaighdeán uirbeach. Faigheann sé é freisin ón chaoi ar féidir an tírdhreach máguaird a fheiceáil go réidh agus ón éadan oscailte caoin le habhainn atá ann, ón sráid-dreach foirmiúil uirbeach timpeall na cearnóige, ón gcroí cathartha éifeachtach atá ag bun an chnoic agus foscadh á fháil aige ó na foirgnimh phoiblí, eaglaisí, bialanna agus tithe tábhairne atá timpeall air, agus ó bhailidhreach níos neamhfhoirmiúla na sráideanna ar an gcnoc lena ngairdíní beaga bídeacha agus a bpóirsí pictiúrtha. Is annamh go deimhin a bhíonn a leithéid d'éagsúlacht le sonrú i spás uirbeach, agus í bailithe go néata le chéile laistigh de lonnaíocht bheag, sa chaoi is go bhféadfadh duine a shamhlú go raibh cathair bheag bhídeach tar éis fás ar áth na Feoire.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha LCA bunaithe ar mheasúnacht ar charachtar speisialta.

- Féach ar na beartais thuas a bhaineann le gach LCA
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta Inis Tíog 1 (LCA IT 1) Ní mór a bheith cúramach nuair atá obair á dhéanamh ar bhailchríoch ballaí seachtracha. Déantar athrú mór ar charachtar an fhoirgnimh má bhaintear an plástar de chun an chloch a nochtadh agus d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don bhfoirgneamh féin.
- LCA IT 2 Cuid de charachtar Inis Tíog iad na díonta. Ba cheart na gnéithe bunaidh agus na próifíil a choinneáil nuair is féidir agus iad a dheisiú agus a athúsáid seachas ábhar nua a chur ina n-ionad.
- LCA IT 3 Ba cheart na fuinneoga agus na doirse bunaidh a choinneáil nuair is féidir agus iad a dheisiú agus a athúsáid seachas ábhar nua a chur ina n-ionad.
- LCA IT 4 Iarracht a dhéanamh na hábhair agus na bailchríocha ar choinneáil mar aon leis an mórthimpeall, airde, ailíniú, treoshuíomh agus comhréireanna na bhfuinneog a léiríonn carachtar an cheantair
- LCA IT 5 Iarracht a dhéanamh an t-ordlathas spásanna oscailte poiblí laistigh den Inis Tíog a chosaint.
- LCA IT 6 Iarracht a dhéanamh an tírdhrechtú agus gnéithe atá laistigh den réimse poiblí a chuireann le carachtar an bhaile a chosaint
- LCA IT 7 ballaí gairdín tosaigh agus ráillí a choinneáil. Ní cheadófar aon togra chun ionaid pháirceála eis-sráide a dhéanamh de ghairdíní tosaigh.
- LCA IT 8 Ní ceart go mbainfeadh comharthaíocht nua de charachtar an LCA. Ní mór áiteanna le haghaidh fógraí agus stadanna bus laistigh den LCA a mheas go cúramach
- LCA IT 9 A iarraidh go gcoinneofar, go ndeiseofar agus go gcothabhar na foirgnimh a chruthaíonn sráid-dreach an LCA.
- LCA IT 10 A iarraidh go ndéanfar athchóiriú ar fhoirgnimh atá tréigthe nó folamh ach ar díol spéis staire iad nó a chuireann le comhleanúnachas amhairc an tsráid-dreacha.

- LCA IT 11 Bíonn cead pleanála riachtanach chun aon athrú a dhéanamh éadanas na bhfoirgneamh tráchtála, bíodh an struchtúr laistigh de LCA nó ná bíodh. Ba cheart aghaidheanna bunaidh nó luatha na siopaí a choinneáil nó a dheisiú nuair is féidir.
- LCA IT 12 Ba cheart go mbeadh aon fhorbairt nua oiriúnach ó thaobh foirme agus úsáide de don ionad atá aige ag cúinne, ar chúl nó mar inlónadh. Ba cheart na radhairc atá ar shainchomharthaí áitiúla a choinneáil.
- LCA IT 13 Ba cheart gach forbairt nua a bheith ar chaighdeán an-ard ó thaobh dearaidh de agus ba cheart go gcuirfeadh sé slacht ar dhealramh an cheantair agus go léireodh sé meas ar charachtar an LCA mar atá leagtha amach sa ráiteas carachtair thuas.
- LCA IT 14 I gcás ina ndéantar iarratas pleanála chun struchtúr laistigh de LCA a scartáil ar fhorais lochtanna nó teip struchtúrtha, beidh sé riachtanach tuairisc a sholáthar ó ghairmí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici ina shonrófar an bhail reatha atá ar an áit mar aon le cuntas ar na fáthanna nach mbeadh obair dheisiúcháin agus fheabhsúcháin oiriúnach sa chás sin.

8.3.6.4 Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) Bhaile Sheáin

Cur Síos agus Cúlra stairiúil

Is ó John Hely ó Cúirt an Phúcaigh a fuair Baile Sheáin a ainm mar b'eisean a leag bunchlocha tosaigh an bhaile in 1770. Roimh an dáta sin ní raibh fiú sráidbhaile beag anseo agus Crosbhóthar Hely a dtugtaí ar an shuíomh sular tógadh an baile (Carrigan II, 299-300). Tagann ceithre bóthar le chéile i gCearnóg Johnstown nó Bhaile Sheáin (nó Foulkscourt nó Cúirt an Phúca mar a dtugtaí air), agus tá an chearnóg leagtha amach go foirmiúil ag an gcrosbhóthar. Is beag athrú atá tagtha ar an baile ó rinne lucht na Suirbhéireachta Ordanáis é a mhapáil sa chéad leath den 19^ú haois. Léiríonn an 1^ú eagrán den léarscáil sainchomharthaí tíre, mar shampla Séipéal Eaglais na hÉireann, an Séipéal Chaitliceach, an chearnóg a bhí leagtha amach go foirmiúil, agus grúpaí thithe tuaithe agus a dtailte sna páirceanna ar an mbóthar aneas isteach sa bhaile. Nuair a foilsíodh an dara heagrán den léarscáil ag tús an chéid bhí cearta agus dhá scoil sa bhaile agus bhí bailchríoch curtha ar phatrún na bhforbairtí ar cuireadh tús leis go déanach san ochtú haois déag agus go luath san naoú haois déag. Is léir ó léarscáil SO 25^ú a foilsíodh go luath san fhichiú haois go raibh teach cúirte, beairic póilíní agus óstán sa chearnóg, agus go raibh oifig an phoist, cógaslann agus cearta breise ar an mbaile. Bhí clú agus cáil ag an mbaile san ochtú haois déag agus san naoú haois déag de bharr uiscí sláintiúla a spá agus thug Dean Swift a raibh clú agus cáil air cuairt ar spá Bhaile Uí Spealáin in 1728.

Roghnaíodh teorainneacha an bhaile faoi mar a bhí siad ar an 2^ú eagrán de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar theorainneacha an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA) agus áirítear ann tailte Ellen Ville agus Teach Melrose atá ar an mbealach aneas isteach sa bhaile agus séipéal Eaglais na hÉireann atá suite ar an teorainn ar an mbealach anoir isteach sa mbaile. Is é Bóthar na Canála an bealach isteach sa bhaile ón iarthar agus tá sé sin san áireamh san LCA chomh fada leis an acomhal le Bóthar Ráth Domhnaigh agus glacadh le Sráid an tSéipéil mar an áit dheireanach a raibh forbairt déanta faoin am ar foilsíodh an 2^ú heagrán den léarscáil SO. Níl

tailte na Gléibe ná Teach an Reachtair san áireamh mar chuid den LCA toisc iad a bheith chomh fada sin amach ó chroílár an bhaile agus ón mbóthar soir. Táthar ag súil go dtabharfar cosaint d'fhoirgnimh Tí an Reachtair trína chur san áireamh sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta faoi mar a mhol an tAire i ndiaidh shuirbhé Fhardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta.

Ráiteas Carachtair (féach Figiúr 8.7)

Is éard atá sa bhaile den chuid is mó ná tithe dhá stór a tógadh san ochtú haois déag agus is tithe cónaithe an formhór acu agus iad ar dhá thaobh na gceithre bhóthar a thagann le chéile sa chearnóg ochtagánach atá leagtha amach go foirmiúil. Tá formhór na dtithe sa chearnóg tógtha sa stíl dhúchasach chlasaiceach, agus tá a gcarachtar acu de bharr a n-aghaidheanna atá rindreáilte agus péinteáilte agus de bharr comhréireanna simplí clasaiceacha a bhfuinneog agus a ndoirse. Fuinneoga saise adhmaid agus doirse soladacha adhmaid a bhíodh mar mhaisiú acu tráth. Díonta simplí claonta is ea na díonta agus is díonta beannacha a lán acu ach tá díonta gabhal éadain in áiteanna. Tá cumhdach sclátaí nádúrtha traidisiúnta orthu go léir. Tá páirceanna oscailte ar dhá thaobh bhóthar Áth na nUrlainn gar don bhaile, agus iad mar thailte leath-fhoirmiúla ag roinnt tithe tuaithe meánmhéide sa stíl chlasaiceach atá tógtha siar go maith ón mbóthar. Léiríonn siad an rathúnas a bhí le fáil ón gcúlchríoch shaibhir thalmhaíochta ag an am. Dé réir mar a ghluaiseann duine anoir Sráid an Teampaill i dtreo lár an bhaile is é Séipéal Eaglais na hÉireann an rud is suntasaí atá le feiceáil aige nó aici. Séipéal i stíl Bhord na gCéad Torthaí is ea é a tógadh ar ardán beag tamall siar ón mbóthar. Cuid thábhachtach de charachtar an bhaile iad na radhairc atá le fáil ón gCearnóg ar an séipéal sin. Má bhíonn duine ag gluaiseacht aniar Bóthar na Canálach i dtreo an bhaile ní bheidh mórán rudaí foirmiúla le feiceáil aige nó aici ach tá níos mó tithe beaga sa stíl dhúchasach ann a tógadh do dhaoine nach raibh chomh maith as. Is í Sráid an tSéipéil an príomhbhealach i dtreo leath thuaidh na cearnóige agus is í an tsráid sin croílár tráchtála an bhaile. Tugadh an t-ainm sin ar an tsráid de bharr Séipéal mórsála na hEaglaise Caitlicigh a tógadh ansin. Tá sé suite go breá ar ardán tamall siar ón mbóthar. Tá a lán foirgneamh dhá stór a bhfuil bailchríoch rindreáilte orthu i Sráid an tSéipéil agus is minic aghaidh siopa acu ar urlár na talún agus áirsí le haghaidh cóistí trínar féidir dul isteach go clóis stáblaí agus foirgnimh choimhdeacha eile ar chúl.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha LCA bunaithe ar mheasúnú ar charachtar speisialta.

- Féach na beartais thuas a bhaineann a LCAanna
- LCA BS 1 A iarraidh go gcoinneofar, go ndeiseofar agus go gcothabhálfar na foirgnimh a chruthaíonn sráid-dreach an LCA.
- LCA BS 2 A iarraidh go ndéanfar athchóiriú ar fhoirgnimh atá tréigthe nó folamh ach ar díol spéis staire iad nó a chuireann le comhleanúnachas amhairc an tsráid-dreacha.
- LCA BS 3 mór a bheith cúramach nuair atá obair á dhéanamh ar bhailchríoch ballaí seachtracha. Déantar athrú mór ar charachtar an fhoirgnimh má bhaintear an plástar de chun an chloch a nochtadh agus d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don bhfoirgneamh

féin. Ní mór cead pleanála a fháil chun oibreacha mar greanroiseadh nó athphointeáil a dhéanamh ar shaothar cloiche eisléire, nó chun athphéinteáil a dhéanamh ar cloch nádúrtha nó bríce.

- LCA BS 4 Cuid de charachtar speisialta Bhaile Sheáin iad na díonta. Ba cheart na gnéithe bunaidh agus na próifílí a choinneáil nuair is féidir agus iad a dheisiú agus a athúsáid seachas ábhar nua a chur ina n-ionad. Ní mór cead pleanála a fháil chun ábhair dín a athchur nó chun athrú a dhéanamh ar ghnéithe nó ar dhealramh dín.
- LCA BS 5 Ní gné thraidisiúnta de LCA Bhaile Sheáin iad fuinneoga dormánta agus ní mheasfaidh an t-údarás áitiúil go bhfuil siad feiliúnach.
- LCA BS 6 Ba cheart na fuinneoga agus na doirse bunaidh a choinneáil nuair is féidir agus iad a dheisiú agus a athúsáid seachas ábhar nua a chur ina n-ionad.
- LCA BS 7 saintréith a bhaineann le Baile Sheáin iad na geataí déanta d'iarainn saoirsithe atá le fáil fós idir foirgnimh ar Shráid an tSéipéil chun go mbeidh daoine in ann dul isteach tríothu sna clóis ar chúl. Ba cheart na geataí a choinneáil sna háiteanna ina bhfuil siad agus iad a dheisiú nuair is gá seachas cinn nua a chur ina n-ionad.
- LCA BS 8 Gné a bhaineann le go leor de na foirgnimh timpeall ar a chearnóige iad na háirsí le haghaidh cóistí. Ba cheart na hoscailtí sin a choinneáil agus go mbeadh cead pleanála riachtanach lena n-athrú.
- LCA BS 9 Bíonn cead pleanála riachtanach chun aon athrú a dhéanamh éadanas na bhfoirgneamh tráchtála, bíodh an struchtúr laistigh de LCA nó ná bíodh. Ba cheart aghaidheanna bunaidh nó luatha na siopaí a choinneáil nó a dheisiú nuair is féidir.
- LCA BS 10 Ní ceart go mbainfeadh comharthaíocht nua de charachtar an LCA. Ní mór áiteanna le haghaidh fógraí agus stadanna bus laistigh den LCA a mheas go cúramach
- LCA BS 11 Ba cheart go mbeadh aon fhorbairt nua oiriúnach ó thaobh foirme agus úsáide de don ionad atá aige ag cúinne, ar chúl nó mar inlínadh. Ba cheart na radhairc atá ar shainchomharthaí áitiúla a choinneáil. Radharc tábhachtach i mBaile Sheáin é an radharc atá le fáil ón gCearnóg ar shéipéal Eaglais na hÉireann ar Shráid an Teampaill.
- LCA BS 12 Ba cheart gach forbairt nua a bheith ar chaighdeán an-ard ó thaobh dearaidh de agus ba cheart go gcuirfeadh sé slacht ar dhealramh an cheantair agus go léireodh sé meas ar charachtar an LCA mar atá leagtha amach sa ráiteas carachtair thuas.
- LCA BS 13 I gcás ina ndéantar iarratas pleanála chun struchtúr laistigh de LCA a scartáil ar fhorais lochtanna nó teip struchtúrtha, beidh sé riachtanach tuairisc a sholáthar ó ghairmí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici ina shonrófar an bhail reatha atá ar an áit mar aon le cuntas ar na fáthanna nach mbeadh obair dheisiúcháin agus fheabhsúcháin oiriúnach sa chás sin.

8.3.7 Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha

Tá tábhacht oidhreachta nádúrtha, ailtireachta, tírdhreacha, cultúrtha agus staire ag baint le gairdíní stairiúla agus tírdhreacha deartha. Ina theannta sin, is minic a bhíonn siad ina suíomhanna tábhachtacha ag Struchtúir Chosanta.

Rinne Fardail Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (FNOA) réamhshuirbhé ar gairdíní stairiúla agus tírdhreacha deartha sa tréimhse ó 2003 go 2005. Aithníodh 196 gairdín agus tírdhreach i gContae Chill Chainnigh a d'fhéadfadh a bheith ina ngairdíní stairiúla nó ina dtírdhreacha deartha. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach <http://www.buildingsofireland.ie/Surveys/Gardens/>

8.3.8 Bailedhreacha

Is éard a bhíonn le feiceáil i bailedhreacha sráidbhailte agus bailte Chill Chainnigh den chuid is mó ná foirgnimh shraithe dhá stór is trí stór a tógadh san 18^ú haois agus san 19^ú agus foirgnimh phoiblí anseo is ansiúd mar aon le hionaid adhartha phoiblí, agus fothracha ón mheánaois. Is minic a tógadh na foirgnimh sin d'ábhair níos costasaí agus go mbíonn mionsonraí ilchasta orthu sa chaoi gurb iad sin na lárionaid spéise i go leor de bhailte an chontae. Ar na gnéithe a chuireann le carachtar speisialta bailte Chill Chainnigh tá mionsonraí na stíle dúchasaí uirbí - an chóimheas clasaiceach idir fuinneoga agus ballaí, na haghaidheanna rindreáilte, na doirse adhmaid agus na fuinneoga saise adhmaid agus na díonta slinne. D'fhás na bailte go léir ar bhealach orgánach le himeacht ama go minic ó ré na meánaoiseanna agus tá samplaí maithe le fáil iontu d'fhoirgnimh ó gach ceann de na mórthréimhsí staire ó shin i leith.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha:

- Cáilíocht, carachtar agus sainiúlacht bailedhreacha an chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú agus nuair is gá iad a chur ar ais.

8.3.9 Troscán Sráide agus Gnéithe Cois Bóthair

Míreanna tábhachtacha dár n-oidhreacht thógtha agus chultúrtha is ea troscán sráide. Is gnéithe tábhachtacha iad freisin chun carachtar agus ábhar spéise Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a chinntiú. Áirítear iad seo a leanas mar nithe den sórt sin; lampaí arda sráide, suíocháin agus binsí, mullaird, ráillí, comharthaí sráide, boscaí poist saorsheasaimh nó suite i mballaí, boscaí teileafóin, trachanna uisce, caidéal uisce, scairdeáin uisce óil, clocha cosanta cúinní agus ballaí, clocha míle, pábháil, clocha colbha, duirleoga agus blocáin, soilse pábhála, clúdaigh poll guail, droichid mheáite, dealbha, plaiceanna, geataí agus leachtanna eile.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha:

- Míreanna stairiúla de throscán sráide agus gnéithe ar thaobh an bhóthair a chosaint agus a fheabhsú, de réir mar is cuí.

8.3.10 An Oidhreacht Thógtha Dhúchasach

Is éard atá san oidhreacht thógtha dhúchasach ná foirgnimh agus lonnaíochtaí a chuthaigh muintir na háite san am atá thart d'ábhair agus d'acmhainní áitiúla le freastal ar riachtanais áitiúla de réir traidisiún na háite. Ó bhí siad ag tabhairt freagra ar an timpeallacht áitiúil ba mhinic a ceapadh teicnící tógála a bhí éagsúil ó réigiún go réigiún, agus an-fhíneáltacht ag baint leo go minic. Is beag an meas a bhíonn ag daoine ar an gcineál sin foirgneamh go minic toisc nach 'ailtireacht iontach' iad agus toisc go meastar go bhfuil baint acu le bochtaineacht agus go bhfuil foirgnimh den sórt sin imithe as feidhm. Is é an luach a bhaineann leis na foirgnimh sin ná

an tsainiúlacht réigiúnach a bhaineann leo agus an fhéiniúlacht a thugann siad don áit ina bhfuil siad agus an chaoi a léiríonn siad eagna na nglún agus traidisiúin charntha chultúrtha na ndaoine a thóg iad agus a bhí agus gcónaí iontu. Déantar plé ar stíleanna dúchasacha ailtireachta agus a dtábhacht i bhfoirgnimh nua-aimseartha faoin tuath agus léirítear iad sa bhfoilseachán [County Kilkenny Rural Design Guidelines](#)¹²⁹.

Tá traidisiún na tuíodóireachta ar cheann de na gnéithe is leochailí den traidisiún dúchasach i gContae Chill Chainnigh faoi mar atá ar fud na hÉireann.

8.3.11 Sráidbhailte Feirme Chill Chainnigh Theas

Is féidir a rá go bhfuil roinnt sráidbhailte i nDeisceart Chill Chainnigh sainiúil sa chomhthéacs náisiúnta de bharr an chaoi a bhfuil na tithe cnuasta. Aithníodh 57 sráidbhaile den sórt sin san iomlán, ach aithníodh sé cinn acu ar b'fhiú tuilleadh staidéir a dhéanamh orthu. B'iad sin: Lios Tróilín, Baile an Licéadaigh, Gleann an Ghrónaigh, an Fhliuchmhuine, Corrloda, agus Port na hUille atá suite i bparóiste Mhóin Choinn¹³⁰.

Scrúdóidh an Chomhairle bearta chun tábhacht na sráidbhailte feirme sin a chosaint.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha:

- Na prionsabail agus na treoirínte caomhnaithe a chur i bhfeidhm atá leagtha amach i gCairt ICOMOS faoin Oidhreacht Dhúchasach Thógtha (Meicsiceo 1999) nuair a bheidh tograí á mbreithniú maidir le foirgnimh dhúchasacha a chur in oiriúint do riachtanais agus do chaighdeán mhaireachtála chomhaimseartha.
- Coinneáil agus athúsáid na hoidhreachta tógtha dhúchasaí a chur chun cinn trí fheasacht an phobail a spreagadh faoin chaoi ar féidir í a athúsáid agus a chur in oiriúint do thosca nua.
- Carachtar agus suíomh uathúil sráidbhailte feirme Chill Chainnigh Theas a chosaint.

8.3.12 Tuilsoilsiú

Déantar foirgnimh agus déanamhais a thuilsoilsiú go minic mar bhealach chun an tábhacht a bhaineann leo a aibhsiú agus léiríonn sé an bród atá ag na pobail sin as láithreáin oidhreachta agus as struchtúir faoi leith. D'ainneoin sin is uile is féidir le tuilsoilsiú drochthionchar imirt ar an oidhreacht nádúrtha agus thógtha araon. Is féidir leis cur le truailliú solais, cur isteach ar speicis faoi chosaint, mar shampla sciatháin leathair, agus tionchar a bheith aige ar thábhacht ailtireachta agus seandálaíochta láithreáin.

¹²⁹ Comhairle Contae Chill Chainnigh, *County Kilkenny Rural Design Guidelines*

¹³⁰ Le haghaidh tuilleadh sonraí a fháil téigh chuig aiste le Jack Burtchaell dar teideal "The South Kilkenny Farm Villages" a foilsíodh i 1988 i cnuasach aistí stairiúla tíreolaíochta dar teideal New Ground (Smyth et al, 1988).

D'ullmhaigh Rannóg Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta dréacht-threoir *"Guidelines on the Floodlighting of Monuments"*. Ba cheart dul i dteagmháil leis an Roinn sin chun tuilleadh sonraí a fháil.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha

- A éileamh go ndéanfar measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol ag moltaí chun tuilsoilsiú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar dhéanmhais.
- A chinntiú go gcosnófar carachtar speisialta agus suíomh na struchtúr cosanta, na limistéar Caomhantais Ailtireachta agus Séadchomharthaí Taifeadta, agus speicis faoi chosaint nuair atá moltaí le haghaidh tuilsoilsithe á mbreithniú.

8.4 Oidhreacht Chultúrtha

Cuimsíonn oidhreacht chultúrtha gnéithe den oidhreacht, mar shampla traidisiúin, cleachtas, eolas agus na scileanna trína léirítear ár gcultúr. Áirítear ar an oidhreacht chultúrtha atá againn i gCill Chainnigh stair bhéil, logainmneacha, béaloideas, stair áitiúil agus cúrsaí spóirt. Cuimsíonn sé freisin gnéithe spéise oidhreachta chultúrtha mar charraigeacha Aifrinn, cosáin Aifrinn, crainn ar a gceanglaítear giobail agus geataí sa stíl dhúchasach ar díol suntas áitiúil iad agus a gcuireann le carachtar sainiúil limistéir agus a thugann le fios gur áit faoi leith é. Caomhnóidh agus cosnóidh an Chomhairle, agus nuair is gá feabhsóidh sí, réada suntasacha oidhreachta mar charraigeacha Aifrinn agus toibreacha beannaithe agus gnéithe suntasacha chultúrtha eile ar chuid iad d'oidhreacht chultúrtha an Chontae.

8.4.1 Logainmneacha

Míreanna tábhachtacha dár n-oidhreacht iad logainmneacha agus tá a lán acu á ligean i ndearmad. Cruthaíonn siad nasc leis an am atá thart agus is léiriú iad ar oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha cheantair. Is beag taifead atá ar fáil i scríbhinn ar logainmneacha traidisiúnta ná ar ainmneacha traidisiúnta páirceanna mar is ó bhéal go béal a d'insítí iad ó ghlún go glún. Tá suirbhéanna déanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh, i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla chun logainmneacha traidisiúnta agus ainmneacha traidisiúnta páirceanna a thaifead. Rinneadh é sin trí thionscadal na mBailte Fearann agus Iniúchadh Oidhreachta na Feoire (Cuid 7.2.3.2).

Tá sé tábhachtach nuair atá ainmneacha á gceapadh le haghaidh forbairtí nua go ndéanfar tagairt do rudaí mar an topagrafaíocht áitiúil, stair, cultúr, éiceolaíocht nó daoine agus imeachtaí suntasacha agus go n-úsáidfidh logainmneacha Gaeilge agus logainmneacha traidisiúnta an cheantair. I measc na n-acmhainní atá ann le cabhrú chun ainmneacha a cheapadh d'fhorbairtí nua tá leabhrán Fhoras na Gaeilge dar teideal *"Name your place – Logainmneacha Cuid dar nOidhreacht"* nó féach ar www.logainm.ie agus láithreán gréasáin an Choimisiúin Logainmneacha www.coimisineir.ie.

Caighdeáin um Bainistiú Forbartha

- A chinntiú go léireoidh ainm gach forbartha nua nasc le stair, oidhreacht nó cultúr na háite.
- Daoine a spreagadh chun logainmneacha agus comharthaí dátheangacha agus Ghaeilge a úsáid.

9 Bonneagar

9.1 Seirbhísí Uisce

9.1.1 Agus a bhfuil Bainte Amach

Le linn thréimhse an phlean dheireanaigh, rinneadh oibreacha suntasacha feabhsaithe ar bhonneagar seirbhísí uisce sa chontae, lena n-áirítear na scéimeanna seo a leanas:

- Scéim Straitéiseach Soláthair Uisce do Bellview Céim 1A (Cuid de Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Mhóin Choinn) - Críochnaíodh í in 2010
- Gléasra Cóireála agus Líonra Fuíolluisce Chill Mhic Bhúith - Críochnaíodh é in 2011
- Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Mhic Andáin - Críochnaíodh é in 2011
- Ionad Cóireála Fuíolluisce Ghabhráin - Críochnaíodh é in 2010
- Ionad Cóireála Fuíolluisce Thulach Ruáin - Críochnaíodh é in 2011
- Scéim Soláthair Uisce Ghabhráin, an Droichid Nua agus Bhaile Phóil bóthar rochtana mar aon le córas díghalrúcháin UV - Críochnaíodh iad in 2011
- Ionad Cóireála Fuíolluisce An Chuain - Críochnaíodh é in 2012
- Soláthar Uisce Chathair Chill Chainnigh: Obair dheisiúcháin ar thaiscumar Bhaile Rád - Críochnaíodh í in 2012
- Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Mogeanna - Críochnaíodh é in 2012
- Bhí buntáistí móra ann de bharr an chláir um Chaomhnú Uisce

9.1.2 Soláthar uisce

Tá 20 scéim soláthair uisce poiblí i gContae Chill Chainnigh atá á bhfeidhmiú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh, féach ar an liosta thíos. Tá caighdeán ár soláthairtí uisce óil thar a bheith tábhachtach. Déantar monatóireacht ar chaighdeán uisce gach lá i gcomhréir le ceanglais an EPA. Tá an obair seo á déanamh ag an gComhairle féin, ag saotharlanna seachtracha thar ceann na Comhairle agus ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ag Saotharlann Réigiúnach Uisce an EPA atá ag feidhmiú mar ghníomhaireacht thar cheann na Comhairle.

Ainm na Scéime
Scéim Bhéal Átha Ragad
Scéim Dhroichead Binéid
Scéim Challainn
(Sean)Scéim Chaisleán an Chomair
Scéim na Chloiche agus Chaisleáin an
Scéim an Ghleanna Mhóir
Scéim an Ghoirtín
Scéim Ghabhráin, an Droichid Nua agus
Scéim Ghráig na Manach
Scéim Inis Tíog

Scéim Chathair Chill Chainnigh (Baile Rád)
 Scéim Réigiúnach Chathair Chill Chainnigh
 Scéim Chill Mogeanna
 Scéim Lios Na Sí
 Scéim Réigiúnach Mhóin Choinn
 Scéim soláthair uisce Ros Mhic Thriúin
 Scéim Bhaile an Phoill
 Scéim Chill Chainnigh Theas
 Scéim Bhaile Mhic Andáin
 Scéim Átha na nUrlainn agus Bhaile Sheáin

9.1.3 Caomhnú Uisce

Acmhainn ghann, chostasach is ea soláthar uisce. Tá Clár Caomhnaithe Uisce á chur i bhfeidhm ar fud an chontae faoi láthair. Sa chéad céim den tionscadal seo roinneadh na scéimeanna soláthair uisce i gcriosanna éagsúla agus suiteáladh méadair le fáil amach cén áit a raibh an t-uisce á chailliúint agus cé mhéad uisce a bhí i gceist. Is éard atá i gceist sa dara céim ná sceitheanna a rialú, lena n-áirítear sceitheanna a bhraith agus a dheisiú. Gné bhuan de chaomhnú uisce is ea é seo agus leanfaidh sé ar aghaidh go ceann i bhfad. Is éard atá i gceist sa tríú céim ná na príomhlíonraí uisce a mheastar gurb iad sin na cinn is mó atá ag sceitheadh uisce a athshlánú agus chuige sin ní mór athsholáthar iomlán a dhéanamh orthu nó iad chur ina gceart. Tá an clár tar éis laghdú 40% a dhéanamh ar an méid uisce atá imithe gan tuairisc, agus tá feabhsuithe tagtha ar leibhéal foriomlán na seirbhíse. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag caomhnú soláthair luachmhar uisce trí bhíthin an Chláir Chaomhnaithe Uisce.

9.1.4 Seirbhísí Fuíolluisce

Tá 35 scéim cóireála fuíolluisce poiblí sa chontae agus tá siad éagsúil ó thaobh méide agus castachta, féach an liosta thíos.

Lonnaíocht / Ainm an ghléasra	Leibhéal na cóireála
Baile Héil/Cnoc an Tóchair	Tánaisteach
Béal Átha Ragad	Tánaisteach
Droichead Binéid	Príomhúil
Callainn	Tánaisteach
Caisleán an Chomair	Tánaisteach
An Chloch & An Mhóinín Rua	Tánaisteach
An Cuan	Príomhúil
Páirc na bhFianna, An Móinín Rua	Príomhúil
Dunamaggin	Tánaisteach

Dún Garbhán	Príomhúil
Fíodh Dúin	Príomhúil
Achadh Úr	Príomhúil
Gleann Mór	Príomhúil
Droichead Nua	Príomhúil
Gabhrán	Tánaisteach
Gráig na Manach	Tánaisteach
Inis Tíog	Príomhúil
Baile Sheáin	Príomhúil
Ceanannas	Tánaisteach
Cathair Chill Chainnigh Inse an Phuirséalaigh	Tánaisteach
Cill Chainnigh (Bóthar Shióin)	Príomhúil
Cill Mhic Bhúith	Tánaisteach
Cill Mogeanna	Príomhúil
Cill Mhanach	Príomhúil
Móin Choinn	Tánaisteach
Baile Mhic Grifín, Móin Choinn	Príomhúil
Muileann an Bhata	Príomhúil
Ros Mhic Thriúin (Purláin)	Tánaisteach (á feidhmiú ag Comhairle Chontae Loch Garman)
Baile Phóil	Tánaisteach
Baile an Phoill	Tánaisteach
Sceach an Mhaistín	Príomhúil
Sliabh Rua	Tánaisteach
Áth na gCloch	Tánaisteach
Baile Mhic Andáin	Tánaisteach
Tulach Ruáin	Príomhúil
Áth na nUrlainn	Tánaisteach
Bearna na Gaoithe	Príomhúil

9.1.5 Infheistíocht a Chur in Ord Tosaíochta

Tá na limistéir a dtabharfar tús áite dóibh ó thaobh infheistíocht i mbonneagair seirbhísí uisce de ag teacht le Straitéis Lonnaíochta an Chontae, agus cinntíonn sé sin go mbeidh seirbhísí leordhóthanacha uisce ar fáil le freastal ar fhás an chontae. Ina theannta sin, tá an feabhsú leanúnach agus soláthar an bhonneagair sin riachtanach le cloí le ceanglais Treorach an AE [Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh](#)¹³¹ agus na Treorach um [Creat Uisce](#)¹³². Aontaíodh tosaíochtaí

¹³¹ AE, [Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh](#), 1991

infheistíocht leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus tá sé leagtha amach sa Chlár Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce (CISU) 2010-2013. Déanfaidh an Chomhairle iarracht seirbhísí uisce a leathnú chun freastal ar riachtanais teaghlaigh, tráchtála agus tionsclaíocha an Chontae atá ag méadú i gcónaí agus chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí uisce sna réimsí sin a bhfuil easnamh le sonrú iontu faoi láthair.

Tabharfar tús áite do na scéimeanna soláthair uisce seo a leanas ó thaobh infheistíochta de:

- Scéim Inis Tíog/Bhaile Mhic Andáin
- Scéim Réigiúnach Chathair Chill Chainnigh
- Scéim Réigiúnach Mhóin Choinn
- Scéim Ghabhráin, an Droichid Nua agus Bhaile Phoill
- Scéim na Chloiche agus Chaisleáin an Chomair

Tabharfar tús áite do na scéimeanna cóireála fuíolluisce seo a leanas ó thaobh infheistíochta de:

- Scéim Chathair Chill Chainnigh (Inse an Phuirséalaigh)
- Scéim Achadh Úr
- Scéim Bhaile Sheáin
- Scéim Dhroichead Nua
- Scéim Baile Phóil (córas sceite)
- Scéim Bhaile Héil
- Scéim Áth na nUrlainn
- Scéim Áth na gCloch
- Scéim Chaisleán an Chomair
- Scéim Bhaile an Phoill
- Scéim Fhiodh Dúin
- Scéim Dhroichead Binéid
- Scéim Mhuileann an Bhata
- Scéim Inis Tíog
- Scéim Pháirc na bhFianna, An Móinín Rua

Ó 2014 ar aghaidh, beidh Uisce Éireann ina údarás nua uisce agus beidh sé freagracht as tosaíochtaí a cheapadh d'infheistíochtaí.

9.1.6 Cuspóirí Seirbhísí Uisce:

- An Clár a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach sa Chlár um Infheistíocht i Seirbhísí Uisce.
- Ceanglais Treoracha an AE [Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh](#) agus an [Creat Uisce](#) a chomhlíonadh go hiomlán.

¹³² An AE, [Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce](#), 2000

9.1.7 Cóireáil Sloda

Ullmhaíodh Plean Bainistíochta Sloda do Chill Chainnigh i 2003. Nuair a bhí an Plean Bainistíochta Sloda á cheapadh scrúdaíodh slodaí neamhghuaiseacha de gach cineál atá á chruthú faoi láthair agus a bhfuiltear á thuar go gcruthófar sa chontae sna na 20 bliain atá amach romhainn agus ceapadh straitéisí bainistíochta inbhuanaithe le déileáil leo. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur an Phlean Bainistíochta Sloda i bhfeidhm agus i gcomhréir leis an bPlean, tá an sloda go léir atá á chruthú sa chontae á dhiúscairt mar leasachán faoi láthair.

9.2 An Comhshaol

9.2.1 Rialú Truailithe

Aithnítear a thábhachtaí is atá timpeallacht ghlan do shaol eacnamaíoch agus sóisialta an chontae. I dtaca leis seo, tá sé riachtanach go ndéanfar monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach leanúnach i ndáil le bearta rialaithe truailithe agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin thar thréimhse an Phlean seo.

9.2.1.1 Caighdeán an Aeir

Is é ról na Comhairle den chuid is mó i dtaca le caighdeán an aeir ná oibriú chun truailiú aeir a laghdú trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha agus trí chomhairle agus treoir a sholáthar faoin gcleachtas is fearr. Lena chois sin cuireann an Chomhairle i bhfeidhm forálacha an [Achta um Thruailiú Aeir](#) 1987 agus [Rialachán um Thruailiú Aeir \(Gléasra Tionscail a Cheadúnú\) 1988](#).

9.2.2 Léarscáiliú Torainn

Sa bhliain 2006, rinne an Rialtas rialachán a bhaineann le torann comhshaoil ([I.R. 140 de 2006](#)). Is é an sainmhíniú a thugtar ar torann comhshaoil sna Rialachán ná fuaim allamuigh nach bhfuil ag teastáil nó atá dochrach, atá cruthaithe ag gníomhaíochtaí daonna, lena n-áirítear torann atá curtha amach ag modhanna iompair, trácht bóthair, trácht iarnróid, aerthrácht, nó a thagann as láithreacha ina mbíonn gníomhaíocht thionsclaíoch ar siúl.

Éilíonn na rialachán go gcaithfear tagairt a dhéanamh sa Phlean Gníomhaíochta um Léarscáiliú Torainn d'áiteanna in aice le príomhbhóithre, iarnróid mhóra agus aerfoirt mhóra, agus laistigh d'aon cheirtleán ábhartha. [Plean Gníomhaíochta um Thorann](#)¹³³ do Chill Chainnigh in 2009. Tá na limistéir seo a leanas i gCill Chainnigh faoi ábhar critéar ábhar na Rialachán.

- Codanna den N9 i bPurláin Chathair Phort Láirge
- Codanna den N10 i bPurláin Chathair Chill Chainnigh

¹³³ Cuireadh bailchríoch ar [Plean Gníomhaíochta um Thorann 2008](#), 2009 Chomhairlí Buirge agus Contae Chill Chainnigh

- Codanna den N25 i bPurláin Chathair Phort Láirge agus Ros Mhic Thriúin
- Codanna den N77 i bPurláin Chathair Chill Chainnigh

Tá an Plean Gníomhaíochta ceaptha leis an dá aidhm seo a leanas a bhaint amach;

- Drochiarmhairtí suntasacha sláinte de bharr torann a sheachaint agus
- Má bhíonn dea-cháilíocht ann ó thaobh torainn timpeallachta an scéal a choinneáil amhlaidh

Tá an Plean Gníomhaíochta um Thorainn sin á nuashonrú faoi láthair.

9.2.2.1 Rialú Torainn

Is féidir le leibhéal ró-arda torainn agus deannaigh drochthionchar a bheith acu ar thimpeallacht an chontae. Beidh an Chomhairle ag iarraidh leas a bhaint as an gcóras pleanála chun torann a íoslaghdú trína chinntiú nuair a bheidh forbairtí nua á ndearadh go mbeidh bearta iontu chun tarchur torainn agus creathaidh a chosc nó a mhaolú nuair is cuí.

9.2.3 Truailliú Solais

Cé go bhfuil soilsiú leordhóthanach riachtanach chun timpeallacht slán sábháilte a chinntiú, aithnítear freisin má bhíonn solas ag scalladh amach ó shoilsiú iomarcach nó ó shoilsiú a dearadh go holc go bhféadfadh sé cur as do dhaoine atá ina gcónaí gar dó agus bagairt a dhéanamh ar an bhfiadhúlra máguaird. Lena chois sin d'fhéadfadh sé guais tráchta a chruthú agus b'fhéidir nach bhféadfadh daoine spéir na hoíche a fheiceáil go maith. D'fhéadfadh an fhadhb seo cur isteach ar limistéir uirbeacha agus thuaithe araon. Is féidir le colúin soilsithe agus daingneáin eile an-tionchar a bheith acu ar dhealamh foirgneamh agus ar an timpeallacht.

9.2.4 An Cuspóir maidir le Rialú ar Thruailliú

Nuashonrú a dhéanamh ar an Mapáil Torainn agus leas a bhaint as tairseacha athbhreithnithe nó nuashonraithe torainn chuige sin.

9.2.5 Caighdeán um Bainistiú Forbartha um Rialú ar Thruailliú

- A chinntiú go gcomhlíonann forbairtí atá faoi réir ceanglas an Achta um Thruailliú Aeir 1987 agus na Rialachán um Thruailliú Aeir (Gléasra Tionscail a Cheadúnú) 1988 nó aon rialachán ina dhiaidh sin na caighdeáin iomchuí maidir le hastuithe agus caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha eile.
- Iarracht a dhéanamh leas a bhaint as an gcóras pleanála chun torann agus deannach a íoslaghdú trína chinntiú nuair atá forbairtí nua á ndearadh go mbeidh bearta iontu chun tarchur deannaigh, torainn agus creathaidh a chosc nó a mhaolú nuair is cuí.
- A chinntiú go gcuirfear leibhéal torainn tráchta san áireamh mar chuid de gach forbairt nua ar bhóithre móra nó ar línte iarnróid.
- A chinntiú go ndéanfar soilsiú a dhearadh go cúramach agus go hógair

- A éileamh go ndéanfar soilsiú a dhearadh sa chaoi go mbeidh an méid solais agus truailithe is lú agus is féidir ag scalladh amach ar an timpeallacht máguaird.

9.2.6 Talamh a bhféadfadh a bheith truailithe

Meastar de ghnáth gurb ionann talamh éillithe agus talamh ina bhfuil substaintí a bhféadfadh sláinte a chur i mbaol nó dochar suntasach a dhéanamh don chomhshaol. Áirítear oibreacha gáis, láithreáin líonta talún agus clóis dramh-mhiotail ar na háiteanna ina bhféadfadh a leithéid d'éilliú a bheith tarlaithe.

9.2.7 Caighdeán um Bainistiú Forbartha

Maidir le forbairt ar shuíomh a bhféadfadh a bheith truailithe déanfar an fhorbairt sin a spreagadh agus a éascú más féidir a léiriú go rachadh an fhorbairt sin chun tairbhe áineasa agus sóisialta an phobail nó an cheantair áitiúil agus go gcuirfear bearta aitheanta feabhsúcháin i gcrích ar na tailte. Éileoidh an Chomhairle go ndéanfar iniúchadh mionsonraithe ar an láthair ar dtús agus go gcuirfear bearta oiriúnacha i gcrích lena chinntiú go ndéanfar an talamh a chóireáil i gceart sula dtosófar an fhorbairt.

9.2.8 Cáilíocht Uisce

9.2.8.1 An Creat-Treoir Uisce

Mar fhreagra ar na bagairtí truailithe atá ag méadú i gcónaí agus ar an éileamh atá á dhéanamh níos mó is níos mó ag an bpobal go mbeadh aibhneacha, locha agus tránna níos glaine, d'fhorbair an AE an [Creat-Treoir Uisce](#)¹³⁴ (WFD). Bunaigh an treoir creat um chosaint uisce de gach saghas aibhneacha, locha, inbhir, uiscí cósta, screamhuisce, canálacha agus dobharlaigh saorga eile ar mhaithe le cách. Tá cosaint uisce don fhiadhúlra agus dá ngnáthóga san áireamh freisin faoin treoir.

Ní mór Pleananna Bainistíochta a úsáid chun bainistíocht acmhainní uisce a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, sa chaoi go mbainfear amach an chothromaíocht is fearr is féidir idir cosaint agus feabhsú timpeallacht an uisce agus leas na ndaoine atá ag braith air ó thaobh a slíthe beatha agus cháilíocht na beatha.

Chun críocha chur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce tá Éire roinnte in hocht gceantar abhantraí atá á ndraenáil ag abhainn mhór amháin nó ag roinnt aibhneacha. Tá Contae Chill Chainnigh suite i gCeantar Abhantraí an Oirdheiscirt. Foilsíodh [Plean Bainistíochta Abhantraí an](#)

¹³⁴ [Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce](#)

[Oirdheiscirt \(Tábhacht Uisce\) 2009-2015](#) in 2010¹³⁵. Leag sé sin síos na caighdeáin agus na cuspóirí maidir le cáilíocht an uisce san abhantrach.

Tá freagrachtaí ar an gComhairle maidir le cosaint uisce de gach saghas lena n-airítear aibhneacha, lochanna, uiscí inbhir agus screamhuisce. Áirítear ar an obair sin cur i bhfeidhm bearta um rialú truaillithe, ceadúnú a dhéanamh ar dhoirteadh eisiltigh, cur i bhfeidhm na reachtaíochta comhshaoil agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus bearta a cheapadh le déileáil le teagmhais thruaillithe.

Aithníodh eotrófú na n-uiscebhealaí mar dhúshlán straitéiseacha ó thaobh chomhshaoil na hÉireann de. Tarlaíonn eotrófú de bharr an iomarca ábhar cothaitheach (nítrigin agus fosfar den chuid is mó) a bheith ag silleadh isteach san uisce sa chaoi go bhfásann an iomarca plandaí ann, go n-ídítear an ocsaigin agus go ndéantar díghrádú ar an ngnáthóg. Is iad an talmhaíocht agus doirteadh séarachais na príomhfhoinsí cothaitheach in uiscí, ach bíonn foinsí eile ann freisin.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur bearta iomchuí i bhfeidhm i ndáil le gach forbairt chun truailliú uisce dromchla agus uisce talún a chosc agus cuirfidh sí Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt i bhfeidhm.

9.2.8.2 *Screamhuisce*

Úsáidtear screamhuisce mar fhoinsé le haghaidh roinnt scéimeanna uisce, agus tá sé á úsáid ag líon suntasach teaghlach sa chontae a bhfuil a gcuid toibreacha príobháideacha féin acu. Tá roinnt scéimeanna grúpa ag brath ar screamhuisce (uiscígh) freisin. Baintear leas tráchtála as uiscígh faoi thalamh le haghaidh uisce i mbuidéil agus is féidir leo a bheith ina n-acmhainn shuntasach eacnamaíoch. Tacaíonn screamhuisce chomh maith le córas na n-aibhneacha.

Tá bailchríoch curtha ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ar [Groundwater Protection Scheme for County Kilkenny](#)¹³⁶. Is é aidhm fhoriomlán na Scéime um Chosaint Screamhuisce ná cáilíocht an screamhuisce a chosaint i gcomhair uisce óil, agus éiceachóras uisce dromchla agus éiceachóras faoi thalamh, ar mhaithe leis an nglúin seo agus na glúine atá le teacht. Tá na scéimeanna cosanta screamhuisce bunaithe ar fhaisnéis atá le fáil ar sraith léarscáileanna, lena n-áirítear:

- criosanna cosanta screamhuisce, sonraí hidrigeolaíochta
- Uiscígh
- Leochaileacht

¹³⁵ Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt, [Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt \(Tábhacht Uisce\) 2009-2015](#), 2010

¹³⁶ Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Comhairle Contae Chill Chainnigh [County Kilkenny Groundwater Protection Scheme Volume I: Main Report](#), 2002

- Lomán agus doimhneacht na buncharraige
- Geolaíocht fho-ithreacha
- Geolaíocht bhuncharraige

Cuireann an Scéim um Chosaint Screamhuisce treoir ar fáil do Chomhairle Contae Chill Chainnigh maidir le cinntí a dhéanamh faoi shuíomh, nádúr agus rialú forbairtí agus ngníomhaíochtaí d'fhonn screamhuisce a chosaint. Déanfaidh Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann nuashonrú ar mhapáil leochaileachta an Chontae in 2013.

9.2.8.2.1 Limistéir Chosanta Foinse

Tá foinsí screamhuisce ríthábhachtach, go háirithe i gcás scéimeanna pobail agus grúpscéimeanna agus ó thaobh soláthairtí tionsclaíoch. Dá bhrí sin déantar Limistéir Chosanta Foinse a rianú timpeall ar fhoinsí screamhuisce chun cosaint a sholáthar trí rialuithe níos déine a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí sna ceantair sin. Tá Limistéir Chosanta Foinse roinnte i Limistéir Lárnacha faoi Chosaint agus Limistéir Imeacha faoi Chosaint.

Beidh forbairt laistigh de Limistéir Chosanta Foinse faoi réir ag ceanglais dhochta i gcomhréir leis an Scéim um Chosaint Screamhuisce agus leis na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 & 2012. Beidh forbairtí a mbeidh sé i gceist leo cóireáil fuíolluisce a dhéanamh ar an láthair i Limistéir Lárnacha um Chosaint Foinsí atá An-leochaileach faoi réir caighdeán dhiana um Bainistíocht Forbartha.

Féadfar screamhuisce a chosaint go praiticiúil trí dea-chleachtais a spreagadh i ngníomhaíochtaí talmhaíochta agus tionsclaíoch agus trí dhea-chleachtas maidir le suiteáil agus úsáid córas cóireála fuíolluisce.

9.2.8.3 Spriocanna maidir le Cáilíocht Uisce

- Comhlíonadh caighdeán agus cuspóirí comhshaoil agus na spriocanna atá leagtha síos a chur chun cinn—
 - i leith léinseach uisce dromchla, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Dromchla) 2009;
 - i leith screamhuisce, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Screamhuisce) 2010;
 a bhfuil a gcaighdeán agus a gculpóirí san áireamh i bPlean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt.
- Bailchríoch a chur ar mhapáil na limistéar um chosaint foinse agus mapáil a dhéanamh ar Limistéir um Chosaint Foinse d'aon scéimeanna soláthair uisce poiblí nua de réir mar is cuí.
- A chinntiú go n-aithneofar Limistéir um Chosaint Foinsí ar aon fhorbairtí il-aonad titíochta a bhfuil soláthairtí uisce príobháideacha acu.

9.2.8.4 Caighdeán um Bainistiú Forbartha Cáilíochta Uisce

- Measúnú a dhéanamh ar gach iarratas nua le haghaidh tithe aonair i gcomhréir le an lámhleabhar an EPA dar teideal [Cód Cleachtas - Córais Chóireála agus Diúscartha Fuíolluisce a fhreastalaíonn ar Thithe Aonair](#)¹³⁷ (Ich ≤ 10), ar a dtugtar EPA 2009 freisin nó treoir cosúil léi a chuirfear in ionad na teorach sin. Duine a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici a dhéanfaidh an measúnú agus i dtuairim an údaráis áitiúil, beidh sé nó sí inniúil chun é sin a dhéanamh.
- A chinntiú go bhfuil gach forbairt thionsclaíoch suite in áit chuí, laghdú eisiltigh a lorg (agus 'táirgeadh glan' a lorg nuair is féidir), agus a cheangal go mbeidh na háiseanna cóireála fuíolluisce leordhóthanach, agus go ndéanfar na eisiltigh a chóireáil agus a urascaoilteadh ar bhealach sásúil.
- Aird a thabhairt ar an Scéim um Chosaint Screamhuisce agus ar na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 & 2012 nuair atá cinntí á ndéanamh faoi shuíomh, nádúr agus rialú forbairtí agus gníomhaíochtaí d'fhonn screamhuisce a chosaint.
- Beidh forbairtí a mbeidh sé i gceist leo cóireáil fuíolluisce a dhéanamh ar an láthair i Limistéar Lárnach um Chosaint Foinse atá An-leochaileach teoranta do na catagóirí seo a leanas.
 1. Áras cónaithe d'fheirmeoir lánaimseartha
 2. Áitreabh áitithe atá ann cheana féin ach ar gá áitreabh nua a thógáil ina áit
 3. Dara áras cónaithe teaghlaigh ar fheirm nuair is gá é sin chun an fheirm a bhainistiú

Féadfar cead a dheonú sna cásanna thuas faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- a) Nach bhfuil aon suíomh eile ar fáil lasmuigh den Limistéir Lárnach um Chosaint Foinse atá An-leochaileach
- b) Nach bhfuil aon éilliú suntasacha níotráite ná micribhitheolaíochta ag baint le caighdeán an uisce atá ann cheana féin.

9.2.9 Tuilte

Feiniméin nádúrtha den timthriall hidreolaíoch iad tuilte. Is iomaí toisc a mbíonn tionchar aige ar tuilte agus ar cé chomh baolach is atá sí. Tá tuilte cosúil le teagmhais nádúrtha eile sa mhéid is nach féidir deireadh iomlán a chur leo ach is féidir an tionchar a bhíonn acu a mhaolú trí leas a bhaint as bainistiú réamhghníomhach inbhuanaithe comhshaoil. Is é an beartas náisiúnta a ghlactar anois maidir le cosaint in aghaidh tuilte ná an riosca don bheatha agus do mhaoin a bhainistiú chomh hinbhuanaithe agus is féidir agus déileáil le baol tuilte agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fhorbairtí ar bhonn an dobharcheantair, seachas ar bhonn suíomhanna aonair. Éascóidh sé seo forbairt inbhuanaithe tríd an damáiste ó thuilte amach

¹³⁷ An EPA [Cód Cleachtas - Córais Chóireála agus Dhiúscartha Fuíolluisce a fhreastalaíonn ar Thithe Aonair](#), 2009

anseo a laghdú, agus sa chaoi sin na costais ghaolmhara eacnamaíocha agus shóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú freisin.

Is í Oifig na nOibreacha Poiblí an phríomhghníomhaireacht maidir le bhainistiú riosca tuilte in Éirinn. Foilsíodh [Planning System and Flood Risk Management – Guidelines for Planning Authorities](#) in 2009 agus tá siad san áireamh sa phlean seo.

Tá cur síos ar thrí phríomhphrionsabal sna [Treoirlínte](#) ar cheart d'údaráis réigiúnacha, d'údaráis áitiúla, d'fhorbróirí agus dá ngníomhairí glacadh leo chun riosca tuilte a mheas. Is iad sin:

- An riosca a sheachaint nuair is féidir,
- Leas a bhaint as an láthair le haghaidh úsáidí malartacha nach mbeadh chomh leochaileach más rud é nach féidir an riosca a sheachaint, agus
- An riosca a mhaolú agus a bhainistiú i gcás nach féidir an riosca a sheachaint ná an suíomh a úsáid le haghaidh úsáide eile

Forbairtí a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte

Is éard atá i gcriosanna tuilte ná limistéir gheografacha ina bhfuil réimse áirithe dóchúlachta ó thaobh tuilte ag baint leo. Is iad na criosanna sin na príomhrudaí chun riosca tuilte a bhainistiú sa phróiseas pleanála, agus maidir le pleanáil éigeandála a dhéanamh agus pleanáil faoi rabhaidh a thabhairt faoi thuilte. Aithníodh trí chineál criosanna tuilte nó leibhéal guaise tuilte chun críocha na dtreoirlínte:

- Crios Tuilte A - áit a bhfuil an dóchúlacht is airde ó thaobh tuilte de (níos mó ná 1% nó cás amháin (1) as 100 ó thaobh tuile abhann nó 0.5% nó cás amháin (1) as 200 ó thaobh tuilte cósta) ina mbeadh réimse leathan áiteanna i mbaol;
- Crios Tuilte B - áit a bhfuil dóchúlacht measartha ann ó thaobh tuilte de (idir 0.1% nó cás amháin (1) as 1000 agus 1% nó cás amháin (1) as 100 ó thaobh tuile abhann de agus idir 0.1% nó cás amháin (1) i 1000 agus 0.5% nó cás amháin (1) in 200 ó thaobh thuilte cósta de); agus
- Crios Tuilte C - áit a bhfuil an dóchúlacht ó thaobh tuilte de íseal (níos lú ná 0.1% nó seans amháin (1) as 1000 ó thaobh tuilte aibhneacha agus cósta de).

Rinneadh Measúnú Straitéiseach ar Bhaol Tuilte don Chontae mar chuid den Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta. Níor roinneadh an contae ina Chriosanna Tuilte, ach aithníodh limistéir ann ina mbeadh sé riachtanach Measúnacht ar Bhaol Tuilte a dhéanamh do shuíomhanna ar leith i gcás moltaí forbartha. Beidh an Mheasúnacht sin oiriúnach do chineál agus do scála na forbartha atá beartaithe agus cuirfear í i gcrích i gcomhréir leis na [Treoirlínte](#).

9.2.9.1 Cuspóir maidir le Bainistiú Tuilte

Cur chuige cuimsitheach riosca-bhunaithe pleanála a ghlacadh maidir le bainistíocht tuilte chun bhaol tuile amach anseo a chosc nó a laghdú. I gcomhréir leis na [Treoirlínte](#), is e an

príomhfhreagra a thabharfar ar bhaol tuilte ná an baol sin a sheachaint sna ceantair inar aithníodh go bhfuil baol tuilte iontu.

9.2.9.2 Caighdeán um Bainistiú Forbartha

Nuair a d'fhéadfadh riosca tuile a bheith i gceist i gcás aon fhorbartha beartaithe, déanfar measúnacht ar riosca tuilte a bheidh oiriúnach do scála agus do nádúr na forbartha agus do na rioscaí a eascraíonn uaithi. Déanfar é sin i gcomhréir leis na [Treoirlínte um Measúnacht ar Bhaol Tuilte](#).

Ní dhéanfar tograí maidir le maolú agus bainistiú riosca tuile a mheas ach amháin sa chás nach féidir an riosca a sheachaint agus nuair is féidir an Tástáil Fírinnithe atá sna [Treoirlínte](#) a úsáid chun údar maith a thabhairt don fhorbairt.

9.2.10 Draenáil Uisce Dromchla

Deartar na córais draenála uisce dromchla chun uisce stoirme (uisce báistí) a sheoladh go dtí an abhainn oiriúnach is gaire. Seoltar an bháisteach a thiteann ar dhromchlaí neamh-thréscaoilteacha chuig córais draenála uisce dromchla de ghnáth. Is é an cleachtas is fearr ná an córas draenála uisce dromchla a scaradh ón gcóras draenála bréanuisce chun an tairbhe is mó a bhaint as ár ngléasraí cóireála fuíolluisce.

Oibríonn na córais draenála uisce dromchla go héifeachtach chun uisce dromchla a aistriú go tapa, ach d'fhéadfadh an luas agus an éifeacht sin a chinntiú go dtiocfadh méadú tapa ar an méid uisce atá sa chúrsa uisce a shileann sé isteach ann rud chuirfeadh leis an riosca tuile. Is féidir ról a beith ag Córais Inbhuanaithe Draenála maidir leis an rith chun srutha ó na córais draenála uisce dromchla a laghdú agus a bhainistiú chomh maith le caighdeán an uisce féin a fheabhsú.

9.2.11 Caighdeán um Bainistiú Forbartha

- Ba cheart go mbeadh foráil i gcás forbairtí, a mhéid is indéanta le réasún, go ndéanfar an laghdú is mó is féidir ar an méid uisce a ritheann chun srutha. Mar shampla:
 - Ba cheart dromchlaí crua (carrchlóis srl.) a bheith déanta d'ábhair tréscailteacha nó leath-tréscailteacha,
 - Ba cheart locháin uisce stoirme a sholáthar ar an láthair chun uisce a stóráil nó chun laghdú a dhéanamh ar an méid uisce a ritheann chun srutha,
 - Ba cheart sloic súite nó draenacha spallaí a sholáthar chun insíothlú a mhéadú agus rith breise chun srutha a laghdú.
- Éileofar i ngach cás ina bhfuil bearta draenála uisce dromchla ag teastáil i gcomhair forbairtí aonair go gcuirfead córas draenála uisce dromchla ar fáil a bheith scartha ón gcóras draenála bréanuisce.
- I gcás áras cónaithe aon-uaire faoin tuath nó síntí a chuirfead leo déanfar an t-uisce dromchla a dhiúscairt, go huile agus go hiomlán, laistigh de chúirtealáiste an láithreáin

forbartha trí leas a bhaint as sloic súite de mhéideanna oiriúnacha, ach amháin sa chás go bhfuil córas draenála uisce dromchla ar fáil cheana féin ar an suíomh atá beartaithe le haghaidh forbartha agus go mbeadh sé, i dtuairim an údaráis pleanála, in ann déileáil leis méid uisce dromchla a bheadh ann.

- Cuirfear bearta draenála ar fáil le haghaidh cabhsán ar bhealach mionsonraithe a shásóidh an t-údarás pleanála chun go seachnófar aon rith chun srutha ón suíomh go dtí an bóthar poiblí in aice láimhe.
- Éileofar i gcás gach forbartha eile ar láithreán úrnua nach mbeidh aon rith chun srutha ann a bheidh níos mó na mar a bhí sular thosaíodh an fhorbairt. Nuair is féidir le forbróir a léiriú go soiléir go bhfuil sé ar chumas an chórais déileáil le rith chun srutha ar leibhéal níos airde ná mar a bhí sula dtosófar an fhorbairt féadfaidh an t-údarás pleanála breithniú a dhéanamh ar mholtaí den sórt sin ar bhonn cás ar chás.
- I gcás forbairtí in áiteanna a raibh forbairtí ann roimhe sin, cuirfear na bearta draenála uisce dromchla atá ann cheana féin san áireamh, ach d'fhéadfadh roinnt bearta maolaithe uisce dromchla a bheith ag teastáil de rogha an údaráis pleanála ar mhaithe le forbairt chothrom, inbhuanaithe.
- Déanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh na tograí draenála go léir a mheas atá i gcomhréir le Córais Inbhuanaithe Draenála de réir an méid sin thuas.
- I gcás forbairtí in aice le cúrsaí uisce a bhfuil cumas suntasach iompair iontu ní mór aon struchtúr (tírdhrechtú crua san áireamh) a bheith suite siar ó imeall an chúrsa uisce chun go bhféadfar an cainéal a ghlanadh nó cothabháil a dhéanamh air. Ní mór é a bheith suite idir 5m agus 10m siar ag brath ar leithead an tsruthchúrsa. Ní thabharfar cead de ghnáth d'fhorbairt a mbeidh sé i gceist léi go dtógfar claífoirt, píaraí leathana droichid, nó struchtúir den chineál céanna i dtuillemhánna ná i gcainéil abhann ná tharastu.
- Ní mór gach forbairt nua a dhearadh agus a thógáil chun na caighdeáin dearaidh íosta seo a leanas ó thaobh tuilte de a shásamh:
 - Caithfear trastomhas 900mm ar a laghad a bheith ag gach lintéir nuair atá srutháin nó draenacha oscailte á seoladh trí lintéir. (Ba cheart rochtain a sholáthar mar is cuí chun cothabháil a dhéanamh.)
- D'fhonn foráil imleor a dhéanamh d'athrú aeráide nuair atá moltaí a ndearadh chun uisce dromchla a dhiúscairt déanfar tréimhsí athfhillte abhann suas le 100 bliain a iolrú faoi 1.2 ach amháin sa chás ina bhfuil figiúr iolraithe curtha ar fáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh tréimhsí athfhillte abhann suas le 100 bliain. Féadfar an méid báistí a iolrú faoi 1.1 chun athrú aeráide a chur san áireamh.
- Nuair atá córais á ndearadh le haghaidh uisce dromchla tabharfar aird ar an [Greater Dublin Regional Code of Practice for Drainage Works](#)¹³⁸ agus ar dhoiciméid theicniúla bhainteacha de chuid Staidéir Straitéisigh Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

9.2.12 Bainistiú Dramhaíola

Is é an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 arna leasú a rialaíonn bainistiú dramhaíola in Éirinn. Tá údaráis áitiúla Chontae Cheatharlach, Contae Chill Chainnigh, Cathair agus Contae Phort

¹³⁸¹³⁸ Údaráis Áitiúla Mhórcheantair Bhaile Átha Cliath, [Greater Dublin Regional Code of Practice for Drainage Works](#), 2006

Láirge, Contae Loch Garman agus Contae Thiobraid Árann Theas tar éis plean a cheapadh ar a dtugtar an [Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirdheiscirt](#)¹³⁹.

Rinneadh measúnacht ar an bplean sin in 2012 agus fuarthas gur gá athbhreithniú a dhéanamh air. Déanfar an t-athbhreithniú in 2013 faoi na struchtúir nua Réigiúnacha ina mbeidh Cill Chainnigh ina cuid de Réigiún leathnaithe an Deiscirt. Tabharfar aird sa phlean nua ar an mbeartas náisiúnta um bainistíocht dramhaíola mar atá leagtha amach in [A Resource Opportunity, Waste Management Policy in Ireland](#)¹⁴⁰.

Tá foráil in Alt 4 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (leasú) 2001 go measfar go bhfuil cuspóirí an phlean bainistíochta dramhaíola atá déanta ag an údarás áitiúil san áireamh sa Phlean Forbartha atá i bhfeidhm sa limistéar sin. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil beartais agus cuspóirí an Chomhphlean Réigiúnaigh um Bainistiú Dramhaíola san áireamh sa phlean seo.

9.2.12.1 An Cuspóir maidir le Bainistiú Dramhaíola

Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola do réigiún an Oirdheiscirt a chur i bhfeidhm.

9.2.12.2 Caighdeáin um Bainistiú Forbartha maidir le Bainistiú Dramhaíola

Aird a thabhairt ar an dramhaíl a tháirgfí ag forbairtí molta lena n-áirítear cineál agus méid na dramhaíola a tháirgfí agus a modh atá á moladh lena diúscairt.

- Ní mór forbairtí árasán agus tithíochta atá beartaithe i gceantair uirbeacha a leagadh amach ar bhealach go bhféadfar córas bailithe na dtrí araid bruscair a chur i bhfeidhm, féach Caibidil 12.
- I gcás forbairtí árasán, tithíochta agus tráchtála atá beartaithe, beidh sé riachtanach go mbeifear in ann iad sheirbhísiú trí bhíthin an bhonneagair atá ann cheana féin nó go mbeidh siad leagtha amach sa chaoi go bhféadfar ionaid *fág anseo* a chur ar fáil. Cuirfear na suíomhanna sin ar fáil don Chomhairle ar chostas an fhorbróra féin ach is í an Chomhairle féin nó a gníomhairí a dhéanfaidh iad a chothabháil. Ní mór rochtain imleor a chur ar fáil i bhforbairtí chun na hionaid *fág anseo* a sheirbhísiú.
- I gcás tionscadal suntasach tógála nó scartála, soláthróidh an forbróir pleananna maidir le bainistiú na dramhaíola tógála agus scartála, a gcaithfear a ullmhú i gcomhréir leis na [Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction and Demolition Projects](#)¹⁴¹. Ba cheart go ndíreofaí sna pleananna sin ar íoslaghdú dramhaíola i gcoitinne agus ar an oiread dramhaíola a chosc agus is féidir, agus ar deiseanna athúsáide agus athchúrsála, agus ba cheart go mbeadh foráil iontu

¹³⁹ Údarás Réigiúnacha an Oir-Dheiscirt, [Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirdheiscirt](#), 2006

¹⁴⁰ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil [A Resource Opportunity, Waste Management Policy in Ireland](#), 2012

¹⁴¹ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil [Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction and Demolition Projects](#) (2006)

maidir le gach dramhaíl tógála a leithscaradh ina dramhaíl in-athchúrsáilte, dramhaíl bhith-dhíghrádaithe agus dramhaíl iarmharach.

- I gcás aon fhorbairt, déanfaidh an forbróir a chinntiú go mbainisteofar na hoibríochtaí uile ar an suíomh le linn na céime tógála agus scartála sa chaoi go nginfear an oiread dramhaíola is lú agus is féidir agus go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm le déileáil le haon bruscar a bheadh ann dá barr.

9.2.13 Treoir um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (Treoir Seveso II)

Féachtar sa [Treoir um Mórthionóiscí](#)¹⁴² (ar a dtugtar Treoir Seveso II), le laghdú a dhéanamh ar an riosca ó thaobh mórthionóiscí agus teorannú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bheadh acu ar an duine agus ar an timpeallacht, i gcás tionóiscí ag áiseanna déantúsaíochta agus stórála ina bhfuil substaintí contúirteacha.

Tá trí shuíomh Sevesco (An Treoir um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí) san iomlán sa chontae; Grassland Fertilisers (Kilkenny) Ltd. Baile an Fhalmairigh ar Bhóthar Thulach Ruáin i gCathair Chill Chainnigh, Nitrofert Ltd, An Ráithín, in aice le Ros Mhic Thriúin agus Trans-Stock Warehousing and Cold Storage i gChristendom, Port an Chalaigh. Tá dhá shuíomh in aice le Co. Cill Chainnigh freisin, féach an liosta thíos. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb iad sin na suíomhanna atá aitheanta faoi láthair agus go bhféadfar suíomhanna breise a ainmniú amach anseo.

Ainm an Fhorais	Seoladh an Fhorais
Grassland Fertilisers (Cill Chainnigh) Ltd.	Baile an Fhalmairigh, Cathair Chill Chainnigh
Nitrofert Ltd.	An Ráithín, Ros Mhic Thriúin, Co. Chill Chainnigh
Trans-Stock Warehousing and Cold Storage Ltd	Christendom, Port an Chalaigh, Co. Chill Chainnigh
Láithreán in aice láimhe:	
Goulding Chemicals Ltd	Baile an Stócaigh, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
SSE Generation Ireland Ltd (Ar a dtugtaí Endesa Ireland Ltd roimhe seo) Stáisiún Ginte an Oileáin Mhóir	Ceann Poill, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Foráiltear le hAirteagal 12 den Treoir go gcaithfear nósanna imeachta comhairliúcháin iomchuí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh comhairle theicniúil ar fáil d'Údarás Phleanála maidir le forais ábhartha sula nglactar cinntí. Cuireann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (nó an

¹⁴² AE, [Treoir um Mórthionóiscí](#) (96/82/CE) 1996

tÚdarás Náisiúnta um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde) a comhairle den sórt sin ar fáil nuair is cuí maidir le hiarratais phleanála laistigh d'achar áirithe ó theorainneacha na suíomhanna sin.

9.2.13.1 Cuspóir Savesco

Rialú a dhéanamh orthu seo a leanas d'fhonn baol mórtionóisce a laghdú nó na hiarmhairtí a bhainfeadh léi a theorannú:

- Na háiteanna a bhfuil na suíomhanna Guaise Mórtionóisce le suí
- Modhnú a dhéanamh ar shuíomh Guaise Mórtionóisce atá ann cheana féin
- Forbairt i gcomharsanacht láithreán Ghuaise Mórtionóisce

9.2.13.2 Caighdeán Sevesco um Bainistiú Forbartha

Rachaidh na Comhairlí i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nuair a bheith siad ag measúnú tograí le haghaidh forbairtí ar láithreáin atá aitheanta faoi Threoir COMAH (Seveso II) nó in aice leo.

9.2.14 An tSeirbhís Dóiteáin

Is í an Chomhairle Contae an tÚdarás Dóiteáin do Chathair agus do Chontae Chill Chainnigh. Tá stáisiúin lonnaithe i gCathair Chill Chainnigh, Achadh Úr, Caisleán an Chomair, Áth na nUrlainn, Gráig na Manach, Baile Mhic Andáin agus Callainn. Déanfaidh an Chomhairle uasghrádú ar stáisiúin dóiteáin nó cuirfidh sí cinn nua ar fáil ina n-áit agus cuirfidh sí trealamh nua agus feithiclí nua ar fáil de réir mar is gá.

9.3 Fuinneamh

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh fuinneamh ar fáil chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt nua.

9.3.1 An líonra Tarchurtha/Dáileacháin Náisiúnta

Ciorcaid 110 cileavolta (kV) atá sa gréasán tarchurtha i gContae Chill Chainnigh den chuid is mó ach tá ciorcad amháin 220 kV i ndeisceart an chontae. Tá fostáisiún tarchurtha amháin i gCill Chainnigh, a bhfuil dhá líne nasnairde 110 kV ag freastal air. Aithníonn Comhairle Contae Chill Chainnigh gur gá cur leis an mbonneagar leictreachais.

[Is éard atá i Grid25](#)¹⁴³ ná clár náisiúnta atá á chur i bhfeidhm ar fud na tíre ag Eirgrid, an t-oibreoir neamhspleách tarchurtha atá faoi úinéireacht an stáit. Dhá thionscadal seo a leanas á bhforbairt ag Eirgrid, a mbeidh tionchar acu ar Chill Chainnigh;

- an Tionscadal Atreisithe Laoise agus Chill Chainnigh le cur le cáilíocht agus le slándáil an tsoláthair i limistéar ina bhfuil Contaetha Cheatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Cill Mhantáin agus Laoise, agus

¹⁴³ Eirgrid, [Grid 25, A Strategy for the Development of Ireland's Electricity Grid for a Sustainable and Competitive Future](#).

- Grid Link, a nascfaidh Corcaigh agus Cill Dara le líne 400 kV tríd an Oileán Mór i Loch Garman.

Féadfar tionscadail nua eile a chur chun cinn freisin chun éascú a dhéanamh ar an bhfás ar an éileamh ar leictreachas agus de bharr tionscadail nua giniúna leictreachais a bheidh á nascadh leis an líonra.

9.3.2 Caighdeáin um Bainistiú Forbartha na hEangaí

Déanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh a éascú ar sholáthar líonraí fuinnimh i bprionsabal, ar choinníoll gur féidir a léiriú go -

- go bhfuil an fhorbairt riachtanach chun éascú a dhéanamh ar bhonneagar shuntasach eacnamaíoch nó shóisialta a sholáthar nó a coinneáil;
- gur aithníodh an bealach atá molta tar éis cúraim chuí a dhéanamh ar na himpleachtaí sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha;
- go bhfuil dearadh den sórt sin ceaptha le go mbeidh an tionchar is lú aige ar an gcomhshaoil agus fós gan costais iomarcacha a bheith i gceist;
- i gcásanna nach bhfuil aon dul as ach go mbeidh tionchar aige go bhfuil gnéithe maolaithe curtha san áireamh sa phlean;

Nuair a bheidh áiseanna den chineál sin á mheas a thrasnaíonn roinnt contaetha nó a théann trí chontae amháin d'fhonn freastal ar chontae eile, breathnóidh an Chomhairle ar an togra i bhfianaise na gcritéar atá leagtha amach thuas. Déanfaidh an Chomhairle measúnacht ar an togra amhail is dá mbeadh sé ag teastáil le freastal ar fhorbairt laistigh de réimse freagrachta Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

9.3.3 Gás

Is iad Cathair Chill Chainnigh agus Phort an Chalaigh an dá áit sa Chontae a gcuireann an líonra gáis nádúrtha seirbhís ar fáil dóibh. Faoi réir measúnachta tráchtála agus theicniúil chuí, tacóidh Comhairle Contae Chill Chainnigh le síneadh an líonra gáis go Belview agus tacóidh sí lena síneadh chuig lárionaid shuntasacha daonra sa chontae.

An cuspóir maidir le Gás

- A cinntiú go gcuirfear síneadh leis an líonra gáis go Belview.

9.4 Teileachumarsáid

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le bonneagar cumarsáide maidir le cur chun cinn na sochaí eolas-bhunaithe, agus chun thacaíocht lárnach a sholáthar do lucht gnó, don oideachas agus don taighde. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do sholáthar líonraí agus seirbhísí ardchórais cumarsáide agus déanfaidh sí éascú orthu a mhéid is gá le tacú le hiomaíochas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus chun infheistíocht isteach a mhealladh. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh freisin d'fhorbairt comhordaithe, spriocdhírthe agus do

shíneadh an bhonneagair teileachumarsáide lena n-áirítear nascacht leathanbhanda sa chontae, go háirithe sna Bailte Dúiche, mar bhealach le feabhas a chur ar ár n-iomaíochas eacnamaíoch.

9.4.1 Leathanbhanda

Tá cúrsaí leathanbhanda faoi shainchúram na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náúúrtha. D'fhoilsigh an Roinn plan náisiúnta leathanbhanda in 2012 dar teideal [“Sochaí Cheangailte a Sholáthar: Plan Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn”](#)¹⁴⁴. Aithníodh sa phlean gurb é nascacht leathanbhanda ardluais croílár an iomaíochais agus leagadh amach spriocanna maidir le luasanna níos airde a bhaint amach.


Cuireadh trí scéim leathanbhanda réigiúnacha i bhfeidhm chun nascacht leathanbhanda a chur chun cinn ar fud na tíre:

Scéim Leathanbhanda Náisiúnta

Bhí an scéim sin ar siúl ó 2008 go 2010. Ba é cuspóir na Scéime Leathanbhanda Náisiúnta ná córas leathanbhanda a chur ar fáil do sprioc-cheantair áirithe in Éirinn ar measadh go raibh seirbhísí leathanbhanda easnamhacha iontu. Faoi théarmaí an chonartha bhí ar an tairgeoir rathúil, '3', seirbhísí a sholáthar do gach áitreabh i gceantar na scéime leathanbhanda a d'iarr an tseirbhís. D'fhonn iomaíocht sa réimse a éascú, bhí ar '3' rochtain mhórdhíola a chur ar fáil d'aon oibreoir údaraithe eile ar mian leis freastal a dhéanamh ar áitribh i limistéar na Seirbhíse Leathanbhanda Náisiúnta. Bhí na seirbhísí leathanbhanda curtha ar fáil i mí Dheireadh Fómhair 2010. Tá léiriú sa léarscáil thíos ar na 33 Toghroinn ainmnithe i gcomhair na seirbhíse i gCo. Chill Chainnigh¹⁴⁵.

¹⁴⁴ An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náúúrtha [“Sochaí Cheangailte a Sholáthar: Plan Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn](#), 2012

¹⁴⁵ <http://www.dcenr.gov.ie/NR/rdonlyres/85B1C229-9754-4B4E-BF3A-96694A4D4D81/0/Kilkenny.pdf>



Scéim Leathanbhanda Tuaithe

Bunaíodh an Scéim Leathanbhanda Tuaithe le go bhféadfaí seirbhís bhunúsach leathanbhanda a sholáthar d'áitribh aonair faoin tuath nach raibh ar a gcumas seirbhís leathanbhanda a fháil ó sholáthraithe seirbhísí idirlín a bhí ann ag an am. Ba é aidhm na Scéim na háitribh sin a aithint nach bhféadfaí an tseirbhís a fháil iontu, agus nuair bheadh gach ceann de na háitribh sin aitheanta a fháil amach an bhféadfadh oibreoirí teileachumarsáide a bhí ann seirbhís a sholáthar go díreach chuig na háitribh sin. Tháinig deireadh le céim iarratas na Scéime Leathanbhanda Tuaithe ar an 29 Iúil 2011.

Is éard atá sa tríú clár ná tionscnamh leathanbhanda na scoileanna. Is é an aidhm atá leis ná nasc leathanbhanda 100 Meigibheart sa soicind (Mbps) agus Líonraí Achair Logánta (LAN) a sholáthar do scoileanna iar-bhunoideachais na hÉireann ar bhonn céimnithe. Tá an chéim phíolótach thosaigh den tionscadal curtha i gcrích agus an leathanbhanda curtha ar fáil i 78 scoil ar fud na tíre. Beidh nasc leathanbhanda 100Mbps curtha ar fáil sna scoileanna dara leibhéal go léir faoin gclár seo faoi dheireadh na bliana 2014. Tá an córas leathanbhanda á chur ar fáil sna scoileanna i gContae Chill Chainnigh faoi láthair.

9.4.1.1 Líonraí Cathrach

Is éard is Líonra Cathrach (MAN) ann ná líonra duchtaithe mar aon le cábla snáthoptaice a leagtar síos i limistéar cathrach agus ar féidir le gnóthais agus eagraíochtaí éagsúla é a úsáid chun seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do) cúrsaí teileachumarsáide, rochtain ar an Idirlíon, teilifís, teileamaitic agus Teilifís Chiorcaid Iata (CCTV).

Tá na Líonraí Cathrach i seilbh an phobail, ach tá saorchead ag gach oibreoir teileachumarsáide

na líonraí a rochtain. Is líonraí athléimneacha snáthoptaice iad atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus a mbeidh acmhainn go leor iontu do na glúine atá le teacht. Go dtí seo tá Cathair Chill Chainnigh, Phort Láirge agus Baile Mhic Andáin san áireamh sna Líonra Cathrach.

Cuspóir: Leathanbhanda ardcháilíochta a sholáthar do bhailte Dúiche an Chontae.

Caighdeán um Bainistiú Forbartha Leathanbhanda

- Tacú le suiteáil ductáil d'iompróir neodrach nuair atá oibreacha suntasacha bonneagair phoiblí ar siúl mar bhóithre, uisce agus séarachais, nuair is indéanta.
- A chinntiú i gcás moltaí forbartha go mbeidh foráil iontu maidir le ductáil d'iompróir neodrach le haghaidh sheirbhísí sonraí bunaithe ar snáithín agus go háirithe seirbhísí leathanbhanda, de réir mar is cuí.
- A chinntiú nuair atá socruithe á ndéanamh maidir le naisc teileachumarsáide go mbainfeadh an leas is mó as na crainn agus as na suíomhanna atá ann cheana féin chun tionchar na forbartha a laghdú.

9.4.2 Aeróga Teileachumarsáide

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le seirbhís ardcháilíochta teileachumarsáide agus déanfaidh sí iarracht chun cothroime a bhaint amach idir éascú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí teileachumarsáide ar mhaithe le dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch agus cosaint conláistí cónaithe agus cáilíocht comhshaoil.

9.4.2.1 Caighdeán um Bainistiú Forbartha Aeróg Teileachumarsáide

Nuair a bheidh tograí le haghaidh crann agus aeróg teileachumarsáide agus trealaimh choimhdeach eile á mheas ag an gComhairle beidh aird aici ar an méid seo a leanas:

- a) an tionchar a bheadh ag an trealamh molta ar dhealramh na timpeallacht nádúrtha nó tógtha i limistéir ina bhfuil an tírdhreach íogair nó a bhfuil tábhacht staire ag baint leo;
- b) an bhféadfaí an trealamh a shuiteáil ar chrainn atá ann cheana féin; agus
- c) ar [Telecommunications Antennae and Support Structures - Guidelines for Planning Authorities](#)¹⁴⁶ agus ar [Circular Letter PL 07/12](#)¹⁴⁷.

Díspreagfaidh an Chomhairle moltaí le haghaidh crann agus aeróg teileachumarsáide agus trealaimh choimhdeach sna hionaid seo a leanas, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla inar féidir a

¹⁴⁶ An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil [Telecommunications Antennae and Support Structures - Guidelines for Planning Authorities](#), 1996

¹⁴⁷ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Circular Letter PL 07/12](#), 2012

chruthú nach mbeadh aon drochthionchar ar an limistéar mórthimpeall agus nach féidir aon suíomh eile a aithint a chuirfeadh clúdach leordhóthain teileachumarsáide ar fáil:

- (i) Áiteanna atá an-álainn nó ar aithníodh go raibh siad an-álainn sa measúnacht ar nádúr an tírdhreacha, áiteanna mar Chnoc Bhréanail agus gleannta na n-aibhneacha;
- (ii) Áiteanna atá gar do scoileanna, séipéil, creiseanna, foirgnimh pobail agus limistéir phoiblí agus conláiste nó caomhantais; agus,
- (iii) Cóngarach do limistéir chónaithe.

Agus measúnú á dhéanamh aici ar thograí ar leith, cuirfidh an Chomhairle san áireamh an tionchar a bheadh ag an bhforbairt ar chearta slí agus ar bhealaí siúil.

Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh d'aeróga a shuiteáil ar struchtúir tacaíochta atá ann cheana agus a éileamh go gcuirfear fianaise dhoiciméadach ar fáil le cruthú nach bhféadfar leas a bhaint as an rogha seo is gcás tograí chun struchtúir nua a thógáil. Éileofar go mbainfear leas as struchtúir atá ann cheana féin sa chás go mbeadh an iomarca crann suite in aon limistéar amháin.

Beidh sé riachtanach a thaispeáint i gcás moltaí le haghaidh aeróg teileachumarsáide agus struchtúr tacaíochta laistigh den Chontae:

- a) na suíomh eile a ndearnadh iniúchadh orthu agus cén fáth a measadh nach raibh siad oiriúnach,
- b) líon na gcrann atá sa Chontae cheana féin,
- c) pleananna fadtéarmacha an fhorbróra sa Chontae agus an méid crann eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil,
- d) agus pleananna tionscnóirí eile agus aon chomhairliúchán roimh ré a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbróir le húnéirí na gcrann eile.

9.4.2.2 Cuspóir maidir le hAeróga Teileachumarsáide

Clár na struchtúr teileachumarsáide ceadaithe a chur ar bun agus a chothabháil. Chuirfeadh sé sin faisnéis úsáideach ar fáil chun measúnacht a dhéanamh ar fhorbairtí teileachumarsáide amach anseo agus bheadh sé úsáideach ó thaobh an oiread trealamh agus is féidir a chur ar an gcrann céanna agus comhshuíomh a dhéanamh.

10 Straitéis Fuinnimh In-athnuaite

Is é an sainmhíniú a thugaimid anseo ar fhuinneamh in-athnuaite ná *acmhainní do-ídithe nádúrtha a tharlaíonn go nádúrtha arís agus arís eile sa chomhshaol*. Áirítear ar na foinsí sin an ghaoth, na haigéin, plandaí agus uisce ag titim.

Ullmhaíodh an Straitéis Fuinnimh In-athnuaite seo don Phlean Forbartha Contae i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach agus Chill Chainnigh, ag féachaint do [Methodology for Local Authority Renewable Energy Strategies](#)¹⁴⁸. Tá ceithre ghné sa Straitéis sin. Ar an gcéad dul síos tugtar gearrchuntas ar chomhthéacs an bheartais maidir le foinsí in-athnuaite. Ina dhiaidh sin déantar anailís ar gach cineál fuinnimh in-athnuaite laistigh den chontae, a chlúdaíonn na trí ghné seo a leanas:

- Anailís ar an acmhainn a d'fhéadfadh a bheith ann agus na hoibríochtaí atá ann cheana féin,
- Cur síos ar threoirínite bainistíochta forbartha lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu agus
- Beartais maidir lena bhforbairt amach anseo.

10.1 Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach agus Chill Chainnigh

Bunaíodh Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach agus Chill Chainnigh chun eolas, tacaíocht agus seirbhísí fuinnimh inbhuanaithe a sholáthar do mhuintir Cheatharlach agus Chill Chainnigh, do ghnólachtaí áitiúla, do grúpaí pobail agus do na hÚdaráis Áitiúla. Baintear amach cuspóirí na Gníomhaireachta trí chúig réimse spriocdhírthe:

1. Feachtais chun feachtas a spreagadh agus a scaipeadh faoi chúrsaí fuinnimh
2. Bainistiú Fuinnimh do na Comhairlí
3. Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite
4. Oiliúint faoi fhuinneamh in-athnuaite
5. Forbairt Beartais Fuinnimh

Tá níos mó ná deich mbliana taithí ag Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach agus Chill Chainnigh maidir le tacú le tionscadail atá tíosach ar fhuinneamh agus le tionscadail in-athnuaite fuinnimh do chliant phoiblí agus do chliant phríobháideacha, go háirithe i gcás forbairtí pobail.

10.2 Fóram Chill Chainnigh um Fhuinneamh Inmharthana

Bunaíodh Fóram Chill Chainnigh um Fhuinneamh Inmharthana go luath in 2007, de thoradh gníomhaíochta a aithníodh faoi Straitéis Bhord Forbartha an Chontae 2002-2012. Tá chomhlachtaí reachtúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ionadaithe lucht tionscal agus tógála agus grúpaí eile ar an bhFóram. Is é aidhm an Fhóram úsáid fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn i gCill Chainnigh, trí thacú le tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe, samplaí dea-chleachtais a sholáthar agus trí abhcóideacht.


¹⁴⁸ Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, [Methodology for Local Authority Renewable Energy Strategies, Draft for Public Consultation](#), 2012

10.3 Comhthéacs an Bheartais

Is é an príomhrud a spreagann chur i bhfeidhm beartais fuinnimh in-athnuaite ná an [Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite](#)¹⁴⁹. Tá dualgas dlíthiúil ar Éirinn a chinntiú go mbeidh ar a laghad 16% den fhuinneamh go léir a ídeofar sa stát ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite roimh 2020, agus tá fo-spríoc 10% leagtha síos don earnáil iompair. Éilíonn an treoir go nglacfaidh gach Ballstát le plan gníomhaíochta náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite (NREAP) atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Chuir Éire a [Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite](#)¹⁵⁰ faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Iúil 2010. Tá spriocanna náisiúnta leatha amach sa phlean maidir leis an sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a bheidh á idiú ar iompar, leictreachas, téamh agus fuarú in 2020, mar aon le bearta chun an sprioc fhoriomlán náisiúnta a bhaint amach (Figiúr 10.1: Tiomántóirí beartas Eorpach agus náisiúnta).

Tá cur chuige an Rialtais leagtha amach sa [Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite 2012 - 2020](#)¹⁵¹ maidir le forbairt ábhar in-athnuaite ó thaobh spriocanna straitéiseacha agus príomhghníomharthaí. Áirítear ar na spriocanna straitéiseacha níos mó is níos mó fuinnimh a fháil ó chumhacht na gaoithe agus ó bhithfhuinneamh inbhuanaithe. Tacaítear le foinsí in-athnuaite in Éirinn trí bhithin taraifí um Sholáthar Fuinnimh In-athnuaite (REFIT)¹⁵². Fógraíodh an chéad REFIT i 2006 agus tá trí scéim REFIT curtha i bhfeidhm go dtí seo. Chuir siad tacaíocht ar fáil do theicneolaíochtaí in-athnuaite.



¹⁵² Chun tuilleadh eolais a fháil ar REFIT, féach ar láithreán gréasáin na Roinne ag <http://www.dcenr.gov.ie/Energy/Sustainable+and+Renewable+Energy+Division/REFIT.htm>

10.3.1 Plean Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt chun Bithfuinneamh a Chur i bhFeidhm

Ar leibhéal an réigiúin tá, [Plean chun Bithfuinneamh a Chur i bhFeidhm 2008-2013](#)¹⁵³ ceaptha ag Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt. Leag sé sin amach sprioc maidir le 5% den Tomhaltas Iomlán Deiridh sa réigiún a bheith á sholáthar ag bithfhuinneamh faoi 2010, agus go méadófaí é sin go 17% faoi 2020. Tá an Plean á nuashonrú faoi láthair. Is é cuspóir foriomlán an tionscadail ná feacht a spreagadh agus táirgeadh agus idú bithfhuinnimh a mhéadú sa Réigiún.

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do chur i bhfeidhm spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha maidir le fuinneamh in-athnuaite agus oibreoidh sí leis na gníomhaireachtaí ábhartha go léir le tacaíocht a thabhairt d'forbairt cineálacha malartacha fuinnimh.

10.4 Fuinneamh gaoithe

Ní éiríonn leis an ngrian an domhain a théamh go cothrom agus sa chaoi sin cruthaítear sruthanna teirmeacha aeir. D'fhonn teocht chothrom a chinntiú ar fud an domhain gluaiseann na pócaí aer sin timpeall na cruinne mar ghaotha domhanda. Is féidir fuinneamh na gaoithe a thiontú go leictreachas trí leas a bhaint as tuirbíní. Is féidir tuirbíní a bheith suite ar tír agus amach ón gcósta.

10.4.1 Stádas reatha

Go dtí seo, tá cead tugtha chun 7 bhfeirm ghaoithe a thógáil i gCo. Cill Chainnigh, agus tá trí cinn díobh tógtha cheana féin, féach ar an tábla thíos.

Tábla 10.1 Stádas na bhfeirmeacha gaoithe i gContae Chill Chainnigh							
Líon	Uimh. Thag. Phleanála	Ainm na Feirme Gaoithe	Iarratasóir	Baile Fearainn	Líon Tuirbíní	An bhfuil siad tógtha?	Stádas/Geata. tag. iarratais

¹⁵³ Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt, [Plean chun Bithfuinneamh a Chur i bhFeidhm](#) 2008-2013

1	10/145	An Bhreacána ch	Bord na Móna	Ráth Phádraig, An Bhreacánach & An Bán Mór, Baile Sheáin	8	Tá	Geata 3 TG 84
2	05/1256 11/461 12/378	Foylature	Art Generation	Foylature, Baile na Cúirte, Tulach Ruáin	4	Níl	Geata 3 DG157
3	02/1072 08/735 12/194 12/533	An Baile Beitheach	ART Generation Ltd.	An Baile Beitheach, Tulach Ruáin	5	Níl	Geata 3 DG131
4	03/1585 07/2140	Baile Mháirtín Céim 1	Fuinneamh Bhord Gáis/ Paul Martin/ ART Generation Ltd.	Baile Mháirtín, Baile an Ghabhann	3	Tá	Tógtha
5	07/2141 10/576	Baile Mháirtín Céim 2	Fuinneamh Bhord Gáis/ ART Generation Ltd.	Baile an Ghabhann, Tullogher	4	Níl	
6	03/1117 07/2253 08/595	Ráth Hóraigh	Ecopowers Developments Ltd.	An Ghiolcach Mhór, Baile an Bhrúnaigh	5	Tá	Tógtha
7	08/1511 12/172	Pobal Lios Dúnaigh	Matt Bergin agus Thomas McEvoy	Lios Dúnaigh Béal Átha Ragad	4	Níl	Geata 3 DG285

10.4.2 Straitéis um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe

Rinne CAAS (Environmental Services) Ltd. Staidéar ar Fhuinneamh Gaoithe ar dtús thar ceann Chomhairle Chontae Chill Chainnigh in 2003. Rinneadh athbhreithniú ar an Staidéar agus tugadh cothrom le dáta é mar Straitéis um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe do Phlean Forbartha 2008. Tá athbhreithniú déanta ar an straitéis mar chuid den Phlean seo; féach Aguisín M chun an Straitéis iomlán a fháil.

10.4.3 Treoir um Bainistíocht Forbartha

Déanfar gach iarratas le haghaidh feirmeacha gaoithe a mheas i gcomhréir leis na [Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe](#)¹⁵⁴ agus leis an Straitéis um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe, mar atá leagtha amach in Aguisín M. Roinneadh na limistéir sin sa chontae ina bhfuil an luas gaoithe is airde iontu sna trí chatagóir seo a leanas ó thaobh straitéise gaoithe san Aguisín sin, (féach [Figiúr 10.2](#)):

1. Roghnaithe
2. Is Féidir a Bhreithniú
3. Mí-oiriúnach

I gcás na 6 réimsí a aithníodh mar 'Roghnaithe' tá siad go léir sa chatagóir Talamh Feirme cnocach nó leibhéalta mar atá leagtha amach i gCuid 6.9.2 de na Treoirlínte, mar sin ba cheart leagan amach a leithéid d'fheirmeacha gaoithe a bheidh ar aon dul leis an treoir.

¹⁵⁴ An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil [Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe do na hÚdaráis Phleanála](#), 2006

Comhairliúchán poiblí réamhphleanála

Daoine ar mhian leo iarratas a dhéanamh chun feirmeacha ghaoithe mionscála nó mórscála a thógáil ní mór dóibh dul i gcomhairle leis na daoine i comharsanacht na bhfeirmeacha ghaoithe molta sula ndéanann siad a n-iarratais á thaisceadh. Ba cheart go mbeadh an comhairliúchán sin ar aon dul lena bhfuil leagtha amach in Aguisín 2 de na [Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe](#).

Conláiste cónaithe

Is iad an dá phríomhthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag feirm ghaoithe ar chonláiste cónaitheach ná torann agus preabadh scátha. Ní mór na dhá ghné sin a scrúdú mar chuid d'aon iarratas. Tugtar le fios sna [Treoirlínte](#) nár dhócha go gcruthódh an torann aon fadhb shuntasach dá mbeadh na tuirbíní go léir níos mó ná 500 méadar ó aon réadmhaoin atá íogair ó thaobh torainn de. Má bhíonn an t-achar beartaithe idir feirm ghaoithe agus oifigí nó foirgnimh sa chomharsanacht níos lú ná sin, éileoidh an Chomhairle bearta breise chun an torann agus an preabadh scátha a mhaolú.

Cúrsaí Talún nó Geolaíochta

I gcomhréir leis na [Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe](#) ní mór faisnéis faoi chúrsaí geolaíochta na mbuncharraigeacha a sheoladh in éineacht le haon iarratas ar fheirm ghaoithe.

Ní mór aon tionchar a bheadh ag an bhfeirm ar éin nó flóra annamha, mamaigh, amfaibiaigh nó éisc.

Rochtain ar an eangach

Ba cheart sonraí faoin gcomhairliúchán a bhí leis na hoibreoírí tarchurtha leictreachais maidir le cineál agus suíomh na nasc atá beartaithe leis an eangach a chur isteach mar chuid den chomhairliúchán réamhphleanála.

Cóngaracht do Bhóithre agus d'Iarnróid

Ní mór tuirbíní a shuí achar siar ó bhóithre agus ó iarnróid náisiúnta agus réigiúnacha agus beidh an fad sin cothrom le hairde bharr lainne an tuirbín. Braithfidh an fad siar a gcaithfear na tuirbíní a choinneáil ó bhóithre eile ar chúinsí an láithreáin agus socrófar é sin ag céim an iarratais.

Cur isteach ar chórais chumarsáide

Ba cheart dóibh siúd ar mhian leo iarratais a dhéanamh ar fheirmeacha ghaoithe dul i dteagmháil le craoltóirí aonair d'fhonn a insint dóibh faoi na moltaí. Tá liosta de na hoibreoírí ceadúnaithe ar fáil ag www.comreg.ie. Ba cheart oibreoírí fón póca a chur ar an eolas freisin. Ba cheart teagmháil a dhéanamh freisin le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann. Ba cheart torthaí na gcomhairliúchán sin a sheoladh isteach in éineacht le hiarratais phleanála.

Measúnacht ar Thionchar Tírdhreacha

Ba cheart Tuarascáil faoi Mheasúnacht ar Tionchair Tírdhreacha a sheoladh le gach iarratas, faoi mar atá leagtha amach in Aguisín 3 de na [Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe](#)

10.4.4 Beartais um Fhuinneamh Gaoithe

Is féidir le forbairtí fuinnimh ghaoithe a roinnt ina gceithre chatagóir mar seo a leanas ag brath ar an scála atá i gceist:

- (a) Tuirbíní aonair
- (b) Uatáirgeoir
- (c) Forbairtí mionscála ghaoithe (5 thuirbín nó níos lú agus aschur níos lú ná 5MW acu)
- (d) Forbairtí mórscála ghaoithe

Tá an contae roinnte anois ina thrí réimse beartais ó thaobh forbairt feirmeacha ghaoithe, bunaithe ar mheasúnú ar inmhathanacht i bhfianaise cúinsí eile; Roghnaithe, Is Féidir a Bhreithniú agus Mí-oiriúnach. Tá maitrís leagtha amach thíos ina bhfuil cur síos ar chatagóirí na scálaí éagsúla a mbreithneofar i ngach limistéar Straitéise Gaoithe.

Limistéar straitéise	Roghnaithe	Is féidir a bhreithniú	Mí-oiriúnach	An chuid eile den chontae
Catagóir an tionscadail				
Tuirbín aonair	✓	✓	✓	✓
Uatáirgeoir	✓	✓	✓	✓
Feirm mhionscála ghaoithe	✓	✓	X	X
Feirm mhórscála ghaoithe	✓	X	X	X

Tá sonraí faoi chatagóirí na dtionscadal agus na beartais a bhaineann lena bhforbairt leagtha amach thíos.

(a) Tuirbíní aonair

Aithnítear go mb'fhéidir gur mhaith le húinéirí talún leas a bhaint as fuinneamh ghaoithe lena úsáid go príobháideach. Déanfar iarratais phleanála a mheas le haghaidh tuirbíní ghaoithe aonair ar fud an chontae ach gan ach tuirbín amháin (1) a bheith i gceist in aghaidh an ghabháiltais.

Tabhair faoi deara go bhfuil sé leagtha síos in:

[I.R. Uimh. 83 de 2007](http://www.irishstatutebook.ie/2007/en/si/0083.html)¹⁵⁵, Rialacháin Pleanála agus Forbartha i gcás tuirbín ghaoithe aonair a chomhlíonann na caighdeáin atá leagtha síos (lena n-áirítear nach mbeadh an tuirbín níos mó ná trí mhéadar déag ar airde, agus nach mbeidh níos mó ná sé mhéadar i dtrastomhas an rótair agus go sásaítear na caighdeáin eile mar atá sonraithe sna Rialacháin), go measfar a leithéid a bheith ina "fhorbairt dhíolmhaithe" nach gá cead pleanála a fháil dó má thógtar é laistigh de chúirtealáiste tí.

[I.R. Uimh. 235 de 2008](http://www.irishstatutebook.ie/2008/en/si/0235.html)¹⁵⁶, Rialacháin Pleanála agus Forbartha i gcás tuirbín ghaoithe aonair a chomhlíonann na caighdeáin atá leagtha síos (lena n-áirítear nach mbeidh an tuirbín níos mó ná fiche méadar ar airde, agus nach mbeidh níos mó ná ocht méadar i dtrastomhas an rótair agus go sásaítear na caighdeáin eile mar atá sonraithe sna Rialacháin), go measfar a leithéid a bheith ina

¹⁵⁵ <http://www.irishstatutebook.ie/2007/en/si/0083.html>

¹⁵⁶ <http://www.irishstatutebook.ie/2008/en/si/0235.html>

"fhorbairt dhíolmhaithe" nach gá cead pleanála a fháil dó má thógtar é laistigh de chúirtealáiste sealúchais talmhaíochta.

(b) Uatáirgeoir

Is éard is "Uatáirgeoir" ann ná tionscal nó mórúsáideoir fuinnimh a bhaineann leas as tuirbín gaoithe le cur leis an méid fuinnimh atá á ídiú aige.

Tabhair faoi deara go bhfuil sé leagtha síos in: [I.R. Uimh. 235 de 2008](#).¹⁵⁷, Rialacháin Pleanála agus Forbartha i gcás tuirbín gaoithe aonair a chomhlíonann na caighdeáin atá leagtha síos (lena n-áirítear nach mbeidh na tuirbíní níos mó ná fiche méadar ar airde, agus nach mbeidh níos mó ná ocht méadar i dtrastomhas an rótair agus go sásaítear na caighdeáin eile mar atá sonraithe sna Rialacháin), go measfar a leithéid a bheith ina "fhorbairt dhíolmhaithe" nach gá cead pleanála a fháil dó má thógtar é laistigh de chúirtealáiste áitribh thionsclaíoch nó áitribh ghnó éadroim.

Déanfar iad sin a mheas ar fud an chontae faoi réir iad seo a leanas:

- Gur d'úsáideoir méid suntasach fuinnimh atá an tuirbín á mholadh.
- Go bhfuil an tuirbín suite laistigh de chúirtealáiste na háise nó díreach in aice léi.
- Go bhfuil go leor forbairtí ar an suíomh cheana féin chun tionchar amhairc an tuirbín (na tuirbíní) a laghdú.

(c) Forbairtí Mionscála Fuinnimh Gaoithe

Sna réimsí beartais a aithníodh mar 'Roghnaithé' agus 'Is Féidir a Bhreithniú' i Léarscáil na Straitéise um Fhuinneamh Gaoithe (Figiúr 10.2), breithneofar na moltaí seo a leanas:

- Nuair nach mbeidh níos mó ná 5 thuirbín i gceist,
- Nach mbeidh an t-aschur iomlán níos mó ná 5 meigeavata,
- Nach mbeidh na Tuirbíní níos mó ná 65m ar airde go dtí an mol

(d) Forbairtí Mórscála Fuinnimh Gaoithe (>5MW)

Ní dhéanfar forbairtí mórscála fuinnimh gaoithe a bhreithniú de ghnáth, ach amháin sna limistéir sin a mheastar a bheith 'Roghnaithé'. Is é an réasúnaíocht atá leis an mbeartas seo ná a chinntiú go mbeadh an tionchar is lú ag forbairtí mórscála den sórt sin ar dhealramh na dúiche agus ar chomhshaol Chontae Chill Chainnigh ina iomláine, agus chun naisc oiriúnacha leis an eangach a éascú. Déanfar iad sin a mheas i gcomhréir leis na [Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe](#).

¹⁵⁷ <http://www.irishstatutebook.ie/2008/en/si/0235.html>

10.5 Bithfhuinneamh

Is féidir Bithfhuinneamh a shainmhíniú mar an fuinneamh a fhaightear ó bhithmhais. Is éard an sainmhíniú a thugtar ar bhithmhais sa [Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite](#) ná an codán in-bhithdhíghrádaithe de tháirgí, de dhramhaíl agus d'iarmhair ón talmhaíocht (lena n-áirítear substaintí plandúla agus ainmhíocha), ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, lena n-áirítear iascaigh agus do Bharshaothrú, mar aon leis an gcodán in-bhithdhíghrádaithe de dhramhaíl tionscail agus rialtais áitiúil; Is féidir bithmhais a úsáid chun leictreachas, teas agus breoslaí iompair a ghiniúint.

Baineann na comhphárteanna lárnaacha seo a leanas le córais mionscála bhithmhaise nó córais baile:

- Seachadadh breosla
- Ionaid Stórála
- Soirn nó Coirí - chun teas agus uisce te a sholáthar don bhfoirgneamh
- Simléir / córas eastósctha luatha
- Píopaí nasctha

Tá acmhainn shuntasach bithfhuinnimh i gCill Chainnigh, faoi mar atá in Éirinn go léir ó thalamh curaíochta, foraoiseacha, dramhaíl athchúrsáilte ó ionaid chóireála chathrach, ó thalmhaíocht agus ó fhoinsí tionsclaíocha.

Foilsíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann acmhainn mhapála, an Córas Mapála Bithfhuinnimh¹⁵⁸, ina dtugtar faisnéis faoi suíomh na mbarraí bithfhuinnimh féideartha agus iarbhír, foraoiseachta, agus láithreacha bithmhaise agus dramhaíola.

10.5.1 Slabhra Soláthair an Fhuinnimh Adhmaid

Tá breoslaí adhmaid ar fáil i roinnt foirmeacha cineálacha. Ina measc siúd tá cineálacha éagsúla dramhaíola adhmaid, fuíll foraoise agus barraí fuinnimh. Próiseáiltear roinnt breoslaí adhmaid chun táirgí de chaighdeán níos airde a sholáthar atá níos fusa a úsáid, mar shampla millíní agus sliseanna adhmaid. Tá roinnt maith foraoiseacha plandáilte sa chontae agus clúdaíonn siad thart ar 20,500 heicteár nó 10% de thalamh an chontae¹⁵⁹. Is cosúil gurb iad na foraoiseacha a chuirfidh an chuid is mó den bhithmhais ar fáil i gCill Chainnigh go ceann i bhfad.

Tá roinnt bunáochtaí sa chontae, nach árais chónaithe iad a bhaineann leas as breoslaí adhmaid, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Pobal Camphill
- Tá córas téite ceantair i gCallainn atá á bhreoslú le hábhair a fhaightear go háitiúil. Téann an córas seo na cúig fhoirgneamh atá i gcoimpléasc an Friary i gCallainn. Tá coire lárnaigh

¹⁵⁸ <http://maps.seai.ie/bioenergy/>

¹⁵⁹ [Forest Service, Afforestation Statistics, 2011](#)

200kw ann ina ndóitear slisíní adhmaid agus seoltar uisce te trí líonra píopaí chuig na húsáideoirí deiridh.


- Ospidéal de chuid FSS is ea Ospidéal Naomh Columbus, Baile Mhic Andáin. Shuiteáil siad córas coire sliseanna adhmaid 400kW chun uisce te a chur ar fáil don ospidéal ar fad agus an áit go léir a théamh.
- Suiteáladh coire a breoslaítear le millíní adhmaid i gColáiste Chill Chainnigh, Bóthar Chaisleán an Chomair.
- Tá coire sliseanna adhmaid in úsáid san Ionad Fóillíochta WaterShed.

10.5.2 Foraoiseacht ghearruainíochta

Is éard atá i gceist le foraoiseacht ghearruainíochta ná breosla adhmaid a tháirgeadh trí chrainn ardtoraidh a chur gar dá chéile ar uainíocht ghearr. Tá speicis mar an tsaileach agus an phoibleog oiriúnach d'fhoraoiseacht ghearruainíochta toisc go bhfuil sé éasca iad a bhunú, fásann siad go tapa, tá siad oiriúnach le haghaidh réimse suíomhanna agus tá siad frithsheasmhach in aghaidh lotnaidí agus galar.

Tá staitisticí faoi fhás na sailí ar fáil ón Mapa Bithfhuinnimh agus ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a bhfuil Scéim Deontais um Bithfhuinneamh Sailí agus Mioscantaigh á fheidhmiú acu. De réir na staitisticí maidir le deontais¹⁶⁰, is beag an talamh atá faoi plandálacha sailí i gCill Chainnigh (níor tugadh deontas ar bith sa tréimhse ó 2007 go 2012, agus níor cuireadh isteach ar dheontas ach do 11 heicteár in 2013) agus is léir ón [léarscáil Bithfhuinnimh](#) (fuarthas na sonraí in Eanáir 2013) gur beag plandálacha sailí atá sa chontae.


¹⁶⁰ Staitisticí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin Scéim Deontais um Bithfhuinneamh Sailí agus Mioscantaigh a fuarthas i mí Eanáir 2013



10.5.3 Barraí fuinnimh

Is é Mioscantach an barr fuinnimh is mó a fhástar in Éirinn. Féar is ea an mioscantach ar féidir é a úsáid mar bhreosla i gcoirí speisialta mioscantaigh atá déanta lena láimhseáil agus a dhó go héifeachtach. Is féidir é a dhó freisin in aonaid Bhithmhaise Cumhacht is Teas in Éineacht agus é a dhó in éineacht le breoslaí eile i stáisiúin chumhachta.

Sa tréimhse idir 2007 agus 2010 íocadh deontais mhioscantaigh i leith 223 heicteár talún rud ab ionann agus níos mó ná 7% de limistéar mioscantaigh na tíre go léir. Is léir ón [léarscáil Bithfhuinnimh](#) go bhfuil a lán plandálacha mioscantaigh sa chontae (fuarthas na sonraí in Eanáir 2013).



10.5.4 Bithbhreoslaí Leachtacha

Díorthaítear bithbhreoslaí leachtacha ó bharráí bithmhaise nó ó fotháirgí atá oiriúnach lena n-úsáid in innill feithiclí nó i gcórais théite. Is féidir breathnú ar bithbhreoslaí mar bhreoslaí a d'fhéadfaí a úsáid in áit breoslaí mianracha, mar dhíosail nó pheitрил nó mar bhreiseoirí le cur iontu. Is féidir iad a fhoroinnt i gcatagóirí éagsúla, ach is iad an dá cheann seo an dá cheann is tábhachtaí.

1. Olaí plandúla agus sailte ainmhithe ar féidir iad a úsáid i bhfoirm neamhphróiseáilte nó bithdhíosail a dhéanamh díobh;
2. Bitheatánól a tháirgtear trí ábhar orgánach, mar shampla biatas siúcra, gránaigh, srl. a chopeadh.

Tá soláthróir bithbhreosla amháin sa chontae; Goldstar Oils Ltd. sa an tSeanchúirt, Inis Tíog. Táirgeann an chuideachta Plandola Íon. Is éard atá Plandola Íon ná leagan de bithdhíosail a tháirgtear trí síolta ola ráibe a fháisceadh agus an ola a fhaightear a scagadh. Is féidir olaí eile mar shoighe nó ola pailme a úsáid freisin mar bheathú. Is féidir an ola a úsáid mar bhreosla in inneall díosail a bhfuil feiste oiriúnach mhodhnaithe curtha air.

10.5.5 Díleá Anaeróbach

Tarlaíonn Díleá Anaeróbach (DA) nuair a dhianscaoileann baictéir agus einsímí ábhar orgánach i dtimpeallacht atá saor ó ocsaigin. Is é táirge deiridh an phróisis sin ná bithghás a bhfuil a lán

meatáin tríd. Is féidir an meatán a ghabháil agus a dhó chun teas nó leictreachas a tháirgeadh, nó an dá rud le chéile.

Tá sé in úsáid go forleathan in earnáil na talmhaíochta. Is iomaí díleáiteoir beag atá ag feirmeoirí a tháirgeann bithghás chun tithe feirme agus foirgnimh eile feirme a théamh. Is iad na príomhchineálacha bunábhar orgánach a úsáidtear sna díleáiteoirí anaeróbacha ná:

- sloda séarachais
- sciodar feirme
- Dramhaíl sholadach chathrach

Is éard a bhíonn i ngléasra Díleáite Anaeróbaigh de ghnáth ná:

- umar díleáite
- foirgnimh le haghaidh trealaimh choimhdigh mar ghineadóir, umar stórála bithgháis
- simléar bladhaire (3-10m ar airde)
- píopaí gaolmhara

Is féidir gléasraí a bheith mór nó beag nó idir eatarthu - ó scéimeanna beaga a dhéileáil le dramhaíl feirme amháin go scéimeanna meánmhéide lárnacha a bhíonn ag déileáil le dramhaíl ó roinnt feirmeacha (agus d'fhéadfaí barraí mar arbhar Indiach a chur le tacú le hobair an díleáiteora) go gléasraí móra tionsclaíocha DA a bhíonn ag déileáil le cainníochtaí móra de dhramhaíl sholadach chathrach. Is dócha gur féidir gléasra beag a chur in aice le foirgnimh feirme atá ann cheana féin. Tháirgeann roinnt cineálacha áirithe bithmhaise ábhar díleáite deiridh a chaithfear a dhiúscairt.

Tá díleáiteoir anaeróbach in úsáid ag pobal Camphill i mBealach an Tóibínigh a dhéanann díleáil áirithe ar sciodair feirmeacha agus ar dhramhaíl mheasctha bhia. Gineann sé sin fuinneamh (teas agus cumhacht in éineacht) le freastal ar riachtanais an 90 duine atá ina gcónaí i bPobal Camphill Bhealach an Tóibínigh.

Tugadh cead le déanaí (12/354) chun díleáiteoir anaeróbach a thógáil ag muclach i mBaile an Phoill.

10.5.6 Cumhacht is Teas in Éineacht (CTÉ)

Is éard atá i gceist le Cumhacht is Teas in Éineacht (CTÉ) ná teicneolaíocht a úsáideann an fuinneamh a tháirgtear trí bhreosla a dhó chun teas úsáideach a sholáthar agus leictreachais a ghiniúint. Is féidir gás nó bithmhais a dhó chun CTÉ a sholáthar. Is fuinnimh in-athnuaite í bithmhais. Is iondúil go ndóitear gás i ngléasraí CTÉ in Éirinn. Is iondúil go mbíonn na príomh-chomhpháirteanna seo a leanas ag baint le córais CTÉ:

- saoráidí chun breosla a sheachadadh agus a stóráil (más bithmhais an breosla)
- Coire/tuirbín
- Píopaí nasctha
- Malartóir teasa/gineadóir teasa/córas aisghabhála teasa

Is iomaí méid a bhíonn ag gléasraí CTÉ ó chórais bheaga bhaile, go gléasraí mionscála, go gléasraí meánscála a bhíonn ag freastal ar bhloic oifigí, go gléasraí móra tionsclaíochta agus gléasraí TCÉ le haghaidh scéimeanna téimh cheantair. Níl aon ghléasra meánscála nó mórscála CTÉ sa chontae.

10.5.7 Aisghabháil Fuinnimh ó Dhramhaíl

De réir mar atá níos mó is níos mó fuinnimh riachtanach dúinn, is féidir leas na timpeallachta a dhéanamh tríd an bhfuinneamh atá i fuíollábhair a úsáid in áit fuinneamh a fháil ó ábhair neamh-inathnuaite. Fiú amháin má dhéantar athchúrsáil forleathan ar dhramhaíl, bíonn mórchuid ábhar indóite fós inti ar féidir fuinneamh a bhaint as.

Tá na beartais maidir le fuinneamh ó dhramhaíl leagtha síos sa Chomhphlean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirdheiscirt 2006 - 2011 agus cuid lárnach den Phlean sin is ea go ndéanfar saoráid dramhaíola chomhtháite a fhorbairt sa réigiún ina ndéanfar cóireáil teirmeach agus aisghabháil fuinnimh. (Rinneadh measúnacht ar an gComhphlean sin in 2012 agus fuarthas gur gá athbhreithniú a dhéanamh air. Déanfar an t-athbhreithniú sin in 2013.)

10.5.8 Treoir um Bainistíocht Forbartha

Tá cur síos sa tábla thíos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr breosla a ghiniúint ó bhithmhais i ngléasra beag nó i ngléasra a d'oirfeadh do phobal áite.

Tábla 10.2: Coimriú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gléasra beaga bithmhaise nó gléasra bithmhaise a d'oirfeadh do phobal áite

Saincheist	Tionchar féideartha
Tionchar amhairc	Tionchar ar charachtar an struchtúir de bharr múcháin a bheadh feistithe go seachtrach
Torann	Le linn tógála agus ó oibriú an ghléasra agus ó sheachadtaí
Truailliú solais	Má tá sé beartaithe an gléasra a oibriú de lá is d'óiche 7 lá na seachtaine
Éiceolaíocht	Tionchar ar ialtóga ó shuiteáil múcháin nua
Cáilíocht aeir	Boladh, deannach agus astuithe
Trácht agus cúrsaí iompair	Níos mó feithiclí ag gluaiseacht chuig an ionad agus ag imeacht uaidh
Oidhreacht ailtireachta	Tionchar ar charachtar foirgnimh chosanta ó aon múchán nó struchtúr nua

Tógtha ó *Generating your own Energy, Biomass*, Welsh Assembly Government, 2011 Leathanaigh 5-7

Bheadh an tionchar céanna ag gléasraí bithmhaise ar scála tráchtála, ach bheadh tionchar breise amhairc ann de bharr bonneagair eangaí a bheadh ann mar aon le tionchar an ghléasra féin. Éileofar i gcás gléasraí bithmhaise ar scála tráchtála go dtógfar iad ar thailte atá criosaithe chuige sin, d'fhonn aon tionchar ar chonláiste cónaithe a laghdú. Rud eile a chaithfear a bhreithniú is ea diúscairt na dtáirgí deiridh ón ngléasra. Ceist thábhachtach a chaithfear a chíoradh i gcás aon tionscadail den sórt sin is ea an méid tráchta a bheadh ann dá bharr. D'fhonn tionchar an tráchta a laghdú, ba

cheart go mbeadh na gléasraí suite gar do na foinsí breosla agus go mbeadh bóithre poiblí ag freastal ar an áit a bheadh in ann an trácht breise a iompar agus go mbeadh siad in aice le conairí iompair.

Tá an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag gléasra díleáitheora anaeróbaigh leagtha amach sa tábla thíos. Éileofar mar chuid d'iaratas pleanála do thograí chun gléasraí díleáite anaeróbaigh a thógáil go luafar cá gcuirfear aon fhuíoll a bheidh fágtha m.sh. an gcruthófar bainc thalún lena scaradh ar an talamh.

Tábla 10.3: Achoimre ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag díleáiteoirí anaeróbacha

Saincheist	Tionchar féideartha
Tionchar amhairc	Tionchar an ghléasra agus struchtúir eile
Cúrsaí hidreolaíochta	D'fhéadfadh truailliú tarlú de bharr nósanna imeachta oibríochta, m.sh. de bharr díleáiteáin agus doirte
Torann	Le linn tógála agus ó oibriú an ghléasra agus ó sheachadtaí
Cáilíocht aeir	Boladh ó stóráil dramhaíola agus ábhar bia, ón bpróiseas díleá, ó iompar agus diúscairt díleáiteáin, mar aon le deannach agus astuithe.
Truailliú solais	Má tá sé beartaithe an gléasra a oibriú de lá is d'óiche 7 lá na seachtaine
Trácht agus cúrsaí iompair	Níos mó feithiclí ag gluaiseacht chuig an ionad agus ag imeacht uaidh; d'fhéadfaí smaoineamh ar lastaí a iompar ar an iarnróid nó ar uisce
Oidhreacht ailtireachta	Tionchar ar charachtar suímh fhoirgnimh atá faoi chosaint.

Tógtha ó *Generating your own Energy, Anaerobic Digestion*, Welsh Assembly Government, 2011 Leathanaigh 5-8

Tá an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gléasra CTÉ leagtha amach sa tábla thíos.

Tábla 10.4: Achoimre ar tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag CTÉ

Saincheist	Tionchar féideartha
Tionchar amhairc	Tionchar an ghléasra, na saoráide stórála, na struchtúr. Scála baile; Tionchar an mhúcháin agus na struchtúr stórála
Truailliú solais	má tá sé beartaithe an gléasra a oibriú de lá is d'óiche 7 lá na seachtaine
Torann	Le linn tógála agus ó oibriú an ghléasra agus ó sheachadtaí
Cáilíocht aeir	Astaíochtaí ó fheithiclí le linn tógála agus le linn fheidhmiú an ghléasra
Trácht agus cúrsaí iompair	Níos mó feithiclí ag gluaiseacht chuig an ionad le lastaí breosla agus ag imeacht uaidh
Oidhreacht ailtireachta	Tionchar ar charachtar nó ar shuíomh foirgnimh chosanta

Tógtha ó *Generating your own Energy, Combined Heat and Power*, Welsh Assembly Government, 2011 Leathanaigh 5-7

10.5.9 Beartais um Bithfhuinneamh

Aithníonn Comhairle Contae Chill Chainnigh an gá atá le tacú le forbairt acmhainní bithfhuinnimh. Tacóidh sí le tionscadail oiriúnacha agus molann sí gur cheart do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar thionscadal a chur ar bun féachaint ar [Plean Feidhmithe Bithfhuinnimh](#) de chuid Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt.

- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadal chun bithmhais a thiontú go fuinneamh.
- Go ginearálta, i gcás gléasraí tráchtála bithfhuinnimh iad a threorú i dtreo suíomhanna athfhorbraíochta atá in aice le ceantair thionsclaíocha nó ar thailte atá coinnithe le haghaidh úsáidí tionsclaíocha in aon phlean forbartha. Is féidir láithreáin athfhorbraíochta i gceantair thuaithe a chur san áireamh freisin.
- A chinntiú go dtógfar aon ghléasra tráchtála bithfhuinnimh in aice le pointe an éilimh agus go bhfuil bóithre poiblí ann le freastal ar an trácht méadaithe agus iad in aice le conairí iompair.
- Iarracht a dhéanamh freagra dearfach a thabhairt ar iarratais ar thionscadail chun dramhaíl a thiontú go fuinneamh.

10.6 Cumhacht Hidrileictreach

Is éard is hidrileictreachas ann na leictreachas a ghintear trí leas a bhaint as an gcumhacht atá in uisce agus é ag titim. Faightear é sin de ghnáth ó sruthanna agus aibhneacha tapa, trí ghaibhniú uisce, nó trí scéimeanna hidrileictreacha taisce.

D'fhoilsigh Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach agus Chill Chainnigh tuarascáil faoi acmhainn na cumhachta hidrileictrí sa chontae, dar teideal [Reclaiming Lost Power, Kilkenny's Potential Hydro power sites](#) in 2010¹⁶¹. De réir na tuarascála sin, bhí 185 KW san iomlán á ghiniúint trí hidreachumhacht in 2010, féach Tábla thíos.

Tábla 10.5 Ionaid ghiniúna cumhachta hidrileictreacha i gCo. Chill Chainnigh			
An stáisiún giniúna	Seoladh	Oibreoir	Cumas (kW)
Inch Mills	Bóthar Shióin Cill Chainnigh	Inch Hydro Ltd	40
Muileann Chill Chróine	Cill Mhic Bhúith	Benedict Behal	75
Gléasra Triomaithe	Droichead Binéid	Nicholas Mosse Pottery	28
Gléasra Muilte	Droichead Binéid	Nicholas Mosse Pottery	42
Iomlán			185


Foinse: [Reclaiming Lost Power, 2010](#)

Sa bhliain 1985, d'fhoilsigh an Roinn Fuinnimh doiciméad dar teideal *Small-scale Hydroelectric Potential of Ireland*¹⁶². Aithníodh 32 áit i gContae Chill Chainnigh ina bhféadfaí cumhacht

¹⁶¹ Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach agus Chill Chainnigh, [Reclaiming Lost Power, Kilkenny's Potential Hydro power sites](#), 2010

¹⁶² An Roinn Fuinnimh, [Small-scale Hydroelectric Potential of Ireland](#), 1985

hidreileictreach a ghiniúint. Rinneadh measúnú i [Reclaiming Lost Power](#) ar na 32 láithreán sin agus aithníodh 20 acu ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh. Tá na suíomhanna sin léirithe i [bhFigiúr 10.3](#).



10.6.1 Cineálacha scéime

Is ionann an *ráta sreafa* abhann agus an méid uisce atá ag sreabhadh in aghaidh an tsoicind. Is é an brúcheann an fad ingearach is mó ar féidir leis an uisce titim ón leibhéal thuas go dtí an leibhéal thíos. D'fhéadfadh dhá thionscadal hidreachumhachta a bhfuil an t-aschur cumhachta céanna acu a bheith an-éagsúil lena chéile; d'fhéadfadh ceann amháin acu leas a bhaint as lear réasúnta íseal d'uisce ard-luas ó thaiscumar sléibhe agus d'fhéadfadh an ceann eile leas a bhaint as lear mór uisce in abhainn mhall. Mar sin, aicmítear scéimeanna hidreachumhachta mar scéimeanna brúcheann íseal, meánach nó ard.

10.6.1.1 Scéimeanna brúcheann íseal

Is iondúil i gcás na gcóras brúcheann íseal go mbíonn níos lú ná 10m sa bhrúcheann. Aithníodh in *Reclaiming Lost Power* go bhféadfaí scéimeanna brúcheann íseal a thógáil ag muilte nach bhfuil in úsáid a thuilleadh, ag coraí agus in áiteanna eile ar fud an chontae nár baineadh tairbhe astú fós. D'fhéadfadh na suíomhanna brúcheann íseal sin (<10 m) fostaíocht agus ioncam a chruthú, agus tuilleadh feabhais a chur ar an ngeilleagar glas i gContae Chill Chainnigh.

Bíonn córais brúcheann íseal suite de ghnáth i limistéir ísealchríche agus baineann siad leas as coraí chun cuid de shruth na habhann a atreorú trí tharae agus uaidh sin go teach tuirbín. Seoltar an t-uisce a fhágann an tuirbín trí tarae-deiridh agus isteach san abhainn arís. Braitheann scéimeanna brúcheann íseal ar shreabhadh na habhann agus b'fhéidir nach mbeifí in ann aon leictreachas a ghiniúint dá dtiocfadh tréimhse aimsire gan mórán báistí.

10.6.1.2 Scéimeanna brúcheann meánairde

Cé nach bhfuil aon sainmhíniú dearfa ceaptha faoin scéal, is iondúil go mbíonn brúcheann idir 10 agus 50m ag scéimeanna bhrúcheann meánairde agus go mbíonn brúcheann > 50m ag scéimeanna brúcheann ard. Is iondúil go mbíonn trealamh suiteáilte i scéimeanna den sórt sin chun níos mó leictreachais a ghiniúint cé nach mar sin a bhíonn an scéal i gcónaí. Ar aon nós is beag an deis atá ann le haghaidh forbairtí den chineál sin i gContae Chill Chainnigh. Níl ach scéim amháin a bhfuil brúcheann ard ann sa Chontae ais tá sé sin ag Muileann Chill Chróine ar an Abhainn Dubh áit a bhfuil scéim hidrileictreach tógtha.

10.6.2 Treoir um Bainistíocht Forbartha

Agus í ag breithniú tograí le haghaidh scéimeanna hidrileictreacha beidh aird ag an gComhairle ar forálacha na [Guidelines on the Planning, Design, Construction and Operation of Small Scale Hydro-Electric Schemes and Fisheries](#)¹⁶³, nó aon leasú a dhéanfar orthu nó aon doiciméad athsholáthair. Ina theannta sin, moltar do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar thionscadal hidrileictreach féachaint ar na doiciméid seo a leanas (nó ar aon nuashonruithe a dhéanfar orthu);

- [Reclaiming Lost Power, Kilkenny's Potential Hydro power sites](#)
- [Requirements for the protection of Fisheries Habitat during Construction and Development Works at River Sites](#)¹⁶⁴

Chomh maith leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar iascaigh agus a bhfuil cur síos air sna [Treoirlínte](#), tá cur síos sa tábla thíos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag hidreafhuinneamh.

Tábla 10.6: Achoimre ar tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag scéim hidreachumhachta

Saincheist	Tionchar féideartha
Tionchar amhairc	Tionchar ar charachtar an tírdhreacha, ar radhairc áille de bharr tithe

¹⁶³ An Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha, & an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha [Guidelines on the Planning, Design, Construction and Operation of Small Scale Hydro-Electric Schemes and Fisheries](#), 2007

¹⁶⁴ Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir, [Requirements for the protection of Fisheries Habitat during Construction and Development Works at River Sites](#), 2009

	tuirbíní, claífoirt, struchtúir, bealaí rochtana agus sreanga cumhachta
Éiceolaíocht	An tionchar ar áitribh, ar líon na n-iasc agus ar speicis chosanta mar dhobharchúnna agus sciatháin leathair.
Cúrsaí hidreolaíochta	D'fhéadfadh truailliú tarlú, b'fhéidir go mbeadh tionchar ar chaighdeán agus ar réimeas an uisce, ní mór a thaispeáint go gcomhlíonfar an Plean Bainistíochta Abhantraí
Torann	Le linn tógála agus le linn fheidhmiú an ghléasra
Seandálaíocht	D'fhéadfadh ábhair seandálaíochta faoi uisce a bheith ann
Oidhreacht ailtireachta	Is struchtúir cosanta iad a lán de na coraí agus de na muilte

Tógtha ó *Generating your own Energy, Hydropower*, Welsh Assembly Government, 2011 Leathanaigh 5-7

D'fhéadfadh Measúnacht Tionchair Timpeallachta a bheith ag teastáil le haghaidh roinnt scéimeanna hidreleictreacha de réir Sceideal 5 Cuid 2(h) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. D'fhéadfadh Ráiteas Tionchair Timpeallachta a bheith ag teastáil freisin le haghaidh scéimeanna atá faoi bhun na tairsí sin, ach go measfaidh an Chomhairle go bhféadfadh a leithéid de tionchar comhshaoil a bheith acu go bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta riachtanach dóibh.

Mar is léir ó Fhigiúr 8.1, tá go leor d'aibhneacha an chontae ainmnithe mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta nó mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta (féach Cuid 8.2). Faoi mar atá i gcás gach forbartha laistigh de shuíomh Natura 2000 nó in aice leis, beidh measúnú faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga ag teastáil (Féach cuid 1.3).

Mar chuid d'aon iarratas pleanála le haghaidh scéime hidreleictreacha, beidh Plean Bainistíochta Comhshaoil ag teastáil le déileáil leis na saincheisteanna comhshaoil go léir a eascróidh le linn thógáil agus oibriú na scéime.

Is cosúil i gcás scéimeanna de na cineálacha seo a leanas go mbeadh drochthoradh acu ar acmhainní iascaigh agus d'fhéadfadh an t-údarás pleanála diúltú dóibh dá bharr sin:

- Scéimeanna nua brúcheann íseal a d'fhéadfadh baic shuntasacha a chur le gluaiseacht iasc.
- Forbairtí i ndobharcheantair nó i bhfo-dhobharcheantair atá tábhachtach mar iascach bradán earraigh.
- Struchtúir nó coraí a chur ar bealaí amach as lochanna nó ghaibhniú nua uisce a dhéanamh.
- Forbairtí a d'aistreadh uisce ó abhantrach amháin go habhantrach eile.
- Forbairtí i gcodanna d'abhainn atá an-luachmhar ó thaobh iascaigh de agus nach mbeadh forbairt na scéime hidreafhuinnimh inghlactha ó thaobh iascaigh de, .i. forbairt i láthair thábhachtach sceathraí nó i láthair thábhachtach ina bhfásann na héisc óga
- Forbairtí in áiteanna ina bhfuil úsáidí iomaíocha á bhaint as an uisce cheana féin, m.sh. má bhíonn uisce á astarraingt ón abhainn, nó caolú á dhéanamh ag an abhainn ar dhoirteadh ceadúnaithe srl.
- Cásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh tionchar acu ar leanúnachas abhann, ar imirce iasc, nó ar mhortlaíocht iasc.

10.6.3 Cumhacht Hidreleictreach

- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadal oiriúnach chun cumhacht uisce a thiontú go fuinneamh.
- Aird a thabhairt ar na [Guidelines on the Planning, Design, Construction and Operation of Small Scale Hydro-Electric Schemes and Fisheries](#)

10.7 Fuinneamh na gréine

Is iad Dearadh Éighníomhach Gréine, Téamh Gréine agus Leictreachais Gréine na trí chineál fuinneamh gréine atá ann.

10.7.1 Dearadh Éighníomhach Gréine

Baineann beagnach gach foirgneamh tairbhe as fuinneamh agus solas saor in aisce ón ngrian; is é an cuspóir atá le dearadh éighníomhach gréine ná an tairbhe is mó a bhaint as na buntáistí sin trí leas a bhaint as cineálacha cur chuige simplí deartha le cur ar cumas foirgneamh feidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus timpeallacht chompondach cónaithe nó oibre a chur ar fáil. Bhíodh an cur chuige sin ina ghné den ailtireacht dhúchasach traidisiúnta i gcónaí. Ní dócha go gcosnódh foirgneamh ina mbainfí leas as an gcur chuige sin níos mó ná foirgneamh a thógfaí gan é. Tá dearadh, bonneagar agus leagan amach an tsuímh ríthábhachtach chun forbairt atá tíosach ar fhuinneamh a chinntiú tríd an leas is mó a bhaint as téamh éighníomhach gréine i árais chónaithe agus i bhfoirgnimh eile. Tá an cur chuige sin ina phrionsabal lárnach sna Treoirlínte maidir le [Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha](#)¹⁶⁵ agus [Treoir maidir le Dearadh Tithe faoin Tuath i gContae Chill Chainnigh](#)¹⁶⁶.

10.7.2 Téamh Gréine

Is éard is tiomsaitheoir grianteasa ann ná gléas a úsáideann teas na gréine chun uisce a théamh. Is iondúil go n-úsáidtear an t-uisce te le haghaidh folcthaí srl. ach i gcásanna ina bhfuil éileamh an-íseal teasa ag foirgneamh, úsáidtear é chun an foirgneamh a théamh agus uisce te a sholáthar. Is féidir teicneolaíochtaí gníomhacha teirmeacha gréine ar scála níos mó a úsáid chun fuarú a dhéanamh agus chun gal a tháirgeadh. Is féidir an gal sin a úsáid chun tuirbíní a thiomáint agus leictreachas a ghiniúint.

Tá dhá chineál tiomsaitheora ann; tiomsaitheoir leacaithe grianteasa nó feadán folmhaithe. Is féidir ceapadóirí leacaithe a shuí san díon nó ar an díon toisc an struchtúr trom, docht, láidir i bhfoirm bosca atá acu. Tá ceapadóirí leacaithe an-éifeachtach agus mar sin tá siad an-oiriúnach le haghaidh tithe cónaithe nó áiteanna nach bhfuil teocht an-ard ag teastáil.

Má tá feadáin fholmhaithe le cur ar fhoirgneamh ní mór iad a chur ar an díon toisc gur struchtúir éadroma iad. Is iondúil nach mbíonn iontu de ghnáth ach feadáin aonair suite i bhfráma. Tiomsaíonn feadáin fholmhaithe thart ar 20% níos mó teasa in aghaidh an m² ná ceapadóirí leacaithe, rud a chiallaíonn go bhfuil achar ní lú ag teastáil chun an oiread céanna teasa a fháil.

¹⁶⁵ An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála faoi [Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha \(Cathracha, Bailte agus Sráidbhailte, 2009](#)

¹⁶⁶ Comhairle Contae Chill Chainnigh, [Treoir maidir le Dearadh faoin Tuath i gContae Chill Chainnigh, 2008](#)

10.7.3 Leictreachas Gréine

Braitheann táirgeadh leictreachais gréine go mór ar theicneolaíocht ghníomhach ghréine. Is é an córas fótavoltach gréine an córas is coitianta chun leictreachas gréine a tháirgeadh. Is minic a thugtar “PV” ar an gcóras sin chun fuinneamh solais a thiontú go leictreachas agus úsáidtear é mar cur síos ar an teicneolaíocht ghníomhach ghréine (.i. ar na córais fhótavoltacha ghréine) trína n-úsáidtear cealla gréine nasctha le chéile i bpainéil, ar a dtugtar modúil PV, chun leictreachas a chur ar fáil.

Tiontaíonn córais PV solas an lae go leictreachas i ngléas leathsheoltóra, agus is é an fhoirm is coitianta a bhíonn acu ná roinnt cealla leathsheoltóra idirnasctha le chéile agus iad ina bpainéal nó ina modúl gréine. Is iomaí dealramh a bhíonn ar mhodúil gréine ach is minic a bhíonn dath dorcha orthu agus is beag an cumas a bhíonn iontu solas a fhrithchaitheamh. Bíonn modúil gréine idir 0.5 agus 1m² de ghnáth agus idir 70 agus 160 vata mar bhuaic aschur leictreachais acu. Bíonn na modúil ceangailte le chéile de ghnáth ina sraitheanna, agus achar ó cúpla meadar cearnach go cúpla céad méadar cearnach iontu. Bíonn achar idir 9 agus 18m² ag sraith thipiciúil ar áras cónaithe, agus aschur buaice idir 1 kW agus 2 kW aici¹⁶⁷.

10.7.4 Treoir um Bainistíocht Forbartha

Tionchar amhairc an tionchar is mó a bhíonn ag teicneolaíochtaí fuinnimh ghréine. Dá shuiteálfaí painéil gréine ar fhoirgneamh d’fhéadfadh tionchar a bheith aige ar charachtar an fhoirgnimh sin. Tá eisceachtaí le fáil sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 go 2008 ([I.R. Uimh. 83 de 2007](#) agus [I.R. Uimh. 235 de 2008](#)), maidir le feistis teicneolaíochta gréine a shuiteáil ar árais chónaithe, agus ar fhoirgnimh a úsáidtear le haghaidh le gnóthaí tionsclaíochta, gnóthaí tionsclaíochta éadroma agus talmhaíochta nó atá bainteach leo, faoi réir roinnt critéar. Ní mór cead pleanála a fháil chun teicneolaíocht gréine a shuiteáil ar Struchtúr Cosanta. Tá sé tábhachtach an teicneolaíocht a dhearadh go hógair agus í a shuiteáil in áit oiriúnach chun nach mbainfeadh de charachtar foriomlán an struchtúir.

Níl foirgnimh phoiblí ná scoileanna san áireamh sna Rialacháin. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do thograí chun painéil gréine a shuiteáil ar fhoirgnimh den sórt sin laistigh den chontae má bhíonn an deis aici chuige.

10.7.5 Beartais um Fuinneamh na Gréine

- Tacóidh an tÚaráis Pleanála le moltaí chun dearadh éighníomhach gréine a úsáid i moltaí chun tithe a thógáil i limistéir uirbeacha agus tuaithe agus déanfaidh sí éascú orthu agus bainfidh sí leas as moltaí san [Treoir maidir le Dearadh Tithe faoin Tuath i gContae Chill Chainnigh](#), agus sna Treoirínte [Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha](#).
- Cuirfidh an tÚdarás Pleanála comhairle ar fáil maidir le Dearadh Éighníomhach Gréine i gcomhairliúcháin réamhphleanála le haghaidh foirgneamh cónaithe agus tráchtála.

¹⁶⁷ [Technical Advice Note 8: Planning for Renewable Energy](#), Planning Policy Wales, Welsh Assembly Government, July 2005, leathanaigh 46-47

- Déanfaidh sí breithniú ar thionchar scáthaithe ar éifeacht na dteicneolaíochtaí gréine atá ann cheana féin nuair atá iarratais phleanála á meas.
- Tacóidh sí le hiarratais chun painéil gréine a shuiteáil ar fhoirgnimh phoiblí agus ar scoileanna laistigh den chontae ach an deis sin a bheith aici.

10.8 Fuinneamh Geoiteirmeach

Tagraíonn an téarma fuinneamh geoiteirmeach d'fhuinneamh teasa atá stóráilte sa talamh. Tagann teas na talún ó dhá fhoirse, .i. ó chroí te na cruinne agus ón ngrian. Is féidir é a aicmiú mar 'domhain' nó 'éadomhain' ag brath ar an doimhneacht atá i gceist. Chun fuinneamh domhain geoiteirmeach a fháil druileáiltear isteach i screamh an domhain le teacht ar 'charraigeacha teo', mar chloch eibhir a mbíonn a cuid eilimintí radaighníomhacha ag giniúint teasa i bhfad thíos. Is ón ngrian a thagann an dara foirse teasa sa talamh. Ionsúnn dromchla na talún radaíocht teirmeach na gréine gach lá. Is féidir an fuinneamh a mheas mar fhuinneamh stóráilte agus fanann sé sách te i gcaitheamh na bliana. Is ón gcéad cúpla méadar de screamh an domhain a fhaightear an cineál seo fuinnimh gréine agus is féidir teaschaidéil a úsáid chun leas a bhaint as.

Bailíonn teaschaidéil an teas atá stóráilte sa talamh (teaschaidéil talún), i ndobharlaigh (teaschaidéil uisce) nó san aer (teaschaidéil aeir). Is féidir an teas a úsáid ansin chun foirgnimh a théamh, chun uisce te a sholáthar nó chun foirgneamh a fhuarú. Deanann teaschaidéil comhbhrú chun teas ag teocht íseal a ardú go teocht níos airde chun gur féidir é a úsáid arís. Féachann teaschaidéal cosúil le coire traidisiúnta gáis nó ola agus déanann sé an cineál céanna oibre .i. téann sé áitribh agus cuireann sé uisce te ar fáil le haghaidh folcthaí srl. Gintear suas le ceithre aonad teasa ó gach aonad leictreachais a úsáidtear chun an teaschaidéal a oibriú. Dá bhrí sin, tairgtear idir 3 agus 4 aonad teasa in aghaidh gach aonaid leictreachais a úsáidtear chun an teas a ardú. Is féidir "lúb dúnta" a úsáid mar bhailitheoir teasa nuair a ghluaiseann an leacht céanna (uisce agus oibreán frithreo de ghnáth) i gcónaí trí na píopaí bailithe, nó is féidir "lúb oscailte" a úsáid áit a sreabhann uisce nua (m.sh. uisce ó thobar) tríd an teaschaidéal.

Feidhmíonn teaschaidéil talún toisc go mbíonn an teocht chéanna idir 11°C agus 13°C ag an talamh roinnt maith méadar thíos faoin dromchla. Úsáidtear córas uisce agus oibreán frithreo na 'lúibe iata' sna teaschaidéil talún chun teas na hithreach a bhailiú. de ghnáth bíonn achar talún chomh mór le hachar an tí nó an foirgnimh atá le téamh ag teastáil chun an teas a bhailiú uaidh¹⁶⁸.

¹⁶⁸ Grúpa an Phríomh-Chomhairleora Eolaíochta, [Geothermal Energy Resource Map of Ireland, Final Report; 2004; Report prepared for Sustainable Energy Ireland](#), 2004, Leathanach 17


Úsáideann teaschaidéil aeir an aer mórthimpeall mar fhoinsé teasa chun foirgnimh a théamh. Is féidir teaschaidéil aeir a bheith suite sa spás faoin díon nó ar thaobh an fhoirgnimh. Tá siad cosúil le boscaí aerchóirithe.

Tógann teaschaidéil uisce an teas ó dobharlaigh mhóra uisce nó ó aibhneacha. Is bailitheoirí 'lúibe oscailte' iad de ghnáth, .i. seoltar an t-uisce isteach agus déantar í a scaoileadh amach ansin, murab ionann agus córais 'na lúibe iata'.

10.8.1 Fuinneamh Domhain Geoitheirmeach

In 2004, chríochnaigh Grúpa Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta [staidéar](#) a choimisiúnaigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a raibh sé d'aidhm aige a fháil amach cén acmhainn a d'fhéadfadh a bheith in Éirinn maidir le fuinneamh geoitheirmeach. Is beag acmhainn atá i gCo. Chill Chainnigh maidir le fuinneamh domhain geoitheirmeach mar ba é conclúid an staidéir ná "is sa limistéar thoir thuaidh (ceantar na hUaimhe) agus sa chuid thiar thuaidh den limistéar lár tíre... in iarthar an Chláir agus in oirthear an limistéir lár tíre atá an acmhainn chruthanta is fearr maidir le hacmhainní méandoimhne agus doimhne geoitheirmeacha"¹⁶⁹.

Ceann de thorthaí an tionscail ná gur cruthaíodh sraith [léarscáileanna geoitheirmeacha](#)¹⁷⁰ d'Éirinn. Méadaíonn an teocht thíos faoin dromchla ó dheisceart go tuaisceart Chontae Chill Chainnigh. Tugann an léarscáil thíos léiriú ar an teocht gheoitheirmeach ag doimhneacht 5,000m.



¹⁶⁹ Grúpa an Phríomh-Chomhairleora Eolaíochta, [Geothermal Energy Resource Map of Ireland, Final Report; 2004; Report prepared for Sustainable Energy Ireland, 2004, Leathanach 82](#)

¹⁷⁰ Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, [Geothermal Mapping System](#)

Mar sin féin, ní dócha go mbainfear leas as fuinneamh domhain geoiteirmeach sa ghearrthearma in Éirinn. Thug Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas cead in 2011 chun an chéad ghléasra domhain geoiteirmeach in Éirinn a thógáil le haghaidh Pháirc Gnó Ghrianóige sa Chaisleán Nua.

10.8.2 Treoir um Bainistíocht Forbartha

Tá an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na trí chineál teaschaidéal agus ó fhuinneamh domhain geoiteirmeach le fáil sa Tábla thíos.

Tábla 10.7: Achoimre ar tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag teaschaidéil

Tionchar féideartha	Teaschaidéal talún	Teaschaidéal aeir	Teaschaidéal uisce
Tionchar amhairc		x	
Cúrsaí éiceolaíochta	X		X
Cúrsaí Hidreolaíochta (baol maidir le toibreacha, uiscígh agus cúrsaí uisce a éilliú)	X		X
Cúrsaí Hidreolaíochta (asbhaint & suaithheadh)			x
Trácht agus cúrsaí iompair	x		
Torann	x	x	x
Geolaíocht	X		
Seandálaíocht	x		
Oidhreacht ailtireachta		X	
Dearadh Tógála (tionchar struchtúrach)	x		x

Tógtha ó [Generating your own Energy, Heat Pumps, Welsh Assembly Government, 2011 Leathanaigh 7-11](#)

Tábla: Achoimre ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag fuinneamh Domhain Geoiteirmeach

Saincheist	Tionchar féideartha
Tionchar amhairc	Gléasra agus bonneagar cumhachta, d'fhéadfadh struchtúir a bheith timpeall ar aon tolláin freisin
Cúrsaí éiceolaíochta	Suaithheadh a dhéanamh ar ghnáthóg agus ar speicis
Cúrsaí hidreolaíochta	Baol maidir le toibreacha, uiscígh agus cúrsaí uisce a éilliú
Trácht agus cúrsaí iompair	Gluaiseachtaí feithiclí le linn oibriú an ghléasra agus freisin le linn tógála & díchoimisiúnaithe
Torann	Torann de bharr obair druileála
Geolaíocht	Tosca seismeacha a bhaineann le druileáil in aice le héisc, baol ó phócaí gáis agus ó substaintí eile thíos faoin dromchla. Baol maidir le turnamh talún.
Seandálaíocht	D'fhéadfadh ábhair seandálaíochta a bheith ann

10.8.3 Beartais um Fhuinneamh Geoiteirmeach

- *Tacú le forbairt fuinnimh gheoiteirmigh agus teaschaidéal*

10.9 Inbhuanaitheacht & Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh

Dar leis an AE, is i bhfoirgnimh a ídítear 40% den fhuinneamh iomlán a ídítear san Aontas¹⁷¹. Dá bhrí sin, dá méadófaí éifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgneamh dhéanfadh sé gaisce maidir le baint amach spriocanna na hÉireann i leith fuinnimh in-athnuaite.

10.9.1 Éifeachtúlacht fuinnimh na nÚdarás Áitiúil i gCill Chainnigh

Tá glactha ag Údarás Áitiúla Chill Chainnigh le *Straitéis Inmheánach um Athrú Aeráide* agus le *Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2010-2014* a forbraíodh i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012. Bunaíodh Coiste inmheánach um Athrú Aeráide lena gcur chun feidhme.

Tá Údarás Áitiúla Chill Chainnigh tar éis clárú chun oiliúint a fháil maidir le Léarscáil Fuinnimh agus Plean Gníomhaíochta um Bainistiú Fuinnimh atá á reáchtáil ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Bunaíodh foireann Fuinnimh faoi chlár na Léarscáile Fuinnimh ar a bhfuil daoine ó na rannóga éagsúla. Nuair a shínigh Údarás Áitiúla Chill Chainnigh an comhaontú sin thiomnaigh siad iad féin do laghdú 33% a dhéanamh ar an méid fuinnimh a ídionn siad faoin mbliain 2020. Aithnítear go gcaithfidh fostaithe ó gach cuid den eagraíocht a bheith páirteach sa bhfeachtas má tá rath le bheith ag iarrachtaí an údarás áitiúil dlúthchuid dá chultúr a dhéanamh de bhainistiú fuinnimh agus d'éifeachtúlacht fuinnimh.

Cuspóir

Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na *Straitéise um Athrú Aeráide*, tuairisc a sholáthar fúithi agus ar straitéis nua agus plean gníomhaíochta nua a fhorbairt ina dhiaidh sin a bheidh ag teacht le beartais náisiúnta.

10.9.2 Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh

Bhí réimse forálacha i dTreoir 2002 an [AE maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh](#) (EPBD)¹⁷² a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe, idir nua agus cinn a bhí ann cheana féin. Trasuíodh an Treoir i ndlí na hÉireann mar na Rialacháin um Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ([I.R. Uimh. 666 de 2006](#)).

Caithfear an EPBD sin i dtraipisí in 2013 agus glacfar le [EPBD athmhúnlaithé](#)¹⁷³. Faoin Treoir athmhúnlaithé sin, caithfidh na Ballstáit na ceanglais íosta feidhmíochta fuinnimh a leagadh síos d'fhoirgnimh nua agus do chinn atá ann cheana féin agus iad a chur i bhfeidhm, a chinntiú go dtabharfar deimhniú faoi feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus a cheangal go ndéanfar iniúchadh rialta ar coirí agus ar chórais aerchóirithe i bhfoirgnimh. Lena chois sin, éilíonn an Treoir ar na ballstáit a chinntiú faoi 2021 go mbeidh gach foirgneamh nua a thógfar ina 'fhoirgneamh nach mór

¹⁷¹ [Treoir 2002/91/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh](#)

¹⁷²

[Treoir 2002/91/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh](#)

¹⁷³ [Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh \(athmhúnlaithé\)](#)

neodrach ó thaobh fuinnimh' mar a thugtar orthu, agus a chinntiú faoi 2019 go mbeidh na foirgnimh nua go léir a bheidh á n-áitiú agus a bheidh faoi úinéireacht údarás poiblí ina 'bhfoirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh'. (Ciallaíonn 'foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh' foirgneamh a bhfuil feidhmíocht an-ard fuinnimh aige. Ba cheart fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe, a úsáid chun an méid beag fuinnimh sin a shásamh.

Cuireann na Rialacháin um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ([I.R. Uimh. 666 de 2006](#)) creat reachtúil ar fáil in Éirinn faoi láthair.

10.9.2.1 Córais Mhalartacha Fuinneamh d'Fhoirgnimh Mhóra

I gcás foirgneamh mór os cionn 1,000m², éilíonn [I.R. Uimh. 666 de 2006](#) go dtabharfar aird chuí ar chúrsaí teicniúla agus go bhféachfar an mbeadh sé indéanta ó thaobh costais de córais mhalartacha fuinnimh a shuiteáil i bhfoirgneamh atá beartaithe, agus go gcuirfear úsáid a leithéid de chórais san áireamh, a mhéid is indéanta, i ndearadh an fhoirgnimh sin.

Cuirfidh uirlis bhogearraí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an mhodheolaíocht is fearr ar fáil chun measúnú a dhéanamh le fáil amach an bhféadfaí córais mhalartacha fuinnimh den sórt sin a úsáid nó modheolaíocht inghlactha eile faoi mar a shainmhínítear in ([I.R. Uimh. 666 de 2006](#)).

Beidh feidhm aige sin le gach iarratas ar chead pleanála le haghaidh scéimeanna tithíochta ina mbeidh deich n-aonad nó níos mó iontu.

10.9.2.2 Nós Imeachta um Measúnú Fuinnimh Áitribh

Is é an Nós Imeachta um Measúnú Fuinnimh Áitribh (DEAP) nós imeachta oifigiúil na hÉireann chun feidhmíocht fuinnimh áitreabh a ríomh agus a mheas. Ba é Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a d'fhoilsigh é agus cuireann an nós imeachta sin san áireamh an fuinneamh atá riachtanach chun an spás a théamh agus lena aerú, chun uisce a théamh agus soilsiú a sholáthar, lúide coigiltis ó theicneolaíochtaí giniúna fuinnimh. Ríomhann sé ráta astaíochtaí CO₂ agus an ráta ídithe fuinnimh in aghaidh na bliana. Uirlis úsáideach is ea é ag dhearthóirí nuair a bhíonn siad ag breithniú roghanna éagsúla chun fuinneamh a chaomhnú agus astaíochtaí CO₂ a laghdú agus iad a gcur i gcomparáid lena chéile. Má dhéantar na cinntí cearta maidir le déanamh foirgnimh, an leagan amach cónaithe, na leibhéil inslithe, méid agus treo na bhfuinneog, úsáid fuinnimh gréine, córas teasa agus cineál breosla, leas a bhaint as forsheomraí nó póirsí chun séideáin a chosc, na hábhair chearta thógála agus bearta chun uisce inólta a chaomhnú, d'fhéadfadh siad sin cuidiú go mór le hinbhuanaitheacht an fhoirgnimh. Ina theannta sin spárálfar costais sa bhfadtarma agus beidh leibhéal compoird níos airde acu siúd a bheidh a cur fúthu san áitreabh sin nó sna háitribh sin.

Úsáidtear an Nós Imeachta um Measúnú Fuinnimh Áitribh (DEAP) freisin chun Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) áitribh a ríomh. Is éard is BER ann ná lipéad ar a dtugtar feidhmíocht fuinnimh an áitribh. Léirítear mar úsáid fuinnimh phríomhúil in aghaidh aonaid achair urláir in aghaidh na bliana (kWh/m²/in aghaidh na bliana) agus léirítear é mar Rátáil Fuinnimh (A1, A2, A3, B1, B2, B3, srl.) don áitreabh. Tá Táscaire Astuithe Dé-ocsaíde Charbóin (CO₂) air freisin (kgCO₂/m²/in aghaidh na bliana) a bhaineann leis an méid fuinnimh a úsáidtear mar aon le tuarascáil chomhairleach.

Is féidir treoir agus cúnamh faoi na cúrsaí sin agus faoi chúrsaí eile a bhaineann le húsáid inbhuanaithe fuinnimh á fáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus ó Ghníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach agus Chill Chainnigh.

10.9.3 Dearadh foirgnimh

Tá treoir le fáil sa [Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach](#)¹⁷⁴ faoi conas is féidir ceisteanna fuinnimh a bheith ina ndlúthchuid de gach céim den phróiseas dearaidh.

Leagtar amach sna Rialacháin Foirgníochta, Cuid L - Caomhnú Breosla agus Fuinneamh - na ceanglais maidir le hárais chónaithe.¹⁷⁵ agus foirgnimh eile seachas árais chónaithe¹⁷⁶. D'fhonn a áirithiú go gcuirfead na Rialacháin Foirgníochta san áireamh go hiomlán i ndearadh aon áitribh atá beartaithe, beidh sé de cheangal i gcás gach iarratais pleanála go gcuirfead teastas sealadach BER ar fáil leis á rá go bhfuil an áitreabh atá beartaithe i gcomhréir leis an leagan reatha den Technical Guidance Document L - Conservation of Fuel and Energy.

10.9.3.1 Tithe Éighníomhacha

Is ionann teach éighníomhach agus foirgneamh atá tíosach ar fhuinneamh agus a chuireann chompond ar fáil ar feadh na bliana agus dálaí maithe timpeallachta istigh gan leas a bhaint as téamh gníomhach spáis ná as córais fuaraithe. Is éard is Caighdeán Passivhaus ná caighdeán tógála a d'fhorbair an Institut Passivhaus sa Ghearmáin (<http://www.passiv.de/en/index.php>). Is féidir an Caighdeán a shásamh ag baint úsáide as réimse straitéisí dearaidh, modhanna tógála agus teicneolaíochtaí agus is féidir é a chur i bhfeidhm i gcás gach cineál foirgnimh.

10.9.4 Beartais um Fheidhmíocht Fuinnimh Fhoirgneamh

- Daoine a spreagadh chun chaighdeán arda ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh a bheith i ngach forbairt tógála agus forbróirí, úinéirí agus tionontáí a spreagadh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil na bhfoirgneamh, lena n-áirítear leas a bhaint as fuinnimh in-athnuaite.
- A éileamh go mbeidh deimhniú sealadach BER mar chuid d'aon iarratas pleanála agus a léireoidh conas a chloífidh an togra le Cuid L de na Rialacháin Foirgníochta
- A éileamh i gcás iarratas pleanála le haghaidh foirgneamh mór faoi mar a shainmhínítear foirgnimh mhóra sna Rialacháin um Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh gur tugadh aird chuí

¹⁷⁴ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, [Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach, treoir um deachleachtas](#) 2009

¹⁷⁵ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Rialacháin Foirgníochta 2011 Doiciméad Treorach Teicniúil L Caomhnú Breosla agus Fuinnimh – Árais Chónaithe](#)

¹⁷⁶ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Rialacháin Foirgníochta 2008 Doiciméad Treorach Teicniúil L Caomhnú Breosla agus Fuinnimh – Foirgnimh eile Seachas Árais Chónaithe](#)

le féachaint an mbeadh sé indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla, cúrsaí comhshaoil agus cúrsaí costais de chórais mhalartacha fuinnimh a shuiteáil sa bhfoirgneamh atá beartaithe, agus ar cuireadh úsáid a leithéid de chórais san áireamh, a mhéid is indéanta, i ndearadh an fhoirgnimh sin. Beidh feidhm aige sin le gach iarratas le haghaidh scéimeanna tithíochta ina mbeidh deich n-aonad nó níos mó iontu.

11 Cúrsaí Iompair

Is é aidhm straitéiseach an Phlean seo comhordú a dhéanamh ar phleanáil iompair agus úsáide talún, laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar thaisteal agus ar spleáchas ar an gcarr príobháideach agus iompar poiblí, rothaíocht agus siúl a chur chun cinn.

11.1 Iompar Inbhuanaithe/ Taisteal Níos Cliste

In 2009 d'fhoilsigh an Rialtas [Taisteal níos Cliste - Tochcháí An Iompair Inbhuanaithe - Polasaí Iompair Nua d'Éirinn 2009-2020](#)¹⁷⁷. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá ann:

- 1) Taisteal níos cliste a spreagadh, .i. an t-éileamh foriomlán ar thaisteal a laghdú,
- 2) Éifeachtúlacht an ghréasáin iompair a uasmhéadú,
- 3) Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus astuithe iompair a laghdú sa chaoi sin, agus
- 4) Feabhas a chur ar an rochtain atá ag daoine ar iompar

Beidh an Chomhairle ag siúl le rothaíocht, iompar poiblí agus foirmeacha níos inbhuanaithe iompair a chur chun cinn mar mhalairt ar an ngluaisteán príobháideach, mar aon le forbairt an bhonneagair chuí agus cur chun cinn na dtionscnamh atá i [Taisteal níos Cliste, Todhcháí an Iompair Inbhuanaithe 2009 – 2020](#).

11.1.1 Rothaíocht agus Siúl

I gcomhréir le Taisteal Níos Cliste, cuirfidh an Plean rothaíocht agus siúl chun cinn mar fhoirmeacha iompair atá éifeachtach, tapa agus réasúnta saor i gcomparáid le foirmeacha eile. Is féidir forbairtí cónaithe a dhearadh agus a shuí sa chaoi go laghdófar go mór an gá a bheidh le taisteal i gcarr agus go spreagfar daoine le dul ag siúl agus ag rothaíocht. Má chuirtear gréasán cosán agus rotharbhealaí sábháilte, dea-shoilsithe, áisiúla ar fáil laistigh de limistéir chónaithe nua agus má bhíonn naisc acu le scoileanna, ionaid chomharsanachta áitiúla, stadanna iompair phoiblí agus ionaid oibre, spreagfaidh siad sin daoine le dul ag siúl agus ag rothaíocht.

Is féidir le tionscnaimh éagsúla cur leis an méid siúil agus rothaíochta a dhéantar. Sampla de sin is ea an Bus Siúil. Is éard atá sa Bhus sin ná daoine fásta a shiúllann le grúpaí daltaí ar bealaí atá leagtha amach acu chun na scoile agus ar ais arís, agus ar féidir le leanaí dul ar an mbus siúil ag pointí éagsúla ar feadh an bhealaigh. Spreagann an clár sin páistí le dul ag siúl, agus taithí a fháil ar an modh taistil sin.

¹⁷⁷ An Roinn Iompair, [Taisteal níos Cliste - Tochcháí An Iompair Inbhuanaithe - Polasaí Iompair Nua d'Éirinn 2009-2020](#), 2009

Foilsíodh [Creat Polasaí Rothaíochta Náisiúnta](#)¹⁷⁸ in 2009. Leagadh amach ann sraith idirghabhálacha agus ionstraimí chun casadh droim ar ais a dhéanamh ar an titim i líon na ndaoine atá ag rothaíocht. Tá bearta phleanála agus bhonneagair sa Chreat sin. Moladh ordlathas bearta sa chur chuige ar glacadh leis, lena n-áirítear:

- laghdú a dhéanamh ar an trácht ag bhíonn ag taisteal trí lár cathracha agus bailte go háirithe gar do scoileanna agus do choláistí go mór mór feithiclí troma earraí;
- ceansú tráchta / luasanna ísle tráchta a chur i bhfeidhm i gceantair uirbeacha;
- a chinntiú go bhfuil na hacomhail sábháilte do rothaithe agus deireadh a chur leis córais sráide aontreo il-lána ar dheacair do rothaithe iad a úsáid.

Áirítear ar na hidirghabhálacha eile:

- Díreofar go tréan ar na scoileanna sa Chreat Polasaí Rothaíochta Náisiúnta.
- Tabharfar tacaíocht do sholáthar líonraí tiomnaithe rothaíochta tuaithe a mbeidh comharthaí ag dul leo a bheidh bunaithe ar straitéis Fáilte Ireland [Straitéis d'Fhorbairt na Turasóireachta Rothaíochta in Éirinn](#)¹⁷⁹. Freastalóidh an Straitéis sin ar rothaithe áineasa chomh maith le cuairteoirí.
- A chinntiú go bhfuil na dromchlaí uile a úsáideann rothaithe cothabháilte go maith agus soilsithe go maith.
- Cinntiú go bhfuil caighdeán ard comharthaíochta ar gach líonra rothaíochta - idir uirbeach agus thuaithe.
- Tacú le páirceáil shlán rothaíochta a sholáthar ag gach ceann scríbe atá tábhachtach don rothaí.

11.1.1.1 Cuspóir Rothaíochta

Cuirfidh an Chomhairle i bhfeidhm na forálacha atá sa [Creat Polasaí Rothaíochta Náisiúnta](#) nuair is indéanta.

11.1.1.2 Treoir um Bainistíocht Forbartha

A éileamh maidir le hiarratais phleanála go léireofaí go bhféadfadh coisithe agus rothaithe na tograí a rochtain. I gcás iarratas phleanála d'fhorbairtí cónaithe nó tráchtála nó ilchineálacha ní mór:

- Leagan amach agus dearadh mionsonraithe a sholáthar a léireoidh an tábhacht a bhaineann le siúl agus le rothaíocht trí rochtain dhíreach, shábháilte a sholáthar ar sheirbhísí áitiúla agus ar nóid iompair phoiblí.
- A léiriú conas a bheidh siúl agus rothaíocht ina ndlúthchuid de soláthar spáis oscailte.

¹⁷⁸ An Roinn Iompair [An Chéad Chreat Pholasaí Rothaíochta Náisiúnta na hÉireann](#), 2009

¹⁷⁹ Fáilte Éireann, [Straitéis d'Fhorbairt na Turasóireachta Rothaíochta in Éirinn, Turasacáil faoi Conclúidí, Achoimre Feidhmeach Nua](#), 2007

- iii. A léiriú go bhféadfaidh coisithe agus rothaithe an togra a rochtain go héasca agus go bhféadfaidh siad gluaiseacht tríd go réidh.
- iv. Bealaí ardchaighdeáin inmheánacha a thaispeáint atá slán sábháilte agus áisiúil d'úsáideoirí.
- v. A cheangal go gcuirfear saoráidí slána, clúdaithe, leordhóthanacha ar fáil chun rothair a pháirceáil in áiteanna áisiúla in aice le bealaí isteach i bhfoirgnimh d'fhonn rothaíocht a spreagadh. Léirítear i dTábla 11.1 thíos líon na spásanna páirceála rothar a bheidh ag teastáil.
- vi. A cheangal go gcuirfear réimse iomlán áiseanna ar fáil do rothaithe agus do choisithe, mar cithfholcadáin agus locair i bhforbairtí miondíola nó fostaíochta nua inar gá níos mó ná 5 spás páirceála rothar a sholáthar.

Tábla 11.1: Riachtanas maidir le páirceáil rothar

Úsáid Talún	Riachtanas maidir le páirceáil rothar
Cónaithe	
Árasán, Teach cathrach nó baile mhóir	1 spás in aghaidh an aonaid
Cóiríocht do Mhic Léinn/Scoileanna, coláistí nó ionaid oiliúna chónaithe	1 spás in aghaidh an tseomra leapa agus 1 spás cuairteora in aghaidh gach 5 spás leapa
Tithe Aíochta agus Óstáin	1 spás in aghaidh 10 sheomra leapa agus 1 spás do gach 5 ball foirne
Tithe Altranais	1 spás do gach 10 cónaitheoirí agus 1 spás do gach 5 ball foirne
Tithe Scoir / Scáthchóiríocht	1 spás do gach 6 cónaitheoirí agus 1 spás do gach 5 ball foirne
Óstáin	1 spás in aghaidh gach 5 leaba
Ospidéal	Faoi mar a chinneadh an tÚdarás Pleanála
Miondíol	
Áise	1 spás in aghaidh gach 150m ² d'oll-achar urláir
Ionad Siopadóireachta	1 spás in aghaidh gach 300m ² d'oll-achar urláir
Miondíol seachas bia	1 spás in aghaidh gach 300m ² d'oll-achar urláir
Trádstóras Miondíola	1 spás in aghaidh gach 250m ² d'oll-achar urláir
Oifigí Miondíola	1 spás in aghaidh gach 200m ² d'oll-achar urláir
Bia agus Deoch	1 spás in aghaidh gach 50m ² d'achar bia/óil
Fostaíocht	
Oifigí Ginearálta	1 spás in aghaidh gach 50m ² d'oll-achar urláir
Tionscal Éadrom, Gnó agus Teicneolaíocht	1 spás in aghaidh gach 100m ² d'oll-achar urláir
Trádstórais agus Dáileadh	1 spás in aghaidh gach 200m ² d'oll-achar urláir
Seirbhísí Airgeadais agus Gairmiúla	1 spás in aghaidh gach 50m ² d'oll-achar urláir
Úsáidí Cultúir, Fóillíochta agus Spóirt	
Pictiúrlann / Amharclann	1 spás do gach 5 ball foirne agus 1 spás in aghaidh gach 30 shuíochán

Iarsmalanna, Ionaid Taispeántais	1 spás do gach 5 ball foirne. Spásanna do chuairteoirí faoi mar a chinnfidh an tÚdarás Pleanála
Ionad Spóirt/Folláine lena n-áirítear Linnte Snámha	1 spás do gach 50m2 d'oll-achar urláir nó 1 spás do gach 30m2 d'achar snámha agus 1 spás in aghaidh gach 30 suíochán don lucht féachana
Institiúidí Neamh-Cónaithe	
Ionad Adhartha, hallaí poiblí agus ionaid phobail	1 spás do gach 20 duine
Bunscoileanna	Spásanna rothar do 20% de na daltaí agus 1 spás rothair do gach 5 ball foirne.
Iar-bhunscoileanna	Spásanna rothar do 33% de na daltaí agus 1 spás rothair do gach 5 ball foirne.
Breisoideachas agus Ardoideachas	1 spás do gach 5 ball foirne agus 1 spás do gach 4 macléinn
Crècheanna	1 spás do gach 5 ball foirne agus 1 spás do gach 20 leanbh
Clinicí/Lialanna	1 spás do gach 5 ball foirne agus 0.5 spás in aghaidh gach seomra comhairliúcháin

Maidir le haon úsáid nach bhfuil sonraithe thuas, déanfaidh an Chomhairle a chinneadh maidir le riachtanais páirceála rothar, ag féachaint don méid daoine a bheidh ag tarraingt ar an bhforbairt. Sa chás go mbeidh rudaí éagsúla ar siúl laistigh d'fhorbairt amháin, agus gur féidir leis an iarratasóir a léiriú go mbeidh spásanna páirceála a n-úsáid i rith an lae ag roinnt úsáideoirí éagsúla, féadfaidh an Chomhairle é sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aici ar líon na spásanna a bheidh ag teastáil.

Tríd is tríd, ba cheart go mbeadh saoráidí páirceála rothar laistigh de 25m ón gceann scríbe i gcás páirceála gearrthearmaí (siopaí) agus 50m i gcás páirceála fadtearmaí (oifigí, scoileanna srl). Ba cheart go mbeadh seastáin rothair cosanta ón aimsir, go háirithe i gcás seastán fadtéarmach (níos faide ná 3 uair an chloig).

11.2 Pleananna Taistil don Ionad Oibre

D'fhéadfaí a iarraidh i gcás forbairtí a d'fhéadfadh a lán daoine a bheith ag taisteal chucu go gceapfaí Pleananna Taistil don Ionad Oibre (ar a dtugtar Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta freisin) agus go gcuirfí i bhfeidhm iad. Is bealach iad Pleananna Taistil don Ionad Oibre trínar féidir le forbairtí riachtanais soghluaisteachta a n-úsáideoirí a bhainistiú agus iarracht a dhéanamh nach mbeidh siad ag braith chomh mór sin ar charranna.

Áirítear iad seo a leanas ar na forbairtí a bhféadfadh Pleananna Taistil don Ionad Oibre a chur i bhfeidhm:

- Oifig

- Tionscal oifigbhunaithe
- Tionscal eile
- Miondíol (Stórais mhóra aon-uaire agus forbairtí móra lár baile nó ceantair)
- Trádstórais mhiondíola
- Trádstórais agus dáileadh
- Ionaid oideachais

Féadfaidh Plean Taistil don Ionad Oibre a bheith i bhfoirm doiciméid a fhoilsítear go foirmiúil agus ina leagtar amach bearta agus spriocanna. Nó d'fhéadfadh sé fás de réir a chéile faoi mar a chuirtear tionscnaimh éagsúla i bhfeidhm ar bhonn píolótach.

Treoir um Bainistíocht Forbartha

Pleananna Taistil don Ionad Oibre a éileamh i gcás forbairtí a mbeidh a lán daoine ag taisteal chucu agus le haghaidh forbairtí i lár bailte nuair nach féidir páirceáil a chur ar fáil ar an láthair de réir na gcaighdeán páirceála atá leagtha amach sa phlean seo.

11.3 Iompar Poiblí

Tá forbairt an iompair poiblí ríthábhachtach má tá patrúin taistil níos inbhuanaithe le cur ar fáil agus chun nach mbeidh daoine agus braith chomh mór sin ar charranna. Ní chuireann an t-údarás áitiúil aon tseirbhís iompair poiblí ar fáil ach is féidir leo oibreacha bonneagair a dhéanamh chun éascú a dhéanamh uirthi.

Comhoibreoidh an Chomhairle leis na gníomhaireachtaí éagsúla poiblí agus príobháideacha atá freagrach as seirbhísí iompair sa Chontae maidir le soláthar seirbhísí nua agus bonneagar tacaíochta.

11.3.1 Iarnród

Tá dhá líne iarnróid do phaisinéirí in úsáid sa chontae. Tá craobhlíne ó Chathair Chill Chainnigh nasctha ag Baile Lobhaoise leis an bpríomhlíne do phaisinéirí idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge. Ritheann an líne phaisinéirí ó Phort Láirge go Luimneach trí dheisceart an chontae, ag freastal ar stáisiúin Phort Láirge agus Charraig na Siúire. Tá seirbhís iarnróid ag freastal ar Chalafort Belview agus á nascadh le líne Phort Láirge, rud a éascaíonn iompar lastaí.

Sna [Treoirlínte Pleanála don Réigiún](#)¹⁸⁰ tá feabhsuithe iarnróid do Réigiún an Oirdheiscirt leagtha amach in ord tosaíochta. San áireamh ann tá éileamh go gcuirfear seirbhísí ar fáil níos minice agus go bhféadfar taisteal níos tapúla idir Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Baile Átha Cliath. Moladh freisin go gcuirfear feabhas ar an líne ó Ros Láir go Port Láirge agus ar aghaidh go hAcomhal Luimnigh (cé nach bhfuil deireadh leis an tseirbhís idir Ros Láir agus Phort Láirge ó

¹⁸⁰ Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt [Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Oirdheiscirt](#), 2010 lch 88.

2010). Tacaíonn an Chomhairle leis an éileamh go gcuirfear seirbhísí ar fáil níos minice agus go mbeifear in ann taisteal níos tapúla idir Cill Chainnigh, Port Láirge agus Baile Átha Cliath.

Lastaí Iarnróid

D'fhéadfaí i bhfad níos mó lastaí a iompar ar an ngréasán iarnróid agus d'fhéadfaí seirbhís a sholáthar ar bhealach níos nuálaí. Aithníodh sna [Treoirlínte Pleanála don Réigiún](#) dá gcuirfí iostaí lastais iarnróid ar fáil ag Belview agus ag Baile Mhadóg (ar an taobh thoir de chathair Chill Chainnigh) go gcuideodh sé sin le forbairt gnólachtaí loighistice ag na hionaid sin agus go gcabhródh sé chun cuid den trácht trom tráchtála a atreorú ó líonra na mbóithre poiblí. Tá buntáistí ollmhóra comhshaoil ag baint le lastaí a iompair ar an iarnród agus dá mbeadh seirbhísí lastais á reáchtáil mar ba cheart d'fhéadfadh siad cabhrú go mór le forbairt tionscal sa réigiún, go háirithe ag Belview. Tacófar le leas a bhaint as an líonra iarnróid le haghaidh seirbhísí lastais trí bhearta oiriúnacha maidir le húsáid talún.

Tá dhá líne iarnróid nach bhfuil in úsáid sa chontae; an líne ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin agus an líne ó Chill Chainnigh go Béal Átha Ragad / Áth Tanaí, a bhfuil chraobhlíne ag síneadh uaidh go Caisleán an Chomair. Tá staidéar ar siúl le féachaint an bhféadfaí bealach siúil agus conláiste a fhorbairt ar feadh líne Bhéal Átha Ragad (Féach alt 7.2.2 Caitheamh Aimsire). Déanfar rian na líne iarnróid ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin a chaomhnú le go bhféadfar í a athoscailt amach anseo mar bhealach siúil nó rothaíochta.

11.3.1.1 Cuspóir maidir leis an Iarnród

An líne iarnróid ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin a chosaint agus a choinneáil saor ó fhorbairtí.

11.3.2 Bus

I limistéir ina bhfuil daonra beag nó daonra measartha beag, is é córas bunanna an córas iompair phoiblí is solúbtha chun seirbhísí a sholáthar i gceantair uirbeacha agus idir ceantair uirbeacha agus lena chois sin ní thógann sé a lán ama chun seirbhísí a chur ar fáil agus bíonn costas réasúnta íseal ag baint leo. Cuireann Bus Éireann agus roinnt oibreoirí príobháideacha seirbhísí ar fáil ar fud Chontae Chill Chainnigh.

Cuireann comhlacht bus Kenneally seirbhís rialta ar fáil i gcathair Phort Láirge agus bíonn siad ag freastal ar an gceantar ó thuaidh den droichead, lena n-áirítear Port an Chalaigh agus Sliabh Rua.

Moladh san *Waterford Planning, Land Use and Transportation Study*¹⁸¹ (PLUTS) go gcruthófaí bealach bus (Glas) trasna na cathrach a nascfadh Belview agus na Céanna Thuaidh le Lár na Cathrach agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Tá sé de chuspóir ag Dréachtphlean

¹⁸¹ Waterford PLUTS, 2004

Forbartha Chathair Phort Láirge (2012) bailchríoch a chur ar chur i bhfeidhm gach céim atá fágtha den na Bealaí Glasa le linn saolré an phlean Forbartha nua (2013-2019).

I gcomhar leis sin, mhol PLUTS go mbeadh áis Páirceála agus Taistil ar an taobh thuaidh de chathair Phort Láirge. Tá sé de chuspóir ag Dréachtphlean Forbartha Chathair Phort Láirge (2012) go ndéanfar staidéar mionsonraithe, i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla chomharsanachta, chun an suíomh is fearr a aithint i gcomhair na háise Páirceála agus Taistil ar an R711 (Bóthar Belmount).

Comhoibreoidh Comhairle Contae Chill Chainnigh chun córas iompair ard-chaighdeáin phoiblí bhus a fhorbairt i gCathair Phort Láirge & ina Purláin agus chun an áit is fearr a fháil don áis Páirceála agus Taistil.

11.3.2.1 Cuspóirí Bus

Soláthar scáthlán bus a éascú de réir mar is cuí.

Éascú a dhéanamh ar áiteanna páirceála a chur ar fáil do bhusanna turasóireachta i mbailte agus i sráidbhailte agus in áiteanna ar díol spéise iad do thurasóirí.

11.3.2.2 Tionscnamh Iompair Tuaithe Ring a Link

Sa bhliain 2002 thosaigh cuideachta iompair phobail, ar a dtugtar Ring a Link, oibríochtaí i gcontaetha Cheatharlach, Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann Theas, agus iad ag tairiscint seirbhísí nuálaíocha solúbtha iompair ag baint úsáide as córas 'Freagra ar Éileamh Iompair'. Tá an córas sin bunaithe ar an tuairim nach mbeidh clár socraithe faoi na háiteanna a rachaidh na busanna ach go dtairgfear bealaí agus seirbhísí solúbtha a bheidh oiriúnach don cheantar agus do na custaiméirí a bhfuiltear ag súil le bheith ag freastal orthu. Baineadh triall as ar bhonn píolótach ar dtús agus ansin rinneadh córas buan de in 2006. Cuireann an Rialtas láir maoiniú ar fáil dó agus riartar é go háitiúil. (Féach cuid 6.4)

11.4 Calafóirt & Aibhneacha

Tugtar le fios sna [Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha](#) go bhfuil tábhacht straitéiseach ag calafóirt Belview, Ros Mhic Thriúin agus Ros Láir don réigiún.

Is é calafort Ros Mhic Thriúin an t-aon calafort intíre in Éirinn agus é suite ar Abhainn na Bearú 32 ciliméadar ón bhfarraige. Is in Insí an Mhéirse, ar thaobh thoir na Bearú i gCo. Loch Garman atá ceanncheathrú Chuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin. Tá clós Loingseoireachta Stafford i Ros Bearrcon i gCo. Chill Chainnigh.

11.4.1.1 Calafort Belview

Forbraíodh calafort Belview in 1992 agus thug an fás a tháinig air ó shin spreagadh suntasach d'fhorbairt eacnamaíoch sa chontae. Tá Belview suite ar Abhainn na Siúire thart ar 10 míle in aghaidh srutha ón bhfarraige mhór, taobh le mótarbhealach an M9 idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge. Cuireadh bailchríoch ar Phlean Gníomhaíochta do Limistéar Belview in 2002, a raibh sé d'aidhm aige forbairt tairsí agus forbairt tionsclaíoch a chur chun cinn mar chuid de chreat pleanála a chosain acmhainní áitiúla comhshaoil. D'fhonn an Plean a thabhairt cothrom le dáta, ceapadh Plean Ceantair Áitiúil (PCÁ) do limistéar Phort an Chalaigh agus Bellview in 2009¹⁸².

Nuair a bhí an Phlean Forbartha deireanach i bhfeidhm rinne an Chomhairle, an GBT agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil infheistiú suntasach chun seirbhísí uisce ag Belview a fheabhsú. De thoradh na bhfeabhsúchán a rinneadh ar Scéim Straitéiseach Soláthair Uisce Belview agus ó tógadh Gléasra Cóireála Fuíolluisce sna Goirtíní, is féidir freastal anois ar méadú mór i bhfiontair oiriúnacha fostaíochta ag an gcalafort, faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Ceantair Áitiúil.

Téann an t-iarród ó Luimneach go Ros Láir trí Belview. Soláthraíonn an bóthar N29 rochtain dhíreach ó Belview ar an bPríomhbhóthar Náisiúnta, N25 (An Euro-Bhealach E30).

Aithníodh sna [Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha](#) go bhféadfaí páirc tionscail a fhorbairt ag Belview a mbeadh tábhacht réigiúnach agus náisiúnta ag baint léi agus gur cheart leas a bhaint as trína fhorbairt mar shuíomh suaitheanta i gcomhair tionscnamh forbartha tionsclaíoch réigiúnach. Tá Suíomh Straitéiseach Belview oiriúnach do thionscadail mhórscála agus is le GFT Éireann é¹⁸³.

Éascóidh an Chomhairle forbairt tairsí agus tionscail agus gníomhaíochtaí dáileacháin gaolmhara agus cuirfidh chun cinn iad.

11.4.1.2 Cuspóirí Chalafort Belview

Na seirbhísí teileachumarsáide a leathnú agus a fheabhsú de réir mar is gá ag Belview, go háirithe an córas leathanbhanda.

Síneadh na píblíne gáis go Belview a éascú.

11.5 Aerfoirt

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le haerthaisteal chun tarraingteacht an chontae a fheabhsú maidir le forbairt thionsclaíochta, thráchtála agus thurasóireachta. Is é Aerfort Réigiúnach an Oirdheiscirt, atá suite gar do Bhá na Trá Móire agus tamall ó dheas ó lár Chathair Phort Láirge an t-aerfort is gaire do Chill Chainnigh.

¹⁸² Comhairle Contae Chill Chainnigh, [Plean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaigh agus Belview](#), 2009

¹⁸³ <http://www.idaireland.com/connect-and-invest/waterford/>

11.5.1 Aerpháirc Chill Chainnigh

Tá aerpháirc faoi úinéireacht phríobháideach ach ar féidir leis an bpobal í a úsáid suite trí mhíle siar ó Chathair Chill Chainnigh. Úsáidtear í go príomha ar mhaithe le cúrsaí fóillíochta ach d'fheadfaí í a fhorbairt.

Tacóidh an Chomhairle le forbairt leanúnach áiseanna aerfoirt ag aeradróm Chill Chainnigh agus éascóidh sí forbairt an aeradróim amach anseo trí conairí aeir a chur in áirithe de réir mar is gá.

11.6 Dearadh Uilíoch

Ní mór dearadh sráideanna a bheith uilechuimsitheach agus foráil a dhéanamh do gach duine, beag beann ar aois, méid, míchumas nó cumas. Ba cheart sráideanna agus cosáin a dhearadh de réir na bprionsabal a ghabhann le Dearadh Uilechoiteann, faoi mar atá leagtha amach i *Building for Everyone: A Universal Design Approach, External Environment and Approach*¹⁸⁴. Déanfaidh an Chomhairle deimhin de chomh fada agus is féidir gur féidir leis an réimse is leithne úsáideoirí ceantair a rochtain, bunaithe ar na prionsabail atá i Universal Design. (Féach cuid 12.3)

11.7 Gréasán Bóithre

11.7.1 A bhfuil Bainte Amach

Osclaíodh dhá mótarbhealach, an M8 agus an M9 ó críochnaíodh an Plean Forbartha deireanach sa chaoi gur fusa go mór an contae a rochtain anois. Cuireadh bailchríoch freisin ar an gcuid sin den N25 atá i ndeisceart an chontae agus osclaíodh an dara droichead thar Abhainn na Siúire sa chaoi go bhfuil sé mar sheachchonair timpeall Phort Láirge.

11.7.2 An Gréasán Bóithre Náisiúnta

Cinntíonn an líonra bóithre náisiúnta gur féidir le trácht achar fada gluaiseacht go sábháilte agus go héifeachtach. Cuireann an líonra naisc straitéiseacha ar fáil do bhailte an chontae agus i réigiún an Oirdheiscirt ina iomláine. D'fhonn an infheistíocht sna bóithre sin a chosaint agus a bpríomhfheidhm a choimeád ar bun, beidh sé riachtanach srian daingean a chur le rochtain ar an líonra agus le hacomhail a chur leis.

Is iad seo a leanas na 8 bóthar náisiúnta atá sa chontae:

¹⁸⁴ Lárionad um Fhoirfeacht i nDearadh Uilíoch, *Building for Everyone: A Universal Design Approach, External Environment and Approach*

Ainm Bóthair	Aicme	Cur Síos
N9	Príomhúil	Idir an timpeallán M9/N24 agus an acomhal leis an N25 ag an nGreanach
N10	Príomhúil	Cill Chainnigh go Dún Feart (acomhal an M9)
N24	Príomhúil	Carraig na Siúire - an Ghrannach
N25	Príomhúil	Corcaigh - Ros Láir
N29	Príomhúil	Bóthar rochtana Belview
N76	Tánaisteach	Cill Chainnigh - Cluain Meala
N77	Tánaisteach	Cill Chainnigh - Port Laoise
N78	Tánaisteach	Cill Chainnigh - Caisleán an Chomair - Cill Dara

11.7.3 Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta

Tá beartas náisiúnta i ndáil le rochtain ar bhóithre náisiúnta leagtha amach sna [Treoirlínte um Phleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta](#)¹⁸⁵ agus leantar é anseo. Tá sé ráite sna [Treoirlínte](#) *“Is é polasaí an Údaráis Pleanála féachaint chuige nach gcruthófar aon phointe rochtana breise ó fhorbairt nua nó giniúint tráchta méadaithe ó rochtain atá ann cheana féin ar bhóithre náisiúnta ar a bhfuil luasteorainneacha níos mó ná 60kmh i bhfeidhm. Baineann an fhoráil seo le gach catagóir forbartha, lena n-áirítear tithe aonair i gceantair thuaithe, beag beann ar na cúinsí tithíochta an iarratasóra.”*¹⁸⁶

Tá sé ar intinn ag an Údarás Pleanála beartas a fhorbairt agus comhaontú a dhéanamh i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta faoi dhá shuíomh a bhfuil rochtain orthu ó na bóithre náisiúnta; Glanbia ag Béal Átha Conrátha, Béal Átha Ragad agus timpeallán Ráth an Leigéadaigh ar an N10.

Cuspóir: Chun beartas a phleanáil ar bhealach cuí, a fhorbairt agus a aontú leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta chun rochtain a sholáthar ar Glanbia agus ag timpeallán Ráth an Leigéadaigh.

11.7.3.1 N29 Port Belview

Rinneadh forbairt ar bhealach Náisiúnta an N29 le freastal ar cheantar Chalafort Belview. Tá teorainn luais 100 km/u i feidhm ar feadh an bhealaigh seo faoi láthair. Forálann Cuid 2.6 de na [Treoirlínte um Phleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta](#) d’imthosca eisceachtúla ina bhféadfaidh údaráis phleanála stráicí de bhóithre náisiúnta a aithint inar féidir cur chuige nach bhfuil chomh sriantach a chur i bhfeidhm. Féadfar cur mar sin nach bhfuil chomh sriantach a ghlacadh i gcás forbairtí a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta agus réigiúnach ag baint leo,

¹⁸⁵ An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta - Treoirlínte d’Údaráis Phleanála](#), 2012

¹⁸⁶ Cuid 2.5 de [Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta](#), 2012

agus ar fearr iad a lonnú de bharr an nádúr atá acu in áiteanna cuí taobh amuigh de cheantair uirbeacha, agus in áiteanna a bhfuil tréithe sonracha acu a d'oirfeadh go háirithe do na forbairtí atá beartaithe. (Féach cuid 4.2.6 fhorbairt eacnamaíoch.)

Mar atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, tá tábhacht straitéiseach ag Calafort Belview don réigiún. Tá na tailte thart ar an gcalafort sainithe d'úsáid thionsclaíoch agus do sheirbhísí atá bainteach leis an gcalafort, a bhainfidh tairbhe as rochtain ardchaighdeán, lena n-áirítear áiseanna aistrithe idirmhódúla (ón gCalafort go dtí an iarnród agus go dtí an bóthar). Sa chás seo, comhlíonann an Calafort na critéir maidir le imthosca eisceachtúla agus aontaíonn an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta gcur cheart cur chuige nach bhfuil chomh sriantach a chur i bhfeidhm.

Tá sé ar intinn ag an Údarás Pleanála beartas a fhorbairt agus a aontú leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta don N29.

Cuspóir: Chun freagra beartais pleanáilte cuí a fhorbairt i gcomhair leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus a aontú chun rochtain a sholáthar ó bhóthar an Chalafoirt, an N29, chuig na tailte criosaithe i gcomhair úsáidí tionsclaíochta i gceantar Belview.

11.7.4 Bóithre Réigiúnacha

Cuireann bóithre Réigiúnacha naisc thábhachtacha straitéiseacha ar fáil laistigh den chontae agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta agus le contaetha eile. D'fhonn an infheistíocht sna bóithre a chosaint agus d'fhonn a bhfeidhm straitéiseach a choimeád ar bun beidh sé riachtanach smacht a dhéanamh ar fhorbairtí nua a mbeadh rochtain ar na bóithre sin riachtanach dóibh agus é sin a dhéanamh trí gan ach an líon is lú pointí rochtana nua a cheadú ar mhaithe le sábháilteacht.

11.7.5 Bóithre Áitiúla

Cuirfidh an Chomhairle in ord tosaíochta an méid a chaithfidh sí thar tréimhse an phlean ar bhóithre áitiúla atá easnamhach. Socrófar é sin de réir na sochar straitéiseach a gheofaí agus an méid a chuirfí sábháilteacht coisithe agus feabhsú tráchta chun cinn. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar na riachtanais iompair a bhaineann le forbairt i gcoitinne, go háirithe an méid a bhaineann le gnóthaí talmhaíochta agus le turasóireacht agus an gá atá le forbairt tuaithe agus le héagsúlú agus cuirfidh sí iad sin in ord tosaíochta ó thaobh caiteachais de.

11.7.6 Tionscadal feabhsúcháin bóithre

Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ag cur chun cinn nó ag forbairt na scéimeanna seo a leanas i gContae Chill Chainnigh:

- N24 Seachbhóthar Mhóin Choinn

- N24 Tardhroichead Bhóthar an Túir
- N24 Seachbhóthar Charraig na Siúire
- N25 Bóthar Phort Láirge - Gleann Mór & N25 Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin
- N76 Athailíniú Bóthar Challainn
- N77 Baile na Slí
- N77 Timpeallán Crosaire Hennebry
- N78 Scéim Feabhsúcháin Bhaile an Daiméaraigh

Aithníodh bóithre réigiúnacha sna [Treoirínte Pleanála Réigiúnacha](#) freisin a chuireann naisc ríthábhachtacha ar fáil. Cuirfidh oibreacha feabhsúcháin ar an ngréasán bóithre sin feabhas ar na naisc idir na Moil, na Bailte Contae agus réigiúin in aice leo. Ba iad seo a leanas na tosaíochtaí a aithníodh sna Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach a bhfuil baint acu le Cill Chainnigh:

- An R700 idir Cill Chainnigh agus Ros Mhic Triúin a uasghrádú go stádas Tánaisteach Náisiúnta
- Tacú le críochnú Chuarbhóthar Chill Chainnigh
- Droichead a thógáil síos an abhainn i gCathair Phort Láirge

Chomh maith leo sin thuas, tá na tosaíochtaí seo a leanas ag an gComhairle freisin:

- Bóthar faoisimh do Bhaile Mhic Andáin.
- An bóthar ó Chill Chainnigh go Áth na nUrlainn (R693) a uasghrádú go stádas Tánaisteach Náisiúnta
- An bóthar ó Ros Mhic Thriúin go Muileann an Bhata (R704) a uasghrádú go stádas Tánaisteach Náisiúnta

11.7.7 Measúnuithe Tráchtá

D'fhéadfadh tograí forbartha méid suntasach turas nó taistil a ghiniúint, lena n-áirítear trácht ar bhóithre, a d'fhéadfadh impleachtaí tábhachtacha a bheith acu do bhóithre náisiúnta agus do bhóithre eile. Is éard atá i Measúnú Tráchtá agus Iompair ná modheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh an tionchair a bheadh ag forbairt bheartaithe ar chúrsaí iompair, agus ionchorpraítear ann aon bhearta ina dhiaidh sin a bheadh riachtanach lena chinntiú go mbeidh bóithre agus aomhail agus bonneagar iompair eile i gcomharsanacht na forbartha fós oiriúnach don fheidhm atá acu agus chun gluaiseacht i dtreo modhanna inbhuanaithe taistil a spreagadh.

11.7.8 Iniúchadh ar Shábháilteacht Bóithre

Is féidir le hiniúchadh sábháilteachta bóithre cuidiú chun aon bhearta iomchuí a aithint atá riachtanach chun caighdeán sábháilteachta a choinneáil. Tá treoir maidir le hullmhú iniúchtaí

sábháilteachta bóithre le fáil i Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid a d'eisigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ¹⁸⁷.

11.7.8.1 Cuspóirí Bóthair

- Athailíniú molta agus línte feabhsúcháin bóithre mar aon le conairí gaolmhara a choinneáil saor ó fhorbairtí áit a ndéanfadh na forbairtí sin dochar do chur i bhfeidhm pleananna an Údaráis um Bóithre Náisiúnta nó pleananna na Comhairle Contae (Féach Figiúr 11.1)
- Iarracht a dhéanamh chun an bóthar R700 idir Ros Mhic Thriúin agus Cill Chainnigh a uasghrádú go stádas Tánaisteach Náisiúnta agus chun bóthar faoisimh a chur ar fáil do Mhic Andáin.
- Iarracht a dhéanamh chun an bóthar R693 idir Cill Chainnigh agus Áth na nUrlainn a uasghrádú go stádas Tánaisteach Náisiúnta agus chun athailíniú iomlán a dhéanamh ar an mbóthar go léir.
- Iarracht a dhéanamh an bóthar R704 ó Ros Mhic Thriúin go Muileann an Bhata a uasghrádú go Bóthar Réigiúnach.

11.7.8.2 Treoir um Bainistíocht Forbartha Bóithre

- A chinntiú i gcás forbairtí amach anseo a mbeidh tionchar acu bóithre náisiúnta príomhúla nó tánaisteacha go ndéanfar iad a mheasúnú i gcomhréir leis an treoir a tugadh i [Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála](#).
- Bóithre atá ann cheana féin a choimeád ar bun, a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil de réir mar is gá ach de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil chuige i gcomhréir leis an gclár Bliantúil um Oibreacha Bóthair.
- Comhoibriú leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta le fáil amach na háiteanna sin inar gá limistéir seirbhíse nó limistéir scíthe a chur ar fáil do thiománaithe ar feadh mótarbhealaí an M8 agus an M9 agus cuidiú le cur chun feidhme moltaí oiriúnacha chun na limistéir sin a sholáthar.
- Gan ach an oiread is lú is féidir de phointí rochtana nua a cheadú ar Bhóithre Réigiúnacha chun a bhfeidhm straitéiseach a chaomhnú agus sábháilteacht tráchta a chur chun cinn.
- A chinntiú go bhfuil na caighdeáin riachtanacha maidir le faid amhairc agus faid amhairc stoptha ar aon dul a mhéid is féidir, leis na caighdeáin gheoiméadracha bhóthair atá leagtha amach i *Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid* a d'eisigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta¹⁸⁸ agus go sonrach in gCuid TD 41-42/09 nuair atá measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála do thithe aonair faoin tuath. Níor cheart caighdeáin den sórt sin a shásamh trí scrios forleathan a dhéanamh ar fhálta sreach, díoga, claífoirt, crainn ná seanbhallaí, agus ba cheart an obair a bheith i gcomhréir le Cuid 2.8 den [Treoir maidir le Dearadh faoin Tuath](#)¹⁸⁹.

¹⁸⁷ An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid

¹⁸⁸ An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid

¹⁸⁹ Comhairle Contae Chill Chainnigh, [Treoir maidir le Dearadh faoin Tuath](#), 2008

- Éileofar i gcás gach togra suntasach forbartha go gcuirfear measúnacht iompair agus tráchta i gcrích i gcomhréir leis an bhfoilseachán *Treoirlínte um Bainistiú Tráchta*¹⁹⁰ agus na *Treoirlínte um Measúnacht Tráchta agus Iompair*¹⁹¹ (áit a mbeidh tionchar ag an bhforbairt ar bhóthar náisiúnta).
- Beidh sé riachtanach i gcás iarratas phleanála a bhfuil rochtain nua ar bhóthar náisiúnta i gceist nó athruithe suntasacha ar an rochtain atá ann cheana féin ar bóthar náisiúnta, Iniúchadh ar Shábháilteacht Bóithre a chur isteach leis na hiarratais.

11.7.9 Páirceáil carr

Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ag an Údarás Pleanála ar mholtaí forbartha bainfidh siad leas as na caighdeáin atá leagtha amach sa Tábla thíos. Déanfaidh áiseanna den sórt sin freastal ar éilimh reatha na forbartha agus ar an éileamh a mheastar a bheidh ann amach anseo, agus nuair nach féidir páirceáil a chur ar fáil ar an láthair, nó nach mbeadh a leithéid inmhianaithe ar chúiseanna bailí eile, féadfaidh an Chomhairle a éileamh go n-íocfar airgead in ionad áiteanna páirceála.

Sa chás go gcuirtear páirceáil ar fáil ar an láthair, is iondúil go mbíonn na spásanna sin taobh thiar de na línte foirgníochta atá ann i ngach forbairt díobh agus go ndéanfar iarracht iad a cheilt ó radharc. Is é tomhas na mbánna páirceála ná 4.8m faoi 2.4m. Is é 6.0m x 3.7m. tomhas bá páirceála do dhuine faoi mhíchumas (lena n-áirítear haitseáil aistrithe ar thaobh agus ar chúl na bá) Ba cheart d'fhorbróirí féachaint ar [Tógáil do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch](#). Déanfar limistéir pháirceála carr a thógáil ag féachaint do dhraenáil, do dhromchlú agus do ghnóthaí coimhdeacha. Ba cheart iad a bheith idirdhealaithe go maith ó chéile agus go mbeadh soilsiú oiriúnach poiblí ar fáil dóibh. Ba cheart gach limistéar pháirceála carr a tírdhrechtú go cuí trí crainn, toir agus limistéir féir a chur ar fáil d'fhonn a chinntiú nach mbainfear de thaitneamhachtaí amhairc na háite. Ba cheart go mbeadh scéimeanna páirceála i scéimeanna cónaithe slán agus tarraingteach agus ba cheart iad a chur ar fáil chomh gar agus is féidir do na hárais cónaithe a bhfuil siad ann dóibh.

I ngach forbairt tionsclaíoch nó tráchtála, beidh ar an bhforbróir go leor áiseanna luchtaithe agus díluchtaithe a sholáthar le freastal ar an bhforbairt sin. Beidh sé riachtanach i gcás áiseanna luchtaithe eas-sráide cloí leis na riachtanais seo a leanas:

Ní bheidh aon spás a ceanglaítear níos lú ná 3.75m ar leithead ná 6.0m ar fhad ná 4.25m ar airde, gan bealach isteach agus áiteanna ainlithe a chur san áireamh agus beidh siad suite go hiomlán ar an láithreán a ndéanfar freastal air.

Beidh bealach oiriúnach ann chun rochtain a fháil ar shráid nó ar bhóthar chomh maith le spás leordhóthanach ainlithe.

¹⁹⁰ An Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil, An Roinn Iompair, Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, *Treoirlínte um Bainistiú Tráchta* (2003)

¹⁹¹ An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, *Treoirlínte um Measúnacht Tráchta agus Iompair*, 2007

Is é 6m leithead is mó a bheidh san áit a shroicheadh an cabhsán teorainn na sráide agus 3.75m an leithead is lú.

Féadfaidh an tÚdarás Pleanála na ceanglais maidir le háiseanna luchtaithe agus díluchtaithe a athrú in aon chás ar leith má mheasann sé go gcabhródh sé sin le pleanáil chúí agus le forbairt inbhuanaithe an limistéir sin. Ar láithreáin úrnua, ní mór spásanna páirceála agus seirbhíse bheith suite ar an suíomh chun nach dtarlódh aon bhac sráide agus ba cheart iad a bheith suite nuair is féidir ar chúl agus ar thaobh na bhfoirgneamh agus i cibé slí a chinnteoidh go mbeidh an tionchar is lú ar thaitneamhacht na sealúchas cónaithe in aice láimhe.

Tábla 11.2: Caighdeáin maidir le Pháirceáil Carranna	
Úsáid Talún	Spásanna Páirceála in aghaidh an Aonaid
Teach Cónaithe	Spás páirceála do 2 charr in aghaidh an aonaid 0.25 spás do chuairteoirí in aghaidh an aonaid
Árasáin	1.25 spás in aghaidh an aonaid 0.25 spás do chuairteoirí in aghaidh an aonaid
Scoileanna	1 spás in aghaidh gach seomra ranga móide 4 spás breise
Eaglaisí, amharclanna, hallaí poiblí	1 spás cairr in aghaidh gach 10 suíochán
Óstáin, brúnna agus tithe aíochta	1 spás cairr in aghaidh an tseomra codlata
Tithe tábhairne, lena n-airítear beáir óstán	1 spás cairr in aghaidh gach 10 m ² d'achar urláir beáir agus tolglainne
Seomraí ócáidí óstán	1 spás in aghaidh gach 10 m ²
Ionaid siopadóireachta, ollmhargaí, siopaí ilrannacha	1 spás in aghaidh gach 25 m ² d'oll-achar urláir
Siopaí	1 spás in aghaidh gach 20 m ² d'oll-achar urláir
Bialanna, caiféanna	1 spás in aghaidh gach 20 m ² d'oll-achar urláir
Bainc agus oifigí	1 spás cairr in aghaidh gach 15 m ² d'oll-achar urláir agus spás breise le cinneadh ag an tÚdarás Pleanála
Tionsclaíocht	1 spás cairr in aghaidh gach 60 m ² d'oll-achar urláir thionsclaíoch agus spás oibriúcháin faoi mar a chinnfidh an tÚdarás Pleanála.
Trádstóras	Déanfaidh an tÚdarás Pleanála cinneadh faoi gach iarratas
Trádstóras Miondíola	1 spás cairr in aghaidh gach 35 m ² de spás glan urláir miondíola.
Galf	4 spás cairr in aghaidh an phoill
Cúrsaí gailf Par a 3 nó cúrsaí gailf dhá mhaide	2 spás in aghaidh an phoill

Faichí clubanna	spóirt agus spóirt	1 spás in aghaidh gach 15 m ²
Raonta lámhaigh	gailf, raonta	1 spás in aghaidh an bhá nó an ghaiste móide 3 spás
Clinicí Leighis	agus Cleachtais	3 spás cairr in aghaidh gach seomra comhairliúcháin móide foireann
Ospidéal		1.5 spás in aghaidh gach leaba
Teach Altranais		1 spás in aghaidh gach 4 sheomra leapa móide foireann
Naíolann cúraim leanaí	nó Ionad	1 spás in aghaidh gach 4 leanbh móide 1 spás in aghaidh gach fostaí

Maidir le haon úsáid nach bhfuil sonraithe thuas, déanfaidh an tÚdarás Pleanála a chinneadh faoin riachtanas páirceála, ag féachaint do na leibhéil tráchta sin a mheasann siad a bheidh ann de thoradh na forbartha.

Má tharlaíonn go bhfuil roinnt úsáidí le bheith ar siúl laistigh d'fhorbairt amháin, déanfar na húsáidí éagsúla a scaradh ó chéile agus a mheas ina n-aonar chun riachtanas páirceála fhoriomlán na forbartha a mheas. Mar shampla i gcás óstáin déanfar na seomraí feidhme nó ócáide, na beáir srl. a mheas ar leithligh ó na seomraí leapa).

Mar sin féin, i gcás inar féidir le forbróir a léiriú chun sástachta an Údaráis Pleanála go mbeidh spásanna páirceála a n-úsáid i rith an lae ag roinnt úsáideoirí éagsúla, ag baint úsáide as áiseanna éagsúla san fhorbairt bheartaithe, féadfaidh an tÚdarás Pleanála, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, an deis ilúsaide seo a chur san áireamh agus riachtanais páirceála á measúnú. Chomh maith leis na riachtanais thuas, beidh ar fhorbróirí áiseanna luchtaithe agus cúrsaíochta go leor a sholáthar le freastal ar an éileamh dóchúil ar gach forbairt díobh.

I gcásanna nuair nach féidir soláthar iomlán páirceála a chur ar fáil ar an láthair, éileoidh an tÚdarás Pleanála go seolfar Plean Bainistíochta Soghluaiseachta isteach mar chuid den iarratas nuair atá na riachtanais iomlána á meas mar aon le cibé ranníocaíocht airgeadais a d'fheadfadh a bheith i gceist.

11.7.10 Feithiclí leictreacha

Faoi mar atá leagtha amach sa [Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite](#)¹⁹², is é sprioc an Rialtais go mbeadh 10% d'fheithiclí na hÉireann ina bhfeithiclí leictreacha faoi

¹⁹² An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, [Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite](#), 2010

2020. Céim ríthábhachtach is ea forbairt bonneagair d'fheithiclí a úsáidfidh malairt bhreoslaí má tá tomhaltóirí le spreagadh chun roghanna iompair a dhéanamh nach mbeidh chomh díobhálach don chomhshaol. Tá an BSL freagrach as soláthar pointí luchtaithe leictreacha do charranna in Éirinn. Tacóidh an Chomhairle le baint amach sprioc an Rialtais maidir le feithiclí leictreacha trí éascú a dhéanamh ar sholáthar bonneagair chun feithiclí leictreacha a luchtú.

12 Riachtanais maidir le Forbairtí

12.1 Réamhrá

Is é cuspóir na coda seo den Phlean ná spreagadh a thabhairt do cruthú timpeallachtaí cónaithe agus oibre den chaighdeán is airde trína cinntiú go mbeidh caighdeán ard dearaidh, leagan amach agus feidhme ann i gcás gach forbartha faoi na hAchtanna Pleanála agus faoi na Rialacháin, chaomhnú a dhéanamh ar eilimintí maithe na timpeallachta tógtha agus nádúrtha, tógáil ar na heilimintí sin agus taitneamhachtaí a chosaint.

Beidh Bainistíocht Forbartha a fheidhmiú ag an gComhairle ar bhealach dearfach, ag féachaint d'fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2011 agus do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae, a conláistí agus do bheartais agus do chuspóirí na Comhairle.

Tá sé i gceist go bhféadfaidh daoine a bhfuil cead á lorg acu le haghaidh forbairtí féachaint ar na caighdeáin seo agus treoir agus cúnamh a fháil uathu. Mar sin féin, níor cheart a glacadh leis má chomhlíontar na caighdeáin atá anseo go dtabharfar cead pleanála go huathoibríoch toisc nach bhfuil sna caighdeáin ach ráiteas maidir le prionsabail ghinearálta. Déanfar cinntí faoi iarratais ar fhorbairtí ar bhonn cás ar chás i gcomhréir leis na himthosca a bheidh ann nuair a sheolfar na hiarratais isteach. Moltar d'iarratasóirí dul i gcomhairle leis an Údarás Pleanála sula n-ullmhaíonn siad pleananna mionsonraithe.

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh cásanna ann ina mbeadh coimhlint idir na cuspóirí éagsúla atá sa Phlean seo, agus i gcásanna den sórt sin déanfar gach ceist a mheas ar mhaithe le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe an Chontae.

12.2 Cruinnithe Réamhphleanála

Cuireann an Chomhairle seirbhís chomhairliúcháin réamhphleanála ar fáil a thugann deis d'iarratasóirí a bpleananna a phlé leis an Údarás Pleanála sula gcuireann siad iarratas pleanála isteach. Moltar d'iarratasóirí leas a bhaint as an tseirbhís seo, go háirithe i gcás tionscadal mórscála. Faoi mar atá leagtha síos in Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), ní dhéanfaidh na comhairliúcháin sin dochar don Chomhairle agus í ag comhlíonadh aon cheann dá feidhmeanna eile faoin Acht sin, ná faoi aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin, agus ní féidir brath orthu sa phróiseas foirmiúil pleanála ná in imeachtaí dlí.

12.3 Dearadh Uilíoch

Éilíonn an Chomhairle i gcás gach forbartha amach anseo a úsáidfidh an pobal (lena n-áirítear spásanna poiblí, carrchlóis agus cosáin) go mbeidh gach aon duine in ann iad a rochtain agus a úsáid. Ní mór riachtanais daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, tuismitheoirí agus cúramóirí agus daoine eile a d'fhéadfadh a bheith lagaithe go sealadach a chur san áireamh san dearadh a dhéanfar. Meastar i gcás iarratas le haghaidh tograí mórskála gur cheart Ráiteas Rochtana a sheoladh isteach in éineacht leo (mar atá sonraithe in Agusín 6 de Foirgnimh do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012).

Tá treoir faoi na riachtanais rochtana i gcás foirgneamh poiblí agus áras cónaithe leagtha amach i gCuid M de na Rialacháin Foirgníochta (I.R. Uimh. 179 de 2000) agus Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta 2010 (I.R. Uimh. 513 de 2010) agus Foirgnimh do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012). Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2009) agus na doiciméid a théann leis, Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach Uirbigh - Treoir um Dea-Chleachtas (Cuid 1 & 2) (an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2009).

12.4 Dearadh Uirbeach

Bíonn timpeallacht ardchaighdeán nádúrtha agus tógtha ag pobail inbhuanaithe. Is áiteanna iad ar mhian le daoine cónaí agus oibriú iontu, anois agus sa todhchaí. Freastalaíonn siad ar riachtanais éagsúla na gcónaitheoirí atá ann cheana féin agus a bheidh iontu sa todhchaí, ní chuireann siad isteach ar an timpeallacht agus a chuireann siad le hardcháilíocht beatha. Bíonn siad sábháilte agus cuimsitheach, bíonn siad pleanáilte, tógtha agus á reáchtáil go maith, agus cuireann siad comhionannas deiseanna agus seirbhísí maithe ar fáil do chách.

Cinntoidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh go gcuirfidh gach forbairt nua le caighdeán a timpeallachta, rud a chiallaíonn go spreagfaidh siad na forbróirí chun freagra sainiúil a sholáthar a dhéanfaidh chomhlánú ar an suíomh. Meastar go bhfuil caighdeán ard deartha riachtanach don phróiseas seo. Tá sé tábhacht stair an tsuímh agus an áit a bhfuil sé suite a chur san áireamh agus an tuiscint a chruthú gur áit ar leith é.

Beidh sé mar aidhm ag na Comhairlí go gcruthófar timpeallachtaí inbhuanaithe, ardcháilíochta a bheidh tarraingteach, bríomhar, sábháilte agus a fheidhmeoidh go héifeachtach. Beidh ardchaighdeán dearaidh ag teastáil do gach forbairt nua.

Nuair a bhíonn ceantar nua cónaithe á thógáil ba cheart tús áite thabhairt don tuiscint gur áit ar leith é. Tabharfar tosaíocht don chaoi a dtéann na foirgnimh le chéile agus do chruthú spásanna galánta feidhmiúla. Éileoidh an tÚdarás Pleanála leibhéal ard taitneamhachta cónaithe a chabhróidh chun timpeallacht dheachaighdeán mhaireachtála a chruthú i bhforbairtí cónaithe nua.

Nuair a bhíonn iarratais pleanála á n-ullmhú le haghaidh fhorbairtí tithíochta nua ba cheart aird a thabhairt ar fhorálacha na dTreoirlínte seo a leanas:

- [Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre Uirbeacha agus Sráideanna](#)¹⁹³
- [Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha](#) agus an doiciméad a théann leis [Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach: Treoir maidir le Dea-Chleachtas](#)
- [Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caihdeáin Dearthóireachta d'Árasáin Nua](#)
- [Beartas an Rialtais ar Ailtireacht - I dTreó Todhchaí Inbhuanaithe: Seachadadh na Cáilíochta sa Timpeallacht Thógtha](#)¹⁹⁴
- [Tógáil do Chách: Cur Chuige maidir le Dearadh Uilíoch](#)
- [Tithíocht Ardchaighdeáin do Phobail Inbhuanaithe](#)¹⁹⁵

Déanfar forbairtí cónaithe nua a mheas de réir an 12 chritéar dearaidh seo a leanas maidir le forbairtí cónaithe inbhuanaithe.

Is iad seo an 12 chritéar:

- Comhthéacs: Conas a théann an forbairt lena timpeallacht?
- Naisc: Cé chomh maith agus atá an chomharsanacht nó an suíomh nua nasctha?
- Uileghabhálacht: Cé chomh héasca is féidir le daoine an forbairt a rochtain agus a úsáid?
- Éagsúlacht: Conas a chuireann an forbairt meascán maith gníomhaíochtaí chun cinn?
- Éifeachtúlacht: Conas a bhaineann an forbairt úsáid chuí as acmhainní, lena n-áirítear talamh?
- Sainiúlacht: Conas a chruthaíonn na tograí an tuiscint gur áit ar leith í?
- Leagan amach: Conas a chruthaíonn an togra sráideanna agus spásanna ar furasta do dhaoine iad a úsáid?
- Limistéar poiblí: Cé chomh sábháilte, slán agus taitneamhach atá na limistéir phoiblí?
- Inoiriúnaitheacht: Conas is féidir na foirgnimh a chur in oiriúint d'athruithe?
- Príobháideacht agus Taitneamhacht: Conas a chuireann na foirgnimh ardchaighdeán taitneamhachta ar fáil?
- Páirceáil: Conas a chuirfear páirceáil shlán tharraingteach ar fáil?
- Dearadh Mionsonraithe: Cé chomh maith ar cíoradh dearadh na bhfoirgneamh agus an tírdhrechtaithe?

Beidh Ráiteas Dearaidh suíomh ar leith ag teastáil i gcás forbairtí mórsála agus i gcás forbairtí atá suite go hógair. Is éard atá i ráiteas dearaidh ná doiciméad gearr a chuireann ar chumas an iarratasóra a mhíniú cén fáth a mheasann sé nó sí gurb é an réiteach dearaidh sin an ceann is oiriúnaí do shuíomh ar leith agus léireoidh an chaoi ar cuireadh ceisteanna maidir le beartas deartha agus cúrsaí inrochtaineachta san áireamh.

¹⁹³ An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, [Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre Uirbeacha agus Sráideanna](#), 2013

¹⁹⁴ An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, [Beartas an Rialtais i leith na hAiltireachta, I dTreó Todhchaí Inbhuanaithe: Seachadadh na Cáilíochta sa Timpeallacht Thógtha](#), 2009

¹⁹⁵ An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, [Tithíocht Ardchaighdeáin do Phobail Inbhuanaithe](#), 2007

12.4.1 Dlús

Faoi mar a bhí sa Phlean Forbartha roimhe seo níl sé i gceist anseo caighdeáin uasta maidir le dlús cónaithe a leagadh síos. Leagfar béim ar nuálaíocht agus ar dhearadh chun timpeallachtaí ardcháilíochta thithíocht a chur ar fáil. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála iarracht a chinntiú go mbeidh indibhidiúlacht le sonrú i bhforbairtí nua agus go dtuigfear gur áiteanna ar leith iad. Cinntítear é sin tríd an idirghníomhú a bhíonn idir tréithe agus gnéithe fisiceacha an tsuímh agus a thimpeallachta agus trí leagan amach, tírdhreachtú agus dearadh na tithíochta nua.

Beidh an dlús oiriúnach cónaithe cuí in aon suíomh ar leith de réir an méid seo a leanas:

- i. A méid a bhfuil treoir chomhsheasmhach dearaidh á leanúint ó thaobh dearaidh agus an leagan amach sa chaoi go gcruthófar timpeallacht chónaithe ardchaighdeáin;
- ii. Comhlíonadh na gcritéar cáilíochtúla agus cainníochtúla atá leagtha amach sa Phlean seo (lena n-áirítear an 12 chritéar maidir le dearadh);
- iii. Cóngarachacht do phointí rochtana ar an líonra iompair phoiblí;
- iv. An méid a éilíonn an suíomh dlús agus carachtar dá chuid féin mar gheall ar a mhéid, a scála agus a shuíomh, ag féachaint don ghá atá ann carachtar agus taitneamhachtaí na gceantar cónaithe in aice láimhe a chosaint;
- v. Gnéithe topagrafacha, tírdhreacha nó gnéithe eile atá ar an suíomh cheana féin, agus;
- vi. Cumas an bhonneagair, lena n-áirítear áiseanna sóisialta agus pobail, freastal a dhéanamh ar na héilimh a chruthóidh an fhorbairt.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm i gcás tograí forbartha a bhfuil sé i gceist acu an dlús tithíochta atá ann cheana féin a mhéadú agus i gcás moltaí maidir le forbairtí ar láithreáin úrnua.

12.4.2 Pobail Gheataithe

Is éard a dhéanann pobail gheataithe ná pobail a roinnt agus a eisiáimh agus ní thacaíonn siad ar chaoi ar bith le pobail tréscailteacha, chomhcheangailte ná le comharsanachtaí a chruthú.

Déanfaidh an Chomhairle forbairtí tithíochta nua a díspregadh a bhfuil pobail gheataithe mar chuid díobh.

12.4.3 Caighdeáin Stórála Araidí

Beidh áit go leor i ngach aonad cónaithe chun trí araidí rothaí a stóráil. I gcás na n-aonad cónaithe sin nach bhfuil aon bealach isteach iontu ón taobh thiar díobh cuirfear dóthain áit stórála ar fáil do na haraidí in aonaid iata os comhair na forbartha. I scéimeanna árasán, is ar leibhéal urlár na talún den fhorbairt a bheidh an áit stórála araidí de ghnáth. Beidh córas leordhóthanach aeraithe ar fáil dóibh, beidh siad ceilte ó radharc an phobail agus in aice leis an mbloc sin a bhfuil sé ann dó. Féadfar struchtúr ar leith ón bhfoirgneamh árasán a bheith mar áit stórála araidí má oireann sé sin don chás.

12.4.4 An Fad idir Tithe

Tríd is tríd , ba cheart go mbeadh spás leormhaith idir fuinneoga an chéad urlár in árais chónaithe atá os comhair a chéile (Is é 22 m an fad traidisiúnta a bhíonn idir áitribh 2-stór). Mar sin féin, féadfar smaoineamh ar an gcaighdeán sin a mhaolú i gcás inar féidir na fuinneoga a bhfuil aghaidh acu ar a chéile a shuí go cúramach chun nach mbeidh aghaidh acu ar a chéile fiú má bhíonn faid slí níos giorra ó chúl árais chónaithe amháin go cúl árais eile. Ní bhíonn na oiread céanna príobháideacht ag teastáil i gcás fuinneoga i hallaí nó fuinneoga ag ceann staighre ná mar a bhíonn i gcás fuinneoga seomraí suí nó balcóiní.

Cuirfear spás 2.3 méadar ar a laghad ar fáil idir taobh-bhallaí tithe scoite, leathscoite agus tithe deiridh shraithe chun príobháideacht agus rochtain éasca a áirithiú. Ba é an rud ab fhéarr ar fad ná go dtógfaí teorainn na réadmhaoine síos lár an spáis sin.

12.4.5 Dearadh Teorainneacha Láithreán Tithe

Nuair a bhíonn teorainneacha ar thaobh nó ar chúl tithe ag síneadh taobh le bóithre, le bealaí coisithe nó le spásanna oscailte poiblí, ní mór ballaí folaithe a thógáil a bheidh deartha go cuí agus airde 1.8 méadar iontu. Sa chás go moltar ballaí folaithe coincreíteacha a thógáil ní mór iad a rindreáil agus a caidhpeáil ar bhealach inghlactha.

12.4.6 Forbairtí Tithíochta agus Torann

Sa bhliain 2006, rinne an Rialtas rialacháin a bhaineann le torann comhshaoil ([I.R. 140 de 2006](#)). Is é an sainmhíniú a thugtar ar torann comhshaoil sna Rialacháin ná fuaim allamuigh nach bhfuil ag teastáil nó atá dochrach, atá cruthaithe ag gníomhaíochtaí daonna, lena n-áirítear torann atá curtha amach ag modhanna iompair, trácht bóthair, trácht iarnróid, aerthrácht, nó a thagann as láithreacha ina mbíonn gníomhaíocht thionsclaíoch ar siúl.

Éileoidh an Chomhairle (nuair is gá) i gcás iarratas phleanála d'fhorbairtí amach anseo a bheidh laistigh de réimse tionchair bóithre náisiúnta atá ann cheana féin go mbeidh bearta maolaithe torainn agus / nó measúnú tionchair fuaimne san áireamh leo mar chosaint in aghaidh méadú do-ghlactha a d'fhéadfadh teacht ar leibhéil torainn i sealúchais chónaithe a bheadh íogair ó thaobh torainn de. Ba cheart d'fhorbróirí cloí leis na Rialacháin um Thorann Timpeallachta dá dtagraítear thuas.

12.4.7 Ainmneacha a Cheapadh d'Fhorbairtí Tithíochta

Ba cheart go dtabharfadh na hainmneacha a thabharfar ar fhorbairtí nua tithíochta léargas ar stair agus ar comhthéacs na háite ina bhfuil siad chomh fada agus is féidir, mar shampla leas a bhaint as ainmneacha áitiúla a léiríonn an tírdhreach, a ghnéithe, nó cultúir nó stair an cheantair ina bhfuil an fhorbairt suite. Smaoineofar freisin ar ainmneacha na ndaoine stairiúla a bhain leis an limistéar. Spreagfar daoine leas a bhaint as ainmneacha Gaeilge. Ní mór ainmneacha forbairtí cónaithe a bheith ceadaithe ag an Údarás Pleanála sula gcuirfear tús le haon fheachtas fógraíochta le haghaidh na forbartha. (Féach cuid 8.4.2)

12.5 Árasáin

Ba cheart árasáin nua a leagadh amach chun cóiríocht compordach le haghaidh líonta tí de chineálacha agus de mhéideanna éagsúla - lena n-áirítear teaghlaigh le leanaí - sa meántéarma agus sa bhfadtéarma. Ba cheart aird a thabhairt ar Threoirlínte ábhartha Rialtais, lena n-áirítear [Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearthóireachta d'Árasáin Nua](#). Ba cheart go mbeadh meascán de chineálacha aonad i ngach scéim árasán; lena n-áirítear aonaid ina bhfuil seomra leapa amháin, aonaid dhá sheomra leapa agus aonaid do theaghlaigh.

Nuair a bhíonn iarratas pleanála á chur isteach i gcomhair scéime árasán ní mór sceideal mionsonraithe na forbartha atá beartaithe a sheoladh isteach in éineacht leis ar a léireofar líon iomlán na n-árasán atá molta de réir cineáil, achar urláir gach árasáin díobh, líon na seomraí codlata, spás oscailte, limistéar stórála srl. Mura seoltar isteach an sceideal sin mar aon leis an iarratas pleanála d'fhéadfadh sé moill a chur ar an iarratas agus d'fhéadfaí tuilleadh eolais a iarraidh.

Éileofar de ghnáth go mbeidh na hachar íosta urláir seo a leanas in árasáin agus iad á dtomhas go hinmheánach ó bhalla go balla (tá na hachair íosta urláir atá riachtanach 10% níos mó ná na cinn atá luaite i [Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearthóireachta d'Árasáin Nua](#)):

Tábla 12.1: Achair Íosta Urláir d'Árasáin	
An Cineál Árasán	Achar Íosta Urláir
Seomra leapa amháin	50 m cearnach
Dhá sheomra leapa	80 m cearnach
Trí sheomra leapa	99 m cearnach
Ceithre Seomra Leapa	117 m cearnach

Baineann na caighdeáin sin le haonaid ar urlár amháin; i gcás árasán dhá urlár ní mór achar urláir breise a chur ar fáil do staighrí agus cinn staighrí i gcomhréir leis na Rialacháin Tógála. Níor cheart i gcás seomraí suí, cistineacha ná seomraí codlata go mbeadh fuinneoga iontu a bhfuil aghaidh acu ar áiteanna cónaithe tadhlacha nó in aice leo agus ba cheart iad a bheith suite chun nach mbeidh aghaidh acu ar ballaí arda teorann ná ar bhallaí binne.

12.5.1 Árasáin - Spásanna Oscailte idir Phríobháideach agus Phoiblí

Is féidir gairdíní cúil nó paitiúnna a chur ar fáil mar spásanna oscailte príobháideacha d'aonaid ar leibhéal na talún, agus is féidir balcóiní a sholáthar ar na leibhéil uachtaracha. Tá sé tábhachtach sa dara chás go gcuirfeadh spás oscailte leordhóthanach tírdhrechtaithe leathphríobháideach nó comhchoiteann ar fáil freisin. Is beag an acmhainn a bhíonn ag gairdíní ar an díon i dtaca leis seo, mar gheall ar chúrsaí aimsire agus sábháilteachta, agus ní cheart go mbeadh sciar mór den spás den sórt sin curtha ar fáil ar dhíon. Ní chuirfeadh gairdíní ar an díon san áireamh ach amháin ar choinníoll go mbeidh siad inrochtana go héasca, slán agus tírdhrechtaithe go deas. Ba cheart go mbeadh cuid de sholas na gréine le fáil ag spás

oscailte príobháideach ar leibhéal na talún, ach bheadh folú de chineál éigin riachtanach chun príobháideacht a chinntiú.

Is iad seo a leanas na riachtanais maidir le spás oscailte:

Tábla 12.2: Riachtanais maidir le Spás Oscailte d'Árasáin	
An Cineál Árasán	Achar Íosta Urláir
Seomra leapa amháin	10 m cearnach
Dhá / trí sheomra codlata	15-20 m cearnach
Ceithre leaba	15-20 m cearnach

Ní mór leithead áirithe íosta a bheith i mbalcóiní (nó i “ngairdíní gheimhridh” a bhfuil foscadh gloine acu) má tá tairbhe conláiste le bheith acu sa chaoi gur féidir cathaoireacha agus táblaí beaga a chur iontu. Moltar leithead íosta 1.5 méadar a bheith iontu i gcás árasán aon seomra leapa, agus 1.8 méadar i gcás árasán 2 sheomra leapa nó níos mó agus moltar de ghnáth go sínfeadh siad ar feadh balla seachtrach iomlán an tseomra suite. Cé go bhféadfadh sé a bheith go deas balcóiní níos leithne a thógáil i gcásanna áirithe, ní mór féachaint chuige nach gcaithfeadh siad scáileanna ar an seomra suí.

Tábla 12.3: Achair Íosta Balcóiní d'Árasáin	
An Cineál Árasán	Achar Íosta Urláir na Balcóine
Seomra leapa amháin	5 m cearnach
Dhá sheomra leapa	7 m cearnach
Trí sheomra leapa	9 m cearnach
Ceithre Seomra Leapa	13 m cearnach

D'fhéadfadh dálaí an tsuímh, mar shampla ingearchlónna a bhfuil aghaidh acu ó thuaidh nó ar shráideanna gnóthacha, nó ar fhoirgnimh arda, luach taitneamhachta na mbalcóiní a laghdú. D'fhéadfadh sé nach mbeadh balcóiní oiriúnach i limistéir stairiúla. I gcásanna den sórt sin, beidh sé de dhualgas ar an dearthóir cineál éigin eile taitneamhachta a sholáthar mar cúitimh do na háititheoirí. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh mar shampla trí seomraí suite a sholáthar a mbeadh achair urláir os cionn an mheáin iontu agus spásanna oscailte tírdhrechtaithe a sholáthar go flaitiúil.

Ba cheart balastráidí oiriúnacha a chur ar na balcóiní chun go mbeidh siad sábháilte do pháistí. Ba cheart scáileáin ingearacha phríobháideachta a chur ar fáil de ghnáth idir balcóiní atá le taobh a chéile.

12.5.2 Solas lae agus Solas na gréine

Bíonn tionchar mór ag an méid gréine a scallann isteach in árasán ar thaitneamhacht na n-áititheoirí. Is féidir i gcás árasán a bhfuil aghaidh acu in dhá threo an leas is mó a bhaint as solas na gréine ach ní socrú é sin ar féidir leas a bhaint as i gcónaí (m.sh. i gcás árasán a thógtar ag cúinní). Ba cheart go mbeadh aghaidh ó dheas nó aghaidh siar ag na príomhsheomraí suí in árasáin a bhfuil aghaidh aon treo acu; Ní cheart go mbeadh aghaidh ó thuaidh ag aon aonad. Ní mór cúram ar leith a dhéanamh i gcás fuinneog ar urláir níos ísle a bhféadfadh scáileanna a bheith orthu ó na bhfoirgnimh taobh leo. Ba cheart na foirgnimh a leagadh amach ar an suíomh chun an leas is mó a bhaint as éifeachtúlacht fuinnimh.

12.5.3 Limistéir stórála agus Áiseanna Pobail

Ba cheart áiteanna stórála ginearálta a chur ar fáil in árasáin le haghaidh earraí toirtíúla mar bhugaithe leanaí, chásanna, threallamh spóirt srl. le cois an méid íosta stórála a bhíonn i gcófraí cistine, troscán seomra leapa agus cófraí teo). Mar riail ghinearálta, ní cheart go mbeadh níos mó ná 3.5 méadar cearnach in aon seomra stórála amháin laistigh árasán.

Tábla 12.4: Riachtanais maidir le spásanna stórála íosta le haghaidh árasán

An Cineál Árasán	An Méid Íosta de Spás Stórála atá Riachtanach in Árasán
Seomra leapa amháin	3 m cearnach
Dhá sheomra leapa / Triúr	6 m cearnach
Trí sheomra codlata / Ceathrar	8 m cearnach
Trí Sheomra Leapa nó níos mó	9 m cearnach

Ba cheart ardaitheoirí a chur ar fáil i ngach bloc árasán a bhfuil trí stór nó níos mó ann. Ba cheart dhá ardaitheoir a chur ar fáil má tá níos mó ná sé stór i bhfoirgneamh na n-árasán agus níos mó ná 60 árasán ann, áit nach mbeadh sé réasúnta a bheith ag súil go rachadh daoine ag dreapadh staighrí dá dteipfeadh ar an ardaitheoir. Ba cheart go bhféadfadh daoine dul go dtí na carrchlóis sna híoslaigh sna hardaitheoirí.

12.5.4 Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Bhaile

Sainmhínítear gníomhaíochtaí baile mar ghníomhaíochtaí tráchtála ar scála beag, atá tánaisteach maidir le húsáid an áitribh mar áit chónaithe. Ceadáítear iad más mar áras cónaithe atá an teaghais á húsáid go príomha agus nach bhfuiltear ag cur isteach ar chonláiste na n-áitreabh cónaithe máguaird. Cuirfidh an t-údarás pleanála an méid seo a leanas san áireamh nuair atá iarratais á mbreithniú acu dá leithéid d'úsáidí:

- Nádúr agus méid na hoibre;
- An tionchar a bheadh ar chonláistí na sealúchas chónaithe taobh leo go háirithe maidir le huairéanta oibre, torann agus corraíl ghinearálta;
- Na leibhéil tráchta a mheastar a bheadh ann dá bharr; agus
- Giniúint, stóráil agus bailiú dramhaíola.

Ní bhíonn seirbhísí thar an gcuntar, comharthaíocht gnó, mórchláir fhógraíochta, geataí nó greillí slándála agus soilse iomarcacha slándála oiriúnach de ghnáth i gceantar cónaithe agus

ba cheart iad a bheith faoi réir srianta oiriúnacha. Féadfaidh an t-údarás áitiúil cead sealadach dhá bhliain nó trí bliana a thabhairt do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta bhaile chun monatóireacht leanúnach na ngníomhaíochtaí sin a éascú. Mar sin féin, ní cheadófar úsáid den sórt sin de ghnáth in árasáin.

12.5.5 Árasán Teaghlaigh

Tagraíonn an téarma 'árasán teaghlaigh' d'aonad teaghlaigh amháin a roinnt nó síneadh a chur leis chun cóiríocht a chur ar fáil do bhall den neasteaghlach agus bíonn sé inghlactha de ghnáth ar choinníoll nach aonad scoite ar leith atá ann agus gur féidir rochtain dhíreach a chur ar fáil dó ón chuid eile den teach agus nach ndéanfar aon fhoroinnt buan ar an ngairdín. Ní ligfear an 't-árasán teaghlaigh' ar cíos agus ní ndíolfar é seachas mar chuid den réadmhaoin iomlán, agus go mbeidh sé ina chuid den teach bunaidh arís nuair nach mbeidh an ball sin den teaghlach ina chónaí (nó ina cónaí) ann a thuilleadh. Ba cheart a chinntiú sa dearadh go mbeidh an t-árasán ina chuid dhílis den phríomhaonad cónaithe agus go bhféadfaidh teaghlach amháin an t-iomlán a úsáid mar áit chónaithe.

Is é an príomhriachtanas maidir le cruthú aon árasáin teaghlaigh atá beartaithe nach mbeidh san árasán teaghlaigh de ghnáth níos mó ná 50% d'achar urláir an phríomháitribh. I gcás árasán teaghlaigh dhá stór, beidh doras inmheánach isteach ann riachtanach de ghnáth ar an dá leibhéal. Ní cheadófar doirse seachtracha de ghnáth ach amháin ar thaobh agus ar chúl an tí, agus is féidir glacadh leis nach gceadófar doras neamhspleách tosaigh. Cuirfear rochtain le fáil trí dhoras inmheánach nó trí dhoirse leis an taobh a bheidh ceilte go maith ón ingearchló tosaigh nó ó trí phóirse iata a bhfuil an doras tosaigh ann cheana féin. Ba cheart go dtabharfar aird sa dearadh do riachtanas na n-áitreabh tadhlaacha ó thaobh solais agus príobháideachta de. Ba cheart cló agus dearadh an fhoirgnimh atá ann cheana féin a leanúint agus ba cheart go rachadh an síneadh go hiomlán leis an bhfoirgneamh bunaidh trí leas a bhaint as mionsonraí den chineál céanna agus as ábhair agus as bailchríocha agus as comhréir na bhfuinneog atá ann.

12.5.6 Síneadh a Chur le Teach Cónaithe

Is é an príomhriachtanas maidir le haon síneadh molta le teach cónaithe ná go dtabharfar aird san dearadh ar riachtanais solais agus príobháideachta na réadmhaoin tadhlaacha. Ba cheart cló agus dearadh an fhoirgnimh atá ann cheana féin a leanúint agus ba cheart go rachadh an síneadh go hiomlán leis an bhfoirgneamh bunaidh sin trí leas a bhaint as mionsonraí den chineál céanna agus as comhréir na bhfuinneog atá ann. I gcás go bhfuil athrú le déanamh ar áras cónaithe atá ann cheana agus síneadh le cur leis is ar a fhiúntas féin a dhéanfar an síneadh atá beartaithe a mheas. Sa chás sin spreagfar daoine chun ardchaighdeán dearaidh agus ábhair nua-aimseartha a sholáthar.

12.5.6.1 Páirceáil i nGairdíní Tosaigh

Is é an éifeacht carnach a bhíonn ag baint ballaí agus ráillí gairdíní tosaigh ná go ndéantar dochar do charachtar agus do dhealramh na sráideanna fo-uirbeacha, go laghdaítear achar na ndromchlaí tréscailteacha atá ríthábhachtach chun tuile a sheachaint agus nuair a

chuirtear a lán bealaí rochtana ar fáil d'fheithiclí go laghdaítear an méid páirceála ar féidir leis an bpobal a dhéanamh ar an tsráid. Dá bhrí sin ní mór tograí do pháirceáil eis-sráide a mheá i bhfianaise an cailteanais chonláiste agus spásanna páirceála don phobal. Ní thabharfar cead de ghnáth chun ballaí agus ráillí gairdíní tosaigh a bhaint áit a mbeadh drochthionchar do-ghlactha aige sin ar charachtar na sráid-dreacha ná ar an méid páirceála a bheidh ann don phobal.

Más rud é go gceadaítear bealaí tiomána isteach a chruthú:

- Ní ceart go mbeadh geataí orthu a osclaíonn amach;
- Ní ceart go mbeadh an bealach isteach d'fheithiclí níos leithne ná 3m;
- Ní ceart go mbeadh bealach isteach na feithicle níos leithne ná 50% de leithead na teorann tosaigh;
- Ba cheart go mbeadh achar 2.5m x 5m san dromchla crua páirceála;
- Ba cheart go ndéanfar tírdhrechtú cuí ar an spás a bheidh fágtha;
- Ba cheart go ndéanfar na geataí, na ballaí nó na fálta agus na ráillí a shlánú.

12.5.6.2 Foroinnt Aonad Cónaithe atá ann Cheana Féin

Is ar a bhfiúntas féin a dhéanfar iarratais a mheas nuair a iarrtar cead chun aonad cónaithe a fhoroinnt nó chun athrú úsáide a fháil dó. Beidh a leithéid de dhearadh ag forbairtí den sórt sin go rachaidh siad go maith le leagan amach reatha an tsráid-dreacha agus nach gcuirfidh siad isteach ar thaitneamhachtaí cónaithe ná ar chonláiste eile an cheantair agus go mbeidh caighdeán oiriúnach taitneamhachta cónaithe sna haonaid go léir atá beartaithe.

12.6 Forbairt Cónaithe Céimnithe

Éileoidh an Chomhairle cur chuige céimnithe maidir le forbairtí tithíochta móra. I gcás iarratas ar fhorbairtí cónaithe ní mór céimniú na scéimeanna a léiriú. Ní mór a chinntiú i moltaí maidir le tograí céimnithe go gcuirfear bailchríoch ar an spás oscailte agus ar an bonneagar le freastal ar na háitribh ag céim áirithe m.sh. soilsiú poiblí agus cosáin a sholáthar chun sástachta na Comhairle, sula dtosófar an chéad chéim eile. Ní mór gach céim a chríochnú go hiomlán (lena n-áirítear bonneagar, spás oscailte poiblí srl.) sula dtosófar an chéad chéim eile.

12.7 Spás Oscailte

12.7.1 Spás Oscailte Príobháideach

Ba cheart méid leordhóthanach de spás oscailte príobháideach a sholáthar laistigh de chúirtealáiste gach árais chónaithe. Éileofar de ghnáth go cuirfear idir 60 agus 75 méadar cearnach ar a laghad ar fáil do gach teach 3/4/5 seomra leapa d'fhonn a chinntiú go mbeifear in ann an chuid is mó de ghníomhaíochtaí tí a dhéanamh, go mbeidh daoine in ann taitneamh a bhaint as an radharc, go bhfaighfear roinnt solas gréine agus go spreagfar fás plandaí. Déanfar spás oscailte príobháideach a thomhas ó laistiar den líne tógála cúil.

Ba cheart de ghnáth go mbeadh sconsa marthanach buan le teorainneacha na ngairdíní cúil agus airde 1.4 méadar ar a laghad ann. I gcás gairdíní cúil a bhfuil a gcúl le limistéir phoiblí, ach gan bóthar poiblí a chur san áireamh, ba cheart an airde sin a mhéadú go dtí 1.8 méadar.

Tábla 12.5: Ceanglais maidir le Spás Oscailte Príobháideach do thithe

An Cineál Aonaid	An Méid Spáis Oscailte Príobháidigh Íosta
Tithe 1/2 sheomra leapa	48 m cearnach
Teithe 3 sheomra leapa	60-75 m cearnach
Tithe 4 sheomra leapa agus níos mó	60-75 m cearnach

12.7.2 Ceanglais maidir le Spás Oscailte Poiblí

12.7.2.1 Dearadh Spáis Oscailte

Éileoidh an Chomhairle i gcás gach iarratais phleanála d'fhorbairtí il-aonad cónaithe go gcuirfear plean ardchaighdeán mionsonraithe don limistéar oscailte ar fáil mar aon le dearadh tírdhreacha, lena n-áirítear sonraíochtaí, a bheith ullmhaithe ag gairmithe atá cáilithe go cuí, in éineacht leis.

Ba cheart d'fhorbróirí machnamh a dhéanamh ar réimse spásanna oscailte idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a sholáthar. Ba cheart limistéir leath-nádúrtha a chur ar fáil, mar shampla bogaigh, coillearnacha, móinéir, conairí glasa mar aon le gairdíní foirmiúla, agus limistéir shuí. Oibríonn na gnéithe sin níos fearr mar chuid de struchtúr foriomlán maidir le soláthar spáis oscailte.

Tabharfar aird sna hiarratais ar na caighdeáin cháilíochtúla atá leagtha amach i gCuid 4.18 de [Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha](#).

Ní mór iad seo a leanas a chur san áireamh nuair atá spás oscailte á dhearadh:

- Ba cheart go mbeadh ardchaighdeán amhairc ag baint le spás oscailte agus go mbeidh sé feidhmiúil agus inrochtana ag gach duine;
- Ba cheart spás oscailte a dhearadh sa chaoi go gcuirfear faireachas éighníomhach ar fáil dó.
- Níor cheart spásanna oscailte a bheith suite ar an taobh nó ar chúl aonad tithíochta.

- Ba cheart spásanna oscailte ilfheidhmeacha a sholáthar ag suíomhanna oiriúnacha sa chaoi gur féidir úsáidí gníomhacha agus éighníomhacha araon a bhaint astu.
- Ní mór a chinntiú go mbeidh comhréir oiriúnach sa spás oscailte. Ní ghlacfar le stráicí caola talún agus ní chuirfear san áireamh iad nuair a bheidh an spás oscailte á ríomh le haghaidh forbartha beartaithe, agus ní ghlacfar le haon a talamh a mheasfar nach bhfuil sí oiriúnach mar gheall ar an nádúr atá aici, m.sh. toisc í a bheith riascach nó fána géar a bheith uirthi.
- Ní mór moltaí a sholáthar maidir le draenáil an spáis oscailte phoiblí
- Ba cheart gnéithe crua den tírdhreachtú crua a aithint chomh maith, mar shampla pábháil nó obair dhuirleogaíochta a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le dearadh agus cur i láthair smaointe faoi spásanna oscailte
- Ba cheart gnéithe nádúrtha atá ann cheana féin a choinneáil agus dlúthchuid den spás oscailte a dhéanamh díobh
- Ba cheart naisc oiriúnacha rothaíochta agus siúil idir spásanna oscailte a thaispeáint ar an bplean a leagfar amach don suímh;
- Ba cheart go mbeadh rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar ionad súgartha agus ba cheart é sin a bheith laistigh de achar sábháilte agus réasúnta siúil óna mbailte.
- Ba cheart spásanna súgartha a bheith inaitheanta trí chomharthaíocht 'súgartha' oiriúnach a úsáid
- Ba cheart go mbeadh an oiread limistéar do choisithe agus is féidir a bheith timpeall na spásanna sin, agus ba cheart deireadh a chur le trácht tríothu nó bearta maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm
- Maidir le lánáil laistigh d'eastát tithíochta nó a nascann eastáit tithíochta le chéile ba cheart iad a bheith deartha le cur ar chumas coisithe agus rothaithe gluaiseacht go shábháilte agus ba cheart go mbeadh daoine in ann breathnú anuas orthu óna n-árais chónaithe agus go mbeadh siad soilisithe go maith agus gan fad iomarcach a bheith iontu.

12.8 Spás Oscailte i bhforbairt chónaithe nua

Beidh ar iarratasóirí foráil a dhéanamh do bhonneagar spóirt agus caithimh aimsire i gcomhréir leis na riachtanas a eascróidh ó aon fhorbairt agus i bhfianaise cumas na n-áiseanna atá ann cheana féin sa cheantar freastal a dhéanamh ar riachtanais reatha agus ar riachtanais amach anseo.

Éileoidh an Chomhairle go gcuirfear 2.4 heicteár de spás oscailte poiblí ar fáil in aghaidh gach 1,000 duine. **Chun críocha an áirimh seo, beidh na riachtanais maidir le spás oscailte poiblí bunaithe ar aonaid chónaithe a mbeidh ráta áitíochta 2.8 duine in aghaidh an aonaid iontu.**

Ní cheadófar maolú ar an gcaighdeán sin ach amháin in imthosca eisceachtúla faoi mar a chinneadh an t-údarás áitiúil. Má cheadaítear a leithéid de mhaolú níor cheart go mbeadh an spás oscailte a chuirfear ar fáil in aon scéim faoi bhun 10% d'achar iomlán an tsuímh.

Beidh measúnacht riachtanais áineasa riachtanach i gcás pleananna le haghaidh os cionn 200 aonad cónaithe. Ba cheart go mbeadh soláthar áineasa ina ghné lárnach de mholtaí forbartha. Cuirfidh an Chomhairle i bhfeidhm na caighdeáin atá leagtha amach i dTábla 12.6

mar riachtanas íosta maidir le soláthar ar an láthair mar chuid d'fhorbairt chónaithe nó maidir le soláthar lasmuigh den láthair. Ar mhaithe le riachtanais straitéiseacha a shásamh féadfaidh an Chomhairle na riachtanais a bhaineann le forbairtí aonair níos lú a chur i dtoll a chéile chun áiseanna agus taitneamhachtaí straitéiseacha a chur ar fáil a bhaineann le leibhéal níos airde den ordlathas. Féadfar ranníocaíochtaí a iarraidh ó fhorbróirí agus féadfar iad a úsáid freisin chun feabhas a chur ar áiseanna atá ann cheana féin in aice láimhe.

Maidir le limistéir ina bhfuil forbairt nua beartaithe agus gurb é an tionchar carnach a bheidh aici, nó go meastar gurb é an tionchar carnach a bheadh uirthi, ná go sárófar an méid tithíochta a aithníodh i dTábla 12.6, éileofar ar fhorbróirí ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh nó tailte a chur ar fáil chun áiseanna spóirt agus caithimh aimsire a fhorbairt le freastal ar riachtanais a bhforbraíochtaí agus ar na riachtanais a mheastar a bheidh i bhforbairtí in aice láimhe. I gcásanna ina n-áirítear leis seo tailte a fháil, nó a bhfuiltear ag súil go n-áireofar leis é, déanfar an riachtanas sin a shonrú.

I gcás nach mbeadh soláthar ar an láthair oiriúnach éileoidh an Chomhairle Contae tobhach airgid i leith gach aonaid tithíochta mar mhalairt ar spás oscailte poiblí nó saoráidí caithimh aimsire a sholáthar.

Tábla 12.6: Tairseacha Forbartha Taitneamhachta	
Acmhainn an Láithreáin Líon Áiteanna Cónaithe	Líon íosta agus cineál na n-áiseanna fóillíochta ag teastáil
<25	Ní mór ar a laghad 0.25 heicteár a chur ar fáil.
25 nó os cionn	2.4 heicteár de spás oscailte in aghaidh gach 1,000 duine (Ní mór 0.25 heicteár ar a laghad a chur ar fáil)
100 – 199	Ní mór spás comharsanachta ar féidir súgradh ann a sholáthar mar chuid den spás oscailte poiblí
200 – 499	Ní mór iad seo a leanas a sholáthar mar chuid den spás oscailte feistithe poiblí: Páirc imeartha lánmhéide spóirt amháin; Áit súgartha áitiúil ar féidir súgradh inti; agus Cúirt ilúsáide amháin do réimse cluichí le haghaidh club nó cumainn phobail.
500 – 599	Ní mór a sholáthar mar chuid den spás oscailte: Páirc imeartha lánmhéide spóirt amháin; Áit súgartha dúiche nó áit súgartha áitiúil ar féidir súgradh inti agus áiteanna breise comharsanachta ar féidir súgradh iontu; Cúirt ilúsáide amháin do réimse cluichí; agus Dhá chúirt leadóige nó chispheile srl.
600 +	Ní mór iad seo a leanas a sholáthar mar chuid den spás oscailte feistithe poiblí:

	Dhá pháirc imeartha lánmhéide spóirt; Áit súgartha dúiche nó áit súgartha áitiúil ar féidir súgradh inti agus áiteanna breise comharsanachta ar féidir súgradh iontu; Cúirt ilúsáide amháin do réimse cluichí; agus dhá chúirt leadóige nó chispheile srl.
1000 +	Foirgneamh pobail nó fóillíochta lena n-áirítear cúirt lánmhéide badmantain nó cispheile le haghaidh club nó cumainn phobail. Ní mór iad seo a leanas a sholáthar mar chuid den spás oscailte feistithe poiblí: Dhá pháirc imeartha lánmhéide spóirt; Áit súgartha dúiche nó áit súgartha áitiúil ar féidir súgradh inti agus áiteanna breise comharsanachta ar féidir súgradh iontu; Cúirt ilúsáide amháin do réimse cluichí; agus dhá chúirt leadóige nó chispheile srl.

Féadfar an riachtanas maidir le spás oscailte a mhaolú má bhíonn an fhorbairt bheartaithe suite gar do limistéar páirce bunaithe nó do spás oscailte criosaithe ach braithfidh an cinneadh a dhéanfar ar chineál agus ar chaighdeán an tsoláthair reatha. Mar sin féin, d'fhéadfadh ranníocaíocht airgeadais a bheith ag teastáil chun feabhas a chur ar an áis atá ann cheana féin le go bhféadfar freastal ar an éileamh breise.

D'fhéadfaí a iarradh ar fhorbróirí soláthar oiriúnach a dhéanamh maidir le bainistiú agus cothabháil an spáis oscailte atá riachtanach faoin mbeartas seo más rud é nach nglacann an tÚdarás Áitiúil na spásanna agus na háiseanna faoin a cúram.

12.8.1.1.1 Áit Súgartha

Is é an caighdeán ná go gcuirfear ar a laghad 10 méadar cearnach ar fáil d'áit thiomnaithe do shúgradh in aghaidh gach aonaid chónaithe mar chuid lánach den spás oscailte riachtanach i ngach forbairt nua. Is féidir an spás sin ar féidir súgradh a dhéanamh air a bheith ina chuid den spás oscailte foriomlán a chuirfear ar fáil don fhorbairt ach chaithfidh sé a bheith tiomanta do shúgradh.

Caithfidh an spás súgartha a bheith scaipthe ar fud na forbartha agus ba cheart a chur san áireamh an bhfuil a leithéid á sholáthar cheana féin lasmuigh den suíomh nó nach bhfuil. Ba cheart an ceanglas spás iomlán a roinnt sna cineálacha ábhartha ag cur san áireamh na hachair uasta siúlóide ó aonaid chónaithe atá tugtha thíos.

An Cineál Spás Súgartha	An t-achar uasta siúil ó aonad cónaithe
Áit súgartha ar leac an dorais	100m
Áit súgartha áitiúil	400m
Áit súgartha comharsanachta	800m
Spás don Óige	800m

Is féidir Áit súgartha ar leac an dorais atá oiriúnach do pháistí níos óige a chur san áireamh i limistéir níos lú ach beidh áiteanna níos mó ag teastáil le haghaidh spásanna súgartha eile. Ba cheart an spás súgartha ar leac an dorais a leagan amach sa chaoi go mbeidh meascán de trealamh feistithe ann, mar shampla luascáin, luascáin chliabhán, timpealláin, sleamhnáin agus il-aonaid do dhaoine beaga mar aon le gaineamh, uisce agus ábhair eile le go bhféadfaidh leanaí a bheith ag súgradh go cruthaitheach.

Ba cheart an spás súgartha áitiúil a leagan amach sa chaoi go mbeidh meascán de luascáin, luascáin chliabhán, timpealláin, il-aonaid, líonta spáis, bíomaí agus míreanna eile trealaimh atá oiriúnach do leanaí suas go 12 bhliain d'aois mar aon le gaineamh, uisce agus ábhair eile le go bhféadfaidh leanaí a bheith ag súgradh go cruthaitheach.

Ba cheart go mbeadh spás súgartha comharsanachta cosúil leis na spásanna súgartha ar leac an dorais agus spásanna súgartha áitiúla ach go mbeadh réimse trealaimh súgartha agus deiseanna súgartha níos leithne iontu a chruthódh timpeallacht dhúshlánach, spreagúil spraoi.

Maidir le Spás Óige ba cheart go mbeadh moltaí mionsonraithe ann le freastal ar riachtanais caithimh aimsire do dhaoine óga an limistéir atá os cionn 12. Ba cheart a chur san áireamh in aon tacar moltaí an leibhéal reatha soláthair atá sa cheantar máguaird agus iarracht a dhéanamh déileáil leis na heaspaí atá ann.

Ba cheart limistéir foirmiúla agus neamhfhoirmiúla cluichí nó áineasa do dhaoine fásta agus do dhaoine scothaosta m.sh. Spásanna Tonála a bheith ina ndlúthchuid de na scéimeanna.

12.9 Scála na Forbartha

12.9.1 Cóimheas Lota

Is éard is cóimheas plota ann ná an gaol idir achar an tsuímh agus an achar urláir iomlán na bhfoirgneamh a thógtar air. Faightear an cóimheas plota trí ollachar urláir an fhoirgnimh a roinnt ar achar an tsuímh.

Cóimheas plota = Ollachar Urláir roinnte ar ollachar an tsuímh.

Is é cuspóir an cóimheas plota ná cosc a chur leis an tionchar díobhálacha a bhíonn ag ró-fhorbairt agus tearcfhorbairt ar thaitneamhacht agus ar leagan amach na bhfoirgneamh, agus chun mórdhlúthú agus airde inmhianaithe na bhfoirgneamh a bhaint amach, agus cothromaíocht a bhaint amach idir acmhainn an tsuímh agus éadanas na sráide. Moltar 2.0 a leagan síos mar chóimheas lota uasta i gceantair uirbeacha agus 1.0 i ngach áit eile. Ní cheadóidh an tÚdarás Pleanála cóimheasa lota níos airde ach amháin i gcásanna ina gcuirtear caighdeáin eisceachtúla dearaidh ar fáil.

12.9.2 Clúdach an tSuímh

Is é an cuspóir atá le rialú clúdach suímh ná cosc a chur le ró-fhorbairt, scáileanna a sheachaint agus cearta na sealúchas cónaithe tadhlaigh maidir le solas a bheith acu a chosaint. Is é 65% an clúdach suímh uasta de ghnáth i gcomhair gach réimse úsáide. I gceantair uirbeacha, is féidir cead a thabhairt an clúdach suímh a mhéadú go 85% nó chomh hard leis an gclúdach suímh atá ann cheana féin. I gcásanna áirithe, féadfar céatadán níos airde a cheadú, faoi réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an tsuímh.

Clúdach suímh = Achar urláir na talún roinnte ar ollachar an tsuímh.

12.10 Tithíocht Tuaithe

Tá an straitéis maidir le lonnaíocht faoin tuath leagtha amach i gCaibidil 3. Tá bailchríoch curtha ag an Údarás Pleanála ar [Treoir maidir le Dearadh faoin Tuath i gContae Chill Chainnigh](#) atá ceaptha le cabhrú le daoine atá ag smaoineamh ar theach aonair a thógáil faoin tuath.

D'fhéadfadh an treoir seo a leanas cabhrú maidir le pleanáil a dhéanamh le haghaidh teach aonair faoin tuath:

- Ba cheart tírdhrechtú aibí atá ann cheana féin, go háirithe crainn agus fála, a choinneáil nuair is féidir. Is féidir le crainn atá ann cheana féin, foirgnimh, fánaí agus gnéithe nádúrtha eile cúlra a sholáthar don teach. Moltar nuair is féidir, go gcoinneofaí teorainneacha (ar gach taobh) atá bunaithe go maith toisc go gcabhródh siad chun dlúthchuid den timpeallacht a dhéanamh den suíomh. Moltar gan suíomhanna a ghearradh as páirceanna níos mó.
- Maidir le suíomhanna a d'fhéadfadh forbairt ribíneach a spreagadh meastar nach dtacódh siad le pleanáil chuí ná le forbairt inbhuanaithe agus moltar go tréan gan iad a fhorbairt.
- Ba cheart struchtúir thuaithe atá ann cheana féin a athúsáid, a oiriúnú nó sínte a chur leo nuair is féidir. I gcás foirgnimh stairiúla nó dúchasach atá suite ar an suíomh nó ar an ngabháltas, ba cheart machnamh dáiríre a dhéanamh faoina gcoinneáil, agus a úsáid mar chuid d'aon fhorbairt bheartaithe.
- Nuair atá suíomh á cheapadh le haghaidh áras cónaithe nua ní mór breathnú ar thréithe agus ar shrianta an tsuímh sin, ar a chomhrianta agus ar scála, foirm agus treoshuíomh aon áitribh atá cóngarach dó nó in aice láimhe. Ba cheart suíomh, láithriú, treoshuíomh agus dearadh an árais cónaithe nua atá molta faoin tuath a roghnú i bhfianaise a thimpeallachta agus ba cheart iarracht a dhéanamh é a comhtháthú an oiread agus is féidir sa tírdhreach agus a chinntiú nach mbeidh sé ina ghné shuntasach thiarnasach sa timpeallacht tuaithe.
- Ba cheart breithniú iomlán a thabhairt do thairbhe a bhaint as teas agus solas na gréine. Ba cheart leas a bhaint as treoshuíomh an árais chónaithe atá beartaithe agus as an leagan amach inmheánach chun an éifeachtúlacht fuinnimh is mó a fháil.
- Ní rud inmhianaithe é suíomhanna a ghearradh agus líonadh (féach an Treoir maidir le Dearadh faoin Tuath i gContae Chill Chainnigh le fáil amach conas teach a thógáil ar fhána géar)
- Is é an rud is fearr ar fad ná nach mbeadh tithe ag gobadh suas os cionn na spéirlíne ná ina ngnéithe tiarnasacha uirthi nuair a bhreathnaítear orthu ó na bóithre in aice láimhe nó ó áiteanna i bhfad uathu.

- Ba cheart treoir a ghlacadh ó fhoirgnimh stairiúla an cheantair a léiríonn patrúin réigiúnacha nó áitiúla maidir le scála, airde, méid, cumraíocht, leagan amach, comhréireanna, ábhair agus sonraí nó gnéithe ailtireachta.
- Ní cheadófar aon bhailchríoch mholta ach amháin má bhíonn an Chomhairle sásta go luíonn bailchríocha den sórt sin go maith leis an tírdhreach máguaird agus leis an ailtireacht dúchasach.
- Ní cheadófar tithe cónaithe atá ceannasach, ionsáite, nó míréireach faoin tuath.
- Ba cheart aird ar leith a thabhairt do bhaint amach comhréireanna cearta (mar shampla an chomhréir idir na ballaí agus an díon), ar féidir leo cabhrú chun dlúthchuid den tírdhreach a dhéanamh den teach. Ba cheart leagan amach casta díonta agus patrúin chasta fuinneog a sheachaint.
- Ba cheart go leanfadh cabhsáin comhrianta an tsuímh
- Ba cheart na geataí isteach a dhearadh ar bhealach a bheidh ag teacht leis an suíomh faoin tuath. Nuair atá iarratais á ndéanamh le haghaidh tithe cónaithe faoin tuath ba cheart líníochtaí mionsonraithe a sholáthar ag léiriú an chaoi a bheidh an bhealach isteach. Is é an rud is fearr ar fad ná go mbeadh an teorainn cois bóthair déanta d'fhóid agus de chlocha nó de chlaí cré agus líne dhúbailte de speicis dhúchasacha na bhfálta sceach curtha air m.sh. sceacha geala, mailpeanna, cuileann, draighean, coll srl. Moltar do dhaoine gan leas a bhaint as gnéithe ornáideacha ná as ballaí déanta de bhloic.

Rochtain agus Línte Radhairc

Ní mór don iarratasóir a thaispeáint go mbeidh rochtain shábháilte ag feithiclí ar an láithreán molta agus amach as ó thaobh infheictheachta ón mbealach isteach atá molta, agus freisin ó thaobh an tionchair a bheadh ar an trácht ar an mbóthar poiblí in aice láimhe, de bharr feithiclí a bheidh ag casadh agus ag stopadh agus iad ag fágáil an tsuímh atá beartaithe agus ag dul isteach ann. Ní mór d'iarratasóirí cloí leis an leabhrán, [An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta - Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid](#)¹⁹⁶.

Córais Chóireála Fuíolluisce

Éilíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh go ndéanfar láithreáin a mheasúnú i gcomhréir le Cód Cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil - Córais Chóireála agus Dhiúscair Fuíolluisce a Fhónann ar Thithe Aonair, (EPA, 2009). Caithfidh an duine a dhéanfaidh an measúnú sin a bheith cáilithe chuige.

12.10.1 Caighdeáin Tógála

Beidh na caighdeáin maidir le hoibreacha forbartha suíomhanna agus, go háirithe, maidir le cosáin, séaraigh, draenacha agus soláthar uisce i gcomhréir leis na Rialacháin Foirgníochta agus na *Moltaí d'Oibreacha Forbartha Suíomhanna do Cheantair Tithíochta* (1998) a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

12.10.2 Rialacháin Foirgníochta

Ní mór na Rialacháin Foirgníochta a shásamh i gcás gach áitribh nua. Tá na Rialacháin Pleanála agus na Rialacháin Tógála neamhspleách ar a chéile agus ar an ábhar sin má thugtar cead pleanála ní chiallaíonn sé sin gur gá go gcomhlíonfadh aon struchtúr atá beartaithe na

¹⁹⁶ An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, [Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid](#), 20

Rialacháin Tógála. Tá sé tábhachtach an obair réamhphleanála d'aon struchtúr nua a dhéanamh de réir na Rialachán Foirgníochta mar dá ndéanfaí iarracht níos déanaí chun na Rialacháin Foirgníochta a chur i bhfeidhm d'fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh d'aon chead pleanála a bheadh tugtha.

12.10.3 Rialú Airde Tógála

Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar iarratas ar fhoirgnimh arda agus ar struchtúir arda eile:

- Scáthú agus cailteanas solais i gcás réadmhaoine mórthimpeall
- An chaoi a bheadh aghaidh acu ar fhoirgnimh eile (go háirithe ar áitribh chónaithe) agus an chaoi a d'fhéadfadh áitribh máguaird a bpríobháideacht a chailliúint.
- Cur isteach ar scála an tsráid-dreacha
- An mbainfeadh sé ó fhoirgnimh stairiúla, ó spásanna nó ó shainchomharthaí tábhachtacha?
- An mbeadh tionchar aige ar fhoirgnimh atá ann cheana féin a bhfuil luach speisialta ag baint leo, mar shampla, spuaic, cruinneachán, túr nó foirgneamh ard eile?
- Radhairc a cheilffí
- Cur isteach ar an spéirlíne
- Scála an fhoirgnimh i ndáil lena spásanna oscailte agus le foirgnimh eile
- An bhfuil an suíomh mór go leor chun aistriú amhairc a sholáthar
- Cuspóir nó tábhacht chathartha an fhoirgnimh
- Tionchar ar micrea-aeráid
- An gá atá ann chun dearadh dearfach uirbeach a chruthú
- Anailís a dhéanamh ar an thionchar a bheadh aige ar an sála áitiúil agus an scála uirbeach níos leithne

Más rud é go measann an tÚdarás Pleanála go bhfuil suíomh oiriúnach le haghaidh foirgneamh ard ba cheart go mbeadh caighdeán ailtireachta den scoth ag an bhfoirgneamh féin, go mbeadh sé galánta agus comhaimseartha agus stíl ag baint leis, agus go gcuirfeadh a chló agus a próifíl go mór leis an spéirlíne atá ann cheana féin.

12.10.4 Línte Tógála

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála iarracht de ghnáth a chinntiú nach ndéantar an fhorbairt chun amach tosaigh ar línte bunaithe tógála. Go ginearálta, beidh sé mar aidhm acu líne leanúnach thógála a chruthú ar feadh imeall sráide. Spreagfar daoine chun línte comhsheasmhacha tógála a chinntiú freisin nuair atá ionaid chomharsanachta á ndearadh agus forbairtí i bpáirceanna nua tionsclaíochta nó gnó, sa chaoi go mbeidh gaol soiléir ag na foirgnimh lena chéile. I limistéir faoi fhoirgnimh, ní cheadófar forbairt a sháródh ar líne tógála atá ann cheana féin agus a mbeadh drochthionchar aige ar thaitneamhacht chónaithe, nó ar fhorbairt ordúil.

Is féidir rialacha faoi línte tógála a mhaolú, áfach, chun na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

- chun gnéithe tábhachtacha tírdhreacha a n-ionchorprú i leagan amach na forbartha,
- chun foirgnimh ar díol mór suntais iad a ionchorprú sa phlean,
- chun dearáí nuálacha a sholáthar a d'fhéadfadh cur le dealramh an bhaile,

- chun leagan amach nuálach tithíochta a chur ar fáil, sa chaoi go mbeidh an slánachar traidisiúnta ón gcosán poiblí solúbtha mar gheall ar dhearaí nua, agus béim níos lú á leagadh ar an spás íosta atá riachtanach os comhair na n-áitreabh,
- chun limistéir thábhachtacha oscailte poiblí, m.sh. cearnóga, a chur ar fáil.

12.10.5 Forbairt Inlíontach

Éileofar i gcás scéimeanna forbartha agus athchóirithe inlíontacha laistigh de cheantair uirbeacha go dtabharfar aird ar leith don scála áitiúil agus do mhéid na láithreacha tógála agus do ceanglais a bhaineann le haon Limistéar Caomhantais Ailtireachta ina bhfuil an suíomh suite. Go ginearálta, i gcás forbairtí inlíontacha agus forbairt talún cúil ní mór aird ar leith a thabhairt do charachtar an cheantair maidir le bloic, láithreacha tógála agus foirgnimh. Ní chuirfear forbairt san áireamh ach amháin más rud é:

- Nach mbainfidh sé de charachtar an cheantair,
- Nach ndéanfaidh sé dochar do thaitneamhachtaí cónaithe an cheantair,
- Nach ndéanfaidh sé dochar do phleanáil agus d'fhorbairt chúil an cheantair.

12.10.6 Aghaidheanna Siopaí

Tá aghaidheanna siopaí ar cheann de na rudaí is tábhachtaí chun carachtar, cáilíocht agus íomhá sráideanna miondíola i gceantair uirbeacha a chinntiú. D'fhonn an carachtar ar leith sin a chaomhnú tá rún ag an Údarás Pleanála:

- Spreagadh a thabhairt do chothabháil aghaidheanna bunaidh na siopaí.
- Spreagadh a thabhairt do chur ar ais aghaidheanna traidisiúnta siopaí a bhfuil aghaidheanna dona curtha ina n-áit.
- Dearadh nua-aimseartha agus ábhair ardchaighdeán a chur chun cinn nuair atá aghaidheanna siopaí nua á moladh d'fhoirgnimh nua nó d'fhoirgnimh nua-aimseartha. Sa chás nach bhfuil aon fhiúntas faoi leith ag baint leis na haghaidheanna siopaí atá ann, bheadh sé inghlactha dá gcuirfí cinn nua de dhearadh comhaimseartha ina n-áit, agus dá ndéanfaí an scéal a láimhseáil go híogair d'fhéadfadh sé feabhas mór a chur ar dhealramh na sráide.
- Spreagadh a thabhairt d'úsáid ábhar nádúrtha ardchaighdeán i ndearadh aghaidheanna siopaí.

Maidir le comhlachtaí il-ollmhargaí nó ilstórais a bhfuil formáidí deartha glactha acu mar íomhánna corparáideacha ní gá go gceadófar dóibh leas a bhaint as na dearaí caighdeánaithe atá acu dá n-aghaidheanna siopaí, ná as na dathanna agus na hábhair chorparáideacha atá acu. Ba cheart spreagadh a thabhairt do chuideachtaí den sórt sin nuair atá éadanchláir á roghnú acu go dtabharfadh siad aird ar charachtar na sráide agus an limistéir mórthimpeall. Ní cheadófar deireadh a chur le doirse sráide a sholáthraíonn rochtain leithleach ar urláir uachtaracha ach amháin má chuirtear rochtain mhalartach ar leith ar fáil.

12.10.7 Comharthaíocht Éadanchlár

Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart comharthaí éadanchlár a bheith deartha go simplí agus ní ceart dul thar fóir ó thaobh soilsithe ná méid. Cuirfear na treoirlínte bunúsacha seo a leanas i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála i gcomhair

comharthaíocht éadanchlár i limistéir chaomhantais ailtireachta (úsáidtear an téarma 'aghaidh siopa' le tagairt do gach aghaidh tráchtála ar urlár na talún, lena n-áirítear aghaidheanna bialanna, tithe tábhairne, srl.):

- Spreagfar daoine chun éadanchláir adhmaid atá péinteáilte de láimh a bheith acu ar aghaidheanna traidisiúnta siopaí atá ann cheana féin.
- Ní cheadófar éadanchláir de bhunús plaisteach ar shiopaí nua ná ar shiopaí atá ann cheana féin.
- Ní cheadófar éadanchláir i bhfoirm boscaí a bhfuil soilsíú istigh iontu.
- Ceadófar ábhair nádúrtha mar adhmaid, miotal, srl. Ní cheadófar ábhair de dhéantús an duine mar phlaisteach, PVC neamhphlaistithe srl.
- Ní bheidh sé inghlactha de ghnáth éadanchláir agus ainm air a thógáil a nascfadh dhá fhoirgneamh nó níos mó le chéile.

12.10.8 Comhlaí Slándála

Má suitear comhlaí slándála ar aghaidheanna seachtracha foirgneamh is féidir leo drochthionchar a bheith acu ar charachtar na sráideanna siopadóireachta san oíche agus baint ó thaitneamhacht amhairc an cheantair sa chaoi sin. Molfaidh an tÚdarás Pleanála do dhaoine gan a leithéid de chomhlaí a úsáid.

B'fhéarr go mór leis an Údarás Pleanála nuair atá riachtanais slándála i gceist dá mbainfí leas as greillí oscailte ar féidir iad a thógáil anuas seachas as comhlaí rollacha. Is féidir greillí oscailte a dhearadh go tarraingteach agus is féidir leo cur le carachtar aghaidh an tsiopa agus na sráide.

Ní mór cead pleanála a fháil chun comhla slándála agus an t-ábhar cumhdaigh a théann leis a chur suas. Nuair a mheastar nach bhfuil aon dul as ach comhlaí slándála a fheistiú mar gheall ar an gcineál gnó atá á reáchtáil nó na hearraí atá a stóráil, féadfaidh an tÚdarás Pleanála i gcúinsí eisceachtúla iad a cheadú iad ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

- Caithfidh siad a bheith ina ngreillí oscailte (agus gan a bheith bréifneach ná soladach)
- Ní mór an dath a bheith comhoiriúnach do scéim dathanna an tsiopa.
- Ní mór iad a bheith lonnaithe mar aon leis an bhfeireadh a ghabhann leo, nuair is féidir, taobh thiar de taispeántas na bhfuinneog.

12.10.9 Forscáthanna agus Dallóga

Ní mór cead pleanála a fháil chun forscáthanna a chur in airde. Déanfar gach iarratas pleanála a mheas ar bhonn an riachtanas atá leis an bhforscáth agus an fheidhm atá aige. Beidh mionsonraí iomlána faoi struchtúr an fhorscátha ag teastáil nuair a dhéantar an t-iarratas pleanála, .i. na hábhair atá beartaithe, méid an fhorscátha (oscailte agus dúnta), suíomh bosca na dallóige agus dearadh na láimhe. Cuirfear na treoirlínte bunúsacha seo a leanas i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar iarratais pleanála i gcomhair forscáthanna agus scáthbhrat:

- Tabharfar tús áite do forscáthanna de dearadh agus d'ábhair thraidisiúnta .i. forscáth canbháis, lámha déanta d'iarainn saoirsithe agus bosca dallóige déanta d'adhmaid srl.
- Ní cheadófar leas a bhaint as plaisteach ná as PVC neamhphlaistithe. Ní cheadófar forscáthanna cuartha ná forscáthanna Dúitseacha.
- Ní cheadófar forscáthanna agus scáthbhrait a úsáid chun críocha fógraíochta seachas ainm an áitribh a léiriú orthu.
- Cuirfear forscáthanna in airde sa chaoi nach gclúdóidh siad gnéithe sainiúla ailtireachta, mar shampla éadanchlár nó piléir bhalla. Ní cheadófar iad má bhaineann siad de charachtar aghaidh an tsiopa nó d'fhoirgnimh ar díol spéise speisialta ailtireachta é.

Ba é an nós traidisiúnta a bhíodh ann ná dallóga a ionchorprú in éadanchlár aghaidh an tsiopa agus bhíodh siad deartha chun go bhféadfaí iad a filleadh isteach ann nuair nach raibh siad ag teastáil. Is é sin fós ar an bealach is fearr le déileáil le dallóg nuair a bhíonn ceann ag teastáil.

12.10.10 Soilsiú

Ní cheadófar éadanchláir i bhfoirm boscaí a bhfuil soilsiú istigh iontu ná boscaí comharthaíochta ag síneadh amach ón bhfoirgneamh. B'fhéidir gur rogha inghlactha malartacha iad soilsiú feadánach folaithe nó tuilsoilsiú agus spotsoilse. Is fearr fuinneog an tsiopa a shoilsiú ón taobh istigh ná soilsiú seachtrach a dhéanamh ar an bhfoirgneamh féin nó ar aghaidh an tsiopa.

12.10.11 Comharthaíocht agus Fógraíocht

Is é an prionsabal sáraitheach atá ann ná gur gá tranglam amhairc a sheachaint agus feabhas a chur ar charachtar tráchtála bailte agus sráidbhailte an chontae. Déantar comharthaíocht agus fógraíocht a rialú chomh maith ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre. Tá comhairle agus treoir faoi chomharthaíocht a bhaineann le gnéithe móra turasóireachta agus fóillíochta a shuiteáil ar bhóithre náisiúnta le fáil sa leabhrán a d'eisigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta [Beartas um Chomharthaíocht Turasóireachta & Fóillíochta ar Bhóithre Náisiúnta](#)¹⁹⁷.

Féadfaidh comharthaí fógraíochta, ina n-aonair nó go háirithe ina ngrúpaí, dea-thionchar nó drochthionchar a bheith acu ar charachtar foirgnimh, sráide nó limistéir ag brath ar a ndearadh, a méid agus ar na háiteanna ina bhfuil siad suite.

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála gach comhartha fógraíochta a rialú go dian ó thaobh suímh, dearaidh, ábhair agus feidhme. Cuirfear na treoirlínte bunúsacha seo a leanas i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála i gcomhair comharthaí agus struchtúr fógraíochta:

¹⁹⁷ An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta [Beartas um Chomharthaíocht Turasóireachta & Fóillíochta ar Bhóithre Náisiúnta](#), 2011

- Ba cheart gach comhartha a dhearadh i gcomhair an fhoirgnimh sin a mbeidh sé ar taispeáint air. Is féidir comhartha saincheaptha a bheith ina píosa ealaíne ina cheart féin má dheantar é go cúramach agus má dhéantar é d'ábhair nádúrtha ardchaighdeáin. Ba cheart go rachadh comharthaí go maith ó thaobh dearaidh agus datha leis an bhfoirgneamh agus lena bhfuil timpeall orthu.
- Molfar do dhaoine gan comharthaí plaisteacha nó vinile i bhfoirm mheirge a úsáid. Cuirfear srian le méid agus le líon na gcomharthaí starracha, na meirgí agus na gcrann bhratach chun tranglam a chosc.
- Spreagfar daoine chun ábhair nádúrtha mar adhmaid, miotal, srl. a úsáid. Ní cheadófar ábhair de dhéantús an duine mar phlaisteach, PVC neamhphlaistithe srl. i limistéir Caomhantais Ailtireachta. Cuirfear cosc le neon, plaisteach, PVC, peirspéacs galánach a úsáid le haghaidh comharthaí ar an taobh amuigh d'fhoirgnimh agus le comharthaí frithchaiteacha nó gealraí. Spreagfar daoine chun comharthaí péinteáilte traidisiúnta a úsáid mar aon le comharthaí ar crochadh ó bhacanna déanta d'iarainn saoirsithe.
- Ní inmhianaithe an rud é leas a bhaint as comharthaíocht teagmhála a ghreamaítear go díreach ar ghloine fuinneoige siopa, mar bíonn sé ina bac amhairc idir urlár an tsiopa agus ar an tsráid. Déanfar é sin a díspreagadh go tréan.
- Ní cheilfidh comharthaí gnéithe ná sonraí ailtireachta. Ní cheadófar comharthaí os cionn sceimhleacha ná leibhéal uchtbhallaí ná suite mar starrtha os cionn díonta.
- Ní cheadófar comharthaí a chuireann isteach ar shábháilteacht coisithe, nó ar shábháilteacht agus ar shaorshreabhadh tráchta nó má cheileann siad comharthaí bóthair. Tá comharthaí atá ceangailte d'fhoirgnimh níos fearr ná cinn ar mhórchláir shaorsheasaimh.
- Breathnófar go fabhrach, i gcomhairle le grúpaí gnó, ar chomharthaí ilchodacha a thógáil tamall amach ó lonnaíochtaí ag insint cad iad na háiseanna atá ar fáil sna lonnaíochtaí sin. Má bhíonn an cuimse réamhchomharthaí móra ag iomaíocht lena chéile ar na bóithre lasmuigh de lonnaíocht is féidir leo an-damáiste a dhéanamh do dhealramh agus d'íomhá na mbealaí tábhachtacha isteach inti agus tapóidh na húdaráis áitiúla an deis, de réir mar a thagann sé, chun deireadh a chur le réamhchomharthaí aonair.

Ba cheart d'iaratasóirí a thabhairt faoi dheara gur gá ceadúnas a fháil i gcomhair comharthaíochta ón Údarás Áitiúil agus nach mór cloí leis na ceanglais atá sa Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2010).

12.10.12 Ionaid Mearbhia Tóg Leat

Ní bheidh moltaí le haghaidh forbairt áiseanna den sórt sin inghlactha de ghnáth ach amháin i réimsí gníomhaíochtaí ilchineálacha, mar shampla i lár bailte nó sráidbhailte. Déanfar iarratais phleanála le haghaidh Ionad nua Mearbhia Tóg Leat a mheas ar a bhfiúntas féin. Tabharfar aird ar an tionchar a bheadh ag an ionad tóg leat ar thaitneamhachtaí an cheantair, lena n-áirítear torann, boladh agus bruscar.

Féadfaidh an tÚdarás Pleanála srianta a chur le huaireanta oscailte a leithéid d'ionaid mar choinníoll le cead phleanála. Beidh sé riachtanach na mionsonraí go léir faoi aghaidh siopa a sholáthar nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh le go bhféadfar oiriúnacht na moltaí ó thaobh amhairc de don cheantar a mheas.

12.10.13 Stáisiún Peitрил

- Beidh ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach ag teastáil do gach stáisiún peitрил nua agus i gcás hathchóirithe atá le déanamh ar stáisiún atá ann cheana féin. Ba cheart go mbeadh forscáth na réamhchúirte ina dlúthchuid den dearadh foriomlán agus é suite sa chaoi nach mbeidh tionchar ceannasach aige ar na foirgnimh máguaird.
- Ní cheadófar stáisiún pheitрил de ghnáth i gceantair chónaithe, ach amháin más féidir a léiriú go soiléir nach ndéanfar aon dochar suntasach do thaitneamhachtaí cónaithe mar gheall ar rudaí mar thorann, cur isteach ar dhealramh na háite nó ar chúrsaí sábháilteachta nó mar gheall ar múch agus bolaithe a chruthú. Féadfar smaoineamh freisin sa chás sin ar teorainn a chur leis na huairdeanta a mbeadh an stáisiún peitрил ar oscailt. Ba cheart áiseanna níocháin carr a bheith suite sa chaoi nach gcuirfear isteach ar thaitneamhachtaí cónaithe.
- In aon iarratas ar stáisiún peitрил nua ba cheart go mbeadh foráil ann faoi sholáthar go leor éadanas bóthair mar aon le léargas soiléir, dhá phointe rochtana agus áis sláintíochta don phobal
- Beidh tírdhrechtú agus folú oiriúnach ag teastáil chun taitneamhacht an cheantair máguaird a chosaint agus feabhas a chur ar dhealramh na forbartha.
- Ní cheadófar stáisiún pheitрил i gceantair tuaithe áit a mbeadh drochthionchar acu ar radhairc agus ar caol-léargais máguaird agus ar taitneamhachtaí ginearálta.
- Ba cheart srian a chur le líon agus le dearadh comharthaí agus ba cheart iad a shuí de ghnáth sa chaoi go mbeidh siad ina gcuid de na foirgnimh nó de na struchtúir eile ar an suíomh. Ní cheadófar comharthaí d'aon saghas a chur ar chosáin, ar ghruaimhíní nó ar aon chuid de bhóthar poiblí. I gcúinsí áirithe agus ag brath ar an suíomh, ní glacfar leis an dearadh nó leis an gcomharthaíocht chaighdeánach chorparáideach do stáisiún pheitрил.
- Ba cheart soilsiú na réamhchúirte, lena n-áirítear soilsiú sa bhforscáth, a bheith teoranta don méid is gá chun an stáisiún peitрил a oibriú go sábháilte agus níor cheart cur isteach ar thaitneamhachtaí na n-áitreabh in aice leis.
- Maidir le díol earraí ón stáisiún peitрил ní cheadófar é sin ach amháin mar áis mhionscála choimhdeach a bheadh ina ghné thánaisteach d'úsáid na háite mar stáisiún peitрил agus nuair nach mbeadh drochthionchar aige ar thaitneamhachtaí áitiúla. Faoi mar atá sna Treoirínte um Pleanáil Miondíola (DECLG, 2012), is é 100m² glan an t-achar urláir is mó a cheadófar i siopaí stáisiún peitрил. Ní mór iarratais phleanála a dhéanamh go sonrach le haghaidh siopaí den sórt sin.
- Ní mór bána páirceála agus pasáistí a shuí sa chaoi go mbeidh an coinbhleacht is lú idir coisithe agus feithiclí.

12.10.14 Ranníocaíochtaí Forbartha

Éileoidh an Chomhairle ranníocaíochtaí airgeadais, de réir na scéime ranníocaíochtaí forbartha ar ghlac sí léi faoi S.48 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2011 (nó faoi aon reachtaíocht ábhartha eile a féadfar a achtú ó am go ham). Éilítear ranníocaíochtaí den sórt sin i leith an chaiteachais chaipitiúil atá riachtanach chun bonneagar agus áiseanna poiblí a sholáthar a rachaidh chun tairbhe forbartha sa Chontae, agus a chuireann an Chomhairle féin ar fáil, nó a bhfuil sé i gceist go gcuirfear ar fáil iad thar a cheann.

12.10.15 Bannaí

Lena chinntiú i gcás forbairtí a dhéanfaidh forbróirí príobháideacha go gcuirfear i gcrích iad go sásúil, éileofar ar na forbróirí sin taiscí airgid a sholáthar nó bannaí ó chomhlachtaí árachais nó ó institiúidí airgeadais eile a mbeidh an tÚdarás Pleanála sásta glacadh leo a sholáthar mar urra go gcríochnófar na forbairtí agus na seirbhísí coimhdeacha a ghabhann leo go sásúil. Ní mór an banna nó an t-urra sin a sholáthar sula gcuirtear tús le forbairt. I gcás forbairtí cónaithe, ní thabharfar ar ais an banna go dtí go mbeidh an eastát críochnaithe go hiomlán chun sástachta an Údaráis Phleanála agus go mbeidh sé glactha i gcúram go foirmiúil ag an Údarás Pleanála.

12.10.16 Caomhnú Crann agus Fálta Sceach

D'fhonn a chinntiú go gcosnófar crainn agus fálta sceach ar láithreán ar deonaíodh cead pleanála ina leith, féadfar a éileamh go lóisteálfar airgid nó go dtabharfar banna le haghaidh suime airgid a bheidh le cinneadh ag an Údarás Pleanála.

Ní cheadófar forbairt de ghnáth sa chás gur dócha go scriosfar nó go ndéanfar damáiste do chrainn atá faoi chosaint ag Ordú Buanchoimeáda Crann nó crainn a bhfuil luach faoi leith mar thaitneamhacht áitiúil nó luach caomhnaithe dúlra ag baint leo. Spreagfar daoine gan dul ar aghaidh le forbairtí ina mbeadh sé riachtanach crainn aibí a leagan a bhfuil luach taitneamhachta, luach caomhnaithe nó a bhfuil spéis ar leith ag baint leo, cé go mb'fhéidir nach bhfuil siad liostaithe sa bPlean Forbartha.

Nuair a bheidh fálta sceach nó crann á gcur ar ais tabharfar aird chuí ar an bhfeidhm éiceolaíoch atá ag fálta sceach mar chonairí fiadhúlra. Molfar go gcuirfear meascán de speicis dhúchasacha nuair a bheidh fálta sceach nua á bplandáil agus go ndéanfar é sin ag tús na n-oibreacha tógála agus gur cheart go mbeadh naisc acu le fálta sceach atá ann cheana féin le tacú le líonraí éiceolaíochta.

Má aithnítear crainn agus fálta sceach a mbeadh tionchar ag forbairt bheartaithe orthu, ní mór suirbhé a dhéanamh agus a chomhlánú de réir BS 5837 Trees in relation to design, demolition and construction – Recommendations 2012.

Ba cheart aghaidh a thabhairt de ghnáth ar na riachtanais seo a leanas nuair a thagann ceisteanna chun cinn maidir le cosaint na gcrann atá ann cheana féin agus ceisteanna maidir le tírdhrechtú:

- Suirbhé Topagrafaíochta - trína ndéanfar tomhas cruinn agus trína dtaispeánfar gach gné ábhartha ar an suíomh.
- Measúnú ithreach - i gcás ina mbeadh sé oiriúnach a fháil amach an bhféadfadh an idir crapadh, rud a d'fhéadfadh dochar indíreach a dhéanamh. Comhdhéanamh struchtúr na hithreach agus PH le haghaidh an phlandáil nua a dhéanamh.
- Suirbhé crann - ina dtugtar sonraí faoi crainn agus fálta sceach a aithníodh sa suirbhé topagrafach agus ar thalamh in aice leis an láithreán forbartha, lena n-áirítear crainn aonair, grúpaí crann agus coillearnacha agus ina dtugtar toisí, caighdeán agus luach

coinneála crann a aithint i gcomhréir le comhthéacs na forbartha beartaithe (féach codanna 4.5 Tábla 1 +2 de BS 5837).

- An suirbhé crann - ba cheart go léireodh sé sin na srianta a bhaineann le crainn, os cionn agus faoi bhun na talún, a mbeadh tionchar acu ar dheardh leagan amach an tsuímh. Ar na srianta a d'fhéadfadh a bheith ann tá [Ordú Buanchoimeáda Crann](#), leithead reatha mullach an chrainn agus an leithead deiridh a bheadh aige agus an bac míreasúnta a d'fhéadfadh sé sin a chur le solas srl.
- Measúnú Tionchair Crannadóireachta - ba cheart do chrannadóir an tuarascáil a thiomsú ag baint úsáide as sonraí an tsuirbhé a rinneadh ar an suíomh. Ba cheart measúnacht a dhéanamh sa tuarascáil ar an tionchar díreach agus indíreach a bheidh ag an dearadh atá beartaithe ar na crainn agus nuair is gá ba cheart bearta maolaithe a mholadh.
- Tugtar sonraí i bPlean Cosanta Crann ar leagan amach an dearaidh atá beartaithe. Sa phlean sin taispeánfar go soiléir gach crann a aithníodh mar aon le nótaí faoi na limistéir chosanta fréamhacha atá acu bunaithe ar an suirbhé topagrafach (a raibh gach crann le bheith san áireamh ann). Tugtar aicme gach crann díobh ann freisin agus na bearta cosanta a bheadh riachtanach le linn na forbartha.

Plandáil Nua - cuirtear san áireamh anseo gnéithe tírdhreacha atá ann cheana féin agus tá sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar leagan amach, dearadh agus an úsáid a bhainfear sa todhchaí as an bhforbairt bheartaithe. Nuair a bhíonn plandaí nua á gcur ba cheart a chur san áireamh an chaoi a bhféadfadh tamhain, barra agus fréamhacha na gcrann sin agus an tionchar a bhféadfadh a bheidh acu ar struchtúir atá ar an láithreán cheana féin.

- Tugann Ráitis faoi Mhodhanna Crannadóireachta le fios go soiléir an chaoi ar féidir bearta tógála nach féidir a sheachaint a dhéanamh laistigh de limistéir cosanta fréamhacha nó de leithead mullaigh na gcrann (cibé acu is mó) is gan aon dochar mór a dhéanamh do na crainn atá á gcoinneáil. Áirítear iad seo a leanas ar na bearta sin, ach níl siad teoranta dóibh:
 - a. Rochtain sealadach
 - b. Rití seirbhíse a shuiteáil
 - c. Tógáil dromchlaí crua
 - d. Tochailtí bunsraitheanna
 - e. Struchtúir faoi thalamh m.sh. síntí íoslaigh

12.11 Cuspóirí criosúcháin

Trí léarscáil criosaithe san áireamh mar chuid den Phlean Forbartha seo; Purláin Ros Mhic Thriúin, Droichead Binéid agus Cill Mhic Bhúith, féach Figiúr 3.14, 3.15, 3.16.

Is é an cuspóir atá le criosú ná a chur in iúl d'úinéirí réadmhaoine agus don phobal i gcoitinne cad iad na cineálacha forbartha a mheasann an Chomhairle gurb iad sin is fearr a oireann do gach catagóir úsáide talún. Má chriosaítear ceantar faoi leith le haghaidh úsáide ar leith níl

sé ar intinn ag an Údarás Pleanála go gcuirfidh sé sin cosc ann féin d'úsáidí eile sa cheantar sin ar choinníoll go bhfuil siad ag luí leis an bpríomhúsáid.

Tá criosú leagtha amach chun laghdú a dhéanamh ar úsáidí contrártha laistigh de cheantair, acmhainní a chosaint agus, i gcomhar le céimniú, a chinntiú go n-úsáidfear talamh atá oiriúnach d'fhorbairt chun leas is fearr an phobail ina iomláine.

Tugtar míniú sna hailt seo a leanas ar na téarmaí seo:

- Ciallaíonn **úsáidí incheadaithe** úsáidí atá inghlactha sa chrios ábhartha. Mar sin féin, bíonn siad fós faoi réir an ghnáthphróisis phleanála.
- **Is Féidir a Bhreithniú** ciallaíonn sé sin úsáid a fhéadfar a cheadú má bhíonn an Chomhairle sásta go mbeidh an togra nó an fhorbairt sin ag luí leis na beartais agus na cuspóirí don chrios, agus nach dtiocfaidh siad salach ar na húsáidí ceadaithe agus freisin go bhfuil sé i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt an cheantair.

12.11.1 Talmhaíocht

Cuspóir: Talamh talmhaíochta a chaomhnú agus a chosaint ó úsáidí neamhthalmhaíochta. Cosc a chur le forbairt talún curaíochta taobh le ceantair i gcomhair forbartha.

Úsáidí incheadaithe: Talmhaíocht, gairneoireacht, fearais seirbhíse poiblí

Úsáidí ar Féidir a Bhreithniú: Spás oscailte poiblí, teach aíochta, bialann, teach altranais, tithe cónaithe i gcásanna teoranta áirithe, láithreán stad, spás oscailte príobháideach, úsáidí eile nach bhfuil contrártha le pleanáil cheart agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair.

12.11.2 Áiseanna pobail

Cuspóir: Áiseanna pobail a chosaint, a chur ar fáil agus a fheabhsú.

Úsáidí Incheadaithe: Áiseanna oideachais, creidimh agus cultúrtha, foirgnimh poiblí, naíolanna, scoileanna, séipéil, ospidéal, clochair, ionaid agus hallaí pobail, páirceanna imeartha scoile, coláistí, dílleachtlanna, brúnna, láithreáin stad, reiligí, leabharlanna agus ionaid leighis, tithe altranais

Úsáidí ar féidir a bhreithniú: Fearais seirbhíse poiblí, úsáidí Lár an Bhaile nach mbeadh i contrártha le cuspóirí eile an Phlean agus a bheadh i gcomhréir le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair.

12.11.3 Forbairt Ghinearálta (Chill Mhic Bhúith & Ros Mhic Thriúin)

Cuspóir: Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt agus d'fheabhsú úsáidí cuí i gceantair ina bhfuil úsáidí tráchtála bunaithe cheana féin agus cead a thabhairt d'fhorbairt na lonnaíochta mar lárionad do sheirbhísí áitiúla, agus a ról mar ionad daonra a bhuanú agus a neartú.

Is é cuspóir an chreasa seo den chuid is mó ná léiriú a thabhairt do na húsáidí atá bunaithe cheana féin sa chrios seo agus foráil a dhéanamh dá bhfeabhsú agus dá leathnú mar is gá chun feabhas a chur ar úsáidí miondíola, cónaithe, tráchtála, oifige, cultúrtha agus eile atá oiriúnach d'fhorbairt bhreise na lonnaíochta.

Úsáidí Incheadaithe: Árais chónaithe, ionaid mhiondíola, asraonta mórdhíola, oifigí, foirgnimh phoiblí nó áiteanna tionóil, foirgnimh chultúrtha nó oideachais, foirgnimh áineasa, láithreáin stad, óstáin, móstáin, tithe aíochta, clubanna, garáistí príobháideach, spásanna oscailte, gléasra seirbhíse poiblí, ionaid comhairleoirí leighis agus comhairleoirí gaolmhara, bialanna, tithe tábhairne, carrchlóis, hallaí nó dioscónna, agus úsáidí eile mar a cheadaítear agus ar féidir iad a bhreithniú i chrios cónaithe.

Is Féidir a Bhreithniú: ceardlann nó tionscal éadrom, trádstórais miondíola.

Forbairtí Ilchineálacha i gCriosanna 'Forbartha Ghinearálta' i gCill Mhic Bhúith

D'fhonn forbairtí ilchineálacha a chur chun cinn laistigh de na ceantair atá criosaithe do 'Forbairt Ghinearálta' cuirfear an cur chuige seo a leanas i bhfeidhm in áiteanna cuí:

(a) Beidh úsáid cónaithe teoranta do 80% d'achar an tsuímh le linn saolré an phlean seo. (Tá sé ar intinn athbhreithniú a dhéanamh ar an leas a bheidh bainte as an 20% eile ag deireadh thréimhse an phlean (má bhíonn sé fós neamhfhorbartha) nó nuair a bheidh forbairt déanta ar an 80% d'achar an tsuímh atá ceaptha chun críocha cónaithe).

(b) Sa chás ina moltar dhá úsáid pleanála ar leith, ní bheidh aon úsáid amháin díobh i réim ó thaobh > 80% d'achar iomlán an tsuímh.

12.11.4 Tionsclaíocht

Cuspóir: Foráil a dhéanamh d'úsáidí tionscail agus d'úsáidí gaolmhara.

Úsáidí Incheadaithe: Áitribh tionsclaíocha agus oifigí coimhdeacha, spásanna oscailte, trádstórais, carrchlóis agus clóis d'fheithiclí troma.

Úsáidí ar féidir a bhreithniú: Stáisiúin pheitрил, stáisiúin seirbhíse, seomraí taispeántais carranna, struchtúir fhógraíochta, áitribh mhórdhíola, gléasra seirbhíse poiblí, grúpa súgartha / naíolann.

12.11.5 Tionsclaíocht / Fostaíocht (Droichead Binéid)

Cuspóir

Fostaíocht agus úsáidí gaolmhara a chur ar fáil faoi réir soláthar an bhonneagair atá riachtanach

Aithníodh ceantair sa cuspóir criosaithe a mbeadh sé oiriúnach fostaíocht a chur ar fáil iontu, lena n-áirítear, *inter alia*, áitribh thionsclaíoch, tionscail éadroma, trádstórais, gnóthais bheaga agus mheánmhéide, fostaíocht oifige agus miondíola a bheadh oiriúnach do scála agus do charachtar an tsráidbhaile. Ba chóir aird ar leith a thabhairt d'fhorbairt bhreise, d'fheabhsú agus d'éascú an tionscail cheardaíochta sa sráidbhaile. Ní mór a léiriú i gcás gach moladh forbartha gur leor an bonneagar fisiciúil atá ann atá riachtanach dó. Ní dhéanfar úsáid chónaitheach a mheas ach amháin sa chás go moltar dhá úsáid pleanála faoi leith ar a laghad (.i. úsáid mhiondíola agus chónaithe nó úsáid thionsclaíoch agus chónaithe srl.) agus ní áireofar leis an gcomhpháirt chónaithe níos mó ná 50% den spás urláir iomlán. Beidh aon úsáid chónaitheach faoi réir socruithe sásúla a bheith déanta maidir le diúscairt fuíolluisce.

12.11.6 Úsáid Ilchineálach (Purláin Ros Mhic Thriúin)

Cuspóir: Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt tailte tearcúsáidte agus athfhorbraíochta d'fhonn comhdhlúthú a dhéanamh ar na limistéir sin agus beocht breise a cur iontu agus a chinntiú go n-úsáidfead na tailte uirbeacha ar bhealach éifeachtach. Meastar go mbeifear ag baint úsáide as meascán d'úsáidí éagsúla mar úsáidí cónaitheacha, tráchtála, pobail, turasóireachta agus caitimh aimsire. Cloífidh aon fhorbairt miondíola molta le ceanglais na Straitéise Miondíola.

Ní mór tograí forbartha suntasach ar an suíomh seo a dhéanamh i gcomhthéacs ráiteas an máistirphlean nó an ráitis dearaidh don suíomh a bhíodh ag Albartross, agus atá suite i ndlínse Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus i ndlínse Chomhairle Baile Ros Mhic Thriúin. Ullmhófar an máistirphlean i gcomhairle leis an dá údarás sin. Leagfar béim ar bhaint amach meascán cuí úsáidí lena n-áirítear caitheamh aimsire, fóillíocht, turasóireacht, oifigí, áiteanna cónaithe agus spásanna oscailte poiblí.

Léireoidh na húsáidí ar féidir a bhreithniú an cuspóir criosaithe thuasluaite agus déanfar iad a aontú trí phróiseas an Mháistirphlean.

12.11.7 Spás Oscailte/Caitheamh Aimsire

Cuspóir: An spás oscailte áineasa atá ann a choinneáil agus a fheabhsú agus tuilleadh spáis a chur leis.

Úsáidí Incheadaithe: Spás Oscailte

Úsáidí ar féidir a bhreithniú: Clubanna spóirt, foirgnimh chaithimh aimsire, seastáin, pailliúin, úsáidí talmhaíochta, fearais seirbhíse poiblí.

12.11.8 Céim 2

Ní chuirfead an talamh seo ar fáil le haghaidh forbartha i rith saolré an phlean seo. Déanfar monatóireacht ar an scéal ar bhonn leanúnach.

Is ar bhonn cás ar chás a dhéanfar measúnú ar leathnú na n-úsáidí talún atá sna tailte sin ag féachaint don tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar nádúr straitéiseach na dtailte a bhaineann le céim 2 agus cúrsaí pleanála i gcoitinne.

Cuspóir

- ***Toirmeasc a chur le forbairt nua chónaithe ar thailte a bhaineann le céim 2 i lonnaíochtaí Dhroichead Binéid, Chill Mhíic Bhúith, agus Ros Mhíic Thriúin le linn saolré an Phlean Forbartha Contae.***

12.11.9 Cúrsaí Cónaithe

Cuspóir: Taitneamhachtaí cónaithe a chosaint agus a fheabhsú agus foráil a dhéanamh d'fhorbairt cónaithe nua a bheadh oiriúnach do scála agus do charachtar na lonnaíochta.

Úsáidí Incheadaithe: Árais chónaithe, spásanna oscailte, áiteanna adhartha, ionaid phobail, láithreáin stad, gléasraí seirbhíse poiblí, grúpa súgartha nó naíolann, teach altranais.

Úsáidí ar féidir a bhreithniú: Tithe leaba agus bricfeasta agus tithe aíochta, garáistí faoi ghlas, siopa miondíola áise áitiúla nach mbeidh níos mó ná 100 méadar cearnach d'achar comhlán urláir ann, óstán, bialann, cuid d'áras cónaithe príobháideach a bheith á húsáid ag úinéir nó áititheoir mar stiúideo, gníomhaíocht thionsclaíoch éadrom, clinic nó lialann, oifig ghairmiúil, grúpa súgartha nó naíolann.

12.11.10 Forbairt Chónaitheach (dlús íseal)

Cuspóir: Foráil a dhéanamh d'fhorbairt chónaithe ísealdlúis a bheadh oiriúnach do scála agus do charachtar na lonnaíochta.

5 áras cónaithe in aghaidh an acra an dlús cónaithe is mó a cheadófar, faoi réir socrúithe seirbhísithe.

Úsáidí Incheadaithe: Árais chónaithe, spásanna oscailte

Úsáidí ar féidir a bhreithniú: Áiteanna adhartha, ionaid phobail, láithreáin stad, fearais seirbhíse poiblí, grúpa súgartha nó naíolann, teach altranais, tithe leaba agus bricfeasta agus tithe aíochta, garáistí faoi ghlas, siopa miondíola áise áitiúla, óstán, teach tábhairne, bialann, cuid d'áras cónaithe príobháideach a bheith á húsáid ag úinéir nó áititheoir mar stiúideo, gníomhaíocht thionsclaíoch éadrom, clinic nó lialann, oifig gairmiúil, grúpa súgartha nó naíolann.

12.11.11 Forbairt Nua Chónaithe (Droichead Binéid & Cill Mhíic Bhúith)

Cuspóir

Foráil a dhéanamh do phobail chónaithe nua agus do thaitneamhachtaí na gceantar cónaithe atá ann cheana féin a chosaint agus a fheabhsú.

Aithníodh limistéir atá oiriúnach d'fhorbairt chónaithe nua san criosú úsáide talún a rinneadh. Go ginearálta, is é thart faoi 20 aonad cónaithe in aghaidh an heicteáir an dlús ceart cónaithe agus ní mór na hárais a dhearadh faoi réir na mbeartas agus na gcaighdeán atá leagtha amach sa Phlean Ceantair Áitiúil agus i bPlean Forbartha an Chontae. De ghnáth beidh úsáidí coimhdeacha mar naíolanna, tithe altranais, siopaí miondíola áise áitiúla nach mbeidh níos mó ná 100 méadar cearnach d'achar comhlán urláir iontu, clinicí agus lialanna dochtúirí ginearálta, tithe aíochta nó tithe leaba agus bricfeasta incheadaithe faoi réir cosaintí i ndáil le conláiste cónaithe.

12.11.12 Limistéar Caomhantais Tuaithe (Cill Mhic Bhúith)

Cuspóir: Foráil a dhéanamh d'fhorbairt na talmhaíochta agus luach ard taitneamhachta agus carachtar tuaithe an cheantair a chosaint.

Úsáidí Incheadaithe

Talmhaíocht agus forbairtí gaolmhara, forbairtí a bhaineann leis an tionscal eachaí, caitheamh aimsire amuigh faoin aer, tithíocht tuaithe i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach le haghaidh tithíochta tuaithe i '*Limistéir faoi Thionchar Uirbeach*' i gCaibidil 3, Cuid 3.4 de Phlean Forbartha an Chontae 2008-2014, tionscail éadroma mhionscála agus gnóthais laistigh d'fhoirgnimh atá ann cheana féin nó nach bhfuil in úsáid agus nach mbaineann de charachtar an cheantair.

Úsáidí ar féidir a bhreithniú

Spás oscailte poiblí, teach aíochta, bialann, teach altranais, spás oscailte príobháideach, tionscail éadroma mhionscála i bhfoirgnimh nua nach mbaineann de charachtar an cheantair, úsáidí eile atá i gcomhréir leis an gcuspóir caomhnaithe agus nach bhfuil contrártha do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

12.11.13 Lárionad Sráidbhaile

Cuspóir: Foráil a dhéanamh d'fhorbairt agus d'fheabhsú úsáidí oiriúnacha lár an bhaile agus cead a thabhairt d'fhorbairt an tsráidbhaile mar lárionad seirbhísí áitiúla, agus a ról mar ionad daonra a bhuanú agus a neartú.

Is é cuspóir an chreasa seo ná lár na lonnaíochta a chosaint agus a fheabhsú agus foráil a dhéanamh d'úsáidí miondíola, cónaithe, tráchtála, oifige, cultúrtha agus eile atá oiriúnach do lár na lonnaíochta agus iad a fheabhsú. Beidh sé mar chuspóir ag an gComhairle spreagadh a thabhairt d'fhorbairt tailte cúil. Go ginearálta is iad tithe dhá stór a céad rogha.

Úsáidí Incheadaithe: Árais chónaithe, ionaid mhiondíola, trádstóráil miondíola, siopaí mórdhíola, oifigí, foirgnimh phoiblí nó áiteanna tionóil, foirgnimh chultúrtha nó oideachais, foirgnimh áineasa, láithreáin stad, óstáin, móstáin, tithe aíochta, clubanna, garáistí príobháideach, spásanna oscailte, fearais seirbhíse poiblí, ionaid lucht míochaine agus comhairleoirí bainteacha, bialanna, tithe tábhairne, carrchlóis, hallaí nó discónna, agus úsáidí eile mar a cheadaítear agus ar féidir iad a bhreithniú i gcriosú cónaithe.

Úsáidí ar féidir a bhreithniú: ceardlann nó tionscal éadrom